


# Tuarascáil Bhliantúil 2024





COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR | CLARE COUNTY COUNCIL

**Meitheamh 2025**




# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach | 2 |
| Comhairleoirí Chomhairle Contae an Chláir | 5 |
| An Stiúrthóireacht um Airgeadas agus Seirbhísí Tacaíochta | 12 |
| An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch | 19 |
| An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta | 40 |
| An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe | 57 |
| An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil | 77 |
| An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Turasóireachta | 95 |
| Ceantair Bhardasacha | 107 |
| Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach | 134 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024 | 135 |
| Seimineáir agus Comhdhálacha ar fhreastail Comhairleoirí Chomhairle Contae an Chláir orthu sa bhliain 2024 | 136 |
| Faisnéis teagmhála/uimhreacha teileafóin | 137 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 139 |
| Ráiteas Rialachais | 144 |



An Comh. Alan O'Callaghan
**Cathaoirleach**



An tUas. Gordon Daly
**Príomhfheidhmeannach**

# RÉAMHRÁ ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae an Chláir don bhliain 2024 a chur i láthair. Leagtar béim inti ar iarrachtaí na Comhairle maidir le raon leathan seirbhísí poiblí agus mórthionscnamh a sholáthar ar fud na bliana.

Bliain shuntasach gharsprice don údarás áitiúil seo ba ea an bhliain 2024 agus muid ag ceiliúradh 125 bliana ó chéad chruinniú Chomhairle Contae an Chláir, a tionóladh an 23 Aibreán 1899. Sa lá atá inniu ann, leanann Comhairle Contae an Chláir le seirbhísí riachtanacha rialtais áitiúil a mbíonn tionchar acu ar shaol 128,000 cónaitheoir, beagnach, a sholáthar, agus tacaíocht á fáil aici ó fhoireann dhíograiseach atá comhdhéanta de bhreis agus 1,000 duine.

Sa Phlean Corparáideach 2024 – 2029 a glacadh an 9 Nollaig 2024, tugtar breac-chuntas ar an rún daingean atá againn a bheith inár n-údarás áitiúil a bheidh gairmiúil, sofhreagrach agus sofhreagrúil agus a threoróidh forbairt shóisialta, eacnamaíoch, fhisiciúil agus tuaithe ár gcontae, agus pobail inbhuanaithe mar chroílár aige.

Ceann de mhór-bhuaicphointí na bliana 2024 ba ea oscailt Leabharlann phoiblí nua de Valera agus Dhánlann Súil ag an Taoiseach Simon Harris an 15 Samhain. Faoi dheireadh mhí na Nollag, bhí méadú faoi níos mó ná faoi dhó tagtha ar an líon ball den leabharlann, agus bhí méadú tagtha ar an líon custaiméirí ar fud na n-aoischatagóirí uile. Ba láidir fós a bhí díriú na Comhairle ar sheirbhísí pobail agus cultúrtha, agus Leabharlann nua de Valera agus Dhánlann Súil a bheith oscailte go rathúil agus tacaíocht leantach a bheith tugtha do ghníomhaíochtaí ealaíon, oidhreachta agus áineasa. Bhí Clár an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus ár dtionscnaimh éagsúla shláinte agus folláine ina léiriú breise ar ár dtiomantas d'fheabhas a chur ar cháilíocht na beatha do gach cónaitheoir.

D'ainneoin na ndúshlán sa mhargadh tithíochta, d'fheidhmigh an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta níos fearr ná an sprioc soláthair tithe nua a bhí aici don bhliain 2024, agus í ag soláthar 156 réadmhaoin nua trí thionscnaimh éagsúla. Rinne an Chomhairle dul chun cinn suntasach freisin maidir le dul i ngleic leis an easpa dídine, maidir le tacú le daoine a bhfuil míchumas orthu, agus maidir le feabhas a chur ar bhainistíocht an stoic tithíochta.

Áiríodh le Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh sa bhliain 2024 clár cuimsitheach oibreacha bóthair a raibh ciste iomlán ab fhiú €55.5 milliún aige. Leis an gclár sin, rinneadh neartú agus cóiriú dromchla rathúil ar níos mó ná 239 km den ghréasán bóithre, leanadh leis an gclár feabhsúcháin droichead breisithe, áit a ndearnadh oibreacha ar 19 ndroichead, agus cuireadh 12 scéim feabhsúcháin

sábháilteachta i gcrích.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar mhórthionscadail chaipitil éagsúla a raibh an Oifig Bainistíochta Tionscadal i gceannas orthu. I measc na n-éachtaí suntasacha bhí dul chun cinn ar Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Rochtana Aerfort na Sionainne/an N19 agus dul chun cinn suntasach ar Scéim Feabhsúcháin Sheachbhóthar Chill Dalua, Chrosaire Dhroichead na Sionainne agus Bhóthar an R494, agus osclaíodh cuid Sheachbhóthar Chill Dalua de na hoibreacha don trácht i mí na Nollag. Rinneadh forbairt shuntasach ar Thionscadal Athghiniúna Ríocht Phoiblí na hInse freisin, rud a d'fheabhsaigh an inrochtaineacht agus a spreag infheistíocht sa todhchaí.

Sa bhliain 2024, fuair Comhairle Contae an Chláir leithdháileadh ab fhiú €3.22 milliún le haghaidh 12 thionscadal faoi chlár taistil ghníomhaigh an Údaráis Náisiúnta Iompair. Áiríodh leis na tionscadail sin obair deartha mhionsonraithe ar Scéim Rotharbhealaigh Bhóthar na Tulaí, réamhobair deartha do Scéim Rotharbhealaigh Bhóthar Luimnigh agus an Scéim Taistil Ghníomhaigh ó Ard na Croise go Droichead Áth Longfoirt, chomh maith le tionscnaimh éagsúla eile a raibh mar aidhm leo bonneagar coisithe agus rothaíochta a fheabhsú ar fud an chontae.

Ba léir ár dtiomantas d'inbhuanaitheacht comhshaoil trí ghníomhaíochtaí ilchineálacha sa Rannán Comhshaoil. Áiríodh leo sin forfheidhmiú dramhaíola, bainistíocht dramhaíola, feasacht comhshaoil, agus tránna brait ghoirm a chothabháil. Lean an Chomhairle lena gníomhú ar son na haeráide freisin tríd an bhfoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide a earcú agus tríd an gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide a sheoladh.

I gcomhar leis an Rannán Comhshaoil agus le cistiú ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí, d'fhorbair an Rannóg TFC réiteach digiteach do ghardaí tarrthála. Leis an nuálaíocht sin, cuíchóiríodh cúraimí riaracháin, ag laghdú an ama agus an dua a theastaíonn chun riarachán cúloifige a chur i gcrích.

Tugadh aitheantas do cháilíocht an réitigh tráth a dámhadh an gradam náisiúnta mar Réalta TFC atá ag Teacht Chun Cinn i nGradaim Claochlaithe Dhigitigh na hEarnála Poiblí don phríomhfhorbróir.

Chomh maith leis sin, fuair Comhairle Contae an Chláir an gradam 'Glacadh le Bealaí Nua Oibre' ó CIPD sa bhliain 2024, tar éis di gradam CIPD a buachan den chéad uair sa bhliain 2023, agus ba í an chéad údarás áitiúil a fuair caighdeán platanaim i 'Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe' í. Bhí na gradaim sin mar aitheantas do shármhaitheas na Comhairle maidir le tacú lena daoine agus lena bainisteoirí agus maidir le bealaí nua oibre a leabú.

Tá an turasóireacht ina hearnáil ríthábhachtach i gContae an Chláir fós, agus nithe íocónacha is díol spéise amhail Aillte an Mhothair agus Caisleán Bhun Raite ag mealladh cuairteoirí ó gach cearn den domhan. Leanann Ionad Eispéireas Aillte an Mhothair le bheith ina bhuaicphointe mór, agus é ag tairiscint radhairc iontacha agus eispéireas saibhir do chuairteoirí. Chomh maith leis sin, tháinig méadú ar an líon cuairteoirí ar Chaisleán agus Daonpháirc Bhun Raite, agus tairiscintí nua agus beochan fheabhsaithe ann ar fud na páirce, agus é ag rannchuidiú go mór leis an ngeilleagar áitiúil.

An 13 Bealtaine, d'oscail an tAire Heather Humphries Gairdín Daingean agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur agus Ionad Eispéireas Cuairteoirí Theach Solais Cheann Léime go hoifigiúil. Fuair an dá thionscadal sin cistiú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, agus chomóir oscailt oifigiúil an Aire críoch rathúil an dá thionscadal ar leith.

Agus muid ag féachaint siar ar an mbliain 2024, bhí go leor le ceiliúradh againn mar chontae agus mar chomhairle, gan trácht ar rath fhoireann iománaíochta shinsearach an Chláir i gCluiche Ceannais Iomána na hÉireann. Bhí ríméad ar Chomhairle Contae an Chláir an comóradh teacht abhaile a óstáil don fhoireann bhuaiteach i bhFaiche an Aonaigh (Active Ennis, Páirc Tim Smythe) agus an Scáileán Mór ag Faiche an Aonaigh (craoladh beo ar an gcluiche) a óstáil an lá roimhe sin.

Ba í bliain an Toghcháin Áitiúil í freisin, ar lena linn a toghadh 28 gcomhalta chuig an gcomhairle an 7 Meitheamh. Rinneadh sruthú beo ar an gcomhaireamh ar ár gcainéal ar YouTube, rud arbh imeacht uathúil i measc na n-údarás áitiúil é.


Agus muid ag déanamh ár machnaimh ar éachtaí na bliana 2024, tugaimid aitheantas do rannchuidiú fíorluachmhar ár bhfoirne, ár gcomhaltaí tofa, ár ngrúpaí pobail, agus ár ngeallsealbhóirí. Tugaimid aitheantas freisin do rannchuidiú an-mhór Pat Dowling leis an gComhairle agus leis an gClár le linn a théarma mar phríomhfheidhmeannach agus guímid gach rath air le linn a scoir.

Agus muid ag breathnú ar aghaidh ar an mbliain 2025, leanfaimid le nuáil agus le freagairt do riachtanais ár gcontae, á chinntiú go mbeidh an Clár ina áit bhríomhar le cónaí agus le hobair ann agus le cuairt a thabhairt air fós. Gabhaimid ár mbuíochas le gach duine a thacaigh lenár n-iarrachtaí agus táimid ag súil le bliain eile a bheidh lán de dhul chun cinn agus de chomhoibriú.

Le meas,



An Comh. Alan O'Callaghan,
**Cathaoirleach**



An tUas. Gordon Daly,
**Príomhfheidhmeannach**




# COMHAIRLEOIRÍ CONTAE AN CHLÁIR, 2024

## Ceantar Bardasach Inse (seachtar Comhaltaí)



**Pat Daly (FF)**



**Mary Howard (FG)**



**Paul Murphy (FG)**



**Antoinette Baker Bashua (FF)**



**Tommy Guilfoyle (SF)**



**Clare Colleran Molloy (FF)**



**Tom O'Callaghan (FF)**

## Ceantar Bardasach Chill Dalua (cúigear Comhaltaí)



**Conor Ryan (FG)*1**



**Pat Hayes (FF)**



**Alan O'Callaghan (FF)**



**Pat Burke (FG)**



**Tony O'Brien (FF)**

**1 Comhthoghadh an Comhalta an 19 Nollaig 2024 mar gheall ar thoghchán Joe Cooney chuig Dáil Éireann.*

**2 Comhthoghadh an Comhalta an 19 Nollaig 2024 mar gheall ar thoghchán Donna McGettigan chuig Dáil Éireann.*

## Ceantar Bardasach Shionainne (seachtar Comhaltaí)



**David Griffin (FF)**



**James Ryan (SF)*2**



**John Crowe (FG)**



**Rachel Hartigan (FF)**



**Pat O'Gorman (FF)**



**Michael Begley (Neamhspleách)**



**Tony Mulcahy (FG)**

## Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir (naonúr Comhaltaí)

### *Toghlimistéar Inis Díomáin: ceithre shuíochán*



**Bill Slattery (FG)**



**Joe Garrihy (FG)**



**Shane Talty (FF)**



**Joe Killeen (FF)**

### *Toghlimistéar Chill Rois: cúig shuíochán*




**Dinny Gould (Neamhspleách)**



**Rita McInerney (FF)**



**Ian Lynch (Neamhspleách)**




**Gabriel Keating (FG)**




**Michael Shannon (FF)**

# STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN 2024




* *Amhail an 1 Nollaig 2024.*

## Rialtas Áitiúil agus Comhairle Contae an Chláir



## Limistéir Cheantair Bhardasaigh

Tagann comhaltaí le chéile ar leibhéal an limistéir ar fud na bliana chun nithe atá ábhartha dá dtoghlimistéar ar leith a phlé. Tá oifigeach sinsearach sannta do gach coiste ceantair bhardasaigh chun feidhmeanna a chomhordú agus chun cabhrú leis na comhaltaí ina bplé. Freastalaíonn an tInnealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin agus ball den fhoireann riaracháin sa limistéar ar na cruinnithe. Freastalaíonn na meáin ar na cruinnithe sin de ghnáth agus liostaítear miontuairiscí gach cruinnithe limistéir ar an gclár oibre ag cruinniú ina dhiaidh sin den Chomhairle lena dtabhairt faoi deara.

## Ionadaithe Tofa

Cuimsítear i gComhairle Contae an Chláir 28 gcomhalta thofa a dhéanann ionadaíocht do chúig Thoghlimistéar agus do cheithre Cheantar Bhardasacha. Reáchtáladh toghcháin áitiúla an 7 Meitheamh 2024 chun 28 suíochán ar Chomhairle Contae an Chláir a líonadh.

### Ceantair Bhardasacha


*Tá ceithre Cheantar Bhardasacha ann ar an gClár, mar a leanas:*

***Ceantar Bardasach Inse*** - Toghlimistéar Áitiúil Inse

***Ceantar Bardasach Chill Dalua*** - Toghlimistéar Áitiúil Chill Dalua

***Ceantar Bardasach Shionainne*** - Toghlimistéar Áitiúil Shionainne

***Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir*** - Toghlimistéar Áitiúil Chill Rois agus Toghlimistéar Áitiúil Inis Díomáin



## An Grúpa Beartais Chorparáidigh

Tá an Grúpa Beartais Chorparáidigh comhdhéanta de Chathaoirleach an lae mar aon leis na cathaoirligh ar na Coistí Beartais Straitéisigh. Déantar ionadaíocht do gach Ceantar Bardasach ar an nGrúpa Beartais Chorparáidigh. Tá bunús reachtúil aige atá leagtha amach in alt 133 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus tá feidhmeanna sonracha aige maidir le hullmhú an Bhuiséid Bhliantúil agus an Phlean Chorparáidigh. Buaileann an Grúpa Beartais Chorparáidigh le Feidhmeannacht na Comhairle ar bhonn míosúil.

## Coistí Beartais Straitéisigh

Tá Coistí Beartais Straitéisigh bunaithe ar phríomhfheidhmeanna na Comhairle. Tá siad comhdhéanta de chomhairleoirí tofa agus d'ionadaithe eile ó na Comhpháirtithe Sóisialta agus ó leasanna Earnála eile. Déanann comhairleoir tofa cathaoirleacht ar gach Coiste Beartais Straitéisigh, agus faigheann sé/sí tacaíocht ó Stiúrthóir Seirbhísí. Is é cúram an Choiste Beartais Straitéisigh cabhair agus comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartas a cheapadh, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ní bheidh na Coistí Beartais Straitéisigh ag plé le saincheisteanna ionadaíochta nó oibriúcháin aonair. Ar deireadh thiar, áfach, is í an Chomhairle iomlán, ag gníomhú di mar chomhlacht, a dhéanfaidh na cinntí beartais críochnaitheacha.

Ghlac Comhairle Contae an Chláir Scéim nua Coistí Beartais Straitéisigh 2024-2029 i mí na Nollag 2024.

Foráiltear leis an scéim do chúig Choiste Beartais Straitéisigh mar a leanas:

- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch**
- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Fhisiciúil**
- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Tuaithe**
- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Shóisialta**
- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Turasóireachta**

Is príomhréimsí beartais ar fud na gCoistí Beartais Straitéisigh uile iad an clár oibre um Athrú Aeráide agus an clár oibre um Bithéagsúlacht.

Tá gach comhairleoir ina c(h)omhalta de Choiste Beartais Straitéisigh agus tarraingítear an tríú cuid ar a laghad de chomhaltas gach Coiste Beartais Straitéisigh ó leasanna earnála. Tarraingítear na hionadaithe earnála do na Coistí Beartais Straitéisigh ó na hearnálacha seo a leanas: an earnáil talmhaíochta/feirmeoireachta, an earnáil comhshaoil/caomhantais, an earnáil forbartha/foirgníochta, an earnáil gnó/tráchtála, an earnáil ceardchumann, an earnáil Pobail/Dheonach agus an earnáil Cuimsithe Shóisialta.

Tá comhaltas gach Coiste Beartais Straitéisigh mar a leanas:

## Comhaltas na gCoistí Beartais Straitéisigh

| An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch | Comhaltaí | |
|---|---|---|
| Comhaltaí Tofa | An Comh. Pat Daly (Cathaoirleach)<br>An Comh. Paul Murphy<br>An Comh. Bill Slattery | An Comh. Michael Begley<br>An Comh. Tom O'Callaghan<br>An Comh. Michael Shannon |
| Talmhaíocht agus Feirmeoireacht | Liam Williams | |
| Comhshaol/ Caomhantas | Alex Whyatt | |
| Forbairt/ Foirgníocht | Shane Joyce | |

| | | |
|---|---|---|
| Gnó/ Tráchtáil | Pat Morris | |
| Ceardchumainn | Vincent Coleman | |

| An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Fhisiciúil | Comhaltaí | |
|---|---|---|
| Comhaltaí Tofa | An Comh. Pat Burke (Cathaoirleach)<br>An Comh. Conor Ryan<br>An Comh. Alan O'Callaghan | An Comh. Ian Lynch<br>An Comh. Rachel Hartigan<br>An Comh. Rita McInerney |
| Talmhaíocht agus Feirmeoireacht | Thomas Burke | |
| Comhshaol/ Caomhantas | Tom Spillane | |
| Forbairt/ Foirgníocht | Lorchan Hoyne | |
| Pobal/ Deonach | Maurice O'Sullivan | |
| Cuimsiú Sóisialta | Veerle Claeys | |

| An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Tuaithe | Comhaltaí | |
|---|---|---|
| Comhaltaí Tofa | An Comh. Pat Hayes (Cathaoirleach)<br>An Comh. Gabriel Keating<br>An Comh. Dinny Gould | An Comh. Joe Killeen<br>An Comh. Pat O'Gorman |
| Talmhaíocht agus Feirmeoireacht | Denis Tuohy | |
| Comhshaol/ Caomhantas | Criosdoir King | |
| Cuimsiú Sóisialta | Damon Matthew Wise Au | |
| Pobal/ Deonach | Mary Coffey | |

| An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Shóisialta | Comhaltaí | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí Tofa** | An Comh. John Crowe (Cathaoirleach)<br>An Comh. Tony O'Brien<br>An Comh. Tony Mulcahy | An Comh. Tommy Guilfoyle<br>An Comh. Antoinette Baker Bashua<br>An Comh. David Griffin |
| **Forbairt/ Foirgníocht** | Pat Keogh | |
| **Ceardchumainn** | Andrew Clune | |
| **Cuimsiú Sóisialta** | Ria Wolfe | |
| **Pobal/ Deonach** | Tommy Molloy | |

| An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Turasóireachta | Comhaltaí | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí Tofa** | An Comh. Shane Talty (Cathaoirleach)<br>An Comh. Mary Howard<br>An Comh. Joe Garrihy | An Comh. James Ryan<br>An Comh. Claire Colleran Molloy |
| **Talmhaíocht agus Feirmeoireacht** | Tom Lane | |
| **Gnó/ Tráchtáil** | Helen Downes | |
| **Pobal/ Deonach** | Andy Lambert | |

## Ionadaíocht na gComhaltaí Tofa ar Choistí

**Ceapachán mar Chathaoirleach Ainmnithe ar gach ceann de na ceithre Choiste Beartais Straitéisigh**
Na Comhairleoirí P. Daly, P. Burke, P. Hayes, J. Crowe, S. Talty.

**An Tionól Réigiúnach.**
Na Comhairleoirí T. O'Brien, B. Slattery.

**An Bord Oideachais agus Oiliúna.**
Na Comhairleoirí R. Hartigan, A. Baker Bashua, G. Keating, M. Howard, M. Begley.

**Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil**
An Comh. T. O'Brien

**Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann**
Na Comhairleoirí T. O'Callaghan, J. Crowe/T. Mulcahy (50/50), M. Begley.

**Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo.**
An Comh. D. Griffin.

**Bord Bainistíochta Kilkee Waterworld**
An Comh. I. Lynch.

**Bord Bainistíochta Lahinch Seaworld**
An Comh. S. Talty.

**Iontaobhas Mhúsaeim Hunt**
An Comh. P. Murphy.

**Lisdoonvarna Fáilte.**
An Comh. J. Garrihy.

**Bord Ionad Ceoil Éireannaigh Glór**
Na Comhairleoirí P. Murphy, M. Shannon.

**Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir**
Na Comhairleoirí J. Garrihy, D. Griffin.

**An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil**
Na Comhairleoirí A. Baker Bashua, T. O'Brien, J. Crowe, J. Garrihy, J. Ryan, T. Guilfoyle.

**An Coiste um Nascadh**
Na Comhairleoirí A. Baker Bashua, T. O'Brien, J. Crowe, M. Howard, P. Murphy, M. Begley, D. Gould, P. Daly agus Cathaoirleach an lae.

**Grúpa Oibre Chontae an Chláir um Shábháilteacht ar Bhóithre**
Na Comhairleoirí T. Mulcahy, R. Hartigan, T. Guilfoyle

**Coiste Faireacháin Uisce Tuaithe an Chontae**
Na Comhairleoirí P. Burke, R. McInerney/M. Shannon (50/50), D. Gould

**Coiste Spóirt agus Fóillíochta Active Ennis**
Na Comhairleoirí M. Howard, T. O'Callaghan, T. Guilfoyle.

**Coiste Active Kilrush**
Na Comhairleoirí I. Lynch, R. McInerney

**An Coiste Iniúchóireachta**
Na Comhairleoirí P. Hayes, P. Burke

**Fóram Sláinte Réigiúnach an Iarthair**
Na Comhairleoirí R. McInerney, M Howard, A. Baker Bashua, J. Ryan.

**Iontaobhas Thaitneamhachtaí Chill Rois**

**Bord Chuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir**
Na Comhairleoirí T. Mulcahy, M. Shannon, M. Begley

**An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil**
Na Comhairleoirí B. Slattery, J. Killeen, R. Hartigan, J. Ryan.

**Coiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair**
Na Comhairleoirí A. O'Callaghan, P. Hayes, J. Crowe, G. Keating, D. Gould.

**An Fochoiste um Buan-Orduithe**
Na Comhairleoirí C. Ryan, P. Murphy, C.Colleran Molloy, S. Talty, I. Lynch, T. Guilfoyle agus Cathaoirleach an Lae

**An Coiste Cuimhneacháin**
Na Comhairleoirí M. Howard, T. Mulcahy, C. Colleran Molloy, S. Talty, J. Ryan, I. Lynch.

**An Fóram Forbartha Tuaithe**
Na Comhairleoirí G. Keating, J. Garrihy, R. McInerney, P. Hayes, M. Begley, D. Gould.

**Bord Aillte an Mhothair**

**Comhlacht Ceannais Ollscoil Náisiúnta na hÉireann**
An Comh. C. Colleran Molloy

**Bord Inis 2040**

**Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae an Chláir** (a bunaíodh i mí Iúil 2023)
Na Comhairleoirí G. Keating, C. Colleran Molloy, D. Gould.

**Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil**
Na Comhairleoirí D. Griffin, R. McInerney, P. Hayes, B. Slattery, J. Crowe, G. Keating, T. Guilfoyle

**Bord Thurasóireacht an Chláir**

**Bord Oidhreacht Shionainne**






# AN STIÚRTHÓIREACHT UM AIRGEADAS AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA



**NOELEEN FITZGERALD**
**Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Tacaíochta**

Soláthraíonn an Stiúrthóireacht um Airgeadas agus Seirbhísí Tacaíochta de chuid na Comhairle seirbhísí inmheánacha don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil, don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta, don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Turasóireachta agus don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe de chuid na Comhairle chun tacú leo seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí ar bhealach éifeachtúil agus chun treoir a thabhairt maidir leis an dea-chleachtas i rialachas corparáideach a chur chun feidhme. Tá sé mar chuspóir ag an Stiúrthóireacht na hacmhainní daonna, na córais airgeadais agus na córais faisnéise a sholáthar chun tacú agus cur le cumas na Comhairle chun seirbhísí a bhíonn ag éabhlóidiú a sholáthar dá custaiméirí trínár mbaill foirne a chumhachtú agus trí chabhrú leo torthaí a sholáthar de réir lán a gcumais.

Tá na Rannóga seo a leanas ina measc siúd a thagann faoin Stiúrthóireacht seo:

- Airgeadas
- Iniúchóireacht Inmheánach
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
- Acmhainní Daonna

## An Rannóg Airgeadais

Tá príomhfhreagracht ar an Rannóg Airgeadais as raon feidhmeanna, lena n-áirítear cuntasaíocht airgeadais, tuairisciú airgeadais, buiséadú, billeáil agus bailiú rátaí tráchtála, íocaíochtaí soláthraithe, riarachán párolla, comhlíonadh soláthair, an próiseas buiséid, bainistíocht cistíochta agus gníomhaíochtaí cuntasaíochta agus comhlíonta eile. Déanann an Rannóg Airgeadais formhaoirseacht ar rialuithe éifeachtacha caiteachais agus ar bhailiú fiach, agus é mar chuspóir foriomlán aici seirbhísí tacaíochta a sholáthar don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta, don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil, don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Turasóireachta agus don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe de chuid na Comhairle.

Tugtar forbhreathnú sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar staid airgeadais Chomhairle Contae an Chláir don bhliain 2024. Thabhaigh an Chomhairle caiteachas iomlán ab ionann agus €311.6m (gan aistrithe a áireamh) sa bhliain 2024. Cuimsítear ansin

caiteachas ioncaim ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin ab ionann agus €186.3m agus caiteachas tionscadail caipitil ab ionann agus €125.3m. I gcomparáid leis sin, b'ionann an caiteachas sa bhliain 2023 agus €272.1m. B'ionann é sin agus ardú 14%, agus ba é an phríomhchúis leis ná an caiteachas ar bhonneagar Caipitil Tithíochta a bheith €10m níos airde ná mar a bhí sé sa bhliain 2023, agus tacaí ab fhiú €11.2m a bheith á n-íoc le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide faoin Deontas um Chostais Mhéadaithe Ghnó agus faoin Deontas Power Up.

Is ionann an leibhéal caiteachais sin agus léiriú ar fhairsinge leanúnach na ngnáthoibríochtaí laethúla, an tsoláthair tionscnamh rialtais láir agus na forbartha áitiúla bonneagair a bhí ar bun ag an gComhairle seo ar fud an Chontae sa bhliain 2024. Taifeadtar sa Chuntas Ioncaim an ghníomhaíocht airgeadais ar ghnáthoibríochtaí laethúla agus tuairiscítear ann staid atá beagnach cothrom don bhliain i gcomhréir leis na buiséid a glacadh. Leagtar amach sna táblaí airgeadais sa tuarascáil seo an toradh don bhliain i gcomparáid leis an mbliain 2023 agus déantar anailís níos mine air sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

## Rátaí Tráchtála

Is é ioncam ó rátaí tráchtála príomhfhoinse ioncaim na Comhairle seo laistigh den chuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh seirbhísí a sholáthar. Billeáladh €45.6m agus bailíodh €43.5m ina leith sin sa bhliain 2024. B'ionann é sin agus méadú €2 mhilliún i gcomparáid leis a mbliain roimhe. Bhí tionchar dearfach ar fháil na rátaí tráchtála ag an tacaíocht a tugadh do ghnólachtaí ar fud na paindéime, amhail an Deontas Atosaithe, SBAS (an Scéim Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga), agus, rud ba dhéanaí fós, ICOB (an Scéim um Chostais Mhéadaithe Ghnó) agus PUG (an Deontas Power Up). Le roinnt blianta anuas, tá an Chomhairle seo ag bailiú níos mó ná an ghlanbhilleáil i réadmhaoine áitithe, agus í ag laghdú rátaí gan íoc bliain i ndiaidh bliana chuig leibhéal atá faoi bhun leibhéal na bliana 2013 anois.

## An Scéim um Chostais Mhéadaithe Ghnó agus an Deontas Power Up

San iomlán, riar baill foirne rátaí tráchtála deontais ab fhiú níos mó ná €11.2m do ghnólachtaí ar fud Chontae an Chláir sa bhliain 2024.

Measadh an Scéim um Chostais Mhéadaithe Ghnó (ICOB) agus an Deontas Power Up a bheith ina mbearta ríthábhachtacha do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide chun cabhrú leo costais oibriúcháin a bhí ag ardú a sheasamh. Chistigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an deontas agus bhainistigh údaráis áitiúla cur i bhfeidhm an deontais do ghnólachtaí cáilitheacha. Níorbh aisíocaíochtaí rátaí tráchtála iad na tacaí sin. Ina ionad sin, bhí na deontais a íocadh le gnólachtaí cáilitheacha don ICOB bunaithe ar a luachálacha tráchtála sa bhliain 2023. Íocaíocht chomhréidh €4,000 i leith gach réadmhaoine ar íoc gnólacht cáilitheach rátaí tráchtála orthu a bhí sa Deontas Power Up.

D'íoc Comhairle Contae an Chláir níos mó ná €6.1m le 2,370 gnólacht sa chontae le haghaidh scéimeanna ICOB 1 agus 2. Íocadh €5m breise le 1,280 iarratasóir cáilitheach i leith an Deontais Power Up sa bhliain 2024.

Íocadh deontais leis an Earnáil Turasóireachta agus le gnólachtaí beaga agus meánmhéide faoi scéimeanna ceadaithe áitiúla freisin.

## Soláthar:

D'oibrigh an Chomhairle de réir treoirlínte áitiúla agus náisiúnta soláthair agus de réir rialacha soláthair an Aontais Eorpaigh. Sa bhliain 2024, leagadh béim ar leith ar na nithe seo a leanas:

- Feabhas a chur ar chomhlíonadh na dtreoirlínte áitiúla agus náisiúnta agus ar chomhlíonadh rialacha soláthair an Aontais Eorpaigh.
- Comhairle a chur ar bhaill foirne a dhéileálann le gníomhaíochtaí soláthair.
- Cabhrú leis an bhfoireann na nósanna imeachta cearta a leanúint agus oiliúint a chur ar fáil chun a chinntiú go gcomhlíonfar beartais agus ciorcláin rialtais.
- Soláthar Poiblí Glas a chur chun cinn ar fud na heagraíochta trí oiliúint agus trí thacaíocht.
- Leanúint leis an ardán nua eTenders a ghlacadh agus le hoiliúint ann a sholáthar.

- An Beartas Soláthair a athbhreithniú chun teacht le Fógraí Tairisceana maidir le a) Breithniúcháin Eiticiúla agus b) Cairt Chomhairle Contae an Chláir maidir le Breithniúcháin Fostaíochta, Breithniúcháin Slabhra Soláthair agus Breithniúcháin Shóisialta a chur leis an mBeartas.

### Iniúchóireacht Inmheánach

Tá an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí ina chuid de structhúr Rialachais Chorparáidigh na Comhairle. Is seirbhís neamhspleách oibiachtúil dearbhaithe agus comhairle í atá deartha chun luach a bhreisiú agus chun oibríochtaí a fheabhsú ar fud gach réimse laistigh d'Údarás Áitiúil an Chláir.

Is é an ról atá ag Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí ná dearbhú neamhspleách a sholáthar go bhfuil na próisis bhainistíochta riosca, rialachais agus rialaithe inmheánaigh de chuid eagraíochta ag feidhmiú go héifeachtach. Leagtar amach i gCairt Iniúchóireachta Inmheánaí na Comhairle ról agus freagrachtaí an Iniúchóra Inmheánaigh agus an Lucht Bainistíochta.

### Maidir leis an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí:

- feidhmíonn sé de réir Plean Ilbhliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí ina leagtar amach sceideal athbhreithnithe iniúchóireachta agus spotseiceálacha. Gníomhaíonn sé de bhun na moltaí arna ndéanamh leis an lucht bainistíochta.
- idirghníomhaíonn sé le Coiste Iniúchóireachta na Comhairle agus leis an Iniúchóir Rialtais Áitiúil seachtrach chun feabhas a chur ar éifeachtacht na bpróiseas rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe lena ndírítear ar luach ar airgead ar fud na heagraíochta.

Chuir an Chomhairle samhail hibrideach oibre chun feidhme ar dá barr atá Iniúchtaí Inmheánacha á ndéanamh ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus ag Gnólacht Iniúchóireachta Seachtraí. Críochnaíodh roinnt tuarascálacha deiridh, Táblaí Moltaí agus an Tuarascáil ar Dhearbhú Cáilíochta sa bhliain.

## An Rannóg Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tá Rannóg TFC Chomhairle Contae an Chláir ina cuid den Stiúrthóireacht um Airgeadas agus Seirbhísí Tacaíochta. Soláthraíonn an Rannóg TFC seirbhísí agus tacaíocht TFC do Stiúrthóireachtaí, do Cheantair Bhardasacha, do Rannóga agus do bhreis agus sé chéad is seasca úsáideoir. I measc na seirbhísí tá Bonneagar TFC, Feidhmchláir TFC, Réitigh Bogearraí Fiontraíochta, Córais Faisnéise



Geografaí (GIS), Seirbhísí Gréasáin, leithdháileadh gléasanna TFC agus cosaint cibearshlándála.

Tá an Fhoireann TFC tiomanta don leas is mó is féidir a bhaint as na buntáistí a bhaineann le seirbhísí TFC do Chomhairle Contae an Chláir agus do chabhrú le Stiúrthóireachtaí agus le Rannóga a gcuspóirí a bhaint amach. Chomh maith le gníomhaíochtaí oibriúcháin amhail faireachán a dhéanamh ar shlándáil, bonneagar agus córais a chothabháil, agus tacaíocht d'úsáideoirí a sholáthar ar fud na bliana 2024, lean an Rannóg TFC le tionscnaimh feabhsúcháin próiseas gnó a chur i gcrích, le córais nua a sholáthar, le glacadh le teicneolaíochtaí nua, le huathoibriú próiseas a fheabhsú, agus le cumais na réiteach atá ann cheana a uasghrádú agus a fheabhsú. Tá díriú ar shlándáil faisnéise agus ar chibearshlándáil mar bhonn agus thaca acu sin uile.

## I measc na mbuaicphointí sa bhliain 2024 bhí:

**Réitigh dhigiteacha do ghardaí tarrthála:** I gcomhar leis an Rannán Comhshaoil agus le cistiú ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí, d'fhorbair an Rannóg TFC réiteach digiteach do ghardaí tarrthála. Leis an réiteach sin, cuíchóiríodh cúraimí riaracháin, ag laghdú an ama agus an dua a theastaíonn chun riarachán cúloifige a chur i gcrích. Tugadh aitheantas do cháilíocht an réitigh tráth a dámhadh an gradam náisiúnta mar Réalta TFC atá ag Teacht Chun Cinn i nGradaim Claochlaithe Dhigitigh na hEarnála Poiblí don phríomhfhorbróir as a chuid oibre ar an tionscadal.

**Leabharlann Nua:** Thacaigh an Rannóg TFC le hoscailt Leabharlann agus Dhánlann nua Inse trí sheirbhísí digiteacha agus nascacht gigighiotán a sholáthar don phobal. Ní hé amháin go bhfeabhsaíonn an Leabharlann nua sin na seirbhísí traidisiúnta leabharlainne ach comhtháthaíonn sí isteach sa líonra leabharlainne gigighiotán freisin. De réir mar a aistríonn ranna Rialtais, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí príobháideacha níos mó agus níos mó i dtreo soláthar seirbhíse ar líne, tá an Leabharlann i riocht maith chun tacú le foghlaim thraidisiúnta ar feadh an tsaoil agus le foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil araon. Mar shampla, is féidir le húsáideoirí leabharlainne taitneamh a bhaint as luasanna Idirlín níos gasta anois, rud a éascaíonn foghlaim ar líne, taighde digiteach, agus cruinnithe fíorúla, fiú. Leis an bhfeabhsú sin, cuireadh feabhas mór ar an rochtain do dhaoine den phobal nach mbeadh deis acu obair le faisnéis agus le teicneolaíocht murach sin, rud a chothaíonn timpeallacht dhigiteach níos uilechuimsithí.

**Gradaim CIPD:** Sa bhliain 2024, fuair Comhairle Contae an Chláir gradam CIPD as glacadh le bealaí nua oibre. Chuir an Rannóg TFC roinnt teicneolaíochtaí chun feidhme chun tacú leis an Rannóg Acmhainní Daonna teicneolaíochtaí lena dtacaítear le bealaí nua oibre a sholáthar don fhoireann. Ghlac an fhoireann le seirbhísí digiteacha nua agus sholáthar an Rannóg TFC rochtain fheabhsaithe do bhaill foirne agus iad lasmuigh den oifig. Leis na tionscnaimh sin, cuireadh feabhas ar shábháilteacht d'oibrithe lasmuigh agus laghdaíodh an páipéarachas agus an gá le hobair ón oifig. Dúirt Moltóirí Neamhspleácha CIPD: "ba mar thoradh air a tháinig tairbhí inchainníochtaithe agus intaispeánta maidir leis an gcultúr agus maidir le foghlaim agus forbairt, agus baineadh tairbhí costais amach leis."

**Iarratais ar Dheontais Tithíochta:** Ag obair di i ndlúthchomhar leis an Rannán Tithíochta, d'fhorbair an Rannóg TFC próiseas iarratais ar líne lenar cuireadh ar chumas an phobail iarratas a dhéanamh ar líne ar Dheontais Cúnaimh Tithíochta do dhaoine scothaosta, ar Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus ar Dheontais Cúnaimh Soghluaisteachta. A bhuí leis an réiteach, tacaíodh le héifeachtúlachtaí móra i bpróisis ceadaithe agus bailíochtaithe cúil. Leis an réiteach deontas tithíochta sin, cuíchóiríodh oibríochtaí, laghdaíodh agaí próiseála, agus cinntíodh cruinneas agus éifeachtúlacht níos fearr sa phróiseas.

**Seirbhísí tacaíochta TFC:** Sa bhliain 2024, mhéadaigh an Rannóg TFC an soláthar seirbhísí tacaíochta TFC do bhreis agus 660 úsáideoir, suas ó 600 úsáideoir i dtús na bliana. Láimhseáil sí breis agus 9500 glao tacaíochta sa bhliain. Trí aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna teicniúla go pras, chuir an Rannóg TFC feabhas suntasach ar an eispéireas úsáideora agus ar an tsástacht úsáideora i measc fhoireann Chomhairle Contae an Chláir.




*Ainmníodh Comhairle Contae an Chláir mar bhuaiteoir an ghradaim 'Glacadh le Bealaí Nua Oibre' ag Gradaim Acmhainní Daonna CIPD Ireland 2024.*

## Acmhainní Daonna

Déanann an Rannóg Acmhainní Daonna stiúradh agus bainistiú ar chlár oibre suntasach lena ndírítear ar phleanáil lucht saothair, ar earcaíocht, ar Fhoghlaim agus Forbairt, ar Chomhionannas agus Éagsúlacht agus ar an soláthar tacaí folláine fostaithe.

### Gradam CIPD

Bhuaigh Comhairle Contae an Chláir gradam CIPD eile (is é CIPD an comhlacht gairmiúil um acmhainní daonna agus forbairt daoine) sa bhliain 2024 tar éis di gradam a bhuachan den chéad uair sa bhliain 2023. Leis an ngradam 'Glacadh le Bealaí Nua Oibre' atá luaite cheana féin, tugadh aitheantas d'eagraíochtaí a bhfuil aon mhéid iontu agus a bhí in ann a léiriú conas a fheidhmíonn siad go sármhaith agus iad ag tacú lena ndaoine agus lena mbainisteoirí maidir le bealaí nua oibre a leabú. Cuireadh Comhairle Contae an Chláir ar an ngearrliosta sa chatagóir, mar aon le Banc na hÉireann, le BSL, le KPMG agus le McKesson Cork.

Léiríodh in iarratas Chomhairle Contae an Chláir an dul chun cinn a rinneadh ar réitigh dhigiteacha, ar réitigh oibre hibridí, ar chianobair ar láithreáin agus ar a lán tionscadal lena gcumasaítear bealaí oibre níos éifeachtúla agus níos sábháilte ar fud an chontae.
Tá achoimre le fáil thíos ar phríomhghníomhaíochtaí an Rannáin Acmhainní Daonna.

### Pleanáil Fórsa Saothair agus Earcaíocht

Críochnaíodh próiseas pleanála straitéisí fórsa saothair agus cuireadh faoi bhráid ár máthair-roinne é sa bhliain 2023, rud lena socraítear an treochlár le haghaidh ár n-acmhainní foirne a phleanáil chun freastal ar na seirbhísí de chuid na Comhairle atá ag teacht chun cinn agus atá i mbéal forbartha. Bítear ag athrú an doiciméid sin i gcónaí de réir mar a chomhlíonann an earnáil seirbhísí breise Chomhairle Contae an Chláir agus an sainchúram méadaitheach atá uirthi.
Leanann an Rannán Earcaíochta lena chinntiú go mbíonn an Chomhairle i riocht maith chun soláthar a dhéanamh do riachtanais ghnó na heagraíochta agus do riachtanais seirbhíse ár saoránach. Leanadh

sa bhliain 2024 le baill foirne nua a earcú isteach sa Chomhairle, agus 95 chomórtas san iomlán curtha ar siúl trí mheascán de mhodhanna ar líne agus de mhodhanna duine le duine araon.

Bhí an Rannán Earcaíochta i gceannas ar réiteach ríomhearcaíochta a fhorbairt agus a thástáil sa bhliain 2024, agus sheol sé próiseas soláthair idirphlé iomaíoch le haghaidh pacáiste iomlán ríomhearcaíochta. Leanfar le tuilleadh forbartha agus le tuilleadh tástála úsáideoirí agus cuirfear an réiteach chun feidhme faoi dheireadh na bliana 2025.

Chabhraigh an Clár Comharoideachais le roinnt mac léinn tríú leibhéal taithí oibre luachmhar a fháil i rannóga éagsúla den Chomhairle.

## Foghlaim agus Forbairt

Lean an tAonad Foghlama agus Forbartha le soláthar raon leathan clár agus ceardlann oiliúna a eagrú chun freastal ar riachtanais an lucht bainistíochta agus na foirne a d'eascair as iarrataí éagsúla a fuarthas tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Cuireadh cláir oiliúna, seimineáir Ghréasáin agus seisiúin faisnéise i bpearsa agus ar líne ar fáil ar fud na bliana. Tá raon leathan clár ar tairiscint. Is clár oiliúna éigeantacha iad cuid acu, go háirithe iad sin a bhaineann le hoibleagáidí sláinte agus sábháilteachta.

Baineadh an caighdeán Platanaim i Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe amach sa bhliain 2024. Áiríodh leis an bpróiseas sin sraith agallamh leis an bhfoireann agus leis an lucht bainistíochta agus aithnítear ann na príomhphróisis agus na príomhthacaí a sholáthraíonn an Chomhairle don fhoireann.

Sheol an tAonad Foghlama agus Forbartha **Treoirchlár Cóitseála Piaraí** i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus le Coláiste Bhaile an Rí, Baile Átha Cliath. Cuireadh oiliúint ar 20 ball foirne go Leibhéal 6 de Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus tá siad ar fáil mar chóitseálaithe do bhaill foirne nua agus do bhaill foirne atá ann cheana. Cuireadh na **Gradaim Fadseirbhíse agus Scoir** ar siúl in The Inn at Dromoland i mí an Mheithimh 2024. D'fhreastail breis agus 150 duine ar an ócáid, agus bhronn an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach gradaim ar an oíche.

## Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Tá an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta an-leabaithe i gComhairle Contae an Chláir. Leis an gcóras, déantar soláthar do chomhráite foirmiúla idir an ball foirne agus an bainisteoir líne i dtús na bliana, i lár na bliana agus ag deireadh na bliana. Leis an gcóras sin, cuirtear forbairt agus cur chun feidhme Pleananna Foirne agus Pleananna Forbartha Pearsanta agus Pleananna Oiliúna chun cinn. Tugadh méaduithe pá



do gach ball foirne de réir Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2024-2026. Rinneadh na coigeartuithe pá i mí Eanáir, i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair 2024.

## Cur Chun Feidhme Beartas

Críochnaíodh leasú breise ar an **mbeartas um Dhínit ag an Obair** agus eisíodh é chuig an bhfoireann i mí na Samhna 2024. Tá feidhm ag an mbeartas le gach fostaí de chuid na Comhairle, le Comhairleoirí, le cliaint, le custaiméirí, le conraitheoirí, le hoibrithe deonacha agus le teagmhálaithe eile gnó agus tá feidhm aige freisin maidir le hobair san áit oibre agus amach as an láithreán, le freastal ar chomhdhálacha nó ar oiliúint, agus le himeachtaí sóisialta áirithe a bhaineann leis an obair agus le suíomhanna meán sóisialta.

I mí Iúil 2024, forbraíodh **beartas um Fhoréigean Baile agus Mí-Úsáid Baile** don earnáil, cheadaigh an Fhoireann Bainistíochta é agus scaipeadh é ar an bhfoireann. Tá sé mar aidhm leis an mbeartas tacú le sláinte, folláine agus athléimneacht na bhfostaithe i dtimpeallacht oibre atá sábháilte agus slán agus cultúr áit oibre a chruthú nach nglactar ann le foréigean baile ná le mí-úsáid baile ná leis na dearcthaí a thacaíonn leo.

Forbraíodh **beartas maidir leis an Meanapás san Áit Oibre** freisin agus scaipeadh é ar an bhfoireann. Is é atá sa bheartas sin ná cuid eile dár n-iarrachtaí cultúr dínite, meas agus uilechuimsitheachta a leabú san áit oibre agus comhionannas inscne a chur chun cinn.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Chríochnaigh Grúpa Oibre Chomhairle Contae an Chláir um Chomhionannas agus Cearta an Duine dréachtmheasúnú sa bhliain 2024 agus d'eagraigh sé oiliúint feasachta idirchultúrtha agus oiliúint feasachta LADTA+ do bhaill foirne agus do chomhaltaí. Leanfaidh an obair sin ar aghaidh sa bhliain 2025 agus is mar thoradh uirthi a ullmhófar Plean Gníomhaíochta Comhionannais.

## Caidreamh Tionsclaíoch

Lean an Rannóg Acmhainní Daonna, agus Comhairle Contae an Chláir ina hiomláine, le caidreamh táirgiúil a chothú lenár gcomhghleacaithe sna ceardchumainn ar fud na bliana 2024. Rinneadh an caidreamh sin trí chruinnithe ráithiúla de chuid an fhóraim Comhpháirtíochta, trí chruinnithe foirmiúla tráthrialta agus trí idirphlé leanúnach tráthrialta le ceardchumainn aonair.

## Folláine Fostaithe

Cuireadh clár fairsing tionscnamh folláine ar fáil don fhoireann le linn na bliana agus áiríodh leis an Mol Folláine mar aon le cláir a bhain le feasacht ar mheabhairshláinte, le feasacht ar ailse agus cosc ailse, le lá folláine san áit oibre, le folláine airgeadais, le Maireachtáil go Maith le linn an Mheanapáis, le lá siúil san áit oibre agus le vacsaínithe in aghaidh an fhliú. Cuireadh an tAifreann bliantúil do bhaill foirne nach maireann, do bhaill foirne scortha nach maireann agus do chomhaltaí nach maireann ar siúl i mí na Samhna.
Faoin gClár Cúnaimh i gcomhair Fostaithe, leantar de Sheirbhísí Comhairleoireachta Gairmiúla a chur ar fáil don fhoireann ar fad.

## Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní

D'fhoilsigh Comhairle Contae an Chláir an Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní uaithi don bhliain 2024 an 19 Nollaig. Is é atá sa bhearna phá idir na hinscní ná an difríocht idir meánphá na bhfear agus meánphá na mban in aghaidh na huaire ar fud an fhórsa saothair. Tá ceangal anois ar fhostóirí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí in Éirinn acu a gcuid sonraí faoin mbearna phá idir na hinscní a fhoilsiú.
Léirítear i dtuarascáil na bliana 2024 gurbh ionann an Mheánbhearna Phá idir na hInscní agus -10.29%. Ciallaíonn sé sin gurb amhlaidh, ar an meán, go bhfuil níos mó ról ar phá níos airde ag mná ná mar atá ag fir. Ciallaíonn an Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní, arb ionann í agus -18.61%, go bhfuil ionadaíocht láidir ann do mhná i róil bhainistíochta uachtaraí i gComhairle Contae an Chláir.



# AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH



**CARMEL KIRBY**
**Stiúrthóir Forbartha Eacnamaíche**

Ba é a bhí sa bhliain 2024 ná tréimhse dul chun cinn straitéisigh agus athléimneachta straitéisí don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, a n-áirítear léi na réimsí seirbhíse seo a leanas: Pleanáil, Bainistíocht Réadmhaoine agus Saoráidí; Tús Áite do Lár Bailte; Fiontair Áitiúla agus Ceantar Bardasach Inse. I gcomhthéacs na n-éiginnteachtaí eacnamaíocha domhanda agus an chlaochlaithe leanúnaigh ar fud na dtionscal, bhí rún daingean againn fós fás inbhuanaithe a chothú, tacú le nuálaíocht gnó, agus folláine eacnamaíoch phobail an Chláir a fheabhsú. Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar na príomhéachtaí, na príomhthionscnaimh agus na príomh-chomhpháirtíochtaí de chuid na Stiúrthóireachta a bhrúigh torthaí eacnamaíocha dearfacha chun cinn ar fud an Chontae sa bhliain atá imithe thart. Trí cheannaireacht beartais agus trí chomhoibriú láidir le comhpháirtithe tionscail agus rialtais, leanamar le bonn eacnamaíoch an Chontae a neartú.

De réir mar a dhéanaimid ár machnamh ar rath na bliana 2024 agus ar na dúshláin ar sháraíomar iad, tugtar trédhearcacht, cuntasacht, agus léargas soiléir ar ár dtosaíochtaí amach anseo sa tuarascáil seo. Leagtar béim inti freisin ar ár rún daingean geilleagar dinimiciúil, athléimneach agus uilechuimsitheach a thógáil sa Chontae, ar geilleagar é a rachaidh chun tairbhe do na glúine atá ann cheana agus do na glúine atá le teacht araon.

Le linn na bliana 2024, chuir Foireann na Láithreán Tréigthe leis an leibhéal gníomhaíochta maidir le déileáil le Láithreáin Tréigthe agus, go háirithe, rinne sí dul chun cinn ar an bhfáil éigeantach réadmhaoine breise agus chuir sí tús le billeáil an Tobhaigh Láithreán Tréigthe. Tá sé sin mar chuid de mhór-Chlár Gníomhachtaithe Éigeantaigh atá á chur chun cinn ag an Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoin bPlean Gníomhaíochta um Thithe Folmha.

Leanann an Chomhairle le teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn agus le tathant a dhéanamh ar son na mbuntáistí eacnamaíocha suntasacha a eascraíonn as ár n-acmhainneacht Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta. Mar thoradh ar an líon mór gníomhartha atá ar áireamh sa Tuarascáil ó Thascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne agus mar thoradh ar an gcomhairle ó Thascfhórsa Eacnamaíoch an Chláir, tá an Chomhairle i riocht straitéiseach chun na buntáistí



*Deilfeanna Bolgshrónacha in Inbhear na Sionainne – Foinse: Simon Berrow*

eacnamaíocha a eascróidh gan amhras as infheistíocht shuntasach feadh Inbhear na Sionainne agus ar fud an Chontae a shainaithint agus leas a bhaint astu.

## An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch

Cuimsíonn an Coiste seisear comhaltaí tofa de Chomhairle Contae an Chláir agus cúigear ionadaithe earnála. Tionóladh trí chruinniú de chuid an Choiste sa bhliain 2024, ar lena linn a scrúdaíodh réimsí éagsúla, amhail an tionscadal um Bogadh i dTreo Aeraspáis, Plean Oidhreachta Chomhairle Contae an Chláir, an Oifig Fiontair Áitiúil agus an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Chonaic an Coiste láithreoireachtaí ó Fine Grain Properties agus ó Ghrúpa Aerfort na Sionna agus fuair sé an t-eolas is deireanaí faoi phríomhthionscadail straitéiseacha amhail Inis 2040, Ionad Oiliúna Muirí Chill Rois, Láithreán Roche i nDroichead an Chláir, One Shannon Hub agus an tIonad Sonraí.

Sa bhliain 2024 freisin, tháinig athruithe ar chomhaltas an Choiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch tar éis na dToghchán Áitiúil agus tar éis buanorduithe leasaithe a thabhairt isteach. Gabhtar buíochas ar leith leis na comhaltaí sin a d'fhóin ar an gCoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch sa téarma roimhe. Áireofar leis na príomhréimsí a ndíreofar orthu sa bhliain 2025 athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha an Chláir faoi Phlean Fiontair Réigiúnach an Mheán-Iarthair, an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a chur chun feidhme, an tionscal fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta agus na tacaí gaolmhara slabhra soláthair a chumasú, Máistirphlean Lár Baile Shionainne agus Straitéis Eacnamaíoch agus Spáis Inis 2040 a chur chun feidhme, Oiriúnú don Athrú Aeráide agus bithéagsúlacht, agus soláthar tithíochta príobháidí a spreagadh.

## An Creatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne

Foilsíodh an Tuarascáil ó Thascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne i mí Iúil 2023. Leagtar amach sa Tuarascáil moltaí maidir le suas le 30 GW d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta a sholáthar ó bhonneagar snámhach, a éascófar ar fud na gcéimeanna oibriúcháin agus cothabhála laistigh d'Inbhear na Sionainne faoin mbliain 2050 mar aon le bearta chun an leas is mó is féidir a bhaint as na deiseanna forbartha tionsclaíche a bheidh ag gabháil le forbairt fuinnimh gaoithe amach ón gcósta. Leagtar amach sa Tuarascáil freisin fís go dtiocfadh Inbhear na Sionainne chun bheith mar Chonair Dhigiteach Ghlas Atlantach na hÉireann, agus tionscnaimh nua molta sna hearnálacha iompair, lóistíochta, nascachta agus turasóireachta.

Lean Comhairle Contae an Chláir le bheith i gceannas ar na Gníomhartha ábhartha ón Tuarascáil ón Tascfhórsa sa bhliain 2024 agus le hiad a chur i gcrích mar atá leagtha amach thíos:

| Gníomh | Úinéir | Dul Chun Cinn sa bhliain 2024 |
|---|---|---|
| **Inbhear na Sionainne a athchóiriú agus a acmhainniú**<br>**Tá tús le cur ag an gCoiste Stiúrtha um Chreatphlean Comhtháite Straitéiseach le gníomhaíochtaí ullmhúcháin pleanála agus comhshaoil le haghaidh suíomhanna forbartha straitéisí atá ann cheana agus le haghaidh suíomhanna forbartha straitéisí nua ionchasacha, a dtabharfar tacaíocht leordhóthanach dóibh agus a acmhainneofar go lárnach. Tá breithniú le déanamh ag Údaráis Áitiúla ar ainmniú pleanála comhchoitinne le haghaidh réigiún Inbhear na Sionainne (Crios Forbartha Straitéisí féideartha nó a leithéid) chun soláthar a dhéanamh do nósanna imeachta pleanála cuíchóirithe agus comhordaithe ar féidir leo freastal ar riachtanais thionsclaíocha agus shochaíocha an réigiúin.** | Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, RTRÁO | Thionóil Comhairle Contae an Chláir an Grúpa Stiúrtha um Chreatphlean Comhtháite Straitéiseach an athuair i mí Mheán Fómhair 2023, agus tionóladh ceithre chruinniú san iomlán ó shin i leith. Chomh maith leis sin, thionóil an Grúpa Stiúrtha an Foghrúpa Comhshaoil an athuair, rud a ndéanann an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch de chuid Chomhairle Contae an Chláir cathaoirleacht air. Is é an príomhdhíriú ná tús áite a thabhairt do na bearnaí i Sonraí Comhshaoil ar shainaithin an foghrúpa iad chun bonnlíne láidir a sholáthar le haghaidh Inbhear na Sionainne amach anseo. Tosófar an obair sin trí léarscáil torainn bonnlíne a sholáthar le haghaidh Inbhear na Sionainne. |
| **Ionad Barr Feabhais Oiliúna Muirí a bhunú i gCill Rois faoin mbliain 2025, le cistiú a dtacóidh an rialtas é trí bhealaí cistiúcháin atá ann cheana** | Comhairle Contae an Chláir | Tá Comhairle Contae an Chláir tiomanta d'Ionad Barr Feabhais Oiliúna Muirí a sholáthar i gCill Rois. Sainaithníodh sásra cistiúcháin na Réigiún Cliste sa bhliain 2024 mar an bealach trína bhféadfaí an bhearna cistiúcháin atá fágtha a líonadh. Tá Fiontraíocht Éireann i mbun na mionsonraí a bhaineann le rialacha Státchabhrach a thabhairt chun críche fós, áfach. A luaithe a bheidh na saincheisteanna sin réitithe, beidh an Fhoireann Tionscadail in ann bogadh ar aghaidh. |
| **Grúpa oibre a bhunú a bheidh faoi stiúir ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus a bheidh comhdhéanta de bhaill ó Cruise Europe, ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ó Chomhairle Contae Chiarraí, ó Chomhairle Contae an Chláir agus ó Ghrúpa Aerfort na Sionna chun spriocanna tábhachtacha a fhorbairt maidir leis an líon long crúsála a bheidh ag teacht le cé in Inbhear na Sionainne faoin mbliain 2027/2030, agus gníomhartha sainaitheanta ann chun an sprioc sin a bhaint amach.** | Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge | D'fhreastail an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch ar roinnt cruinnithe de chuid Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge um "Inbhear na Sionainne a Chrúsáil" sa bhliain 2024, agus chuir sí leis na cruinnithe sin. Sainaithníodh mar phríomhréimse taighde an fhéidearthacht a bhaineann le bonneagar muirí a sholáthar ar chladach thuaidh Inbhear na Sionainne chun réitigh a sholáthar maidir le paisinéirí a iompar ar bháid bheaga ó shoithí crúsála a thiocfaidh le cé san Inbhear le haghaidh Chorn Ryder. |

Tá rún daingean ag an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch dul chun cinn a dhéanamh ar na Gníomhartha sin i gcomhar lenár gcomhghleacaithe ar fud na Stiúrthóireachtaí uile chun na spriocdhátaí iomchuí a chomhlíonadh.

### Máistirphlean Roche

Mar cheann de roinnt príomhthionscadail straitéiseacha sa Chontae a bhfuil acmhainneacht ollmhór acu don todhchaí, leanann an Chomhairle le hobair i ndlúthchomhar le Feidhmeannacht Roche sa limistéar áitiúil agus san Eilvéis agus tá siad i mbun caidreamh cuimsitheach maidir leis an dul chun cinn ar an gclár feabhsúcháin arb é an toradh a bheidh air agus é curtha i gcrích ná go mbeidh cuid shuntasach den láithreán 88 n-acra réidh le haghaidh forbairt athfhorbraíochta. Lean an Chomhairle le teagmháil a dhéanamh le GFT Éireann agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile freisin chun deiseanna féideartha forbartha agus deiseanna beartaithe fostaíochta don láithreán a shainaithint, ar deiseanna iad a rachadh chun tairbhe don phobal áitiúil agus don mhórlimistéar ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha agus cúrsaí sóisialta araon de go ceann i bhfad.

## An Rannóg Pleanála

### An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024

Sa bhliain 2021, chuir an Rialtas tús le hathbhreithniú ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. Tá athrú as cuimse tagtha ar an tírdhreach pleanála le cúig bliana is fiche anuas ó tugadh Acht 2000 isteach agus, dá bhrí sin, ba léir go raibh gá le hollchóiriú mór ar an reachtaíocht a bhí mar bhonn leis an gcóras pleanála.


Mar thoradh ar an bpróiseas sin, shínigh an tUachtarán an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, ina dhlí an 17 Deireadh Fómhair 2024. Tá sé beartaithe go bhfeabhsófar le hAcht 2024 soiléire agus comhsheasmhacht an chórais pleanála agus go méadófar an mhuinín as an gcóras leis sa deireadh. Bainfear é sin amach trí na hathchóirithe tábhachtacha a dhéanamh. Áireofar leo sin amlínte éigeantacha cinnteoireachta a thabhairt isteach; an Bord Pleanála a atheagrú; ailíniú níos fearr a dhéanamh ar cheapadh pleananna ar gach leibhéal; agus feabhsuithe a chur ar an bpróiseas athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Táimid ag bogadh anois isteach i dtréimhse thar an mbliain 2025 agus isteach sa bhliain 2026 a dtosófar Acht 2024 agus a n-aisghairfear Acht 2000 lena linn. Beidh am ag teastáil chun an próiseas sin a chur i gcrích. Chuige sin, tá breis agus 120 foráil idirthréimhseach ar áireamh in Acht 2024 chun an t-aistriú oibriúcháin réidh ó na socruithe faoi Acht reatha 2000 chuig na socruithe faoi Acht 2024 a éascú.




### An Cháin Talún Cónaí-Chriosaithe

Tá sé mar aidhm leis an gCáin Talún Cónaí-Chriosaithe (RZLT) agus le tionscnaimh eile atá ar bun ar fud na Comhairle tailte criosaithe agus seirbhísithe a ghníomhachtú le haghaidh forbairt cónaithe. Moladh an RZLT faoi 'Tithíocht do Chách 2021' agus tugadh isteach é leis an Acht Airgeadais, 2021. Bhí sé mar aidhm leis gníomhachtú a dhéanamh ar thalamh criosaithe seirbhísithe a d'fhéadfadh freastal ar fhorbairt chónaithe chun an soláthar tithíochta a mhéadú agus chun athghiniúint tailte folmha agus díomhaoine i suíomhanna uirbeacha a chinntiú. Cé go bhfuil sé de fhreagracht ar na Coimisinéirí Ioncaim an RZLT a riar, is ar an údarás áitiúil atá an fhreagracht reachtúil as léarscáileanna a ullmhú agus a fhoilsiú ina léirítear tailte criosaithe atá faoi raon feidhme an RZLT.


Mar ullmhúchán do thosach feidhme oibriú an RZLT an 1 Feabhra 2025, seoladh comhairliúchán poiblí ar dhréacht-léarscáil bhliantúil an RZLT don bhliain 2025 sa bhliain 2024. Ar Lá an Bhuiséid 2025, fógraíodh foráil nua chun soláthar a dhéanamh d'úinéirí talún a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch leanúnach ar a gcuid talún atá criosaithe le haghaidh úsáid chónaithe chun go mbeidh siad in ann iarrataí a dhéanamh ar chriosú a gcuid talún a athrú chun go mbeifear in ann leanúint leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch gan aon dliteanas a bheith ann i leith na cánach. Nuair a sheolfar comhairliúchán poiblí ar Léarscáil Deiridh




an RZLT don bhliain 2025 an 31 Eanáir 2025, tabharfar deis d'úinéirí talún iarrataí den sórt sin ar athrú criosaithe a dhéanamh, ar iarrataí iad a bhreithneoidh an tÚdarás Áitiúil ina dhiaidh sin.

## Cistiú d'Inis Díomáin faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

I gcomhar le Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir, le Foireann Baile Inis Díomáin agus leis an bhfoireann deartha a bhí faoi stiúir ag Helena McElmeel Architects, d'ullmhaigh Comhairle Contae an Chláir Plean Feabhsúcháin Inis Díomáin, a cuireadh i gcrích sa bhliain 2022. Sa bhliain 2023 agus arís sa bhliain 2024, dámhadh cistiú faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte do dhá thionscadal a eascair as an bplean sin, a bhain le hoibreacha ríochta poiblí i Sráid na Parlaiminte agus sa Chearnóg. Sa bhliain 2024, ceapadh foireann



deartha chun an togra a thabhairt trí chéim an deartha mhionsonraithe, trí chéim an toilithe pleanála agus trí chéim an tsoláthair agus chun an soláthar ar an láithreán a bhainistiú.

Fuarthas toiliú pleanála le haghaidh an tionscadail an 7 Meitheamh 2024, ar ina dhiaidh a ullmhaíodh pacáistí tairisceana. Táthar ag súil leis go dtabharfar na hoibreacha chun críche faoi dheireadh na bliana 2025.

## Cistiú don Cheapach faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Is é atá i Straitéis Feabhsúcháin na Ceapaí ná tionscnamh atá faoi stiúir plean. Tá sí á cur i gcrích ag an Rannóg Pleanála i ndlúthchomhairle leis an bpobal áitiúil. Tógadh an plean ar an bprionsabal arb éard é acmhainneacht an tsráidbhaile a uasmhéadú, agus a shaintréithe muirí leithleacha agus a scála sráidbhaile á gcoinneáil ag an am céanna. Sa bhliain 2023, dámhadh cistiú faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte le haghaidh bealach rochtana nua i dtreo na trá agus an chlóis súgartha atá ann cheana. Mar thoradh ar an mbealach rochtana nua sin, bheadh an limistéar sin ina chuid den siúlán cósta an athuair agus thabharfaí aghaidh ar na hábhair imní sábháilteachta a bhaineann le leanaí a bheidh ag dreapadh thar an mballa chun a mbealach chuig an gclós súgartha a ghiorrú. Leis an mbealach rochtana nua, sholáthrófaí bealach inrochtana leathan agus d’osclófaí radharc fairsing ar an uisce agus ar Inis Cathaigh ón gcosán agus ón mbóthar. Sa bhliain 2024, ullmhaíodh pacáistí tairisceana de bhun toiliú pleanála a fháil, agus táthar ag súil go dtabharfar an tionscadal chun an láithreáin sa bhliain 2025.

## Straitéis Feabhsúcháin Chora Finne

Thar thréimhse dhá bhliain go leith, d’oibrigh an Rannóg Pleanála agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, comhpháirtí léi, i gcomhar le foireann ildisciplíneach a raibh gradaim buaite aici roimhe sin chun Straitéis Feabhsúcháin a ullmhú do shráidbhaile Chora Finne. Chistigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cuid den obair sin faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. A bhuí leis an bplean feabhsúcháin sin, tacaítear le forbairt a dhéanamh ar thionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo beocht a chur sa phobal sin, dul i ngleic le réadmhaoine folmha agus aghaidh a thabhairt ar réadmhaoine tréigthe sa sráidbhaile. Tá an plean críochnaithe ag teacht le prionsabail an Láir Baile agus úsáideadh é mar bhonn le hiarratas a dhéanamh ar ghlao cistiúcháin Chatagóir 1 den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe 2024.













Ar an drochuair, níor éirigh leis an tionscadal sa ghlao sin, ach tá comhpháirtithe an tionscadail tiomanta fós do phríomhghnéithe an tionscadail a chur i gcrích sna blianta atá amach romhainn. Táthar ag súil go ndéanfar glao cistiúcháin Chatagóir 2 den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe sa bhliain 2025 agus d'fhéadfaí féachaint arís ar an tionscadal sin faoin nglao sin.

# Caomhantas Ailtireachta

## An Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha (BHIS)

Tá an Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha deartha chun cabhrú le déanmhais atá cosanta faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt a dheisiú agus a chaomhnú. I gcásanna áirithe, tacaítear le déanmhais atá suite laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a chaomhnú freisin i gcás, i dtuairim an údaráis áitiúil, gur léiríodh go bhfuil gá ann le hoibreacha chun carachtar agus cuma an Limistéir Caomhantais Ailtireachta a fheabhsú. Is é príomhchuspóir na scéime tacú le réadmhaoine atá faoi úinéireacht phríobháideach agus ar gá iad a dheisiú agus a chaomhnú.

Leithdháileadh cistiú ab fhiú €108,837 ar oibreacha ar 14 dhéanmhas chosanta faoin Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha 2024. Cuireadh deich dtionscadal i gcrích. Ba iad sin:

1. **Teach Solais Cheann Léime** – Oibreacha chun na ballaí teorann a bhí ann cheana a dheisiú.

2. **Teach Chrannchur, Cuinche** – Deisiúcháin agus athchóiriú ar fhoirgnimh lasmuigh agus ar bhallaí teorann.
3. **Teach Manus, Droichead an Chláir** – Deisiúchán ar na fuinneoga a bhí ann cheana.
4. **Foirgneamh Armstead, Inis Díomáin** – Athchóiriú aolchloiche ar an aghaidh sheachtrach.
5. **Teampall Chríost, (Rinn na Spáinneach) Sráid na Cathrach** – Deisiúcháin ar an díon agus ar na gáitéir.
6. **Teachín Ceann Tuí, Cill Dalua** – Deisiúchán ar an díon tuí.
7. **Foirgneamh Cloiche (laistigh de chúirtealáiste Theach Bocht na Scairbhe)** – Oibreacha ar an díon, agus na fuinneoga a athsholáthar.
8. **Eaglais Chaitliceach Bhríde, Cora Finne** – Oibreacha chun pointeáil na mbeann thiar agus theas a dheisiú.
9. **Teach Glencairn, Inis** - Oibreacha chun balla seachtrach a athphointeáil agus a dheisiú.
10. **Teachín Ceann Tuí, Boston** – An díon tuí a athsholáthar agus doras adhmaid seachtrach a athsholáthar.

## Ciste na nDéanmhas Stairiúil

Tá Ciste na nDéanmhas Stairiúil ceaptha chun déanmhais agus foirgnimh stairiúla a chaomhnú agus a fheabhsú le mórleas na bpobal agus an phobail i gcoitinne. Sa bhliain 2024, leithdháileadh cistiú ab fhiú €163,409 ar dhá thionscadal. Ba iad seo na tionscadail sin:

1. **Áith Aoil, Cill Iníne Baoith** – Oibreacha chun áith aoil a dheisiú
2. **Ardeaglais Fhlannáin, Cill Dalua** – Oibreacha chun an bhinn thiar agus a fuinneog chaol gloine daite a dheisiú.

## An Ciste Séadchomharthaí Pobail 2024

Leis an gCiste Séadchomharthaí Pobail, soláthraítear cistiú i ndáil lenár n-oidhreacht seandálaíochta chun cabhrú le húinéirí agus caomhnóirí na séadchomharthaí seandálaíochta iad a chosaint amach anseo ar mhaithe le pobail áitiúla agus leis an bpobal i gcoitinne. Sa bhliain 2024, leithdháileadh cistiú ab fhiú €130,000 ar dhá thionscadal. Ba iad seo na tionscadail sin:

1. **Eaglais Killoo** – Oibreacha chun struchtúr fhothrach na heaglaise a chobhsú agus a chaomhnú.
2. **Eaglais Mhaigh nEo** – Plean Bainistíochta Caomhantais a ullmhú.

## Iarratais Alt 57

Eisítear Dearbhuithe Alt 57 chuig úinéirí foirgneamh nó déanmhas ar mian leo oibreacha a dhéanamh ar a ndéanmhais chosanta. Cinntear le Dearbhú cé acu a mheasfaí nó nach measfaí oibreacha a bheith díolmhaithe ó phleanáil. Féadfar Dearbhú a úsáid freisin chun cúirtealáiste an déanmhais chosanta, nó na heilimintí atá le cosaint, a shoiléiriú. Fuarthas 28 n-iarratas ar dhearbhuithe le linn na bliana.

## Bainistíocht Forbartha – Iarratais Phleanála

Fuarthas 1112 iarratas pleanála sa bhliain 2024. Fuarthas 16 cinn d’iarratais ar fhorbairt ag an Údarás Áitiúil féin faoi Chuid VIII freisin. Rinneadh cinntí i ndáil le 927 n-iarratas pleanála. Deonaíodh 851 cheann (91.8%) de na hiarratais sin agus diúltaíodh do 76 cinn (8.2%) díobh. De na 55 iarratas a chinn an Bord Pleanála le linn na bliana, seasadh le 36 bhreith (65%) ó Chomhairle Contae an Chláir.

## Tionscadal Ríomhphleanála

Fuarthas 674 iarratas ríomhphleanála sa bhliain 2024.

## Fiosruithe Réamhphleanála

Fuarthas 268 n-iarratas réamhphleanála san iomlán le linn na bliana, rud lenar cuireadh ar chumas iarratasóirí éirim a dtograí a phlé saor in aisce le hoifigeach pleanála de chuid na Comhairle.

## Ranníocaíochtaí Forbartha

Bailíodh ioncam ab ionann agus €5,760,000 ó Ranníocaíochtaí Forbartha sa bhliain 2024. Soláthraítear leis na ranníocaíochtaí sin cistiú lena úsáid do chláir oibre caipitil a bhaineann le cineálacha éagsúla bonneagair, lena n-áirítear bóithre, taitneamhacht, bonneagar pobail, bonneagar áineasa agus páirceáil.

### Forfheidhmiú an Dlí Pleanála

Bhí ardleibhéal gníomhaíochta ar bun i Rannán Forfheidhmiúcháin na Rannóige Pleanála le linn na bliana 2024. Tá an ghníomhaíocht sin achoimrithe sa tábla seo a leanas:

| | |
|---|---|
| An líon gearán a fuarthas | 242 |
| An líon cásanna nua a imscrúdaíodh | 98 |
| An líon litreacha rabhaidh a eisíodh | 87 |
| An líon fógraí forfheidhmiúcháin a eisíodh | 22 |
| An líon cásanna dlí a tionscnaíodh | 15 |
| An líon comhad a dúnadh | 43 |

## Eastáit Tithíochta a Ghlacadh faoi Chúram

Ghlac an Chomhairle ocht n-eastát tithíochta faoi chúram sa bhliain 2024. Rinne an fhoireann um ghlacadh faoi chúram faireachán ar 25 fhorbairt nua (689 n-aonad) a bhí ag céimeanna éagsúla tógála le linn na bliana 2024 freisin. Cé go mbíonn sé dian ar acmhainní, ba cheart go gcinnteodh faireachán leanúnach ar eastáit go gcríochnófar forbairtí tithíochta sa todhchaí de réir caighdeán níos airde agus go mbeidh na próisis um ghlacadh faoi chúram ina dhiaidh sin níos simplí.



Rinneadh dul chun cinn suntasach ar oibreacha feabhsúcháin/críochnúcháin ar roinnt eastát trí chaidreamh le sealbhóirí bannaí, le cónaitheoirí, le forbróirí agus le hUisce Éireann chun forbairtí neamhchríochnaithe a dhéanamh oiriúnach dá nglacadh faoi chúram. Sa bhliain 2024, críochnaíodh oibreacha feabhsúcháin i sé eastát tithíochta. Leanann an fhoireann le Pleananna Réitigh Láithreáin a thabhairt chun críche agus le socruithe a dhéanamh le haghaidh conarthaí oibreacha feabhsúcháin in eastáit ar ina leith a rinne an Chomhairle airgead bannaí a éileamh agus a fháil.

## One Shannon Hub

I Máistirphlean Lár Baile Shionainne 2022, a bhfuarthas cuid den chistiú ina leith ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) de chuid an Rialtais, glaodh amach roinnt tionscadail straitéiseacha do bhaile Shionainne. Ceann amháin de na tionscadail sin ba ea tionscadal One Shannon Hub a fhorbairt. Is í fís an tionscadail ná Lárionad Gnó agus Cathrach a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag Baint leis a chruthú i Lár Baile Shionainne.

Ar fud na bliana 2024, thug foireann tras-stiúrthóireachta, a bhí faoi stiúir na Stiúrthóireachta um Fhorbairt Eacnamaíoch, fís an mháistirphlean sin trína chéim deartha coincheapa. An rud atá ag teacht chun cinn is ea foirgneamh úsáide measctha ar shuíomh lár baile a bhfuil idirghabháil fhairsing ríochta poiblí ag gabháil leis chun feabhas a chur ar na bóithre isteach i lár an bhaile, feadh an R471 agus feadh Bhóthar na Rinne.

Leanann Comhairle Contae an Chláir le caidreamh gníomhach a dhéanamh le geallsealbhóirí agus le húinéirí talún chun cuspóirí thionscadal One Shannon Hub a bhaint amach. Táthar ag spriocdhíriú ar shruthanna cistiúcháin, lena n-áirítear an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, don tréimhse 2025/2026 chun soláthar na forbartha sin a éascú.




## An Rannóg um Thús Áite do Lár Bailte

Bliain ghnóthach don Rannóg um Thús Áite do Lár Bailte ba ea an bhliain 2024, agus í ag díriú ar chúig bhaile, eadhon, Cill Rois, an Tulach, Lios Dúin Bhearna, Droichead an Chláir agus Droichead Abhann Ó gCearnaigh. Ina theannta sin, táthar tar éis scéim nua ar a dtugtar 'THRIVE Ennis' a thosú i Lár Baile Inse.

## THRIVE Ennis – Scéim Athbheochana Oidhreachta um Thús Áite do Lár Bailte

Leis an scéim nua THRIVE, tugtar deis foirgneamh oidhreachta folamh amháin a thabhairt ar ais chun úsáide i Lár Baile Inse, agus freastal á dhéanamh ar riachtanais an phobail ag an am céanna. Mar chuid den tionscadal sin, cuireadh tús le hobair ar dhréacht-Straitéis Uirbeach Chomhtháite (faoi stiúir na hOidhreachta) d'Inis, agus béim á leagan ar oidhreacht agus ailtireacht uathúil na hInse a thaispeáint. Gné thábhachtach den tionscadal is ea cur chuige rannpháirtíoch ina n-oibrítear i gcomhar le saoránaigh agus le geallsealbhóirí. Thaisc Comhairle Contae an Chláir iarratas pleanála i mí na Nollag 2024 le haghaidh pleananna chun foirgneamh oidhreachta in Inis a athghiniúint/a oiriúnú, eadhon The Cloister.

Táthar ag súil go ndéanfar iarratas ar chistiú faoi Shnáithe 2 den scéim THRIVE i mí Aibreáin 2025 chun an tionscadal a thabhairt chun críche ar an talamh.



Cistíonn an Rialtas an scéim THRIVE faoi Chláir Réigiúnacha Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) trí Thionól Réigiúnach an Deiscirt.

## Foirne Baile, Seiceálacha Sláinte agus Plean Chill Rois um Thús Áite do Lár Bailte

Le linn na bliana 2024, d'oibrigh an Rannóg um Thús Áite do Lár Bailte le pobail sa Tulach, i Lios Dúin Bhearna agus i gCill Rois chun Foirne Baile nua a bhunú, agus chuir an Rannóg tús le hobair ar Fhoireann Sráidbhaile eile a bhunú i nDroichead an Chláir. Tháinig sé sin sna sála ar chomhairliúchán fairsing, agus tugadh cuireadh do dhaoine chun páirt a ghlacadh i bhFoireann Baile.

Rinne Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, trí Sheiceáil Sláinte Lár Baile, a rinneadh sa Tulach, i Lios Dúin Bhearna agus i nDroichead an Chláir agus lenar soláthraíodh faisnéis úsáideach faoi shaincheisteanna amhail réadmhaoine folmha, gluaiseachtaí feithiclí agus coisithe agus dearcadh na ndaoine i leith a mbaile. Reáchtáladh seisiúin oiliúna

freisin chun cabhrú le Foirne Baile acmhainn a thógáil i measc a bhFoirne Baile nuabhunaithe.

Táthar tar éis tús a chur le Plean um Thús Áite do Lár Bailte do Chill Rois le Hasset Ducatez Architects mar shainchomhairleoirí agus le hionchur luachmhar ó bhaill foirne tras-Stiúrthóireachta agus i ndlúth-chomhoibriú le Foireann Baile Chill Rois nuabhunaithe.

Tá an Fhoireann Baile ag spreagadh rannpháirtíochta go gníomhach ar fud cheantar Chill Rois chun a chinntiú go leagfar amach sa phlean fís agus tionscadail a fhéachfaidh le beocht, inmharthanacht agus tarraingteacht an bhaile a chruthú agus a mhéadú.

## Foireann Baile Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh agus Plean Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh um Thús Áite do Lár Bailte

Ba é Plean Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh um Thús Áite do Lár Bailte an chéad phlean dá leithéid riamh i gContae an Chláir agus seoladh go hoifigiúil é i mí Lúnasa 2023. Ag obair di i gcomhoibriú le Comhairle Contae an Chláir, tá Foireann Baile Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh ag díriú a cuid iarrachtaí ar thionscadail sa phlean a phleanáil agus a chur i gcrích.

Táthar tar éis tús a chur le hobair chúlra chun sainaithint a dhéanamh ar shruthanna cistiúcháin atá le teacht atá ailínithe le príomhthionscadail a sainaithníodh sa phlean cur chun feidhme, agus d'oibrigh an tOifigeach Athghiniúna Bailte agus an tOifigeach Forbartha Tuaithe agus Pobail leis an bhFoireann Baile chun na tionscadail sin a phleanáil agus a chur ar aghaidh. D'éirigh leis an bhFoireann Baile cistiú a fháil chun dearaí a thabhairt chun cinn le haghaidh droichead ríochta poiblí agus coisithe i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh faoin mBeart Forbartha Tionscadal de chuid na Sraithe Tacaí um Thús Áite do Lár Bailte 2024.

## Straitéis Eacnamaíoch agus Spáis Inis 2040

Is í príomhsprioc Straitéis Eacnamaíoch agus Spáis Inis 2040 ná forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe an bhaile. Is iad an Straitéis sin agus na forálacha atá ar áireamh i bPlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 (a glacadh le déanaí) na príomhchodanna de na hathruithe tábhachtacha a theastaíonn chun freastal ar dhaonra a bhíonn ag fás a bhaint amach agus a sholáthar idir seo agus an bhliain 2040. Deimhníodh fianaise ar an bhfás daonra sin le déanaí le foilsiú na faisnéise breise ó Dhaonáireamh 2022 ina léirítear go bhfuil daonra Inse cothrom le 28,000 duine, beagnach, anois (3000 duine níos mó ná mar bhí ann sa bhliain 2016).

Tá an inbhuanaitheacht ina gné lárnach de ghníomhaíochtaí agus tosaíochtaí Inis 2040 agus leanfaidh sí lena bheith ina gné lárnach díobh. Tá na tionscadail chlaochlaitheacha a tosaíodh ríthábhachtach maidir leis an sprioc atá againn an 'baile 10 nóiméad' a bhaint amach agus maidir lena léiriú conas is féidir le baile contae cosúil le hInis freagairt don athrú aeráide agus don mhaireachtáil 'tús áite do lár bailte'. Le linn na bliana 2023, lean Inis 2040 le dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt príomhthionscadal lár baile (lena ngabhann infheistíocht iomlán mheasta is ionann agus €48m) a bhfuil na mionsonraí fúthu leagtha amach thíos.



### Sráid Phroinséis – Tithíocht Inacmhainne

Ag teacht sna sála ar dhíolúine pleanála Alt 179a a thaisceadh i mí na Nollag 2023, taisceadh athbhreithniú breithiúnach i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe a chuimsíonn 39 n-aonad tithíochta. Críochnaíodh oibreacha cumasúcháin sa chéad ráithe den bhliain 2024. Foilsíodh doiciméid tairisceana le haghaidh thógáil na forbartha ar eTenders, rinneadh meastóireacht neamhspleách ar na tairiscintí a fuarthas agus sainaithníodh an conraitheoir ab fhearr. Ag an am céanna, tá dul chun cinn á dhéanamh i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) ar cheadú sonrach cistiúcháin a fháil don tionscadal seo faoin Scéim Tithíochta Inacmhainne.

### Sráid na Mainistreach – Úsáid Miondíola/Oifige

Sa chéad ráithe den bhliain 2024, cuireadh imeachtaí comhairliúcháin phoiblí ar siúl chun an dearadh mionsonraithe beartaithe a chur i láthair. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar ullmhú na ndoiciméad pleanála chun trácht dhá threo a éascú ar fud na forbartha. Cinnfear na chéad chéimeanna eile sa tionscadal i dtús na bliana 2025.

### Cé Hairbhí – Úsáid Chónaithe/Mheasctha

Críochnaíodh dearadh mionsonraithe forbartha ilúsáide (tráchtála agus cónaithe) an láithreáin seo. Cuireadh an dearadh forbartha beartaithe ar fionraí sa tríú ráithe den bhliain 2024.

### Páirc Oifig an Phoist – Limistéar Taitneamhachta

Is príomhlimistéar taitneamhachta agus bithéagsúil é seo atá suite i lár Bhaile Inse. Feidhmíonn sé mar thuilemhá nuair a bhíonn uachtar láin ann san Fhorghas. Chríochnaigh Foireann Inis 2040 máistirphlean chun na roghanna feabhsúcháin agus rochtana a bheachtú le haghaidh forbairt oiriúnach taitneamhachta/áineasa páirce don limistéar. Cuireadh trí imeacht comhairliúcháin phoiblí ar siúl sa chéad ráithe den bhliain 2024. Ag teacht sna sála ar an aiseolas a fuarthas, athbhreithníodh scála an dearaidh bheartaithe. Tá cinneadh le déanamh i gcomhairle le comhaltaí tofa Cheantar Bardasach Inse ar cé acu a rachfar nó nach rachfar le hiarratas pleanála iomlán.

### An Forghas (URDF) – Úsáid Taitneamhachta

Rinneadh staidéar ar imeall uisce an Fhorghais trí Lár Baile Inse chun spásanna, bealaí siúil agus sócmhainní bonneagair ghlais a shainaithint agus chun measúnú a dhéanamh ar na spásanna ardchaighdeáin féideartha siar/siar ó thuaidh ó Ché Hairbhí agus ó Pháirc Oifig an Phoist. Is é an príomhthogra le haghaidh Imeall Uisce an Fhorghais ná bealach glas agus gorm coisithe a chruthú a leanann an abhainn agus na páirceanna, agus é ag cruthú cosáin radharcacha fheidhmiúla lena nasctar suíomhanna tábhachtacha amhail criosanna cónaithe, limistéir thráchtála agus spásanna áineasa.

### Fáil Láithreán – Éagsúil

Idirbheartaíochtaí leanúnacha maidir le príomhláithreáin a fháil i Lár Baile Inse.

## Oidhreacht

### Plean Oidhreachta Contae an Chláir 2024-2030

Beidh an Plean Oidhreachta seo ina chuid ríthábhachtach de thacú le hiarratais ar chistiú le haghaidh tionscadail a bhaineann leis an oidhreacht le linn a shaolré. Críochnaíodh próiseas ceaptha plean Phlean Oidhreachta Contae an Chláir 2024-2030 agus foilsíodh an plean sa bhliain 2024.

### Fóram Oidhreachta an Chláir

Bunaíodh Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir agus tá sé ionadaíoch do raon leathan grúpaí leasmhara, saineolaithe agus grúpaí deonacha a bhfuil baint acu leis an oidhreacht agus leis an mbithéagsúlacht sa chontae. Rinne an Fóram eolas d'ullmhú Phlean Oidhreachta Contae an Chláir 2024-2030, lenar áiríodh dúshláin fhéideartha agus tosaíochtaí a shainaithint le haghaidh na hoidhreachta sa chontae. Treoróidh an Fóram cur chun feidhme an Phlean agus déanfaidh sé faireachán ar an dul chun cinn air le linn a shaolré.

## Láithreán na dToibreacha Spá i Lios Dúin Bhearna

Críochnaíodh plean athghiniúna faoi stiúir na hoidhreachta ar láithreán na dToibreacha Spá i Lios Dúin Bhearna. Tá mórluach stairiúil agus cultúrtha ag Toibreacha Spá Lios Dúin Bhearna do Chontae an Chláir agus d'áiteanna níos faide i gcéin. Díríodh sa tionscadal ar oidhreacht an láithreáin a chaomhnú, agus forbairt inbhuanaithe agus rannpháirtíocht an phobail á gcur chun cinn ag an am céanna.
A bhuí le Tionscnamh Bailte Stairiúla Lios Dúin Bhearna, rinneadh soláthar do phíosa suntasach oibre ar choimpléasc foirgneamh Thoibreacha Spá Lios Dúin Bhearna, lenar áiríodh Plean Bainistíochta Caomhantais do na cúig phríomhfhoirgneamh, Plean Athghiniúna faoi stiúir na hOidhreachta, Suirbhé Topagrafaíochta agus Plean Gnó.

## Cianbhraiteacht ar an Oidhreacht ar Leithinis Cheann Léime

Bailíodh sonraí faoi thionchar an athraithe aeráide ar láithreáin chósta oidhreachta ar leithinis Cheann Léime. Ba é an tIonad um Róbataic agus Córais Chliste (CRIS) in Ollscoil Luimnigh a rinne an bailiú sonraí sin. Sa treoirthionscadal sin, úsáideadh teicneolaíocht cian-léarscáilíochta amhail Fótagraiméadracht, LiDAR, agus íomháú Infridhearg chun láithreáin seandálaíochta i gCeann Léime a léarscáiliú. Roghnaíodh Leithinis Cheann Léime le haghaidh an staidéir toisc go bhfuil an limistéar thar a bheith leochaileach i leith thionchair an athraithe aeráide agus an chreimthe cósta agus toisc go bhfuil saibhreas oidhreachta le fáil ann.

## An Tionscnamh Blastóirí Idirbhliana

Tá sé mar aidhm leis an Tionscnamh Blastóirí Idirbhliana feasacht a mhúscailt i measc daltaí Idirbhliana agus Ardteistiméireachta Feidhmí ar oidhreacht chultúrtha shaibhir an Chláir trí thaithí dhíreach phraiticiúil a fháil ar roinnt de scileanna traidisiúnta an chontae agus, tríd an méid sin a dhéanamh, ardaítear feasacht ar na deiseanna laistigh de thionscail oidhreachta agus spreagtar iad chun na scileanna sin a mheas a bheith mar chuid dár n-oidhreacht chultúrtha agus mar roghanna gairme inmharthana araon. Leis an tionscadal Blastóirí Idirbhliana, tugadh tús eolais ar scileanna traidisiúnta agus ar oiliúint thraidisiúnta do dhaltaí Idirbhliana agus Ardteistiméireachta Feidhmí sa mheánscoil. Ghlac breis agus 350 dalta páirt ann, agus fuair roinnt daltaí taithí phraiticiúil ar obair ar a snoiteán cloiche féin in Irish Natural Stone (INStone) sa Tobar.

## An Suirbhé ar Chillíní an Chontae

Tá an Suirbhé ar Chillíní an Chontae (Ionaid Adhlactha Leanaí) chóir a bheith críochnaithe. Tá suirbhé déanta ar 144 chillín agus tá an fhaisnéis á huaslódáil anois isteach i suíomh Gréasáin iCAN an Chláir. Tá sé beartaithe Suirbhé ar Chillíní Chontae an Chláir a sheoladh, caidreamh a dhéanamh leis an bpobal agus an fhaisnéis a chur ar fáil do chách sa bhliain 2025.

## iCAN an Chláir

Leanann an tOifigeach Oidhreachta le hobair le pobail an Chláir a bhfuil baint acu le iCAN an Chláir, lena n-áirítear tionscadail, sceideal cruinnithe agus riarachán cistiúcháin a ghabháil de láimh. Tá roinnt pobail nua ag bunú a suíomhanna Gréasáin ar an tairseach, agus iad ag gabháil don líonra Éireannach níos leithne agus ag cur tionscadal i gcrích.

## Seandálaí Pobail an Chláir

Cumasaítear caidreamh le pobail maidir leis an tseandálaíocht le Scéim Seandálaí Pobail an Chláir. Chistigh an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Contae an Chláir Seandálaí Pobail ar conradh de chuid an Chláir a fhostú. Rinne an duine sin tionscnaimh for-rochtana agus oideachais pobail a chur i gcrích agus faisnéis a thabhairt sna meáin shóisialta faoi Sheandálaíocht Chontae an Chláir.
Ceiliúradh beoga tarraingteach ár n-oidhreachta ba ea Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2024 i Seachtain Oidhreachta an Chláir 2024. Cuireadh 120 imeacht áitiúil ar siúl ar fud an chontae sa chlár i mbliana. Le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta i gContae an Chláir, reáchtáladh cuid mhór imeachtaí den scoth inar léiríodh oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha Chontae an Chláir.

# Bithéagsúlacht

## Tionscnaimh an Chiste Gníomhaíochta Áitiúil um Bithéagsúlacht (LBAF) 2024

Chuir Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir 12 iarratas isteach faoin gCiste Gníomhaíochta Áitiúil um Bithéagsúlacht a riarann an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra é. Tá sé mar aidhm ag tionscadail an LBAF gníomhartha tábhachtacha bithéagsúlachta a chur i gcrích atá ailínithe le Plean Gníomhaíochta an Chláir um Bithéagsúlacht agus leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht. Seo a leanas achoimre ar thionscadail an LBAF sa bhliain 2024, ar críochnaíodh gach ceann díobh de réir amchláir chomhaontaithe agus ar ardchaighdeán:

- **Tionscadal Bithéagsúlachta Eaglaisí an Chláir um Fhilleadh ar an Dúlra:** Tá 'Tionscadal Bithéagsúlachta Eaglaisí an Chláir um Fhilleadh ar an Dúlra' á stiúradh trí ról an Oifigigh Bithéagsúlachta atá ag obair i gcomhpháirt le dhá ghrúpa pobail déag (deich bparóiste) ar fud an Chláir chun gníomhartha bithéagsúlachta a chur i gcrích ar thailte eaglaise. I measc na ngníomhartha bhí boscaí neadaireachta a shuiteáil do speicis éan atá ar an liosta dearg, amhail an scréachóg reilige agus an gabhlán gaoithe; plean pailneoirí a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus móinéir bláthanna fiáine a chruthú ar fhaichí eaglaise; boscaí fara ialtóg a chur suas ar chrainn; boird éan agus beathadáin éan a shuiteáil chun tionscnaimh eolaíochta saoránach bithéagsúlachta a chur chun cinn i measc pobail áitiúla; crainn toraidh dhúchasacha atá neamhdhíobhálach do phailneoirí a chur; boscaí éan eile a chur suas; agus comharthaíocht atá neamhdhíobhálach do phailneoirí a chur suas. D'eagraigh an tOifigeach Bithéagsúlachta naoi gceardlann oiliúna bithéagsúlachta.
- **Tionscadal Athfhliuchta Talún Portaigh Chnoc na hUille:** Is é an tionscadal seo an chéad tionscadal athfhliuchta talún portaigh ardaithe a seoladh riamh in Iarthar an Chláir. Rinne Grúpa Pobail Bithéagsúlachta Chnoc na hUille an tionscadal i gcomhpháirt le feirmeoir áitiúil agus le hOifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir ar phortach 27 n-acra ón mbliain 2024 go dtí an bhliain 2025. Líonra dambaí móna agus bundaí móna chun leibhéil uisce a ardú le haghaidh cineálacha súsáin a bhunú agus chun tearmann fiadhúlra a sholáthar d'éin atá ar an liosta dearg, amhail an naosc, agus, i gcás gur féidir, an crotach agus na héin atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin (cromán na gcearc agus an meirliún). Bhí an obair bunaithe ar staidéir hidreolaíocha agus éiceolaíocha agus ba é Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir a rinne formhaoirseacht uirthi.
- **Suirbhé Bogaigh Chontae an Chláir 2023:** Sa tionscadal seo, rinneadh suirbhé allamuigh, léarscáiliú agus meastóireacht ar 21 láithreán bogaigh ar fud Chontae an Chláir. Beidh an tionscadal mar bhonn eolais faoi phleanáil chuí agus is é an toradh a bheidh air ná go gcosnófar láithreáin bhogaigh ar bhrúnna a bhaineann le forbairt, le feabhsú talmhaíochta, le hinlíonadh agus le sraoilleáil uirbeach. Ar na haschuir bhí tuarascáil deiridh, léarscáiliú GIS agus tuarascálacha láithreáin aonair le haghaidh gach láithreáin a ndearnadh suirbhé air.
- **Staidéar Ialtóg Inse:** Sa bhliain 2024, choimisiúnaigh Comhairle Contae an Chláir suirbhéanna allamuigh chun fírinne talún a fháil ar an staidéar ciorcad-dreach ar an ialtóg, rud ar ullmhaigh Iontaobhas Fiadhúlra Vincent é sa bhliain 2023. D'imscar Bat Eco Services 57 mbrathadóir statacha ialtóg, agus iad spriocdhírithe ar shuíomhanna pointe fáiscthe agus ar chonairí éiceolaíocha a sainaithníodh sa Staidéar Deisce Ciorcad-Dreach ar an Ialtóg 2023. Cuireadh na gníomhartha a bhaineann leis an tionscadal sin san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta Speicis don Chrú-Ialtóg Bheag 2022-2026.
- **Suirbhé ar speicis Bhoirne atá faoi chosaint:** Tá sé mar aidhm leis an tionscadal seo stádas reatha na bplandaí neamhchoitianta, na bplandaí faoi bhagairt agus na bplandaí sainiúla i mBoirinn agus ar Oileáin Árann a dhéanamh amach. Leis na suirbhéanna, cuirtear béim ar speicis plandaí atá ar an liosta dearg agus ar speicis a dtugtar cosaint dóibh faoin Ordú um Flora (Cosaint), agus tháinig siad sna sála ar shuirbhéanna roimhe seo. Cuireadh tuarascáil deiridh agus taifid GPS de phlandaí neamhchoitianta faoi bhráid Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir agus na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

- **Tionscadal Scréachóg Reilige an Chláir 2024:** Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal seo stádas caomhantais na scréachóige reilige a fheabhsú, ar speiceas éan é atá ar an liosta dearg agus lena mbaineann ábhar imní caomhantais, agus measúnú a dhéanamh ar stádas glactha agus pórúcháin na mboscaí neadaireachta uile a suiteáladh trí Scéim an Chláir um Boscaí Neadaireachta na Scréachóige Reilige (2022 go dtí an lá inniu) chun an líon atá áitithe a dhéanamh amach agus chun an rath pórúcháin sna boscaí neadaireachta sin a mheasúnú. Léiríodh sa suirbhé faireacháin go bhfuil tionchar dearfach ag an scéim boscaí neadaireachta maidir le téarnamh na Scréachóg Reilige i gContae an Chláir, agus thart ar 50% de na boscaí neadaireachta áitithe.
- **Léarscáil Scéalta Bhogaigh an Chláir:** Is é atá i Léarscáil Scéalta Bhogaigh an Chláir ná léarscáil idirghníomhach dhigiteach nua ar líne lena dtugtar próifíl ar dheich láithreán bogaigh ar féidir leis an bpobal cuairt a thabhairt orthu agus meas a bheith acu orthu i gContae an Chláir. Áirítear léi freisin tuairisc ar ghnáthóga bogaigh atá le fáil i gContae an Chláir agus liosta acmhainní do phobail, do scoileanna agus d'úinéirí talún. Is féidir amharc ar an léarscáil scéalta ag an nasc seo a leanas: bit.ly/ClareWetlands
- **Suirbhé Iarthar an Chláir ar Speicis Choimhthíocha Ionracha:** Suirbhé chun mionsonrú a dhéanamh ar dháileadh agus fairsinge na speiceas coimhthíoch ionrach plandaí (IAPS) (e.g., an ghlúineach bhiorach agus an róslabhras) feadh príomhbhóithre réigiúnacha agus áitiúla roghnaithe in Iarthar an Chláir (an Dún Beag go Cill Rois go Cill Mhichíl go dtí an Tearmann in iardheisceart an Chláir). Moladh tábhachtach sa tuarascáil is ea Plean Bainistíochta fadtéarmach cuimsitheach a chur chun feidhme le haghaidh an limistéir d'Iarthar an Chláir a ndearnadh suirbhé air i míonna samhraidh na bliana 2024, ar cheart breithniú a dhéanamh ann ar thús áite a thabhairt do speicis agus limistéir áirithe sa dobharcheantar le haghaidh rialú agus cóireáil spriocdhírithe a dhéanamh ar speicis choimhthíocha ionracha plandaí.
- **Tionscadal Cóireála agus Díothaithe Speiceas Ionrach Chill Dalua:** Speicis Choimhthíocha Ionracha atá ann cheana ar bhóithre poiblí a rialú agus a laghdú. Is é atá i gceist leis an tionscadal seo ná leanúint le speicis choimhthíocha ionracha i gCeantar Bardasach Chill Dalua a thaifeadadh agus a chóireáil agus leis an bplean bliantúil cóireála. Cuireadh tuarascáil inar leagadh amach suíomhanna na gclampaí ionfhabhtaithe cóireáilte, láithreacha agus taifid ghrianghrafadóireachta faoi bhráid Chomhairle Contae an Chláir. Cuirfear taifid faoi bhráid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.
- **Pacáiste Oibre Cumarsáide Chúinne an Ghiorria (Feasacht ar an mBithéagsúlacht):** Le tionscadal Chúinne an Ghiorria, tugtar tacaíocht phraiticiúil inrochtana d'úinéirí talún maidir le feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht ar a dtalamh trí ghnáthóga a chruthú amhail locháin, úlloird dhúchasacha agus coillearnach bheag. Léiríodh sraith físeán sa bhliain 2025 ina bhfuil úinéirí talún rannpháirteacha ag taispeáint chlaochlú na láithreán a bainistíodh le haghaidh gníomhartha feabhsúcháin bithéagsúlachta. Taifeadtar sna físeáin eispéiris agus dearcadh na n-úinéirí talún agus táthar dóchasach go spreagfaidh siad úinéirí talún eile chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh.
- **Tionscadal na Cuile Bealtaine:** Tá sé mar aidhm leis an tionscadal seo na cuileanna Bealtaine i ngnáthóga fionnuisce ar fud na hÉireann a thaifeadadh d'fhonn an liostú dearg a chomhlánú chun stádas caomhantais reatha an speicis uiscigh sin a dhéanamh amach, ar táscaire bitheolaíoch ar shláinte abhann é. Rachaidh foireann an tionscadail i dteagmháil le baill foirne (e.g., oifigigh Bhithéagsúlachta agus Oifigigh Oidhreachta) ó 28 gcomhairle contae agus ó LAWPRO chun an oiread samplaí agus is féidir a fháil, rud a fheabhsóidh an clúdach, chun obair le geallsealbhóirí agus chun na meáin shóisialta a úsáid chun torthaí an tionscadail a chur in iúl. Ullmhaíodh tuarascáil ag deireadh na bliana 2024 a bhfuil clúdach suirbhé ar Chontae an Chláir ar áireamh inti.
- **Feasacht ar Bhithéagsúlacht an Chláir - Daoine a Nascadh leis an Dúlra:** Faoin tionscadal seo de chuid an LBAF, chuir Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir roinnt tionscadal agus roinnt tionscnaimh for-rochtana i gcrích. Tá na spriocanna inghnóthaithe miondealaithe mar a leanas:

- Choimisiúnaigh Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir foilsiú na treorach nua maidir le bogaigh dar teideal ‘Community Action: A Beginner’s Guide to Wetlands’ i gcomhar le hOifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Mhuineacháin agus leis an bhFóram Bogaigh Pobail.
- Comharthaí Pailneoirí – rinne an tOifigeach Bithéagsúlachta 32 chomhartha pailneoirí a choimisiúnú agus a dhearadh.
  D’oibrigh Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir i gcomhpháirt le Bailte Slachtmhara Inse chun comharthaí nua atá neamhdhíobhálach do phailneoirí a shuiteáil ar Thimpealláin Inse. Suiteáladh iad freisin ar thailte oifigí Chomhairle Contae an Chláir le haghaidh ‘Bealtaine gan lomadh’ a chomóradh agus i limistéir phoiblí eile.
- Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta agus Seachtain Náisiúnta na bhFálta Sceach: Cistíodh roinnt cainteanna ó speisialtóirí tríd an tionscadal seo le haghaidh Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta agus Sheachtain Náisiúnta na bhFálta Sceach chun rannpháirtíocht agus feasacht ar an mbithéagsúlacht a chur chun cinn i measc an phobail.
- Leabhráin agus treoracha faisnéise a ordú lena ndáileadh ar phobail áitiúla agus ar dhaoine aonair chun gníomhú ar son na bithéagsúlachta agus chun foghlaim a chur chun cinn, lenar áiríodh leabhráin agus treoracha aitheantais chun an glacadh le hEolaíocht Saoránach a spreagadh.
- Meirgí a dhearadh agus a phriontáil chun Plean Gníomhaíochta an Chláir um Bithéagsúlacht a chur chun cinn, rud a úsáidfear chun bithéagsúlacht Chontae an Chláir a chur chun cinn ag imeachtaí poiblí agus ar laethanta comhairliúcháin.
- Grianghrafadóir a fhostú chun tionscadail oibre bithéagsúlachta na Comhairle a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne trí na meáin chlóite agus trí na meáin ar líne. Tá roinnt de na grianghraif le feiceáil sna meáin chlóite náisiúnta agus sna meáin áitiúla.



















*Clúdach meán ar Thionscadal Bithéagsúlachta Eaglaisí an Chláir um Fhilleadh ar an Dúlra*

## Bainistíocht Réadmhaoine

Léirítear sa Tábla thíos an líon idirbheart réadmhaoine a rinne an tAonad Bainistíochta Réadmhaoine sa bhliain 2024 agus sa bhliain iomlán 2023. Ós rud é go bhfuil an margadh réadmhaoine sa Chontae sách gníomhach, leanaimid le cabhrú lena lán aturnaetha atá ag gníomhú ar son a gcliant ar shaincheisteanna a bhaineann le teideal, le teorainneacha, agus le seanfhóilíónna léasachta, i measc nithe eile.

| Cineál idirbhirt | Bliain iomlán 2024 | Bliain iomlán 2023 |
|---|---|---|
| Réadmhaoin/ Foirgneamh a Ligean ar Leas nó ar Fholéas | 6 | 7 |
| Ceadúnas chun réadmhaoin/foirgneamh a úsáid | 14 | 7 |
| Comhaontú Innilte do Thailte | 22 | 17 |
| Gníomhas Aistrithe a shíniú | 9 | 15 |
| Conradh Díolacháin/Éadála a shíniú | 1 | 1 |
| Gníomhas Ceart Slí/Cead Slí a shíniú | 6 | 2 |
| Gníomhas Ceartúcháin/Athraithe a shíniú | 4 | 4 |
| Comhaontuithe Cuibhrinn a shíniú | 40 | 39 |

### Corr-Thrádáil

Faoin Acht Corr-Thrádála, 1995, agus faoi na Fodhlíthe a rinneadh faoin Acht sin, tá freagracht ar an Aonad Bainistíochta Réadmhaoine as Corr-Thrádáil sa Chontae a riar agus ní mór do gach corrthrádálaí a thrádálann ar spás poiblí Ceadúnas Corr-Thrádála bailí a bheith acu. Le linn na bliana 2024, tháinig méadú ar leibhéil ghníomhaíochta agus trádála mar thoradh ar an bhfilleadh ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis phaindéim COVID-19.

## Láithreáin Thréigthe

Tá foireann na Láithreán Tréigthe ag plé faoi láthair le 274 réadmhaoin a mheastar a bheith tréigthe, agus rinneadh breithmheas ar 33 láithreán eile sa bhliain 2024. Leanfaimid le leibhéil an-ard ghníomhaíochta agus chaidrimh a bheith againn le húinéirí agus lena n-ionadaithe. Tá ríthábhacht ag baint le caidreamh tosaigh chun saincheisteanna an tréigin a réiteach agus chun tuiscint a ghnóthú ar na cúiseanna éagsúla a bhfuil réadmhaoine tréigthe.
Tá méadú tagtha ar an líon iarratas pleanála le haghaidh athchóirithe/síntí réadmhaoine agus is léir ó bheith ag tiomáint timpeall an Chontae an leibhéal oibre atá ar siúl ar réadmhaoine aonair. Tá an deontas athchóirithe réadmhaoine folmha á chur chun cinn againn, rud a thugtar má tá an réadmhaoin oiriúnach d'úsáid chónaithe. Tugtar sa tábla thíos léargas ar an ngníomhaíocht sa bhliain 2024 agus figiúirí comparáideacha don bhliain 2023.

| Láithreáin Thréigthe | Bliain Iomlán 2024 | Bliain Iomlán 2023 |
|---|---|---|
| An líon fógraí a eisíodh faoi alt 8(2) - Intinn chun dul isteach ar láithreán atá ar Chlár na Láithreán Tréigthe | 36 | 41 |
| An líon fógraí a eisíodh faoi alt 8(7) - Dul isteach ar láithreán atá ar Chlár na Láithreán Tréigthe | 43 | 24 |
| An líon fógraí a eisíodh faoi alt 11 - Bearta is gá chun an láithreán a dhéanamh neamhthréigthe | 27 | 6 |
| An líon comhad a dúnadh/an líon réadmhaoine a baineadh de Chlár na Láithreán Tréigthe | 26 | 15 |
| An líon fógraí a seirbheáladh chun láithreáin thréigthe a cheannach go héigeantach (féach an nóta thíos) | 7 | 10 |
| An líon Orduithe Dílseacháin a síníodh | 5 | 5 |

## Fáil Éigeantach Láithreán Tréigthe (Ordú Ceannaigh Éigeantaigh)

Sheol an Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil clár gníomhachtaithe orduithe ceannaigh éigeantaigh (CPO) d'údaráis áitiúla, agus tá dul chun cinn déanta againn sa réimse sin ó thosaíomar sa bhliain 2022 i leith. Cuirfear cistiú ar fáil do CPOnna ó Chiste an Rialtais um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach ar bhonn rollach i mbaile Inse ionas go ndíolfaí na réadmhaoine sin ar an margadh oscailte ansin, agus díriú á leagan ar úsáid chónaithe.

| Bliain | An líon CPOnna a tosaíodh | Stádas Reatha |
|---|---|---|
| **2022** | **6** | 3 – tá na CPOnna críochnaithe agus tá na réadmhaoine aistrithe chuig an Rannóg Tithíochta le haghaidh oibreacha athchóiriúcháin. Tá dhá cheann díobh sin críochnaithe anois agus tá cead pleanála faighte ag ceann amháin díobh. |
| | | 1 – tá an CPO críochnaithe agus tá an réadmhaoin díolta. |
| | | 2 – tá tús curtha leis na hoibreacha agus tá an CPO i leataobh faoi láthair. |
| **2023** | **10** | 6 – ag céim an dílsithe agus taiscthe le Tailte Éireann. |
| | | 1 – tá an CPO críochnaithe agus díoladh an réadmhaoin i mí Dheireadh Fómhair 2024. |
| | | 1 – tá an CPO críochnaithe – tá an réadmhaoin á díol i mí an Mhárta 2025. |
| | | 1 – fuarthas agóid agus dhiúltaigh an Bord Pleanála an CPO. |
| | | 1 – tá tús curtha leis na hoibreacha |
| **2024** | **7** | 5 – ag céim an dílsithe agus taiscthe leis an Údarás Clárúcháin Maoine |
| | | 1 – tosaíodh an CPO agus rinneadh achomharc ina aghaidh chuig an mBord Pleanála. |
| | | 1 – fuarthas agóid agus níl an CPO deimhnithe ag an mBord Pleanála. Cuirfear tús leis an bpróiseas CPO an athuair i mí Eanáir 2025. |

## An Tobhach Láithreán Tréigthe

Leanadh le luachálacha ar láithreáin atá ar Chlár na Láithreán Tréigthe a chinneadh sa bhliain 2024. Rinne triúr úinéirí achomharc in aghaidh na luachála chuig an mBinse Luachála. Cé go bhfuiltear ag fanacht le breitheanna ar dhá achomharc, diúltaíodh le déanaí d'achomharc amháin ó úinéir. Is é is an tobhach ann ná tobhach bliantúil a ghearrtar fad a fhanann an réadmhaoin ar Chlár na Láithreán Tréigthe, agus is ionann é agus 7% de luach na réadmhaoine. Léirítear sa Tábla thíos na leibhéil ghníomhaíochta ar an tobhach Láithreán Tréigthe sa bhliain 2024.

| An Tobhach Láithreán Tréigthe | Bliain Iomlán 2024 | Bliain Iomlán 2023 |
|---|---|---|
| An líon réadmhaoine ar billeáladh an tobhach ina leith | 9 | 0 |
| An méid a billeáladh i leith an Tobhaigh Láithreán Tréigthe | €124,110 | 0 |
| An líon réadmhaoine ar iarradh luachálacha ina leith | 40 | 24 |
| An líon réadmhaoine ar eisíodh fógraí luachála chuig úinéirí ina leith | 18 | 6 |

# An Deontas um Réadmhaoine Folmha a Athchóiriú – do réadmhaoine tréigthe agus folmha

B'ionann leibhéal na gceaduithe ó Chomhairle Contae an Chláir sa bhliain 2024 ar an Deontas um Réadmhaoine Folmha a Athchóiriú agus €19.4 milliún, agus 321 iarratas ceadaithe sa bhliain. Is infheistíocht an-suntasach í sin i dtithíocht i gContae an Chláir agus is féidir an obair atá ar siúl ar fud an chontae ar athchóirithe agus ar shíntí a fheiceáil go soiléir. B'ionann agus 214 iarratas an líon iomlán iarratas a fuarthas sa bhliain 2024.

Leanann an Fhoireann Tithe Folmha le comhairle a chur ar iarratasóirí maidir le gach gné den scéim agus tá sí ar fáil chun bualadh le daoine aonair chun iad a threorú tríd an bpróiseas. Is é vacanthomes@clarecoco.ie an seoladh ríomhphoist teagmhála le haghaidh tuilleadh faisnéise agus treorach maidir leis an scéim deontas. Reáchtáladh roinnt clinicí comhairle siúil isteach i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna, ar lena linn a tháinig breis agus 50 úinéir réadmhaoine isteach chun bualadh leis an bhFoireann Tithe Folmha.

Tá an Deontas ag méadú an tsoláthair réadmhaoine ar cíos agus an tsoláthair réadmhaoine le haghaidh cónaí buan agus comhlíonfaidh sé príomhthosaíocht de chuid an Bheartais Náisiúnta *'Tithíocht do Chách'* agus an Phlean Gníomhaíochta um Thithe Folmha, arb é an príomhchuspóir atá léi ná an líon tithe folmha agus tréigthe inár gcathracha, inár mbailte, inár sráidbhailte agus inár gceantair thuaithe a laghdú agus níos mó roghanna tithíochta a sholáthar ag an am céanna.

Táimid ag plé le go leor de na húinéirí tithe a bhfuil na hoibreacha críochnaithe acu agus atá ag déanamh a n-éileamh ar íocaíocht. Íocadh thart ar €4 mhilliún amach sa bhliain 2024.

# An Oifig Fiontair Áitiúil

Sa bhliain 2024, bhí gnólachtaí sa Chlár ag déileáil fós le dúshláin eacnamaíocha amhail boilsciú, saincheisteanna slabhra soláthair, oibrithe a mhealladh agus a choinneáil agus laghdú sa chumhacht caithimh i measc tomhaltóirí. D'ainneoin na ndeacrachtaí sin, bhí rath agus bláth ar roinnt earnálacha dár ngeilleagar áitiúil go fóill, go háirithe an earnáil monaraíochta agus an earnáil innealtóireachta. Fostaíonn ár bhfiontair áitiúla 1,364 dhuine ar fud an Chontae anois.

Bhí cláir oiliúna ina bpríomhghníomhaíocht fós, agus díriú méadaithe á leagan ar scileanna úinéirí gnólachtaí beaga a fheabhsú agus ar chur leis an gcumas atá acu chun rath a bhaint amach i dtimpeallacht eacnamaíoch atá an-dúshlánach. Sa bhliain 2024, leanadh leis an rannpháirtíocht ghníomhach inár gcláir oiliúna, agus 1,324 dhuine ag baint leas as an tacaíocht sin. Cumhdaíodh sna cláir topaicí amhail Do Ghnó Féin a Chur ar Bun, Margaíocht, Forbairt Bainistíochta, Bainistíocht Airgeadais, na meáin shóisialta, agus Margaíocht Dhigiteach. Is láidir fós atá an glacadh lenár gCláir um Do Ghnó Féin a Chur ar Bun, agus 161 rannpháirtí ag glacadh páirt iontu. Bhí meantóireacht fós ina tacaíocht ríthábhachtach, agus 270 tasc ag cabhrú go príomha le fiontair dúshláin ghnó, costais mhéadaitheacha agus margaí nua atá i mbéal forbartha a shárú. Bhí éileamh níos airde ann ar chistiú, agus cistiú ab fhiú €655k san iomlán ceadaithe do 28 bhfiontar. Treocht dhearfach amháin ba ea méadú sa líon fiontar a bhí ag baint leas as tacaí táirgiúlachta maidir le Glacadh le Cúrsaí Barainneacha, Glasa agus Digiteacha don Ghnó, agus tacaíocht tugtha do 38 bhfiontar ar fud an Chontae.

Dámhadh Deontais Éifeachtúlachta Fuinnimh ar 11 mhicrifhiontar chun cabhrú leo úsáid fuinnimh a laghdú.

## An tSeachtain Fiontair Áitiúil

Bhain téama na Seachtaine Fiontair Áitiúil 2024 (4-8 Márta) le hOnnmhairiú, le hInbhuanaitheacht, le Ceannaireacht, agus le líonrú na mBan atá i mBun Gnó. Le linn na seachtaine, reáchtálamar 15 imeacht ar thopaicí lenar clúdaíodh Do Ghnó Féin a Thosú, Pleanáil le haghaidh Fás Gnó, Fógraíocht trí na meáin shóisialta, Onnmhairiú, Inbhuanaitheacht agus Nuálaíocht.



## Gradaim Fiontair Mac Léinn

Ócáid thábhachtach inár bhféilire bliantúil fós is ea ár nGradaim Fiontair Mac Léinn. Sa bhliain 2024, bhí méadú ann sa líon scoileanna a ghlac páirt inti, agus é cothrom le 13 cinn, agus rinne 164 dhalta taispeántas i mbabhta ceannais an Chontae an 27 Feabhra. Seo iad na trí bhuaiteoir a chuaigh ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh don Chlár ag an mbabhta ceannais náisiúnta a reáchtáladh i bPáirc an Chrócaigh an 9 Bealtaine:

- **Sóisearach:** Abbie Minogue, Caoimhe O'Halloran agus Sophie O'Sullivan ó Healthy Hearts i bPobalscoil Inis Díomáin.
- **Idirmheánach:** Dylan O'Brien, Gerard McWey, Donnacha Melnyk Murphy agus Dawid Maslanek ó Cross Crafts ó Choláiste Pobail Áine, Cill Dalua.
- **Sinsearach:** Eimear McGee ó Síoda Mara ó Choláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt.

## Na Gradaim Náisiúnta Fiontair:

Rinne Atlantic Clinical Packaging Ltd, atá lonnaithe in Inis, ionadaíocht don Chlár ag babhta ceannais náisiúnta na nGradam Náisiúnta Fiontair i mbliana.

Tá na gradaim, a reáchtáladh i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath, ar siúl le 25 bliana anuas agus eagraíonn na hOifigí Fiontair Áitiúil iad gach bliain. Tá na gradaim ceaptha chun aitheantas a thabhairt do na fiontair rathúla iomadúla atá ann ar fud na tíre agus chun iad a cheiliúradh.
Rinneadh na coirn náisiúnta a dhearadh agus a mhonarú go speisialta sa Chlár don ócáid. Ba é Conor Murray, Kilkee Forge, a dhear agus a mhonaraigh iad.

## Gradaim Ghnó an Chláir

Cuireadh babhta ceannais Ghradaim Shármhaitheasa Gnó an Chláir ar siúl ag Dinnéar Fleáchais an 27 Samhain 2024. D'óstáil Comhlachas Tráchtála Inse an ócáid agus rinne Comhairle Contae an Chláir urraíocht uirthi. Bhuaigh Lyons Garage, Sráid na Cathrach, an gradam don Mhicreaghnó is Fearr a fhostaíonn deichniúr nó níos lú i gContae an Chláir.

## Lá Náisiúnta Fhiontair na mBan

Ócáid bhríomhar spreagúil a óstáladh an 17 Deireadh Fómhair 2024 in Óstán Dromoland Castle ba ea Lá Náisiúnta Fhiontair na mBan (NWED). Bhí sé mar aidhm leis an ócáid fiontraíocht na mban a chur chun cinn, a spreagadh agus a ghríosú ar fud

Chontae an Chláir. Bhí raon leathan cainteoirí ann mar chuid de phlé painéil. Áiríodh leo sin Aimee Connolly ó Sculpted by Aimee, arbh í an príomhchainteoir í, fiontraithe saoithiúla agus Hannah Rixon ó Kella Leadership, ar cliant de chuid na hOifige Fiontair Áitiúil í. Ba í Ciana Campbell reachtaire na hócáide. Ar an lá, tugadh deiseanna luachmhara líonraithe, seisiúin oideachasúla, agus cainteanna spreagúla lenar ceiliúradh éachtaí na mban san fhiontraíocht agus lenar tugadh aghaidh ar ábhair fíorshaoil a dhéanann difear do mhná atá i mbun gnó, amhail airgeadas, margaíocht, nuálaíocht, teaghlach, folláine, agus meabhairshláinte. Tríd is tríd, bhí NWED 2024 ina ardán suntasach chun mná a chumhachtú agus chun pobal tacúil a chothú d'fhiontraithe baineanna.








# AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT SHÓISIALTA



**JASON MURPHY**
**Stiúrthóir Forbartha Sóisialta**

## Is mar a leanas atá an fhís uileghabhálach don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta:

**Chun cáilíocht na beatha a fheabhsú do mhuintir Chontae an Chláir trí thacaí cuí tithíochta a sholáthar dóibh siúd atá i ngátar ar fud an Chontae, chun ár saoráidí spóirt agus ár dtaitneamhachtaí amuigh a fheabhsú, agus rannpháirtíocht á spreagadh ag an am céanna, agus chun forbairt ár mbonneagair phoiblí agus ár n-athléimneachta pobail i dTuaisceart an Chláir a chinntiú.**

## Cuimsíonn an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta de chuid Chomhairle Contae an Chláir réimsí freagrachta de réir na scéimléaráide anseo thíos:

### An Tithíocht

Soláthraí réiteach tithíochta agus seirbhísí tithíochta do dhaoine atá i ngátar agus a mheastar a bheith incháilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta.

### Toghlimistéar Áitiúil Thuaisceart an Chláir:

Feidhmeanna a riar sa limistéar, agus díriú ar leith á leagan ar an timpeallacht fhisiciúil agus ar shainaithint a dhéanamh ar dheiseanna straitéiseacha chun treisiú leis an daonlathas áitiúil agus chun feabhas a chur ar shaol na ndaoine sin a chónaíonn i dTuaisceart an Chláir.

### Spórt agus Áineas

Saoráidí spóirt na Comhairle, lena n-áirítear Active Ennis agus Active Kilrush, a bhainistiú agus a fhorbairt, agus Plean Spóirt Contae a fhorbairt sa bhliain 2024.

### An Fhoireann um Sheirbhísí don Phobal Úcránach agus Imeascadh

Tá an fhoireann freagrach as bainistíocht straitéiseach na freagartha i leith an phobail Úcránach agus imirceach agus comhordaíonn sí struchtúir Fhóram Imeasctha Pobail an Chláir.

Leanann an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta dár gcuspóirí agus dár gclár oibre a chomhlíonadh agus, chuige sin, oibrímid i ndlúthchomhar leis na Comhaltaí Tofa agus le leasanna earnála ar ár gCoiste Beartais Straitéisigh, a tháinig le chéile trí huaire sa bhliain 2024 chun plé agus comhaontú a dhéanamh ar raon beartas agus tionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar an soláthar tithíochta ar an gClár.

Bliain dhúshlánach eile don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta ba ea an bhliain 2024, agus aird á tabhairt ar na dúshláin sa mhargadh tithíochta i gcoitinne. D'ainneoin na ndúshlán sin, d'fheidhmíomar níos fearr ná ár sprioc soláthair tithe nua don bhliain 2024. Mar gheall ar theaglaim de réadmhaoine nua ar thóg an Chomhairle agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe iad, de réitigh foirgníochta lándéanta agus den chlár athchóirithe réadmhaoine folmha, bhíomar in ann teaghaisí a leithdháileadh ar 284 theaghlach sa bhliain 2024. In *'Tithíocht do Chách'*, a seoladh i mí Meán Fómhair 2021, leagadh amach clár cistiúcháin ilbhliantúil don tréimhse 2022-2030 chun breis agus 300,000 teaghais nua a sholáthar, lena n-áirítear 90,000 teaghais shóisialta agus 54,000 teaghais inacmhainne, agus an caiteachas réamh-mheasta cothrom le breis agus €4bn in aghaidh na bliana. Tá gealltanas daingean ann freisin go gcuirfí deireadh leis an easpa dídine faoin mbliain 2030.

Leagtar amach sa doiciméad sin an creat le haghaidh tithíocht a sholáthar sa Chontae. Is í an sprioc fhoriomlán ná go dtógfaí 833 aonad tithíochta sóisialta nua sa Chontae thar an tréimhse 2022-2026, mar atá leagtha amach thíos:

| Bliain | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sprioc | 200 | 149 | 153 | 164 | 167 | 833 |
| Bainte amach | 256 | 151 | 156 | | | |

## Feidhmíocht soláthair tithíochta, 2024

Sa bhliain 2024, d'fheidhmíomar níos fearr ná ár sprioc an athuair, agus 156 réadmhaoin nua soláthartha againn. Trínár gclár tógála caipitil féin agus trí thacú le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, sholáthair an Chomhairle 47 n-aonad agus soláthraíodh 109 n-aonad trí Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (lena n-áirítear forbairtí Chuid V).



*Forbairt críochnaithe ar an Scairbh*





*Forbairt críochnaithe i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh*

Leanfaimid le dul chun cinn a dhéanamh ar ár gclár uaillmhianach soláthair don bhliain atá le teacht, lena n-áirítear tógáil dhíreach, tógáil lándéanta, fáil, ceannach agus athnuachan, tógáil agus fáil Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, agus athchóiriú réadmhaoine folmha, i measc nithe eile, a ndéanann an fhoireann Tithíochta i gComhairle Contae an Chláir gach ceann díobh a chomhordú, a chur ar aghaidh agus a sholáthar chun tithe nua a sholáthar dóibh siúd atá ar an liosta tithíochta sóisialta.

## Bainistíocht an stoic tithíochta

Sa bhliain 2024, rinneadh athchóiriú ar 54 réadmhaoin fholmha agus cuireadh ar fáil iad le haghaidh ath-leithdháileadh ar fud an chontae.

Faoin gClár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh, rinne an Chomhairle uasghrádú ar 47 réadmhaoin go leibhéal RFF ab ionann agus rátáil B2 nó níos airde. D'fhág sé sin gurbh ionann agus 154 uasghrádú an líon iomlán uasghráduithe a rinneadh ó thabhairt isteach na scéime sa bhliain 2021 i leith.

Faoinár gClár Cothabhála Pleanáilte, rinneadh oibreacha suntasacha éagsúla feabhsúcháin réadmhaoine ar 360 réadmhaoin, amhail athsholáthar/deisiú dín, athsholáthar cistine agus seomra folctha, agus athnuachan doirse/fuinneog. Leis na hoibreacha sin, athnuaitear sócmhainní nach féidir a thabhairt go caighdeán sásúil a thuilleadh trí obair chothabhála ina haonar agus tá siad riachtanach chun caighdeán leordhóthanach réadmhaoine a sholáthar dár dtionóntaí.

Phléigh an Fhoireann Cothabhála Freagrúla le 4,822 ghlao sa bhliain 2024, ab ionann agus 401 ghlao ar an meán in aghaidh na míosa.

## Scéim Tithíochta Inacmhainne

Cé go bhfuil tithíocht inacmhainne ina bunchloch de *'Tithíocht do Chách'*, tá na critéir chun cáiliú le haghaidh cistiú do thithíocht inacmhainne faoi stiúir an údaráis áitiúil bunaithe ar chinneadh maidir leis an srian inacmhainneachta agus, i gcás líon suntasach contaetha, an Clár san áireamh, níor chomhlíon an measúnú na ceanglais incháilitheachta.

I mí Iúil 2023, fuair Comhairle Contae an Chláir ceadú i bprionsabal de bhun iarratas mionsonraithe ar RTRÁO chun a chruthú go bhfuil acmhainneacht ann le haghaidh scéimeanna tithíochta inacmhainne in Inis agus i Sionainn araon.

Tar éis an ceadú sin a fháil, sheol an fhoireann tithíochta inacmhainne feachtas beo léirithe spéise chun forbróirí a spreagadh chun aonaid a thairiscint le haghaidh Tithíocht Inacmhainne.

Sa bhliain 2024, ceadaíodh cistiú ó RTRÁO lena n-aghaidh seo a leanas de bhun aighneachtaí rathúla a dhéanamh:

- Bóthar na Tulaí, Inis – 10 n-aonad;
- Bóthar an Leachta, Inis – 11 aonad;
- Sionainn – 10 n-aonad, a bhfuil trí cinn díobh leithdháilte.

Tá an fhoireann tithíochta inacmhainne i mbun caidrimh faoi láthair le forbróirí ionchasacha eile a léirigh spéis sa scéim.

I gcásanna ina bhfuil na forbairtí sin suite lasmuigh d'Inis agus de Shionainn, cuirfear tuarascáil faoi bhráid na Roinne lena ceadú ina dtabharfar forbhreathnú ar an margadh tithíochta áitiúil agus na sonraí atá ar fáil faoin éileamh tithíochta, faoi phraghsáil agus faoi threochtaí a thacaíonn le soláthar tithíochta inacmhainne sa limistéar. Ina theannta sin, tá Comhairle Contae an Chláir i mbun caidrimh le forbróirí a bhfuil acmhainneacht acu le haghaidh tithíocht inacmhainne Chuid V a sholáthar.

Tá tairseach faisnéise ar líne ar fáil ag https://affordablehomes.ie/ ar a dtugtar faisnéis ghinearálta don phobal maidir le tithíocht inacmhainne.

## An Scéim Deontas Bloc Coincréite Lochtach

Tháinig an scéim deontas breisithe bloc coincréite lochtach in éifeacht i lár mhí Iúil 2023 i gcás teaghaisí príobháideacha. Foilsíodh an tAcht tugtha chun críche agus rialacháin, nuashonraíodh Freagraí ar do Cheisteanna agus foilsíodh Treoirlínte ón Aire.

An 7 Samhain 2024, cheadaigh an tAire méadú san uasteorainn deontais ó €420,000 go €462,000.

Is féidir iarratais ar an scéim a chur isteach ar líne trínár suíomh Gréasáin. Ar an suíomh Gréasáin, tugtar faisnéis tacaíochta chun tuilleadh cabhrach a thabhairt d'úinéirí tí maidir leis an bpróiseas iarratais. Chuir Foireann Chomhairle Contae an Chláir um an Scéim Bloc Coincréite Lochtach físeán ar conas iarratas a dhéanamh lenár suíomh Gréasáin chun cabhrú le húinéirí tí sa phróiseas iarratais. Ina theannta sin, tá ár bhfoireann ar fáil chun freagra a

thabhairt ar aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag úinéirí tí. Is féidir teagmháil a dhéanamh lenár bhfoireann trí ríomhphost ag dcb@clarecoco.ie nó ar an bhfón ag 065-6846385, 065-6846468 agus 065-6846309.

Tá Comhairle Contae an Chláir i mbun iarratais a riar agus a bhailíochtú ó thús na scéime i leith tríd an tairseach ar líne. Tá Comhairle Contae an Chláir i mbun caidrimh leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus le RTRÁO agus leanann sí leis na dualgais ghaolmhara uile a chomhlíonadh.

Amhail mí na Nollag 2024, tá 31 Deontas Rogha Feabhsúcháin ar fiú €9.19m san iomlán iad agus ar dhámh an Ghníomhaireacht Tithíochta iad eisithe ag Comhairle Contae an Chláir. Tá sí ag fanacht le hionchur ón nGníomhaireacht Tithíochta chun 91 iarratas a phróiseáil tuilleadh, agus méideanna deontais le teacht.


**Faisnéis faoin Scéim Bloc Coincréite Lochtach arna léiriú in Uimhreacha**

| | 2023 | 2024 |
|---|---|---|
| An Líon Iarratas a Fuarthas | 49 | 76 |
| Roghanna Deontais a Fuarthas ón nGníomhaireacht Tithíochta | 2 | 29 |
| An Méid Deontais a Dámhadh | €330,036 | €8,855,233 |

**Léarscáil d'Iarratais ar an Scéim Bloc Coincréite Lochtach**



**Sreabhchairt d'Iarratais ar an Scéim Bloc Coincréite Lochtach – Eanáir 2025**





Reáchtáladh clinicí siúil isteach i gCill Rois, in Inis Díomáin, ar an Scairbh, i Sionainn agus in Inis ar fud na bliana 2024. Reáchtáladh na tráthnónta faisnéise sin chun tuilleadh cabhrach a thabhairt d'úinéirí tí maidir le conas iarratas a dhéanamh ar an scéim tríd an tairseach ar líne.

Tá sé de rún ag Comhairle Contae an Chláir tuilleadh tráthnónta faisnéise a reáchtáil sa bhliain 2025 chun spriocdhíriú ar dhaoine nach bhfuil mórán acmhainní digiteacha acu agus/ná nach bhfuil mórán cumais dhigiteacha acu chun cabhrú leo iarratas a dhéanamh agus déileáil le gnéithe eile de phróiseas iarratais na Scéime Bloc Coincréite Lochtach. Leanann Comhairle Contae an Chláir le caidreamh a dhéanamh le RTRÁO chun a chinntiú go gcuirfear tithe sóisialta atá thíos le Bloic Choincréite Lochtacha ar áireamh i scéim chomhchosúil.

## Fáil Tithíochta ina bhfuil Tionónta in Situ

Sa bhliain 2024, lean an Rialtas le bearta chun an tionchar a bheidh ag deireadh a chur leis an toirmeasc ar dhíbirt a mhaolú. Beart amháin den sórt sin ba ea Fáil Tithíochta ina bhfuil Tionónta in Situ. Is é atá ann ná bealach amháin atá ar fáil nuair atá iniúchadh déanta ar gach rogha eile nach gcomhlíonann riachtanais an teaghlaigh, agus nuair is féidir an costas ceannaigh agus athchóirithe a íoc ón gcistiú atá ar fáil ón Rannóg Tithíochta. Fuarthas ocht réadmhaoin faoin Scéim seo sa bhliain 2024. Fuair Comhairle Contae an Chláir cúig cinn díobh agus fuair Focus Housing Ireland trí cinn díobh. Is é an cuspóir ná déileáil leis an easpa dídine a d'fhéadfadh tionóntaí a fhulaingt mar thoradh ar Fhógraí Foirceanta a bheith seirbheáilte ag a dtiarnaí talún. De bhreis air sin, fuarthas naoi réadmhaoin chun cabhrú le daoine teacht amach as cásanna gan dídean. A bhuí leis na bearta sin, bhí úinéirí tí in ann fanacht ina dteach féin agus teacht chun bheith ina dtionóntaí de chuid na Comhairle nó de chuid Comhlacht Tithíochta Ceadaithe faoin Scéim. Bhí an tsamhail um thithíocht ar cíos de réir costais i bhfeidhm freisin do thionóntaí a bhí i mbaol easpa dídine a fhulaingt ach nach raibh i dteideal tacaí tithíochta sóisialta a fháil. Is í an Ghníomhaireacht Tithíochta a bhainistíonn í sin, agus atreoraíonn údaráis áitiúla iarratais a fhaightear a luaithe a mheastar iad a bheith incháilithe. Atreoraíodh cúig theaghlach den sórt sin ar an gClár le haghaidh measúnaithe sa bhliain.

## Iarratasóirí Nuacháilithe ar Thithíocht Shóisialta

Tháinig teorainneacha nua ioncaim in éifeacht an 1 Eanáir 2023. Cáilíodh 467 n-iarratas nua san iomlán sa bhliain 2024. Leanann Comhairle Contae an Chláir le líon mór iarratas a phróiseáil gach mí, agus an meán-aga próiseála ar iarratais bhailí don bhliain 2024 cothrom le 12 sheachtain.

## Measúnuithe Tithíochta agus Leithdháiltí Tithíochta

Déantar tionóntachtaí tithíochta sóisialta a leithdháileadh de réir Scéim Leithdháileacháin Tithíochta Sóisialta Chomhairle Contae an Chláir. Leagtar amach sa Scéim Leithdháileacháin sin amach na tosaíochtaí agus na nósanna imeachta le haghaidh réadmhaoine a leithdháileadh. Baintear úsáid as an Scéim chun aonaid chaighdeánacha tithíochta na Comhairle, teaghaisí folmha ócáideacha agus réadmhaoine atá ar léas fadtéarma agus gearrthéarma a leithdháileadh. Cruthaíodh 309 dtionóntacht nua san iomlán sa bhliain 2024. Bhí 145 cinn díobh sin le Comhairle Contae an Chláir agus bhí 164 cinn díobh le Comhlacht Tithíochta Ceadaithe.

Le linn na bliana 2024, leanadh de réadmhaoine a bhí ar fáil ar cíos a fhógairt ar an suíomh Gréasáin Choice Based Letting (CBL) ag cbl.clarecoco.ie. Is féidir le hiarratasóirí CBL a úsáid chun spéis a léiriú i raon réadmhaoine cónaithe atá lonnaithe laistigh dá limistéar/limistéir roghnaithe agus atá oiriúnach do mhéid a dteaghlaigh. Taispeántar an liosta réadmhaoine atá ar fáil ón gCéadaoin go dtí an Mháirt gach seachtain ar an suíomh Gréasáin CBL. Tá an próiseas ceaptha le bheith chomh cothrom agus is féidir mar go dtugann sé deis chomhionann do gach iarratasóir ar thithíocht féachaint ar na réadmhaoine atá ar fáil lena bhfreastalaítear ar a gcuid riachtanas.

## An Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais

Tháinig Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais an Chláir le chéile ar bhonn ráithiúil sa bhliain 2024 chun athbhreithniú a dhéanamh ar a Phlean Straitéiseach áitiúil, agus é mar phríomhchuspóir aige an leibhéal tacaí tithíochta a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus na seirbhísí tacaíochta riachtanacha a mhéadú. Tugadh an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn an Ghrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais don Ghníomhaireacht Tithíochta agus don Choiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht araon ar bhonn ráithiúil. Sa bhliain 2024, leithdháil Comhairle Contae an Chláir 309 réadmhaoin, ar leithdháileadh 52 cheann díobh [17%] ar dhaoine a bhfuil riachtanais míchumais acu. Is é 10% an sprioc náisiúnta agus táimid ag feidhmiú i bhfad os cionn na sprice sin. Athbhreithníodh an Plean Straitéiseach Áitiúil sa bhliain 2024 tar éis an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027 agus an Plean Cur Chun Feidhme gaolmhar a eisiúint. Is é cuspóir na Straitéise ná cabhrú le daoine faoi mhíchumas rochtain a bheith acu ar an raon cuí seirbhísí tithíochta agus seirbhísí gaolmhara ar bhealach tráthúil, ar seirbhísí iad a sholáthrófar ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe lena gcuirfear comhionannas agus cearta an duine, rogha an duine aonair, agus maireachtáil neamhspleách chun cinn. Cheadaigh an Coiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht agus an Chomhairle iomlán an Plean Straitéiseach Áitiúil i dtús na bliana 2024.

## Cíosanna Tithíochta

Bhí an bailiú cíosanna tithíochta láidir fós, agus an ráta bailithe cothrom le 87% agus an t-ioncam iomlán cothrom le €11,564,578 ó 3339 gcuntas cíosa sa bhliain 2024.

## An Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta

Shocraigh an Chomhairle 122 iarratas nua ar Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta sa bhliain 2024. Áiríodh leo sin 20 teaghlach a bhí cáilithe le haghaidh Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine gan Dídean. Ba é 1,058 dteaghlach an líon iomlán teaghlach a raibh tacaíocht faighte acu faoin scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta ag deireadh na bliana 2024.

## An Scéim um Chóiríocht ar Cíos

Bhí 145 theaghlach ag baint leas as an scéim seo ag deireadh na bliana 2024. D'fhág 11 teaghlach an scéim sa bhliain. Bhain formhór na ndaoine a d'imigh leas as tacaí eile tithíochta. Ina theannta sin, oibríonn an Chomhairle i gcomhar le 17 gcomhlacht tithíochta cheadaithe chun tacú le 217 dtionóntacht tríd an scéim um Chóiríocht ar Cíos.

### Léasú Sóisialta

Sa bhliain 2024, chuir an Chomhairle dhá chineál léasaithe ar fáil, léasú gearrthéarmach a mhaireann suas le naoi mbliana agus 11 mhí agus léasú fadtéarmach a mhaireann idir 10 mbliana agus 25 bliana. Faoin gclár 'Tithíocht do Chách' ón Rialtas, tá léasú fadtéarmach á thabhairt chun deiridh de réir a chéile agus, mar sin de, ní fhéadfaidh an Chomhairle dul isteach i léasanna fadtéarmacha nua a thuilleadh. Mar sin féin, cheadaigh an Rannóg cúig léas fhadtéarmacha sa bhliain 2024, rinneadh idirbheartaíocht ar chomhaontú léasa fhadtéarmaigh nua amháin sa bhliain 2024, agus d'fhág réadmhaoin amháin an scéim. Ba é 121

teaghlach an líon foriomlán teaghlach a bhí ag baint leas as an scéim seo ag deireadh na bliana. Is é 16 bliana an meántéarma léasa.

Ba é sprioc na Comhairle maidir le léasú gearrthéarmach don bhliain 2024 ná go soláthrófaí cúig léas ghearrthéarmacha nua. Sa bhliain 2024, bhí dhá léas ghearrthéarmacha nua ann. Níor baineadh amach an sprioc don bhliain. Tá an Chomhairle ag feiceáil glacadh íseal leis an scéim i measc úinéirí réadmhaoine mar gheall ar fhreagracht as gnáthchothabháil laethúil na réadmhaoine. Le linn na bliana, d'fhág ceithre theaghlach an scéim léasanna gearrthéarmacha. D'fhág sé sin gurbh ionann agus 96 theaghlach an líon iomlán teaghlach a bhí ag baint leas an scéim sin faoi dheireadh na bliana. Is é cúig bliana an meántéarma léasa.

## Cigireachtaí ar Réadmhaoine Príobháideacha ar Cíos

Déanann an Chomhairle cigireacht ar réadmhaoine príobháideacha ar cíos de réir na Rialachán Tithíochta (Caighdeáin maidir le Tithe ar Cíos), 2019. Rinneadh cigireacht ar 1,063 réadmhaoin phríobháideacha ar cíos san iomlán sa bhliain 2024. Áiríodh leo sin réadmhaoine Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta, réadmhaoine de chuid na Scéime um Chóiríocht ar Cíos, réadmhaoine Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus réadmhaoine ar léas.

## An Iasacht Tí Údaráis Áitiúil

Tháinig an Iasacht Tí Údaráis Áitiúil in ionad Iasacht Tí Rebuilding Ireland i mí Eanáir 2022. Leis an iasacht, tairgtear morgáiste ráta úis sheasta thar thréimhse 25 bliana nó 30 bliain do cheannaitheoirí céaduaire a bhfuil acmhainneacht creidmheasa acu d'fhonn úinéireacht tí a dhéanamh níos inacmhainne.

Fuarthas 40 iarratas san iomlán ar an Iasacht Tí Údaráis Áitiúil sa bhliain 2024. Deonaíodh ceadú sealadach do 17 n-iarratas ar iasacht le linn na tréimhse sin. Tarraingíodh 12 iasacht san iomlán anuas sa bhliain 2024.

Is iad na rátaí seasta reatha ná 4.00% ar iasachtaí suas le téarma 25 bliana agus 4.05% ar iasachtaí suas le téarma 30 bliain.

## An Iasacht Cheannaigh agus Athchóirithe Údaráis Áitiúil

Tugadh an Iasacht Cheannaigh agus Athchóirithe Údaráis Áitiúil isteach i mí Iúil 2024. Is é atá ann ná morgáiste agus iasacht atá urraithe ag an Rialtas le haghaidh tithe tréigthe agus neamh-ináitrithe a cheannach agus a athchóiriú. Ní mór an réadmhaoin a bheith incháilithe le haghaidh an Deontais um Réadmhaoine Folmha a Athchóiriú, bíodh sí tréigthe, neamh-ináitrithe nó folamh. Fuarthas dhá iarratas san iomlán sa bhliain 2024.

## Bainistíocht Eastát

Tá Aonad Bainistíochta Eastát ag an gComhairle, atá ar fáil chun bualadh le tionóntaí agus le cumainn tionóntaí ar bhonn tráthrialta chun déileáil le saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Bhí tionchar dearfach ag ceapadh triúr Oifigeach Forfheidhmiúcháin Tionóntachta sa bhliain 2021 ar bhainistíocht iompraíochta frithshóisialta agus ar an tionchar a bhíonn aici ar an bpobal.

Leanann an fhoireann den chlár idirchaidrimh le tionóntaí agus leis na coistí cónaitheoirí chun tacú le bainistíocht eastát. Spreagtar cónaitheoirí chun páirt a ghlacadh i mbainistíocht a n-eastáit, chun úinéireacht a ghlacadh, agus chun bród a bheith orthu as an áit ina gcónaíonn siad. Tá an tAonad seo tiomanta do ghrúpaí cónaitheoirí a spreagadh agus a bhunú laistigh dá n-eastáit tithíochta.

Bainistíonn foireann Bainistíochta Eastát na Comhairle iompraíocht fhrithshóisialta agus a tionchar ar an bpobal. D'éascaigh an fhoireann Bainistíochta Eastát líon ard glaonna amach sa bhliain 2024 chun déileáil le cásanna iompraíochta frithshóisialta. Chomh maith leis sin, thug sí faoi phatróil thráthrialta agus faoi chaidreamh tráthrialta le tionóntaí Údaráis Áitiúil.

## An Fhoireann um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean

Is iad na Seirbhísí Sláinte agus na hÚdaráis Áitiúla na príomhchomhlachtaí reachtúla a thugann aghaidh ar an easpa dídine agus ar riachtanais daoine atá gan dídean in Éirinn. Oibríonn Foireann an Chláir um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le seirbhís a sholáthar laistigh den Chlár, áit a bhfuil Altra Meabhairshláinte Pobail lánaimseartha agus Altra Sláinte Poiblí, a roinntear le Luimneach, ar an bhfoireann. Glacadh le cur chuige foirne ildisciplíneach idirghníomhaireachta agus tá ag éirí leis for-rochtain agus saintacaí breise a sholáthar

agus nascadh le seirbhísí príomhshrutha. Sa bhliain 2024, tháinig a lán dúshláin éagsúla agus castachtaí éagsúla os comhair Fhoireann an Chláir um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean. Bhí méadú ann sa bhliain sa líon teaghlach a bhí ag dul i dteagmháil leis an bhfoireann agus bhí méadú ann freisin i leibhéal na riachtanas casta, sna dédhiagnóisí, sna hábhair chasta imní sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte agus sna dúshláin chasta iompraíochta a bhí á gcur i láthair ag úsáideoirí seirbhíse. Leanann an t-éileamh ar ár seirbhís ag méadú gach mí agus teastaíonn ón bhfoireann ar fad tacaíocht shuntasach maidir le gach gné den easpa dídine.

Tá an Fhoireann um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean ag leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo seirbhís a thógáil a bheidh in ann freastal go cuí ar riachtanais na gcliant gan dídean ar an gClár. Soláthraíonn an fhoireann sin raon leathan seirbhísí tacaíochta. Áirítear leo sin Measúnú agus Socrú, Seirbhísí Tacaíochta Tionóntachta, Aimsitheoir Áiteanna Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta, Tús Áite don Tithíocht, Athshocrú Cóiríochta, agus Tacaíocht Tithíochta Óige.

Bhí roinnt dúshlán os comhair Fhoireann an Chláir um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean ar fud na bliana. Áiríodh leo sin beagán acmhainní, bearnaí foirne, agus ábhair imní sábháilteachta maidir le socrúcháin. Bhí méadú ann freisin sa bhliain 2024 sa líon úsáideoirí seirbhíse a bhí ag diúltú na ndeiseanna agus na dtacaí a bhí á dtairiscint ag an bhFoireann um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean. Bhí méadú ann sna hiompraíochtaí dúshlánacha, lenar áiríodh iompraíocht bhagrach agus mí-úsáid, a bhí á bhfulaingt ag baill foirne laistigh den Fhoireann um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean agus ag baill foirne a bhí amuigh ag tacú le soláthraithe seirbhíse tacaíochta araon.

## 2024

Ag deireadh na bliana 2024, bhí 115 aosach agus 55 chleithiúnaí i gcóiríocht do dhaoine gan dídean. Ní áirítear leis an bhfigiúr sin an líon suntasach daoine singile agus aonad teaghlaigh a rinne teagmháil leis an bhfoireann um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean chun socrúcháin i gCóiríocht Éigeandála a lorg. Sa bhliain 2024, d'éirigh le 183 theaghlach teacht amach as an easpa dídine. Bhog 49 dteaghlach eile laistigh de na Seirbhísí Éigeandála chun an tacaíocht is fearr a fháil dá riachtanais aitheanta. Léirítear sna figiúirí sin méid suntasach oibre coiscthe agus leanfaidh an tseirbhís dá díriú a leagan air sin amach anseo.

Bhog 64 theaghlach eile nach raibh i gCóiríocht Éigeandála isteach i dtionóntachtaí. Áiríodh leo sin Réadmhaoine Údaráis Áitiúil, Réadmhaoine Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus tionóntachtaí Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta. Léirítear san fhigiúr sin an obair choisctheach a rinne an fhoireann um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean sa bhliain, áit ar cuireadh cosc ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh teacht isteach i Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean.

| **An líon teaghlach a tháinig amach** | | **183** |
|---|---|---|
| A cuireadh isteach i dteach | Údarás Áitiúil = 8<br>Comhlacht Tithíochta Ceadaithe = 16<br>Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta = 0<br>Tithíocht Óige = 3<br>Tús Áite don Tithíocht = 6<br>Tionóntachtaí Coisc = 64 | 97 |
| A scaoileadh amach as seirbhísí | | 46 |
| A scaoil iad féin amach as seirbhísí | | 35 |
| A scaoileadh amach chuig Cóiríocht Chónaithe | | 4 |
| A fuair bás | | 1 (suaimh-neas síoraí dá anam) |

Laistigh de na figiúirí sin, leantar de mhéid suntasach oibre a dhéanamh chun tacú le cliaint aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a chuirtear i láthair. Mar thoradh air sin, tá an fhoireann ag leanúint le caidreamh oibre láidir a chothú lenár gcomhpháirtithe oibre uile in FSS (Cúram Príomhúil, Míchumas, Cuimsiú Sóisialta, Meabhairshláinte, Cumhdach agus Andúil), sa Gharda Síochána agus in Tusla (Cosaint Leanaí, Foréigean Baile agus Iarchúram) agus le Comhpháirtithe Promhaidh agus Pobail chun

aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chasta a bhíonn ag méadú i gcónaí.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

De réir fhorálacha Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998, ghlac comhaltaí tofa Chomhairle Contae an Chláir an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029 an 9 Nollaig 2024. Tá cóip den chlár ar fáil ar líne ag www.clarecoco.ie nó is féidir é a léamh san Oifig Tithíochta, Áras Contae an Chláir, Comhairle Contae an Chláir, Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir V95 DXP2, ó 9am go 1pm ó Luan go hAoine.

Ceapadh roinnt tionóntaí nua faoin scéim iasachta i gcomhair Carbháin/Tí Soghluaiste 2024. Dúnadh an scéim i mí an Mhárta 2024 agus soláthrófar leithdháileadh breise don bhliain 2025.

## Deontais Tithíochta

Tá trí dheontas ar fáil do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas chun cabhrú leo a dteach a dhéanamh níos sábháilte agus níos compordaí dá riachtanais. Tá an deontas do Dhaoine Scothaosta le haghaidh deisiúcháin struchtúracha riachtanacha, freastalaítear leis an deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas ar na hathruithe móra is gá a dhéanamh sa bhaile chun cabhrú le húinéirí tí a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu, agus soláthraítear leis an deontas Áiseanna Soghluaisteachta cistiú le haghaidh modhnuithe beaga amhail rampaí, greimráillí agus oibreacha eile. Cuirtear iarratais in ord tosaíochta de réir na tosaíochta liachta agus de réir an fhaid ama atáthar ar an liosta feithimh.

An 1 Nollaig 2024, rinne an Rannóg Tithíochta an scéim deontas a leasú trí na teorainneacha deontais agus na tairseacha ioncaim a mhéadú agus trí roinnt bearta eile, a bhfuil gach ceann díobh curtha chun feidhme anois.

Le linn na bliana, tugadh isteach tairseach ar líne Chomhairle Contae an Chláir le haghaidh iarratais ar dheontais. Is é an toradh a bheidh air sin go laghdófar páipéarachas go mór, go bhfeabhsófar luas na próiseála deontas agus go mbeidh iarratasóirí in ann an dul chun cinn ar a ndeontas a fheiceáil ar fud ár bpróisis ceadaithe.

Rinneadh líon mór iarratas a cheadú agus a íoc an athuair sa bhliain. Caitheadh €3,238,823 san iomlán ar 535 dheontas, mar atá leagtha amach sa tábla anseo thíos:

| Cineál deontais | An líon deontas a íocadh sa bhliain 2024 | Luach na n-oibreacha, € |
|---|---|---|
| Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta | 249 | 1,036,793 |
| Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas | 191 | 1,786,041 |
| Deontas Áiseanna Soghluaisteachta | 95 | 415,989 |
| **Iomlán sa bhliain 2024** | **535** | **3,238,823** |

Rinneadh roinnt oiriúnuithe cosúla ar ár stoc tithíochta féin le linn na bliana. Ina measc sin bhí suiteáil rampaí, seomraí folctha rochtana comhréidhe, ráillí láimhe, cathaoireacha staighre agus mionoibreacha eile chun riachtanais soghluaisteachta ár dtionóntaí a éascú. Rinneadh 62 réadmhaoin san iomlán a oiriúnú, agus caitheadh €473,249 ar na hoibreacha sin, a chabhraíonn le tionóntaí freastal ar a riachtanais ar leith agus a chuireann le compord a dtí agus leis an taitneamh a bhaineann siad as.

## Seirbhísí don Phobal Úcránach

De réir mar a lean an choimhlint san Úcráin ar aghaidh, tháinig laghdú sa bhliain 2024 ar an líon Tairbhithe Úcránacha Cosanta Sealadaí a bhí ag cónaí inár gcontae, ó 5,508 nduine i mí Eanáir go 5,112 dhuine i mí na Nollag. Leanadh leis an scéim 'Teach a Thairiscint' ar aghaidh ar fud na bliana, agus sruth seasta tairiscintí ag teacht ó gach cearn den chontae agus, faoi dheireadh na bliana, b'ionann an líon daoine Úcránacha a raibh cóiríocht á fáil acu faoin scéim agus (thart ar) 522 dhuine, a bhí ag cónaí i 177 dteach a bheadh gan chónaí murach sin.

LAIT Clare Chláir
Foireann Údaráis Áitiúil um Imeascadh
Local Authority Integration Team

## An Fhoireann Údaráis Áitiúil um Imeascadh

Bunaíodh Foirne Imeasctha Údarás Áitiúil (LAITanna) i ngach údarás áitiúil sa bhliain 2024. Tá sé mar chuspóir acu cabhrú le comhordú a dhéanamh ar na cineálacha difriúla tacaíochta atá ar fáil do dhaoine atá ag déanamh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, do dhídeanaithe, agus do dhaoine eile atá i gcásanna comhchosúla.

Tá sé mar sprioc ag LAITanna cabhrú le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus le dídeanaithe chun teacht chun bheith neamhspleách, chun socrú isteach ina bpobail nua agus chun páirt a ghlacadh i saol na hÉireann. Déanann siad é sin trí dhaoine a chur i dteagmháil le seirbhísí tábhachtacha ar féidir leo cabhrú leo imeascadh isteach sa phobal.

**Tugann LAITanna tacaíocht dóibh seo a leanas:**

- Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta
- Daoine ar deonaíodh stádas dídeanaí nó cineálacha eile cosanta dóibh, amhail cosaint choimhdeach nó cead fanachta
- Dídeanaithe a athlonnaíodh in Éirinn trí chlár rialtais
- Tairbhithe Cosanta Sealadaí

Feidhmíonn LAITanna faoi phrionsabal an 'Imeasctha ón gCéad Lá ar Aghaidh'. Fágann sé sin go soláthraíonn LAITanna tacaíocht imeasctha do dhaoine a bhfuil gá acu léi a luaithe a thagann siad go hÉirinn.

Níl obair LAITanna le teacht in ionad na seirbhísí atá ann cheana. Ina áit sin, cabhraíonn LAITanna le daoine a chur i dteagmháil leis na seirbhísí atá ann cheana arb iad na seirbhísí is oiriúnaí dá riachtanais iad. Áirítear leis sin nithe ar a nós seo a leanas:

- A bheith ina dteagmhálaí díreach do dhaoine nuathagtha, agus iad ag cabhrú leo le haon fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith acu agus iad ag déileáil le seirbhísí poiblí
- Daoine nuathagtha a chur i dteagmháil le seirbhísí amhail cabhair dlí, cúram leanaí agus cúram sláinte
- Daoine nua a chur i dteagmháil le seirbhísí a fheabhsaíonn a gcumas chun maireachtáil go neamhspleách, amhail jaboiliúint, ranganna Béarla, oideachas agus printíseachtaí
- Daoine nuathagtha a threorú tríd an bpróiseas um iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais, ar chabhair liachta, ar shochair leanaí agus ar sheirbhísí eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu
- Cruinnithe a reáchtáil i limistéir áitiúla, agus prionsabail forbartha pobail a úsáid chun cabhrú leo siúd a fhreastalaíonn orthu
- Tacaíocht a thabhairt do dhaoine má bhíonn siad ag déileáil le ciníochas nó le cóir éagórach eile, ag cabhrú leo é sin a thuairisciú do na húdaráis chuí
- Cabhrú le daoine nuathagtha leochaileacha teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le seirbhísí eile má theastaíonn cúnamh breise uathu




Sa bhliain 2024, chuir an fhoireann 97 gclinic tacaíochta imeasctha ar siúl in ionaid chóiríochta. San iomlán, ghlac 940 freastalaí páirt sna clinicí sin, agus iad ag lorg tacaíochta i réimsí amhail rochtain ar oideachas, áiteanna scoile, cúram sláinte, cóiríocht, comhairle airgeadais agus taitneamhachtaí áitiúla agus mar sin de.

Chomhoibrigh an LAIT ar roinnt príomhimeachtaí líonraithe agus comhoibríocha agus b'ionann an líon daoine a d'fhreastail orthu agus breis agus 1200 duine. Tá mionsonraí faoi na himeachtaí sin faoi iamh.

- 16 Aibreán: Imeacht Pobail 'Tar le Chéile agus Labhair' i Halla Club CLG na Scairbhe
- Cruinniú le Nasc Áitiúil TFI chun aird a tharraingt ar limistéir inar iarr imircigh naisc iompair bhreise
- Comhoibriú le Líonra Rannpháirtíochta Pobail an Chláir maidir le clárú vótálaithe na n-imirceach i Sionainn
- Chabhraigh an fhoireann LAIT leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail maidir le clárú vótálaithe in Clare Lodge agus in Ionad IPAS Magowna House
- 15 Bealtaine: Freastal ar an Imeacht Meabhairshláinte 'Say Hello' sa Champas Breisoideachais agus Oiliúna, an Scairbh
- D'éascaigh an LAIT cruinnithe tionscnaimh idir Comharchumann Pobail Oirthear an Chláir agus Ionad IPAS na Scairbhe
- 17 Bealtaine: Imeacht Bia Sheachtain na nDídeanaithe in Ionad Tait i Luimneach
- 21 Bealtaine: Clinic Faisnéise Pobail i mBaile Uí Bheacháin chun Lá Domhanda an Chultúir, na hÉagsúlachta, an Idirphlé agus na Forbartha 2024 a cheiliúradh
- 25 Bealtaine: Chomhoibrigh an fhoireann LAIT le CISC agus le Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir (CLDC) chun ceiliúradh Lá na hAfraice a óstáil i Scoil na mBráithre Críostaí, Inis
- Chomhoibriú le Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir chun Plean Spóirt an Chláir a fhorbairt, agus reáchtáladh ceardlanna le pobail i gceithre limistéar ar an gClár chun ionchur pobail a fháil sa phlean spóirt
- 18 Meitheamh: Seisiún Faisnéise Pobail le Derg Active Alliance ar an Scairbh
- 22 Meitheamh: Imeacht idirchultúrtha chun Seachtain na nDídeanaithe a cheiliúradh i gcomhar le CISC agus CLDC i Scoil na mBráithre Críostaí, Inis





## Imeascadh Imirceach ar an gClár - Páipéar Seasaimh

D'óstáil an Fhoireann Údaráis Áitiúil um Imeascadh ceardlanna le gach geallsealbhóir de chuid an Fhóraim Imeasctha Pobail agus le gach Comhalta Tofa ar fud mhí Dheireadh Fómhair 2024. Ba iad na ceardlanna sin tús an phróisis chun Páipéar Seasaimh a sholáthar a bheidh mar bhonn eolais faoi Straitéis Imeasctha Imirceach agus Idirchultúrtha a fhorbairt ina dhiaidh sin. Leis an bPáipéar Seasaimh, ar choimisiúnaigh Fóram Imeasctha Pobail an Chláir é, déantar machnamh ar na héachtaí, na bonnlínte, na saincheisteanna, na dúshláin agus na deiseanna go dtí seo. Fostaíodh People and Place, macghrúpa comhairleoireachta de chuid Ollscoil Mhá Nuad agus na Faireachlainne Taighde Uile-Oileáin, chun an Páipéar Seasaimh a éascú agus a fhorbairt agus chun taighde a dhéanamh lena aghaidh.



Sainaithnítear sa pháipéar treochtaí soiléire don Chlár trí úsáid a bhaint as sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh chun na hathruithe déimeagrafacha le 20 bliain anuas a léiriú, agus tugtar mionsonraí ann faoi na héachtaí agus na dúshláin a bhaineann le himeascadh, agus an obair ullmhúcháin á déanamh le haghaidh Straitéis Imeasctha Imirceach an Chláir atá le teacht. Tá an páipéar bunaithe ar chomhairliúcháin fhairsinge le geallsealbhóirí, ar anailís dhéimeagrafach, agus ar shonraí tánaisteacha, agus léargais thábhachtacha agus moltaí tábhachtacha á dtabhairt aige. San fhianaise atá sa pháipéar, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíochtaí méadaithe, le comhoibriú idirghníomhaireachta níos doimhne agus níos córasaí ar gach leibhéal agus le tuilleadh tacaí chun a chinntiú go nglacfaidh imircigh agus daoine den phobal óstach páirt i rannpháirtíocht an phobail ar mhaithe le háit chomhtháite, éagsúil agus rathúil a dhéanamh den Chlár. Cé go bhfuil dúshláin ann fós, tá an obair ullmhúcháin atá déanta ag Fóram Imeasctha an Chláir ina bonn láidir chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin tríd an straitéis atá le teacht, agus is gá imeascadh imirceach a phríomhshruthú agus a leabú i mbeartais, straitéisí agus cláir oibre gach earnála.

## Seoladh an Eolaire Seirbhísí

Bhí ríméad ar an bhFóram Imeasctha Pobail an tEolaire Seirbhísí: Treoir maidir le Naisc a Fhorbairt a sheoladh an 12 Nollaig 2024. Is é atá sa leabhrán sin ná fianaise ar a chuid oibre chun timpeallacht chroíúil, fháilteach agus uilechuimsitheach a chothú do gach duine a roghnaíonn cur fúthu ar an gClár. Leis an leabhrán, treoraítear daoine nua dár bpobal chuig an raon leathan seirbhísí tacaíochta atá ar fáil. Tá faisnéis faoi sheirbhísí riachtanacha, faoi acmhainní áitiúla agus faoi bhealaí chun nascadh le daoine eile ar fáil sa leabhrán. Ag tnúth le leanúint leis an obair iontach sa bhliain 2025.






# Spórt agus Áineas

## Ionad Fóillíochta Active Ennis

*Ranganna agus Stiúideo Aclaíochta*

Bhí an líon rannpháirtithe inár ranganna "Body Blast" agus "Lunch Crunch" an-ard sa bhliain 2024, agus breis agus 20 rannpháirtí ann i bhformhór na ranganna. Leanaimid lenár ranganna a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus molaimid do gach duine, beag beann ar a gcumas, páirt a ghlacadh iontu. Tá ár stiúideo aclaíochta an-ghnóthach fós, agus é ag soláthar ranganna éagsúla ar nós HIIT, Pilates, Ióga agus rince Gaelach, agus úsáideann Sábháilteacht Uisce an Chláir é go minic le haghaidh cúrsaí Garda Tarrthála. Bímid ag fáil a lán léirithe spéise inár stiúideo a fháil ar cíos ó theagascóirí fós, agus tá raon leathan ranganna againn.

*Giomnáisiam do Dhéagóirí*


Bhí méadú ag teacht ar an tóir ar an nGiomnáisiam do Dhéagóirí ar fud na bliana 2024. Agus réamhháirithint ina riachtanas, bhí an Giomnáisiam lán le linn na dtréimhsí sin go minic. Le linn laethanta saoire scoile, méadaítear uaireanta oscailte an Ghiomnáisiam do Dhéagóirí chun freastal ar an éileamh agus na déagóirí saor ón scoil. Tá ag éirí leis an nGiomnáisiam do Dhéagóirí déagóirí a chomhtháthú isteach i dtimpeallacht giomnáisiam agus i gcabhrú leo a n-aclaíocht agus a bhféinmhuinín a fheabhsú.

*Blag Healthy Clare*

D'eisíomar roinnt blaganna sa bhliain 2024 le haghaidh nuachtlitir Healthy Clare. Tugtar sna blaganna leideanna maidir le nósanna sláintiúla itheacháin agus leideanna aclaíochta. I measc na dtopaicí a clúdaíodh sna blaganna bhí leideanna maidir le haiste chothromaithe bia a choinneáil, buntáistí an chleachtaidh nirt, buntáistí an chleachtaidh nirt do shláinte na gcnámh, macrachothaithigh agus micreachothaithigh, buntáistí an chleachtaidh nirt don mheabhairshláinte, agus leideanna maidir le meáchan sláintiúil a choinneáil. Tá sé mar aidhm Tá sé mar aidhm againn leideanna inghníomhaithe agus sábháilte a thabhairt do léitheoirí, ar leideanna iad ar féidir leo cabhrú leo a gcuid sláinte agus folláine a fheabhsú.

*Athchóiriú an Limistéir Féachana*

Sa bhliain 2024, rinneamar athchóiriú ar ár limistéar féachana, ar lena linn a rinneamar an t-urlár a athrú agus na suíocháin a athchóiriú. Is gné thábhachtach dár n-ionad é an limistéar féachana, a mheallann slua mór custaiméirí, go háirithe tuismitheoirí atá ag amharc ar cheachtanna snámha. Cuireadh tús leis na hoibreacha i dtús mhí Aibreáin nuair a baineadh an sean-urlár agus na suíocháin. Cuireadh an t-urlár nua síos agus athshuiteáladh na suíocháin athchóirithe tráth dheireadh mhí Aibreáin. Rinneadh athchóiriú ar na seomraí folctha sa limistéar féachana, agus tíleanna nua curtha ar na hurláir.



*Tuarascáil ar an líon custaiméirí*

Le 12 mhí anuas, táimid ag taifeadadh an lín custaiméirí san Ionad Fóillíochta. Tháinig 250,471 chustaiméir san iomlán isteach san ionad sa bhliain 2024, agus an meánlíon custaiméirí in aghaidh an lae cothrom le 688 nduine. Ba é 2,583 dhuine an líon custaiméirí ab airde a taifeadadh ar an aon lá amháin. Ba é 20,873 dhuine ár meánlíon míosúil custaiméirí. Ba í mí Feabhra an mhí ba mhó custaiméir a taifeadadh, agus an líon cothrom le 26,055 dhuine, agus ba í mí Lúnasa an mhí ab ísle custaiméir a taifeadadh, agus an líon cothrom le 13,709 nduine.

*Gradam Bhrat Glas An Taisce*

Choinnigh Páirc John O'Sullivan agus Páirc Tim Smythe araon a stádas Brait Ghlais don bhliain 2024. Bronnann An Taisce an Brat Glas chun a aithint go

gcomhlíonann saoráid na caighdeáin tagarmharcála do pháirceanna agus do spásanna glasa.

*Active Ennis, Páirc John O'Sullivan, Lee's Road*

Cuireadh Rás Páirce ar siúl gach maidin Shathairn ag 9am. Bhí an-tóir ar an Rás sin agus soláthraíodh leis bealach radharcach do reathaithe le haghaidh a rása tríd an limistéar foraoise den pháirc.

Cuireadh roinnt imeachtaí ar siúl ar fud na bliana ar Raon Reatha Sintéiseach Lee's Road, lenar áiríodh Babhta Ceannais Chluichí Pobail an Chláir agus Babhta Ceannais na gCluichí Réigiúnacha Pobail a cuireadh ar siúl i samhradh na bliana 2024, agus breis agus 4,000 duine i láthair thar an dá lá sin. Cuireadh Babhta Ceannais Chraobhchomórtas Lúthchleasaíochta Contae an Chláir ar siúl freisin, agus 1,500 duine i láthair aige. Cuireadh Babhta Ceannais Chomórtas Bunscoileanna FAI ar siúl ar an bpáirc Astroturf i mí an Mhárta freisin.

*Active Ennis, Páirc Tim Smythe*

I mí an Mheithimh 2024, cuireadh an tsiúlóid charthanachta 24 uair an chloig "Relay for Life" ar siúl i bPáirc Tim Smythe. Ba í sin an cúigiú bliain den imeacht tiomsaithe airgid "Relay for Life" do Chumann Ailse na hÉireann. Ghlac go leor Marthanóirí Ailse páirt san imeacht 24 uair an chloig. Bealach inspioráideach chun an t-imeacht a thosú ba ea Cuaird na Marthanóirí, agus marthanóirí ailse de gach aois ag siúl na chéad chuarda den rás sealaíochta.



*Comórtas Snámha Cuiridh Inse agus na Cluichí Pobail.*

I mí Feabhra 2024, cuireadh Comórtas Cuiridh Inse ar siúl sa linn snámha. D'óstáil an Comórtas seo snámhóirí ó gach cearn de Chúige Mumhan, agus breis agus 500 rannpháirtí ann. I mí Feabhra, d'óstálamar Comórtas Snámha Chlub Capaillíní an Chláir. I mí Aibreáin, cuireadh Cluichí Pobail Chomhar Creidmheasa Naomh Proinsias ar siúl sa linn snámha, rud a ndeachaigh clubanna ó gach cearn den Chlár san iomaíocht ann. Chuaigh na buaiteoirí ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh don Chlár sa Bhabhta Ceannais Náisiúnta.

*Aonach Aoise Sláinte agus Folláine*

I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil Active Ennis seastán ag "Aonach Aoise Sláinte agus Folláine" An Clár Sláintiúil. Sa seastán sin, thaispeánamar faisnéis faoinár saoráidí agus faoi na ranganna difriúla a reáchtálaimid do dhaoine scothaosta. Thaispeánamar freisin roinnt Cleachtaí Cathaoireach a d'fhéadfadh daoine scothaosta a dhéanamh.

Ar fud na bliana, d'óstálamar an clár 'Míle a Shnámh', clár snámha um Mná sa Spórt agus dhá Chlár Snámha eile do dhaoine fireanna agus baineanna den Lucht Siúil.



*Clár Ceachtanna Snámha*


Leanamar le ceachtanna snámha a sholáthar do scoileanna agus don phobal ar fud na bliana 2024 freisin. Rinneadh soláthar do bhreis agus 40 scoil, idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna. Bíonn ceachtanna poiblí á soláthar do thart ar 1,200 duine, idir leanaí agus aosaigh.

Bhí an rannpháirtíocht inár rang Aeróbaice Uisce ar fud na bliana ar an rannpháirtíocht ba mhó riamh. Leanaimid le seirbhísí a sholáthar don Chlub Fo-Uisce, don Chlub Haca faoi Uisce, do Shábháilteacht Uisce an Chláir, do Chlub Capaillíní an Chláir, do Scoil Snámha an Choillín, do Scoil Snámha Inse agus do Chlub Snámha Inse.

## Active Kilrush

Tháinig méadú suntasach ar úsáid na saoráide sa bhliain 2024. Chun an tsaoráid a fheabhsú tuilleadh, tá an Limistéar Ilúsáide Cluichí críochnaithe agus beidh sé réidh le húsáid sa bhliain 2025. Fuarthas Cistiú Caipitil Spóirt don Fhorbairt sin sa bhliain 2022. Ba í Comhairle Contae an Chláir a fuair an cistiú sin.

## Plean Áitiúil Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúla don Chlár




Tá Comhairle Contae an Chláir ar cheann de cheithre threoirchontae a sheol dréachtchreat do phlean spóirt cúig bliana nua a mbeidh sé mar aidhm leis feabhas a chur ar ghníomhaíocht fhisiciúil i limistéir faoi mhíbhuntáiste agus i measc daoine ó gach cúlra socheacnamaíoch.

Rinneadh suirbhé ar fhócasghrúpa a bhí comhdhéanta de 587 gcónaitheoir ó gach cearn den chontae mar ullmhúchán don phlean, agus tháinig roinnt fionnachtana fíorspéisiúla chun solais dá bharr.

Tá naoi dtosaíocht straitéiseacha ag an bplean. Áirítear leo sin dul i ngleic leis an ráta éirí as i measc cailíní sna déaga, an pobal scothaosta a choinneáil gníomhach, rannpháirtíocht a mhéadú i limistéir faoi mhíbhuntáiste, agus spóirt mhionlaigh a fhás.

Bhí an Dréacht-Phlean Áitiúil Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúla ar oscailt le haghaidh comhairliúchán poiblí i mí na Samhna, ar lena linn a bhí daoine den phobal in ann a gcuid tuairimí agus smaointe féin a chur i láthair.

I measc na bpríomhghnéithe den phlean tá rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíocht fhisiciúil neamhspóirt a mhéadú agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le naisc le cúram príomhúil a fhorbairt agus le rochtain do dhaoine faoi mhíchumas a fhorbairt.

## Teimpléid Spórt Éireann le haghaidh Pleananna Áitiúla Spóirt

An 21 Samhain, sheol Spórt Éireann creat náisiúnta chun tacú le húdaráis áitiúla maidir le Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Ós rud é go raibh Contae an Chláir ar cheann de cheithre threoirchontae le haghaidh Plean Áitiúil Spóirt a fhorbairt, tugadh cuireadh do Jason Murphy, Stiúrthóir Seirbhísí, agus do John Sweeney, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhpháirtíocht Spóirt an Chláir, chun freastal ar phlé phainéil ag an ócáid seolta. Ar na daoine eile a rannchuidigh leis an ócáid bhí Ard-Rúnaí na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Ard-Rúnaí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Dr Una May, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Spórt Éireann, agus Louise Burke, Stiúrthóir Rannpháirtíochta Spórt Éireann.

Maidir leis na teimpléid a chabhróidh le hÚdaráis Áitiúla Plean Áitiúil Spóirt a fhorbairt, triaileadh iad le Grúpa Forbartha ó Chontae an Chláir, ó Chontae Laoise, ó Chontae an Chabháin agus ó Chontae Cheatharlach.

Samhlaítear go mbeidh ról lárnach ag na Pleananna Áitiúla Spóirt nua i gcomhlíonadh a dhéanamh ar an sprioc de chuid an Bheartais Náisiúnta Spóirt arb éard é rátaí rannpháirtíochta i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú ar fud na tíre agus go gcuirfear sláinte agus folláine gach contae chun cinn sa deireadh leo.




*Plé Painéil a chuimsigh Stiúrthóir Rannpháirtíochta Spórt Éireann agus rannpháirtithe ó Chomhairle Contae an Chláir, ó Chomhpháirtíocht Spóirt an Chláir agus ó Chomhairle Contae Laoise*



*Jason Murphy; John Sweeney, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhpháirtíocht Spóirt an Chláir; Brendan Boyce; Kay Nolan; Louise Burke, Stiúrthóir Rannpháirtíochta Spórt Éireann; Feargal Ó Coiligh, Ard-Rúnaí na Roinne Spóirt; an Dr Una May, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Spórt Éireann; Oisín Foley, Spórt Éireann; agus John O'Neill, S3 Consultants.*



*Turlach agus Abhainn Bhoirne*



# AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT TUAITHE



**ANNE HAUGH**
**Stiúrthóir Forbartha Tuaithe**
A d'éirigh as i mí Lúnasa 2024




**ANN REYNOLDS**
**Stiúrthóir Forbartha Tuaithe Gníomhach**
Ó Dheireadh Fómhair 2024 i leith

## An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024-2030

Coiste reachtúil de chuid Chomhairle Contae an Chláir is ea Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an Chláir agus tá freagracht air as an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail don Chlár lena gclúdaítear an tréimhse ón mbliain 2024 go dtí an bhliain 2030 a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Glacadh an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024-2030 i mí Aibreáin 2024, agus leagtar amach ann sé sprioc ardleibhéil, 36 chuspóir agus 27 ngníomh atá le cur chun feidhme le linn an chéad dá bhliain faoi fhreagracht gach príomhghníomhaireachta sainaitheanta.

Leis na cuspóirí agus na gníomhartha atá istigh ann, treorófar forbairt eacnamaíoch agus pobail sa Chontae, agus gníomhóidh an plean mar phríomhdhoiciméad tagartha do na comhlachtaí agus na grúpaí uile atá cistithe go poiblí agus atá ag feidhmiú i gContae an Chláir agus a bheidh ag obair i gcomhar le chéile ar mhaithe le Contae an Chláir.

Tá ardán tuairiscithe á fhorbairt chun go mbeifear in ann an t-eolas is deireanaí a fháil ó phríomhghníomhaireachtaí ar an dul chun cinn dhá uair sa bhliain. De bhreis air sin, tabharfaidh gach príomhghníomhaireacht láithreoireacht don Choiste Forbartha Pobail Áitiúil chun cur i gcrích na ngníomhartha agus na torthaí a thaispeáint.




## Comhairle na nÓg, an Clár

Feidhmíonn tionscnamh Chomhairle na nÓg de chuid an Chláir, ag obair dó faoi stiúir na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, mar fhóram do dhaoine idir 12 bhliain d'aois agus 18 mbliana d'aois chun a dtuairimí a chur in iúl, chun athchóirithe féideartha a phlé, agus chun smaointe cruthaitheacha a mholadh le haghaidh claochluithe tairbheacha. Comhoibríonn an chomhairle sin le Seirbhís Óige an Chláir, a dhéanann formhaoirseacht ar éagsúlacht tionscnamh agus fiontar i gcomhpháirt lena rannpháirtithe óga. Eagraíodh dhá Chomhdháil Óige Bhliantúla sa bhliain 2024. Óstáladh iad in Inis Díomáin agus in Inis faoi seach chun freastal ar na rannpháirtithe uile. Bhí na tionóil sin ina bhfóram ríthábhachtach ag a raibh daoine óga in ann teacht le chéile, dearcthaí a chomhroinnt, agus saincheisteanna comhchoiteanna pobail a phlé. Buaicphointe suntasach sa bhliain ba ea rannpháirtíocht Chomhairle na nÓg i dtionscnamh Bochtaineachta Míostraithe An Clár Sláintiúil. Bhí a rannchuidiú le feiceáil i bhfoirm físeáin chun a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí aghaidh ar bhochtaineacht míostraithe a chur in iúl, agus uilechuimsitheacht agus feasacht á gcur chun cinn ag an am céanna. Is é atá ina rannpháirtíocht agus ina n-ionchur i dtionscnaimh ná fíorléiriú ar riachtanais agus mianta na ndaoine óga i gContae an Chláir.

## Ómós Áite

Thaispeáin an Clár an athuair a thiomantas do shármhaitheas pobail ag Gradaim Ómós Áite IPB, 2024, a cuireadh ar siúl i mí na Samhna in Óstán Hillgrove i Muineachán. D'óstáil Comhairle Contae Mhuineacháin an ócáid i gcomhar le Comhar Éireann, ar lena linn a ceiliúradh éachtaí suntasacha na bpobal ar fud na hÉireann. Bronnadh gradam na catagóire um Pobail Uilechuimsitheacha ar **Lisdoonvarna Fáilte** as na hiarrachtaí iontacha a bhí ar bun aige uilechuimsitheacht a chothú i measc cónaitheoirí áitiúla, i measc dídeanaithe Úcránacha, agus i measc daoine aonair atá ina gcónaí i Soláthar Díreach. De bhreis ar sin, bhí **Circular Clarecastle** sa dara háit i gCatagóir 4 (Daonra 2000-5000) as na gníomhaíochtaí bliantúla a bhí ar bun aige ar fud na bliana, lenar áiríodh féilte agus tionscnaimh chomhshaoil, a chothaíonn bród agus rannpháirtíocht an phobail.

## Cistiú Rialtais - Scéimeanna Náisiúnta

Riarann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail roinnt cláir chistiúcháin tríd an gComhairle. Sa bhliain 2024, thacaigh na scéimeanna sin le tionscadail éagsúla, mar atá leagtha amach thíos:

- **An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe**
  I mí na Bealtaine 2024, dámhadh cistiú ab fhiú €8,765,000 do Thionscadal Athghiniúna Tuaithe Comhtháite na Scairbhe. Leis an tionscadal sin, soláthrófar raon idirghabhálacha comhtháite i lár an bhaile. Áireofar leo sin foirgneamh tréigthe folamh a athchóiriú ina mhol pobail agus fiontraíochta, agus Cearnóg an Mhargaidh a fheabhsú chun ómós áite agus teachta sainithe a chruthú.

Fógraíodh an ceathrú glao le haghaidh iarratais Chatagóir 2 faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe i mí Dheireadh Fómhair 2024. Soláthraíonn tionscadail Chatagóir 2 cistiú le haghaidh na n-oibreacha pleanála, deartha agus teicniúla tosaigh is gá le haghaidh forbairtí mórscála.

- **CLÁR**
  Leithdháileadh €693,129 san iomlán ar 15 tionscadal sna háiteanna seo a leanas: an Dún Beag, Cill Dalua, Áth Leathan, an Tulach (x2), an Scairbh, Maigh, Inis Díomáin, Cill Rois (x2), Cill Chaoi (x2), an Geata Bán, Croisín, agus Cill an Dísirt.

- **An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh**
  Seoladh an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh, 2024, i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tá cistiú ar fáil faoin scéim seo chun tacú le bonneagar nua caithimh aimsire lasmuigh a fhorbairt nó leis an gcothabháil, an feabhsú agus an cur chun cinn is gá a dhéanamh ar an mbonneagar caithimh aimsire lasmuigh atá ann cheana. Is gá iarratais ar chistiú i leith na Scéime a chur isteach chuig an Roinn sa chéad ráithe den bhliain 2025.

- **An Ciste Aitheantais Pobail**
  Leis an gCiste Aitheantais Pobail, tugtar tacaíocht agus luach saothair do phobail a chuir fáilte roimh dhaoine ón Úcráin agus ó thíortha eile. Sa bhliain 2024, críochnaíodh an chuid eile de na tionscadail a cistíodh faoi Scéim na bliana 2023.
  I mí Aibreáin 2024, d'fhógair an Roinn €2.608 milliún sa bhreis le haghaidh tionscadail i gContae an Chláir. Den mhéid sin, dámhadh €1.7 milliún do 20 tionscadal faoi Fhuinneog 1 sa bhliain 2024, agus tá na cistí atá fágtha le leithdháileadh i mí Eanáir 2025.



*Gairdín Céadfaí Chill Dalua - tionscadal a cistíodh ón gCiste Aitheantais Pobail*

## An Clár Feabhsaithe Pobail

Seoladh an Clár Feabhsaithe Áitiúil i mí Eanáir 2024, agus €166,000 san iomlán leithdháilte ar Chontae an Chláir. Den mhéid sin, cuireadh €138,380.55 i leataobh le haghaidh cistiú caipitil, agus cuireadh €27,676.11 in áirithe go sonrach do chostais na ngrúpaí ban. Riartar an clár tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, agus tugann sé tacaíocht airgeadais do phobail, do ghrúpaí áitiúla agus do chlubanna le haghaidh deisiúcháin riachtanacha, le haghaidh feabhsuithe beaga caipitil ar a saoráidí, agus le haghaidh trealamh a cheannach lena úsáid ag an bpobal.
D'éirigh le 88 ngrúpa san iomlán cistiú a fháil. Áiríodh leo sin 11 ghrúpa a fuair tacaíocht faoin gcistiú a cuireadh i leataobh do ghrúpaí ban.

## Scéim Deontais Limistéir Áitiúil an Chláir

Leithdháileadh cistiú ab fhiú €690,000 i mí an Mhárta 2024 ar phas beag níos mó ná 500 tionscadal atá á soláthar faoi Scéim Deontais Limistéir Áitiúil an Chláir. A bhuí leis na leithdháiltí ar ghrúpaí pobail agus deonacha, tacaíodh le raon leathan tionscadal. Áiríodh leo sin tionscadail sna réimsí seo: an ríocht phoiblí, bearradh féir i bhforbairtí tithíochta príobháideacha, soilsiú Nollag, na healaíona, an Ghaeilge, cur chun cinn na turasóireachta, agus an turasóireacht inbhuanaithe.

## Ionaid Adhlactha

Tá an tAonad um Ionaid Adhlactha freagrach fós as 29 n-ionad adhlactha oibríochtúla ar fud an chontae a bhainistiú. Déantar gnáthchothabháil, lena n-áirítear bearradh féir agus cothabháil ghinearálta, le linn mhíonna an earraigh agus an tsamhraidh. Is iad airígh inmheánacha agus conraitheoirí seachtracha araon a dhéanann an chothabháil sin. I measc na hoibre breise a rinneadh sa bhliain 2024 bhí soláthar pliontaí, bearradh fáil agus feabhsuithe cosán. Dámhadh cistiú deontais do bhreis agus 60 grúpa pobail freisin chun tacú le cothabháil na n-ionad adhlactha ina limistéir áitiúla.

Is tosaíocht fós í pleanáil le haghaidh spás adhlactha amach anseo. Sa bhliain 2024, ceadaíodh iarratas pleanála Chuid 8 le haghaidh Ionad Adhlactha na Ceathrún Móire a shíneadh. Rinneadh dul chun cinn freisin ar shíniú beartaithe an Ionaid Adhlactha Contae i nDrom Cléibh. Ina theannta sin, tugadh cúnamh airgeadais do Chomhairle Pobail na Fiacaile chun cabhrú léi acmhainn a hionaid adhlactha a mhéadú.

## Clóis Súgartha Pobail

Leanann an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail le comhoibriú le pobail áitiúla chun tacú leo clóis súgartha pobail a oibriú. Fuair grúpaí pobail cúnamh deontais chun cabhrú leo na saoráidí sin a bhainistiú, agus béim ar leith á leagan ar árachas agus ar chothabháil. Leithdháileadh €85,000 san iomlán ar 20 Coiste Clós Súgartha Pobail chun tacú leo na saoráidí sin a oibriú agus a chothabháil ar bhonn leanúnach.

## Clár agus Tionscnaimh An Clár Sláintiúil

Seoladh **Micrichiste An Clár Sláintiúil 2024** mar chuid de Bhabhta 4 den Chlár Éire Shláintiúil. Tacaíonn an ciste le grúpaí pobail agus deonacha maidir le tionscadail sláinte agus folláine a chur chun feidhme. Spreagann an ciste rannpháirtíocht áitiúil sa tsláinte a fheabhsú, i neamhionannais a laghdú, agus i dtimpeallacht níos sláintiúla a chothú do chách.




Thacaigh an ciste leis na gníomhartha spriocdhírithe arb éard iad Meáchan Sláintiúil agus Meabhairshláinte Dhearfach a Chur Chun Cinn, agus faigheann sé tacaíocht ón gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, ón gClár Éire Shláintiúil, ón Roinn Sláinte, ó Pobal agus ó Éire Ildánach.

Fuair foireann An Clár Sláintiúil €25,000 ón Roinn Sláinte chun leanúint le **tionscnamh 'Táirgí Míostraithe in Aisce'** an Údaráis Áitiúil ar an gClár. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal an stiogma a bhaint den mhíostrú, bochtaineacht míostraithe a chomhrac, agus cúrsaí inscne a bhaint den mhíostrú. Sa bhliain 2024, dáileadh 1,500 bosca de tháirgí míostraithe ar fud an chontae. Chruthaigh Comhairle na nÓg de chuid an Chláir físeán ina léirítear tionchar an chláir ar dhaoine óga. Seolfar an físeán sa bhliain 2025 le tacaíocht ón Roinn Sláinte. Leis an tionscnamh sin, cinntítear rochtain níos fearr ar tháirgí míostraithe, agus uilechuimsitheacht agus feasacht á gcur chun cinn ag an am céanna.

Cruthaíodh **Féilire An Clár Sláintiúil 2024**, an tríú féilire dá leithéid riamh, i gcomhpháirt le baill de Ghrúpa Oibre An Clár Sláintiúil. Dáileadh 2,000 féilire ar phobail ar fud an Chláir trí Leabharlanna an Chláir, trí na hoifigí áitiúla Ceantair Bhardasaigh, agus tríd an deasc fáiltithe san Áras.

An ócáid **'Maireachtáil go Maith ar fud an Mheanapáis'** ar óstáil An Clár Sláintiúil agus Rannóg Acmhainní Daonna Chomhairle Contae an Chláir í, cuireadh ar siúl í in Glór an 17 Deireadh Fómhair, le tacaíocht ó Éire Ildánach.

D'oscail Noeleen Fitzgerald, Stiúrthóir Seirbhísí, agus an Comh. Clare Colleran Molloy an ócáid, a raibh an Dr Máire Finn ó Centric Health Ennis Medical mar phríomhchainteoir aici. Chun cur le comhrá foirne na bliana 2023, leathnaíodh ócáid na bliana 2024 amach chuig an bpobal, agus breis agus 250 duine i láthair aici. Fuarthas aiseolas dearfach i leith na hócáide, inar tarraingíodh aird ar an ról a d'imir sí i bhfeasacht a mhúscailt agus i dtacú le daoine aonair ar fud an mheanapáis.



CLARE
AGE FRIENDLY
COUNTY PROGRAMME

## Clár an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Bhí bliain rathúil ag Clár an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, agus í lán d'imeachtaí agus de thionscnaimh lenar cuireadh uilechuimsitheacht, sláinte agus rannpháirtíocht an phobail chun cinn i measc daoine breacaosta i gContae an Chláir.

Buaicphointe tábhachtach ba ea Gradam Oibrí Deonach na Bliana do Dhaoine Breacaosta an Chláir 2024, a cuireadh ar siúl an 10 Aibreán in Óstán Woodstock, Inis. Rinne breis agus 170 freastalaí na hoibrithe deonacha áitiúla a cheiliúradh. Fuair Bríd Dilleen an gradam as a rannchuidiú fairsing leis an bpobal, lena n-áirítear obair le Bailte Slachtmhara Inse, le Club CLG Banner, le Probus, le hIonad Oibrithe Deonacha an Chláir, le Madraí Treorach do na Daill, agus le Cumann Ailse na hÉireann.

Le linn Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh, cuireadh an tAonad Aoise Sláinte agus Folláine 2024 ar siúl in Treacy's West County Hotel, agus breis agus 600 duine i láthair aige. Le linn an imeachta, taispeánadh seirbhísí riachtanacha do dhaoine breacaosta, agus bhí cainteoirí, tacaíocht theicniúil, agus seisiúin idirghníomhacha a bhí bunaithe ar théamaí Aoisbhá na hEagraíochta Domhanda Sláinte mar ghnéithe de. Garsprioc mhór ag an Aonad ba ea seoladh Straitéis an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta 2024-2030 dar teideal 'A Collective Ambition'. Chuir an Comh. Alan O'Callaghan, an Cathaoirleach, an Straitéis i láthair. Leagtar amach sa straitéis plean comhoibríoch chun feabhas a chur ar cháilíocht beatha na gcónaitheoirí breacaosta. Chomh maith leis sin, d'óstáil Clár an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta seisiún oiliúna i bhFeasacht ar Néaltrú dar teideal an "Virtual Dementia Tour" an 18 Deireadh Fómhair. Ba é Trained2Care a sholáthair an t-imeacht, agus chabhraigh sé le baill foirne Chomhairle Contae an Chláir, le Comhairle Daoine Breacaosta an Chláir, agus le Comhghuaillíocht an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta tuiscint a ghnóthú ar dhúshláin an néaltraithe agus teacht ar bhealaí praiticiúla a bhféadfaí saol na ndaoine atá thíos leis an néaltrú a fheabhsú.

Ina theannta sin, cuireadh ceardlann idirghlúine um Ghníomhú ar son na hAeráide ar siúl in Ionad Eolais Choitinn Chill Fhionnúrach. Ghlac Comhairle an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, Compánaigh Chultúrtha an Chláir, agus an clár UBU de chuid Sheirbhís Óige an Chláir páirt sa cheardlann. Le tacaíocht ó Chiste Ealaíon Cruthaitheach an Chláir, chothaigh an t-imeacht plé trasghlúine ar fhreagracht chomhshaoil.

Le tionscnaimh na bliana seo, leagtar béim ar thiomantas Chlár an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta do phobal níos uilechuimsithí, níos tacúla agus níos cairdiúla do dhaoine breacaosta a dhéanamh de phobal Chontae an Chláir.

## An Comhchoiste Póilíneachta

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta an Chláir sa bhliain 2009 faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, chun ardán a sholáthar le haghaidh comhairliúchán, plé agus moltaí ar nithe póilíneachta laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Contae an Chláir. Rinne an Comhchoiste Póilíneachta faireachán ar threochtaí coireachta, ar iompraíocht

fhrithshóisialta agus ar na tosca atá taobh thiar díobh sin freisin.

Sa bhliain 2024, tionóladh dhá chruinniú de chuid an Chomhchoiste Póilíneachta, ar tugadh láithreoireachtaí orthu seo a leanas lena linn:

- Tionscnaimh um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Tithe a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, agus gléasanna slándála do dhaoine breacaosta
- Mí-úsáid baile
- An Clár um Imeaglú a Bhaineann le Drugaí a Thuairisciú

Cuireadh cruinniú deiridh an Chomhchoiste Póilíneachta ar siúl ar an 27 Bealtaine 2024, toisc go bhfuil Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla ag teacht in ionad na gcomhchoistí sin. Samhlaítear go dtógfaidh na struchtúir nua ar obair na gComhchoistí Póilíneachta, agus é mar aidhm acu guth níos láidre a thabhairt do mhuintir na háite chun saincheisteanna sábháilteachta pobail a shainaithint agus chun dul i ngleic leo sin.



### An Fhoireann Oifigeach Forbartha Tuaithe agus Pobail

D'eagraigh an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe i gComhairle Contae an Chláir sraith clinicí siúil isteach ar fud na gceithre Cheantar Bhardasacha chun tacú le grúpaí agus eagraíochtaí pobail i bhforbairt tionscadal agus i ndeiseanna cistiúcháin. Sna seisiúin sin, díríodh freisin ar réimsí tábhachtacha amhail an Gníomhú Pobail ar son na hAeráide, an Bhithéagsúlacht agus an Oidhreacht. D'éascaigh na hOifigigh Forbartha Tuaithe agus Pobail na seisiúin i gcomhoibriú leis an Oifigeach Feasachta Comhshaoil, leis an Oifigeach Bithéagsúlachta agus leis an Oifigeach um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide.

Leanann rannpháirtíocht leanúnach na foirne Oifigeach Forbartha Tuaithe agus Pobail le grúpaí pobail a neartú trína n-acmhainn a thógáil, trí scileanna riachtanacha a thabhairt dóibh, agus trína chinntiú go bhfuil na struchtúir riachtanacha i bhfeidhm acu chun cistiú a fháil agus chun tionscadail phobail thábhachtacha a chur chun feidhme go rathúil.

## Seirbhísí Corparáideacha

Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha seirbhís tacaíochta do na Comhaltaí Tofa agus do lucht bainistíochta na Comhairle agus riarann sí roinnt feidhmeanna go díreach ar an bpobal.

### Cruinnithe Chomhairle Contae an Chláir

Déanann Comhairle Contae an Chláir an-chuid dá gnó ag cruinnithe de chuid na Comhairle iomláine. Rialáiltear cruinnithe den sórt sin le dlí.

Sa bhliain 2024, thionóil Comhairle Contae an Chláir na cineálacha cruinnithe seo a leanas:

- Cruinniú Ginearálta Bliantúil - 1
- Gnáthchruinnithe - 10
- Cruinnithe Míosúla ar Athló - 4
- Cruinnithe Buiséid - 1
- Cruinnithe Speisialta - 2

Bíonn Cathaoirleach na Comhairle i gceannas ar chruinnithe na Comhairle iomláine. I gcás go bhfuil an Cathaoirleach as láthair, is é an Leas-Chathaoirleach a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú. Tá ceart reachtúil ag an bpobal agus ag na meáin chun freastal ar chruinnithe na Comhairle. Tionóltar cruinnithe na Comhairle ar an dara Luan de gach mí, cé is moite de mhí Lúnasa. Déantar na cruinnithe reachtúla a óstáil i Seomra na Comhairle in Áras Contae an Chláir agus trí MS Teams.
Tionóltar an Cruinniú Ginearálta Bliantúil i mí an Mheithimh gach bliain. Toghadh an Comhairleoir Alan O'Callaghan, a dhéanann ionadaíocht do Cheantar Bardasach Chill Dalua, mar Chathaoirleach i mí an Mheithimh 2024 don bhliain ina dhiaidh sin. Toghadh an Comhairleoir Mary Howard, a dhéanann ionadaíocht do Cheantar Bardasach Inse, ina Leas-Chathaoirleach ag an gcruinniú céanna sin.

## An Plean Corparáideach 2024-2029

Glacadh an Plean Corparáideach 2024-2029 an 9 Nollaig 2024. Beidh Comhairle Contae an Chláir ina rialtas áitiúil a bheidh gairmiúil, sofhreagrach agus sofhreagrúil, a threoróidh forbairt eacnamaíoch, fhisiciúil agus tuaithe ár gcontae agus a mbeidh pobail inbhuanaithe mar chroílár aige.

## Cuspóirí Straitéiseacha 2024-2029

- ***Tithíocht do chách:*** An soláthar tithíochta, idir thithíocht phoiblí agus thithíocht phríobháideach, sa chontae a éascú chun roghanna tithíochta inbhuanaithe, ardchaighdeáin agus inacmhainne a sholáthar.
- ***Fás Eacnamaíoch:*** Timpeallacht eacnamaíoch atá réamhghníomhach, inbhuanaithe agus neodrach ó thaobh carbóin de a éascú ina gcuireann gnólachtaí fúthu agus ina ndéanann siad fostaíocht inbhuanaithe a fhás agus a chruthú chun tacú lenár bpobail agus, ar an gcaoi sin, ár n-acmhainn eacnamaíoch a bhreisiú.
- ***Bonneagar Fisiciúil:*** Príomhbhonneagar a sholáthar, a chothabháil agus a chosaint chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta, fhisiciúil, tuaithe agus turasóireachta Chontae an Chláir a éascú ar bhealach a gcuireann inbhuanaitheacht, sábháilteacht, inrochtaineacht, nascacht agus meas ar an gcomhshaol chun cinn.
- ***Turasóireacht Inbhuanaithe:*** Ceann scríbe atá inbhuanaithe agus beoga agus a bhfuil cáil dhomhanda air, atá furasta le sroicheadh agus le trasnú, agus atá aitheanta as a shócmhainní cultúrtha saibhre, as a thírdhreacha iontacha agus spáis oscailte, as a raon mealltach eispéireas iontach, agus as an bhfáilte agus an fáilteachas den scoth a fhaightear ann a dhéanamh den Chlár.
- ***Cáilíocht na Beatha:*** Feabhas a chur ar fholláine shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch mhuintir an Chláir, agus rochtain á héascú do chách ar thithíocht, ar fhostaíocht, ar oideachas, ar chúram sláinte, ar iompar, ar áineas, ar thaitneamhachtaí agus ar ghníomhaíochtaí cultúrtha.

## An Coiste Iniúchóireachta

Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchóireachta i gcomhairle a chur ar an gComhairle maidir le tuairisciú airgeadais, próisis, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus nithe iniúchóireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais na Comhairle. Tacaíonn sé le hobair na Rannóige Iniúchóireachta Inmheánaí agus cuireann sé comhairle ar an bPríomhfheidhmeannach maidir le hoibriú agus forbairt na Rannóige.

Is coiste neamhfheidhmiúcháin é an coiste agus tá sé neamhspleách agus é ag cinneadh a chláir oibre agus ag ceapadh aon mholtaí, agus na feidhmeanna dá dtagraítear thuas á gcur san áireamh.

Mar thoradh ar thoghcháin áitiúla na bliana 2024, bunaíodh coiste nua. Beidh an coiste nua i mbun oibre ar feadh thréimhse feidhme iomlán na Comhairle ón mbliain 2024 go dtí an bhliain 2029. Tá cúigear comhaltaí ar an gcoiste, mar atá triúr comhaltaí seachtracha agus beirt Chomhaltaí Thofa mar a leanas:

- An tUas. Jimmy Browne (Cathaoirleach)
- Bríd Darcy Uas.
- An tUas. John Kilroy
- An Comh. Pat Hayes
- An Comh. Pat Burke

Tháinig an coiste le chéile cúig huaire san iomlán sa bhliain 2024. Cuireann an coiste tuarascáil bhliantúil faoi bhráid na Comhairle gach bliain.

## Fáiltithe Cathartha/Méara 2024

### Fáiltiú Cathartha – Newmarket Celtic FC

D'óstáil an Comh. Joe Cooney, an Cathaoirleach, Fáiltiú Cathartha chun onóir a bhronnadh ar Newmarket Celtic, buaiteoirí Chorn Sóisearach FAI, 2023.




*Sa phictiúr leis an gComhairleoir Joe Cooney, Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir, tá: (Ó chlé go deas): Paddy Purcell, bainisteoir Newmarket Celtic FC, agus Eoin Hayes, captaen Newmarket Celtic FC*

### Gradaim an Mhéara

D'óstáil an Comh. Joe Cooney, an Cathaoirleach, Gradaim an Mhéara an 19 Aibreán 2024, ar lena linn a bhronn sé gradaim ar na faighteoirí fiúntacha seo a leanas:

- ***Cumann Liathróid Láimhe Ógánach an Chláir*** – as an obair dhícheallach a rinne sé as ár gcontae a thabhairt chuig barr na gnóthachtála spóirt sa réimse seo.
- ***Rachel Akers*** – lúthchleasaí den scoth atá ag rannchuidiú le rath na hÉireann i raon agus faiche.
- ***Caimin Jones*** – atá ag imirt ról ríthábhachtach i bhforbairt na liathróide láimhe i gContae an Chláir le lear blianta anuas.
- ***Cumann 22ú Cathlán an Chláir*** – a bunaíodh sa bhliain 2013 chun cuimhneamh orthu siúd a rinne seirbhís san aonad idir an bhliain 1959 agus an bhliain 2005.
- ***St. John's National School, an Chreatalach*** – a chruthaigh léitheoir cuisle códaithe darb ainm "Racing Hearts", a bhuaigh an gradam don Leabhar Tionscadail is Fearr ar son na scoile ag Babhta Ceannais an Chomórtais Mini Scientist, 2024.



*Sa phictiúr tá faighteoirí Ghradaim an Mhéara i dteannta an Chomhairleora Joe Cooney, Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir.*

## Comóradh 125 Bliana Chomhairle Contae an Chláir

Cheiliúir Comhairle Contae an Chláir 125 bliana ón gcéad chruinniú de chuid Chomhairle Contae an Chláir Dé Luain an 8 Aibreán. D'fhreastail iarchomhaltaí tofa agus comhaltaí tofa reatha Chomhairle Contae an Chláir ar an ócáid comórtha. Le linn na hócáide comórtha, léadh amach miontuairiscí an chéad chruinnithe, a tionóladh i dTeach Cúirte Inse an 23 Aibreán 1899.



## Bronnadh Teastas Aitheantais ar bhaill an Chláir den Seathras Soirbhíoch





Fáiltiú Méara – Chuir an Comh. Mary Howard, Leas-Chathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir, Fáiltiú Méara ar siúl dá Shoilse an tArdeaspag Séamus Horgan in Áras Contae an Chláir Déardaoin an 1 Lúnasa 2024 chun aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag an Ardeaspag Horgan ina aireacht eaglaise agus sna pobail ina raibh sé ar seirbhís, idir Bodyke, na hOileáin Fhilipíneacha agus gach áit idir eatarthu.




Bál Carthanachta an Mhéara, 2024 – Rinne an Comh. Alan O'Callaghan, an Cathaoirleach, Bál Carthanachta an Mhéara, 2024, a óstáil chun bliain bhuaiteach d'Fhoireann Iománaíochta Shinsearach an Chláir a cheiliúradh agus chun cistí a chruinniú le haghaidh carthanas fiúntach, eadhon, Down Syndrome Clare.








## Clár na dToghthóirí

Tá Comhairle Contae an Chláir freagrach as Clár na dToghthóirí do Chontae an Chláir a chur le chéile. Is ionann Teorainn Dháilcheantar an Chláir agus teorainn chontae an Chláir, de réir an Achta Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair), 2017.

Is féidir leis na toghthóirí rochtain a fháil anois ar www.checktheregister.ie chun clárú chun vótáil agus chun a mionsonraí a nuashonrú, lena n-áirítear a n-uimhir PSP agus a nÉirchód. Tá gach duine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine agus a chónaíonn go buan ag seoladh áirithe laistigh den stát incháilithe lena c(h)ur ar áireamh ar Chlár na dToghthóirí. Féadfaidh daoine iarratas a dhéanamh ar a n-ainm a chur leis an gclár atá ar feitheamh ón uair atá siad 16 bliana d'aois i leith. Gníomhachtófar an t-iarratas uathu a luaithe a bheidh siad 18 mbliana d'aois.

Cuireadh trí thoghchán ar siúl sa bhliain 2024 – cuireadh Reifreann ar siúl i mí an Mhárta, cuireadh Toghcháin Áitiúla ar siúl i mí an Mheithimh agus cuireadh Olltoghchán ar siúl i mí na Samhna. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar an líon toghthóirí a bhí ag clárú chun vótáil.

Ba é an líon iomlán toghthóirí Rialtais Áitiúil a bhí ar Chlár na dToghthóirí ar an gClár an 31 Nollaig 2024 ná 100,881 duine.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

### Tuarascáil Bhliantúil ar Staitisticí – Tuairiscí Inmheánacha a rinneadh faoi alt 6 den Acht

Fuarthas Nochtadh Cosanta amháin trí chainéil inmheánacha tuairiscithe sa bhliain féilire 2024 agus dúnadh é gan aon ghníomhaíocht bhreise a bheith déanta.

### Tuarascáil Bhliantúil ar Staitisticí – Tuairiscí Seachtracha a rinneadh nó a tarchuireadh faoi ailt 7, 7A, 10C agus 10D den Acht

Ní bhfuarthas aon tuairiscí tríd an gcainéal seachtrach tuairiscithe a bunaíodh faoi alt 7(2B) den Acht.

## Nuálaíocht Gnó 2024

D'oibrigh foireann Nuálaíocht Gnó Chomhairle Contae an Chláir, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó gach Stiúrthóireacht, ar na gníomhartha sa Straitéis um Nuálaíocht Gnó a dhéanamh. Ag ár gcruinnithe Nuálaíochta, cuireann ionadaithe Nuálaíochta tograí nuálacha óna Stiúrthóireacht féin i láthair lena mbreithniú. Is féidir le fostaithe tograí a chur isteach go díreach chuig foireann an Chinn Nuálaíochta freisin.

Sa bhliain 2024, d'éirigh le Comhairle Contae an Chláir dámhachtain deontais €75,000 a fháil ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí. Úsáideadh an deontas sin chun córas digiteach gardaí tarrthála a fhorbairt chun próiseas tuairiscithe dhualgais laethúla na ngardaí tarrthála a uathoibriú. Forbraíodh an córas digiteach i gcomhoibriú leis an bhfoireann Comhshaoil agus TFC. Tá ag éirí go geal leis maidir le tuairiscí laethúla gardaí tarrthála a bhainistiú. Bhí ríméad orainn gur bhuaigh Bhavesh Patadiya an gradam don Réalta TF atá ag Teacht Chun Cinn i nGradaim Claochlaithe Dhigitigh na hEarnála Poiblí as a chuid oibre ar an tionscadal seo.

Tá siad seo a leanas i measc na dtionscadal eile a forbraíodh tríd an bhfoireann Nuálaíochta sa bhliain 2024:

- Bunachar Sonraí Crann Córas Faisnéise Geografaí (GIS) – Feidhmchlár suirbhéireachta crann agus painéal rialaithe a fhorbairt don Rannán um Fhorbairt Fhisiciúil.
- Suirbhé ar Chigireachtaí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe – Feidhmchlár agus Painéal Rialaithe lena soláthraítear réiteach cuimsitheach atá bunaithe ar GIS le haghaidh cigireachtaí ar Thithe Príobháideacha ar Cíos atá faoi shainchúram na Comhairle a bhainistiú agus a rianú.

## Comhordaitheoir Cúram Custaiméirí

Tá an Chomhairle tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dá custaiméirí uile agus tá beartas gearán/tuairimí i bhfeidhm aici. Déanann Comhordaitheoir Cúram Custaiméirí na Comhairle imscrúdú ar na gearáin/tuairimí uile a fhaightear. Féadfaidh duine nach bhfuil sásta leis an bhfreagra ón gComhordaitheoir Cúram Custaiméirí a iarraidh go ndéanfadh an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha, athbhreithniú ar a c(h)ás. Sa bhliain 2024, thug an Comhordaitheoir Cúram Custaiméirí freagra ar 27 ngearán a fuarthas, ar déileáladh le sé cinn díobh faoi achomharc chuig an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach.

Lean ár bhFoireann um Sheirbhís do Chustaiméirí de sheirbhís den chéad scoth a sholáthar do chustaiméirí, ag obair di le daoine den phobal a tháinig i láthair ag Áras Contae an Chláir, agus cabhair á tabhairt dóibh lena gcuid ceisteanna agus iad á dtreorú chuig na seirbhísí cuí.

## Cumarsáid agus Caidreamh Poiblí

Déanann an Oifig Cumarsáide gníomhaíochtaí agus seirbhísí na Comhairle a chur in iúl agus a chur chun cinn, tacaíonn sí le cumarsáid inmheánach ar fud an údaráis áitiúil, agus soláthraíonn sí tacaí breise d'imeachtaí agus d'fheachtais.

Sa bhliain 2024, d'eisigh an Oifig Cumarsáide níos mó ná 210 bpreaseisiúint, rud a d'fhág go raibh clúdach forleathan áitiúil agus náisiúnta ann, agus thug sí freagra ar cheisteanna preasa ó na meáin áitiúla agus náisiúnta.

Nuashonraíonn an Oifig Cumarsáide cainéil meán sóisialta chun an t-idirchaidreamh leis an bpobal a bhreisiú agus chun feasacht ar obair na Comhairle a chothú. I dteannta a chéile, tá thart ar 37,190 leantóir ag cuntais chorparáideacha meán sóisialta na Comhairle anois.

Le linn na n-imeachtaí aimsire crua sa bhliain 2024, sholáthair an Oifig Cumarsáide an t-eolas is deireanaí agus comhairle don phobal ar bhonn tráthrialta trí na meáin áitiúla agus náisiúnta, trí bhealaí meán sóisialta, agus tríd an rannán nuachta ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae an Chláir.

Rinne an Oifig Cumarsáide formhaoirseacht freisin ar an sruthú beo ar an gComhaireamh Toghcháin Áitiúil i mí an Mheithimh, rud arbh imeacht uathúil i measc na n-údarás áitiúil é. Bhí níos mó ná 23,000 amharc ar an gclár beo ar líne thar an dá lá. I mí Iúil 2024, d'imir an Oifig Cumarsáide ról tábhachtach sa chomóradh teacht abhaile a eagrú i bhFaiche an Aonaigh (Páirc Tim Smythe) d'Fhoireann Iománaíochta Shinsearach an Chláir a bhuaigh an Craobhchomórtas Uile-Éireann. D'fhreastail breis agus 35,000 duine ar an Ócáid Comórtha Teacht Abhaile.

D'fhreastail breis agus 5,000 duine ar an Scáileán Mór ag Faiche an Aonaigh (craoladh beo ar an gcluiche) a óstáladh an lá roimhe sin, rud ar imir an Oifig Cumarsáide ról tábhachtach ann.

Bhí Camchuairt Samhraidh Clare FM 2024 i gcomhar le Comhairle Contae an Chláir ina cuid lárnach den Straitéis Cumarsáide Samhraidh, agus an Chomhairle ag obair i gcomhoibriú leis an stáisiún raidió chun craoltaí seachtracha a thabhairt chuig gach Ceantar Bardasach. Chabhraigh na craoltaí seachtracha sin le hobair an údaráis áitiúil i ngach limistéar a thaispeáint.

Thacaigh Comhairle Contae an Chláir le roinnt cúiseanna fiúntacha sa bhliain 2024, ar lena linn a chabhraigh an Oifig Chumarsáide le feasacht a mhéadú ar thionscnaimh áitiúla agus náisiúnta.

Táirgeadh Tuarascálacha Bainistíochta Míosúla inar tuairiscíodh an dul chun cinn a rinne stiúrthóireachtaí Chomhairle Contae an Chláir le linn na míosa roimhe sin. I mí Mheán Fómhair, cuireadh tús le hathdhearadh na nuachtlitreach foirne dar teideal 'The Banner Bulletin', agus foilsíodh an chéad eagrán den iris/ríomhiris nuadheartha díreach in am don Nollaig. Comhaontaíodh go leanfaí le hé a fhoilsiú gach dhá mhí.

Lean an Oifig Cumarsáide le míreanna nuachta a sholáthar le haghaidh phríomhshuíomh Gréasáin na Comhairle.

Lean foireann na Seirbhíse um Dhearadh Grafach agus Priontáil le feabhas a chur ar cháilíocht na gcumarsáidí inmheánacha agus seachtracha ó Chomhairle Contae an Chláir trí ábhar deartha agus priontála ar ardchaighdeán a tháirgeadh agus trí chomhairle a thabhairt maidir leis na dea-chleachtais deartha.

## Dul Chun Cinn ar Chur Chun Feidhme Acht na dTeangacha Oifigiúla sa bhliain 2024

### Réamhrá

Tá sé mar aidhm le hAchtanna na dTeangacha Oifigiúla a chinntiú go mbíonn seirbhísí poiblí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon, agus úsáid na Gaeilge á cur chun cinn. Tá Comhairle Contae an Chláir tiomanta do na rialacháin sin a chomhlíonadh agus d'fheabhas a chur ar sholáthar seirbhísí dátheangacha de réir ár Scéime Teanga.

Tá tábhacht ar leith don Chlár ag baint leis an nGaeilge a chur chun cinn, ós rud go bhfuil an dara cion is airde de chainteoirí Gaeilge sa tír (tar éis

Chontae na Gaillimhe) ag an gcontae, agus é cothrom le 47% de réir an daonáirimh dheireanaigh, agus go bhfuil Inis, ár mbaile contae, ainmnithe mar Líonra Gaeilge faoi Acht na Gaeltachta, 2012.

### Príomh-Éachtaí sa bhliain 2024

- **Comharthaí:** Dréachtaíodh Beartas Comharthaí Gaeilge do Chomhairle Contae an Chláir chun treoirlínte soiléire a sholáthar agus chun an dea-chleachtas a bhunú maidir le comharthaí comhlíontacha a tháirgeadh ar fud gach limistéir den Chomhairle.
- **Oiliúint Foirne:** Cuireadh tús le ranganna inmheánacha Gaeilge i mí Mheán Fómhair 2024 ag leibhéal an ard-tosaitheora, agus 27 mball foirne ag glacadh páirt sa chúrsa 10 seachtaine. Chríochnaigh seisear ball foirne eile ceardlann scileanna seirbhíse do chustaiméirí, agus d'fhreastail 15 bhall foirne eile ar cheardlanna ginearálta Gaeilge aon lae.
- **Fógraíocht:** Tháinig méadú suntasach ar an bhfógraíocht Ghaeilge sa bhliain 2024 de réir mar a d'oibrigh an Chomhairle chun na ceanglais go ndéanfaí 20% dá fógraíocht sa Ghaeilge agus go gcaithfí 5% dá buiséad fógraíochta leis na meáin Ghaeilge a chomhlíonadh. Ba bheag nár éirigh leis an gComhairle an sprioc 20% a bhaint amach, agus 19.1% dá fógraíocht déanta i nGaeilge, agus rinneadh an-dul chun cinn i dtreo an sprioc 5% a bhaint amach, agus 2.1% dá buiséad fógraíochta caite leis na meáin Ghaeilge. Bhí an dá fhigiúr i bhfad níos mó ná na leibhéil íosta a bhí ann sa bhliain 2023 agus i mblianta roimhe sin.
- **Foilseacháin:** Rinneadh dul chun cinn ar shocruithe a leabú isteach chun aistriúcháin a chríochnú in am chun príomhdhoiciméid a fhoilsiú sa dá theanga ag an aon am amháin, de réir na gceanglas faoin Acht. Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2023 sa dá theanga agus foilsíodh Plean Corparáideach 2024-2029 go comhuaineach sa dá theanga.
- **Seirbhís do Chustaiméirí:** Cuireadh feabhas ar an tseirbhís do chustaiméirí trí bhreisoiliúint a chur ar bhaill foirne ag an deasc um sheirbhís do chustaiméirí agus in oifigí limistéir. Is dátheangach anois atá formhór na gcomharthaí agus na bhfógraí atá ag na deasca poiblí uile san Áras.

### Conclúid

Tá Comhairle Contae an Chláir tiomanta fós do chur chun feidhme iomlán Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, á chinntiú go ndéanfar an Ghaeilge a chaomhnú, a chur chun cinn agus a normalú laistigh den phobal. Leanfaimid le hobair ar ár seirbhísí dátheangacha a fheabhsú agus ar thacú le húsáid na Gaeilge i ngach gné den saol poiblí.

## Oifig an Ombudsman

Bunaíodh an oifig seo faoin Acht Ombudsman, 1980. Is é an ról atá aici imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi ghníomhartha riaracháin, faoi mhoilleanna nó faoi neamhghníomhartha a dhéanann difear diúltach do dhaoine nó do chomhlachtaí agus iad ag déileáil le comhlachtaí stáit, lena n-áirítear Údaráis Áitiúla. Dhéileáil Oifig an Ombudsman le 27 ngearán ó chustaiméirí sa bhliain 2024 a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Contae an Chláir le haghaidh freagra agus tuairisc a thabhairt.

## An tOmbudsman do Leanaí

Sa bhliain 2024, rinneadh gearán amháin leis an Ombudsman do Leanaí.

## Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

### Saoráil Faisnéise

Is é seo beartas Chomhairle Contae an Chláir rochtain a thabhairt do dhaoine den phobal ar fhaisnéis atá i seilbh an údaráis seo, a mhéid is mó is féidir, de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta atá ag an duine aonair. Sa bhliain 2024, rinneadh 120 iarraidh Saorála Faisnéise a fháil agus a láimhseáil faoin Acht. Bhí 5 bhreith Saorála Faisnéise ar na hiarrataí sin ina n-ábhar d'athbhreithnithe inmheánacha. Fuarthas 15 iarraidh eile a bhí neamhbhailí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, ach láimhseáladh iad sin lasmuigh den Acht, le comhar ón iarrthóir.

Bhí toradh na n-iarrataí a fuarthas sa bhliain 2024 agus a láimhseáladh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise mar a leanas: géilleadh do rochtain - 26; géilleadh go páirteach do rochtain - 57; diúltaíodh géilleadh do rochtain - 31; aistríodh an iarraidh - 1; tarraingíodh an iarraidh siar - 5. Bhí na catagóirí iarrthóra sa bhliain 2024 mar a leanas: iriseoirí - 15; grúpaí leasa gnó - 14; ionadaithe poiblí - 1; baill foirne - 3; cliaint - 22; agus daoine eile - 65.

### Cosaint Sonraí

Déanann Comhairle Contae an Chláir faisnéis phearsanta a phróiseáil de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018. Tá oibleagáidí fairsinge ar rialaitheoirí sonraí amhail an Chomhairle, agus tá cosaintí neartaithe agus cearta neartaithe d'ábhair sonraí ann. Le linn na bliana 2024, thug oifigeach cosanta sonraí na Comhairle comhairle, treoir agus tacaíocht do dhaoine ar fud na heagraíochta i ndáil le RGCS agus i ndáil leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí (rud a trasuíodh i ndlí na hÉireann trí bhíthin Chuid 5 d'Acht 2018). Sholáthair an t-oifigeach cosanta sonraí oiliúint chun tuiscint a mhéadú agus chun cabhrú le rannáin na Comhairle a n-oibleagáidí ar leith a chomhlíonadh.

Láimhseáiltear iarrataí ar shonraí tríd an oifigeach cosanta sonraí freisin. Sa bhliain 2024, rinneadh 42 iarraidh ar rochtain ar shonraí faoin Acht um Chosaint Sonraí/faoi RGCS ar shonraí pearsanta a bhí i seilbh na Comhairle. Díobh sin, bhí 29 gcinn ina n-iarrataí ar rochtain tríú páirtí agus bhí 13 cinn ina n-iarrataí ar rochtain d'ábhair sonraí.

## Bainistíocht Taifead

Sa bhliain 2024, lean an tAonad Bainistíochta Taifead le líon suntasach taifead a chur i gcartlann, ar taifid iad a cheanglaítear a choinneáil faoin mBeartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil. Ina theannta sin, diúscraíodh taifid de réir an Bheartais Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil. Úsáidtear an córas bunachar sonraí Bainistíochta Taifead ADLIB chun na comhaid uile a chuirtear i gcartlann agus a dhiúscraítear a thaifeadadh.

Stóráiltear taifid chartlainne i saoráid Bainistíochta Taifead Bhóthar Chuinche agus in iosta Pháirc na Feá araon.

Bhailigh an tAonad Bainistíochta Taifead na hOrduithe Príomhfheidhmeannaigh uile, leabhair miontuairiscí uile na Comhairle Contae agus na cláir toghthóirí uile, a gcuirfear ceangal orthu agus a chuirfear i gcartlann ina dhiaidh sin, rud a chinntíonn go gcaomhnófar taifid ríthábhachtacha go buan agus go slán.

## Astaíochtaí Carbóin

Tuarascáil don bhliain féilire 2024 faoin Sainordú Earnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 ar Chomhlíonadh Chiorclán 1/2020:

| | |
|---|---|
| An líon iomlán ciliméadar a taistealaíodh trí eitiltí: | 172,475 |
| Na Tonnaí CO2 is infheidhme: | 12.7824 |
| An méid a aisíocadh leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, don bhliain 2024: | €715.81 |

## Mótarchánachas

Tá freagracht ar an Rannán Mótarchánach as déileáil le hiarratais mhótarchánach i ndáil le feithiclí atá cláraithe e seoltaí i gContae an Chláir. Seoltar gach fáltas mótarchánach ar aghaidh go laethúil chuig an státchiste lárnach. Fuair Oifig Mótarchánach an Chláir €4.95m don tréimhse ó mhí Eanáir go dtí mí na Nollag 2024. Is í an Roinn Iompair a bhainistíonn an córas mótarchánach ar líne agus, sa bhliain 2024, rinneadh 82.81% d'idirbhearta an Chláir ar líne.


Leabharlann de Valera

# Seirbhísí cultúrtha (Leabharlann, Ealaíona, Músaem agus Cartlanna)

## An tSeirbhís Leabharlainne

Ceann de bhuaicphointí na bliana 2024 ba ea oscailt leabharlann phoiblí nua de Valera agus gailearaí ealaíne Súil. D'oscail Simon Harris, an Taoiseach, go hoifigiúil iad an 15 Samhain. Suas go deireadh mhí na Nollag, tháinig méadú faoi níos mó ná faoi dhó ar an líon ball nua, agus bhí méadú ann sa líon cuairteoirí i ngach catagóir aoise. Tugadh 19,107 gcuairt ar an leabharlann i mí na Samhna, i gcomparáid le 5,692 chuairt ar an seanbhrainse an mhí roimhe sin, agus eisíodh 12,823 mhír don phobal i gcomparáid le 7,108 gcinn sa dá mhí sin faoi seach. Tháinig méadú ar an líon ball cláraithe nua a chuaigh leis an leabharlann, ó 624 dhuine i mí Dheireadh Fómhair go 1,696 dhuine i mí na Samhna amháin. Rud suntasach ar leith is ea an úsáid a bhíonn á baint as an tsaoráid nua ag daoine a bhfuil deacrachtaí inrochtaineachta acu agus ag mic léinn i ngach aoisghrúpa, agus ardéileamh ann ar spásanna staidéir ina measc sin atá san oideachas tríú leibhéal. Bíonn an Satharn ar an lá is gnóthaí, agus teaghlaigh agus leanaí beaga i láthair. Chuaigh an líon breise cuairteoirí chun tairbhe do glór. Go háirithe, thuairiscigh an caifé méadú ar ghnó mar gheall ar an dá fhoirgneamh a bheith comhlonnaithe taobh le taobh.


An Taoiseach Simon Harris, agus é ag oscailt Leabharlann nua de Valera i mí na Samhna 2024

Éascaítear ceannach stoic leis an gciste bliantúil leabhar – cuireadh 24,406 mhír fhisiciúla agus 23,728 n-acmhainn leictreonacha leis an stoc, a chuimsigh na foilseacháin is déanaí agus cúlstocáil i réimsí a dteastaíonn aird speisialta uathu. Ba iad seo na teidil ba mhó tóir sa bhliain 2024.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Leabhair Ficsin d'Aosaigh | Resurrection Walk | Connelly, Michael, 1956- | 103 |
| | Our little cruelties | Nugent, Liz | 84 |
| | The secret hours | Herron, Mick | 79 |
| Leabhair Neamhfhicsin d'Aosaigh | Emotional resilience: how to safeguard your mental health | Barra, Harry | 55 |
| | Body on fire: how inflammation triggers chronic illness and the tools we have to fight it | Aggarwal, Monica | 39 |
| | Good inside: a practical guide to becoming the parent you want to be | Kennedy, Becky | 35 |
| Leabhair do Leanaí | Tom Crean - Ice Man: the adventures of an Irish Antarctic hero | Smith, Michael | 132 |
| | The Twits | Dahl, Roald | 131 |
| | Under The Hawthorn Tree | Conlon-McKenna, Marita | 122 |
| | | | 385 |

## Margaíocht, for-rochtain agus imeachtaí

### Leabharlanna an Chláir

D'fhoilsigh Leabharlanna an Chláir ocht bpreaseisiúint sa bhliain 2024, agus cuireadh iad ar áireamh sa Clare Champion, sa Clare Echo agus sa Clare Herald. Cumhdaíodh iontu topaicí amhail an lá "Éire ag Léamh" i mí Feabhra, Seachtain na Gaeilge i mí an Mhárta agus oscailt na leabharlainne nua i mí na Samhna. D'fhreastail Leabharlanna an Chláir ar cheithre imeacht for-rochtana, lenar áiríodh imeacht Folláine Tuismitheoirí i Sionainn, Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Inse, Sárthaispeántas Aoisbhá, agus Bród an Chláir. Tháinig méadú 770 duine ar an líon leantóirí atá ag Leabharlanna an Chláir ar Facebook sa bhliain 2024. Mhéadaigh an líon leantóirí ar Instagram ó 2,101 duine go 2,469 nduine. Ní raibh aon athrú ann ar an líon leantóirí ar X. D'infheistigh Leabharlanna an Chláir i margaíocht íoctha ar thrí ócáid, agus seirbhísí leabharlainne agus imeachtaí sonracha á gcur chun cinn. Thug Leabharlanna an Chláir dhá agallamh ar Clare FM sa bhliain 2024 freisin. Scaip Leabharlanna an Chláir ábhar margaíochta ar fud an líonra leabharlainne, ar oifigí de chuid na Comhairle agus ar eagraíochtaí seachtracha. D'fhoilsigh Leabharlanna an Chláir trí nuachtlitir agus dhá ríomhfheasachán, agus dáileadh iad sin i gcló agus trí MailerLite.

| An Líon Imeachtaí | An Líon Daoine a bhí i Láthair | Úr-scéalta Ranga - An Líon Sraitheanna a Eisíodh | An Líon Seachadtaí Baile |
|---|---|---|---|
| 2,681 | 35,513 | 201 | 81 |

## Deontais

Fuair seirbhís Leabharlanna an Chláir dhá dheontas. Soláthraíodh cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun troscán inrochtana a cheannach, agus soláthraíodh cúnamh deontais ón gclár Éire Shláintiúil chun imeachtaí a eagrú.

## Ceart chun Léamh



*Imeacht Réaltaí Samhraidh - ficheall i Leabharlann Chill Chaoi*

Gné ríthábhachtach d'obair na seirbhíse leabharlainne ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta araon is ea an litearthacht a chur chun cinn.

Tháinig líonra an Chláir um Cheart chun Léamh le chéile trí huaire le linn na bliana 2024. Áiríodh leis na tionscnaimh chomhoibríocha a reáchtáladh ranganna "Mo Leanbh agus Mise" agus Ranganna Fóin Chliste a éascú i mbrainsí, seirbhísí a chur chun cinn ar bhonn trasearnála, agus trealamh closamhairc a thabhairt ar iasacht do Sheirbhís Óige an Chláir dá cúrsa i staidéar ar na meáin. D'oibrigh Leabharlanna an Chláir i gcomhpháirt le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus le Leabharlanna Cathrach agus Contae Luimnigh chun tionscadal dar teideal "Curaidh Litearthachta Leabharlainne" a sheoladh, rud a cistíodh le Ciste Comhoibrithe agus Nuálaíochta Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil. Fuair 11 bhall foirne leabharlainne san iomlán ó gach údarás leabharlainne oiliúint i mBéarla simplí agus i bhfeasacht litearthachta, mar aon le tús eolais ar na seirbhísí litearthachta agus Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) a sholáthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Bhí an feachtas "Mo Leabharlann Bheag" ar siúl ó mhí an Mheithimh go mí na Nollag. Tugadh cuireadh do leanaí a bhí idir 4 bliana d'aois agus 6 bliana d'aois mála Leabharlann Bheag ina raibh leabhar agus tiachóg cártaí a bhailiú agus clárú mar bhall de leabharlann.

Reáchtáladh na ceithre phríomhchlár do leanaí ar fud na bliana – Léim isteach i Scéalta, Réaltaí Samhraidh, Féile Leabhar do Leanaí, agus Am Teaghlaigh ag do Leabharlann.

## Seirbhísí do Leanaí

Reáchtáladh Seachtain na nDéagóirí i mí an Mhárta, agus í á hóstáil ag leabharlanna Chill Chaoi agus Chill Rois. I measc na n-imeachtaí a seoladh bhí ceardlanna "Focail Throdacha", cainteanna údair, agus ceardlanna i líníocht agus scríbhneoireacht leabhar grinn.

Óstáladh an "Turas Bus Leathan Iomlán" i Leabharlann Inis Díomáin i mí Aibreáin. Tionscnamh de chuid Patricia Forde, Laureate na nÓg, ba ea an turas bus, a thug cuairt ar Éirinn i gcomhar le húdair agus maisitheoirí Éireannacha éagsúla chun cainteanna agus ceardlanna a sholáthar do leanaí i leabharlanna agus i scoileanna. Chomh maith leis sin, fuair Leabharlanna an Chláir deontas ó Fhoras na Gaeilge chun dhá cheann de cheardlanna scríbhneoireachta leabhar grinn sé seachtaine a reáchtáil as Gaeilge. Ba i leabharlanna Shionainne agus Inse a reáchtáladh na ceardlanna sin.

## Éire Shláintiúil ag do leabharlann

Reáchtáladh 33 cinn san iomlán d'imeachtaí Éire Shláintiúil ag do Leabharlann ar fud an líonra brainsí leabharlainne sa bhliain 2024, agus 571 duine san iomlán i láthair. Soláthraíodh ceithre rang ióga cathaoireach ar líne do 79 rannpháirtí, lenar áiríodh cónaitheoirí i dtithe altranais agus in ionaid cúram lae, mar aon le daoine aonair ar fud an chontae. Reáchtáladh dhá imeacht folláine do thuismitheoirí, cúramóirí agus caomhnóirí i leabharlanna Chill Rois agus Inis Díomáin i gcomhpháirt le Tusla, le Clarecare agus leis na hIonaid Acmhainní do Theaghlaigh, agus 115 dhuine i láthair. Thug Deirdre Doyle ón "Cool Food School" cuairt ar thrí leabharlann, ar lena linn a d'oibrigh sí le 63 leanbh agus a thaispeáin sí dóibh conas sónna simplí sláintiúla a dhéanamh, rud ar bhain gach duine taitneamh as.

## Éire Ildánach



*Ceardaíocht, Éin an Aonchlúimh*

Bliain tháirgiúil le haghaidh Éire Ildánach, an Clár, ba ea an bhliain 2024, ar lena linn a earcaíodh Oifigeach Caidrimh um Pobail Chruthaitheacha chun bainistiú a dhéanamh ar dhámhachtainí do thionscadail Pobal Cruthaitheach, ar Chruinniú na nÓg agus ar an tionscadal Oileáin Chomhroinnte dar teideal 'Éin an Aonchlúimh'. D'infheistigh Éire Ildánach, an Clár, os cionn €307,000 i 158 dtionscadal, agus rinne an clár caidreamh le 66,937 nduine san iomlán den phobal áitiúil agus de phobail níos faide i gcéin sa bhliain 2024. I measc na mbuaicphointí bhí cuairt ar Inis Bó Finne do thionól 'Éin an Aonchlúimh', áit ar chaith mná ó Inis, ó Bhéal Feirste Thoir agus ó Bhéal Átha na Sluaighe trí lá ag ceardaíocht, ag tógáil cairdeas agus ag comhroinnt scéalta. Agus é scríofa ag Deirdre Falvey, foilsíodh alt trí leathanach inar cuireadh síos ar an gcuairt in Iris an Irish Times.

Buaicphointe eile ba ea Ceardlann idirghlúine maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, áit ar tugadh rannpháirtithe ó Chomhairle Daoine Breacaosta an Chláir agus ó Sheirbhís Óige an Chláir le chéile chun cineál dearfach an chomhoibrithe thrasrannaigh a léiriú. Ar deireadh, cuireadh tús leis an tionscnamh 'U Create - coincheap cruthaitheach do Chruinniú na nÓg 2025 do dhaoine nach gcloistear uathu go minic'.

## Staidéar Áitiúil

Aistríodh troscán, trealamh, agus 26,000 mír ó sheanfhoirgneamh an Ionaid Staidéir Áitiúil go stór nua. Ghlac an tIonad Staidéir Áitiúil freagracht as an tseirbhís Cartlainne a bhainistiú. Reáchtáil Leabharlannaí an Ionaid Staidéir Áitiúil roinnt gníomhaíochtaí for-rochtana, lenar áiríodh láithreoireachtaí in Inis, i gCora Chaitlín, i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh agus in Inis Díomáin. Seoladh taispeántais lenar comóradh 125 bliana den Rialtas Áitiúil in Inis agus dialanna na mban ar an gClár sa 19ú haois agus san 20ú haois i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh. Chruthaigh an fhoireann roinnt láithreoireachtaí ar líne chomh maith. Amharcadh ar cheann amháin díobh níos mó ná 800 uair, a bhain leis an tSuirbhéireacht Ordanáis ar an gClár. Críochnaíodh roinnt tionscadal scanta, amhail na leabhair rátaí do roinnt paróistí, agus tá tionscadail tras-scríbhneoireachta fós ar siúl. Áirítear leo sin tuairisceáin daonáirimh don bhliain 1821, liostaí Saorshealbhóirí don bhliain 1825, agus aguisíní a ghabhann le hinscríbhinní cuimhneacháin ó reilig Eaglais na hÉireann i gCill Rois, agus saighdiúirí i gCogadh Cathartha na Stát Aontaithe a rugadh ar an gClár. Críochnaíodh bailiúchán Ghearrthóga Dhún Búinne, ina bhfuil faisnéis faoi bhreitheanna, póstaí agus básanna. Ceannaíodh roinnt míreanna sa bhliain 2024, lenar áiríodh leabharlann phearsanta Paddy Hogan TD, agus Bailiúchán Mhuintir Power ó Dhroichead an Chláir.

## Clár Staire na bliana 2024

Fuarthas cistiú Dheich mBliana na gCuimhneachán dar luach €15,000 ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun tacú le scoláireachtaí agus imeachtaí comórtha staire áitiúla. Úsáideadh an cistiú sin ar mhaithe le Terry Dunne a cheapadh mar Staraí Cónaithe chun Seachtain na Staire a choimeád i mí Dheireadh Fómhair. Thug Terry dhá léacht leabharlainne brainse, thaifead sé caint ar líne, agus chomhordaigh sé an clár. Ghlac aon staraí dhéag páirt i Seachtain na Staire, agus bhí 3,000 amharc ann ar fhíseáin Sheachtain na Staire ar leathanach Leabharlanna an Chláir ar YouTube, agus eagraíodh roinnt léachtaí brainse fisiciúla i mbliana freisin.

## Na hEalaíona

I measc na gclár ar thacaigh an Chomhairle Ealaíon leo sa bhliain 2024 bhí an clár Ealaíon agus Oideachais, lenar soláthraíodh tionscadail ealaíon i gcomhar le deichniúr ealaíontóirí in 18 mbunscoil. Atosaíodh Téatar Óige an Chláir, agus ballraíocht 38 nduine óg aige. Ba ag Giniúint Ceoil an Chláir a bhí an bhliain ba rathúla dá cuid riamh ar fud an chontae.

Sholáthair an Clár 'Embrace Arts and Disability' 18 dtionscadal ealaíon i suíomhanna míchumais i gcomhar le dháréag ealaíontóirí ar fud an chontae. I gcomhar le hOifigí Ealaíon Mhaigh Eo agus Chathair na Gaillimhe, táirgeadh an tuarascáil 'Levelling Access' maidir leis na hEalaíona agus an Míchumas, agus tugadh an sparánacht ealaíon do dhaoine faoi mhíchumas do Graham Bulger, ceoltóir. Tháinig deireadh le Dámhachtain Taighde agus Forbartha Áiteanna Cruthaitheacha Shionainne, agus tionscadail á reáchtáil i gcomhar leis an Ionad Acmhainní do Theaghlaigh, le Bráithre na Carthanachta agus le Seirbhísí Óige i Sionainn. Reáchtáladh tionscadal i gcomhar le Clare Mela freisin, agus beagnach 2,000 duine á mealladh chuig Páirc an Bhaile dá bharr sin. Cuireadh Oíche Chultúir ar siúl i mí Mheán Fómhair, ar lena linn a d'fhreastail 2,500 duine ar 39 n-imeacht i 17 láthair. Cuireadh 36 thaispeántas san iomlán ar siúl, agus osclaíodh Gailearaí nua Súil i mí na Samhna. Reáchtáladh na Ceolchoirmeacha bliantúla 'Riches of Clare' i gCill Fhionnúrach, ar an bhFiacail agus in glór, agus 16 sheisiún ar siúl. Leanadh le tionscadail Ealaíon agus Sláinte a sheoladh in ospidéil agus in ionaid cúram lae ar fud an chontae, agus thaibhigh 6 chór ón gcontae os comhair na gcéadta daoine ag an gceolchoirm saor in aisce faoin aer de chuid Chóir na Bealtaine ag an Teach Cúirte, Inis. D'fheidhmigh stiúideonna ealaíontóirí ag toilleadh 90%, agus éileamh suntasach ann ar níos mó spásanna. Ceadaíodh 95 dheontas san iomlán d'ealaíontóirí, do phobail agus d'fhéilte tríd an Scéim Tacaí Pobail. Coimisiúnaíodh Ealaín Sráide in Inis, ar an Leacht, i Lios Ceannúir, in Inis Díomáin, i

gCill Dalua agus i dTuaim Gréine. Tugadh cúnamh do 26 thionscadal scannáin sa bhliain 2024, agus leanadh ar aghaidh le sliotáin dhésheachtainiúla meán ar Clare FM. Fuair seachtar ealaíontóirí aonair tacaíocht ón scéim forbartha gairmiúla freisin.

## An Músaem



*Sliotar Bhaile Uí Chárthaigh*

Tá 4,456 mhír chatalógaithe ann i mbailiúchán an Mhúsaeim, agus cuireadh 178 mír nua leis le linn na bliana. Sainghné na bliana ba ea an méadú i ngníomhaíochtaí músaeim tar éis Oifigeach Oideachais a cheapadh. Reáchtáladh léachtaí poiblí d'fhoghlaimeoirí aosacha gach mí le linn na bliana. Bhí gníomhaíocht for-rochtana ann ar an gCloch Liath, i gCill Dalua, ar an Scairbh, in Inis Díomáin agus i Sráid na Cathrach, cuireadh 40 rud eile leis an gcartlann grianghrafadóireachta ar shuíomh Gréasáin an mhúsaeim, mar aon le deich n-iontráil blag, agus rinneadh 230 postáil ar Facebook. Chuir an coimeádaí rudaí ón mbailiúchán i láthair ar chlár 'Today' ar RTÉ freisin, lenar áiríodh Leabhar Síniúchán Kathleen Griffin, gúna ó Bhailiúchán Bróidnéireachta an Chláir, agus Éide Leasionadaí an Chláir. Tá níos mó ná 1,500 leantóir ag leathanach Mhúsaem an Chláir ar Facebook anois, cothrom le méadú de thart ar 200 duine ón mbliain seo caite. Reáchtáladh taispeántas sealadach ar Bhanna Céilí Learphoill an samhradh ar fad. B'ionann an líon iomlán cuairteoirí don bhliain agus 24,317 nduine, suas ó 22,062 dhuine sa bhliain 2023.

## An Chartlann


Lean an tSeirbhís Cartlainne sa bhliain 2024 de rochtain ar a cuid bailiúcháin a sholáthar i leith fiosruithe ginearálta cartlainne. Ba é an bailiúchán ba mhó tóir ná taifid Aontas Dhlí na mBocht/an Bhoird Caomhnóirí. Lean an tSeirbhís Cartlainne ar aghaidh leis an tionscadal digitithe, agus í ag scanadh gach rud a bailíodh le déanaí, lenar áiríodh leabhair rolla agus ábhar príobháideach. Fuarthas tabhartais le linn na bliana, lenar áiríodh bailiúcháin mhóra leabhar rolla ó Scoil Náisiúnta Chnoc an Éin agus ó scoileanna i limistéar Chroisín a théann siar go dtí an bhliain 1840. Leantar le hábhar a uaslódáil chuig Stór Digiteach na hÉireann, lena n-áirítear ábhar a bhaineann le Bord Caomhnóirí na Scairbhe (1921) agus le Bord Caomhnóirí Inis Díomáin (1839-1924), mar aon le Leabhar Chorparáid Inse (1660-1810). Leantar le Bailiúchán Barrett a phróiseáil ar leibhéal an chomhaid agus ar leibhéal na míre araon.

## glór

Tháinig méadú ar ghníomhaíochtaí agus ar an lucht féachana araon ag glór sa bhliain 2024. Rinneadh 718 gcinn d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí aonair a chur i láthair agus a óstáil le linn na bliana, cothrom le méadú 16% ar an bhfigiúr don bhliain 2023. D'fhreastail breis agus 86,000 duine san iomlán ar na gníomhaíochtaí éagsúla, cothrom le méadú 25% ar an líon iomlán daoine a bhí i láthair agus a bhí páirteach an bhliain roimhe. Rud suntasach, tháinig méadú 58% ar an líon deiseanna a bhí ag an bpobal a chruthaitheacht féin a iniúchadh. Dá bharr sin, bhí méadú 236% ann sa líon daoine aonair a bhí páirteach. Agus iad ar cheann de na spreagthaí a bhí taobh thiar de glór a bhunú, leantar le díriú láidir a leagan ar na healaíona traidisiúnta, agus ba sa seánra sin a bhí 47 léiriú dhifriúla ealaíon traidisiúnta le linn na bliana. Bhí clár bríomhar rannpháirtíochta ann sa seánra sin freisin.

Bhí lúcháir ar glór raon féilte áitiúla a óstáil agus obair i gcomhpháirt leo agus tacaíocht a thabhairt dóibh le linn na bliana, lenar áiríodh Féile Chlub Leabhar Inse, Fleadh Nua, agus Féile Ceoil Thraidisiúnta Inse. Lean glór le raon leathan grúpaí pobail agus grúpaí cruthaitheacha áitiúla a óstáil freisin, lenar áiríodh Téatar Óige an Chláir, Giniúint Ceoil an Chláir, QuareClare, Scríbhneoirí Cruthaitheacha Inse, Cumann Ceoil Inse, Seinnteoirí Inse, Geamaireacht Inse, agus cuid mhór eile. Tairgeadh tacaí éagsúla d'ealaíontóirí i rith na bliana, agus béim ar leith á leagan ar phobal cruthaitheach áitiúil an Chláir. Áiríodh leo sin meantóireacht ó Ealaíontóir go hEalaíontóir, Ciorcail Chruthaitheacha, agus raon clár sárthaispeántais agus léirithe dílse inar léirigh doimhneacht na healaíne sa réigiún.





*Tionscadal Glasbhealaigh Iarthar an Chláir*



# AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT FHISICIÚIL



**ALAN FARRELL**
**Stiúrthóir Forbartha Fisiciúla**

## An Rannóg Bóithre agus Iompar

Déanann an Rannóg Bóithre agus Iompair comhordú ar dhearadh, cothabháil agus feabhsú an ghréasáin bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar fud an chontae agus tá freagracht uirthi freisin as sábháilteacht ar bhóithre, as soilsiú poiblí, as bearradh fáil, as bainistíocht páirceála, as taisteal gníomhach, as cineálacha árachais, as sláinte agus sábháilteacht agus as draenáil artaireach.

### Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh, 2024

Rinneadh soláthar i Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh, 2024, do Chlár Oibreacha Bóthair a raibh ciste iomlán ab fhiú €55.5m aige. Cuireadh an clár seo i gcrích agus tarraingíodh gach leithdháileadh ceadaithe ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII), ón Roinn Iompair agus ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) faoi seach.

Is liostaithe anseo thíos atá roinnt de na buaicphointí/roinnt de na hoibreacha a rinneadh:-

- Rinneadh neartú/cóiriú dromchla ar níos mó ná 239 km den ghréasán bóithre.
- Leanadh den chlár feabhsúcháin droichead breisithe. Rinneadh oibreacha ar 19 ndroichead sa bhliain 2024.
- Cuireadh 12 Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta i gcrích.

### Soilsiú poiblí

Tá freagracht ar Chomhairle Contae an Chláir as thart ar 15,200 solas poiblí a oibriú agus a chothabháil ar fud an chontae. D'fhostaigh an Chomhairle conraitheoir nua sa bhliain 2024, agus Electric Skyline á cheapadh aici mar chonraitheoir cothabhála i mí Dheireadh Fómhair. Leanann an Chomhairle le dul i dteagmháil le Electric Skyline agus le Líonraí BSL agus iad ag cur soilsiú LED atá níos fuinneamhéifeachtúla in ionad aonaid soilsithe a bhfuil a ré caite acu. Ós rud é gur gá ceanglais

chaighdeánacha Líonraí BSL a chomhlíonadh maidir le bonneagar soilsithe phoiblí, is gá oibreacha sibhialta breise a dhéanamh agus cáblaí a athsholáthar i roinnt láithreacha, agus méadaíonn sé sin amanna deisiúcháin ó am go ham. Toisc gurb é Soilsiú Poiblí an tomhaltóir fuinnimh is mó ar fud an Údaráis Áitiúil, is an-dearfach atá na gnóthachain in éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil soilsithe phoiblí maidir leis na spriocanna faoi Phlean Gnímh an Chláir don Aeráid a chomhlíonadh. Tháinig laghdú suntasach os cionn 25% ar thomhaltas fuinnimh le blianta beaga anuas, agus is soilsiú LED atá i níos mó ná 80% den soilsiú poiblí ar fad ar fud an chontae anois.

Leanann Comhairle Contae an Chláir lena rannpháirtíocht i Réigiún 1 den Tionscadal um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Phoiblí Údaráis Áitiúil. Lorgaíodh tairiscintí le haghaidh an chonartha don réigiún i bhfómhar na bliana 2020 agus síníodh an Conradh Oibreacha Tógála Dearaidh leis an gCuibhreannas Le Chéile i dtreo dheireadh mhí na Nollag 2021. Cuireadh tús le hiarfheistiú faoin Tionscadal um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Phoiblí ar an gClár i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin suas go deireadh na bliana 2025. Is é an toradh a bheidh ar iarfheistiú na soilse sin ná go laghdófar go mór an leibhéal astaíochtaí carbóin a chuirtear i leith na sócmhainní soilsithe phoiblí i gComhairle Contae an Chláir.

## Taisteal Gníomhach, 2024

Sa bhliain 2024, fuair Comhairle Contae an Chláir leithdháileadh ab fhiú €3.22m le haghaidh 12 thionscadal faoi Chlár Taistil Ghníomhaigh an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Cuireadh obair deartha mhionsonraithe ar scéim rothaíochta Bhóthar na Tulaí i gcrích. Cuireadh Réamhobair Deartha ar aghaidh do Scéim Rothaíochta Bhóthar Luimnigh agus don Scéim Taistil Ghníomhaigh ó Ard na Croise go Droichead Áth Longfoirt araon.

Gabhadh raon tionscadal eile de láimh sa bhliain 2024, lenar áiríodh Scéimeanna um Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile ag Scoil Náisiúnta na Cluana Muiní, ag Scoil Náisiúnta an Teaghlaigh Naofa agus ag Scoil Náisiúnta Inse, Teannadh agus Feabhsuithe Acomhail ag roinnt láithreacha timpeall Inse, agus roinnt nasc tréscaoilteachta agus trasrianta coisithe ar fud an Chontae.

## Gníomhaíochtaí Eile Bóithre

### *An Deontas Pobail um Bearradh Fáil*

Sholáthair Comhairle Contae an Chláir €24,000 chun leanúint ar aghaidh leis an Scéim Deontais Pobail um Bearradh Fáil sa bhliain 2024, agus ceadaíodh 42 dheontas. Tá an tionscnamh seo ag éascú feasacht níos fearr i measc úinéirí talún ar na freagrachtaí atá orthu maidir le bainistíocht na bhfálta cois bóthair ar a gcuid maoine.

### *An Scéim Rannpháirtíochta Pobail*

Le leithdháileadh €594,000 faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail sa bhliain 2024, éascaíodh an obair atá á déanamh ar sheacht mbóthar phoiblí ar fud an chontae.

### *An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil*

Leithdháil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú deontais iomlán ab fhiú €1,209,821 ar Chomhairle Contae an Chláir le haghaidh Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla sa bhliain 2024. Leis an gcistiú deontais sin, bhíothas in ann oibreacha Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla ar 20 bóthar neamhphoiblí a cheadú agus a chur i gcrích sa bhliain 2024.

### *Bainistíocht Tráchta*

Tá freagracht ar an gComhairle as an trácht a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú ar fud an chontae. Tá fodhlíthe páirceála agus saoráidí ‘íoc agus taispeáin’ i bhfeidhm in Inis, i gCill Rois, i gCill Chaoi, ar an Leacht agus i nDúlainn.

## Táscairí Feidhmíochta Bóithre

Tá na Táscairí Feidhmíochta don bhliain 2024 leagtha amach thíos.

### % R1 de na bóithre a fuair rátáil reachta PSCI

| Cur Síos | % |
|---|---|
| An % de na Príomhbhóithre Áitiúla a fuair rátáil PSCI sna 24 mhí roimh an 31/12/2024 | 97% |
| An % de na Bóithre Áitiúla den Dara Grád a fuair rátáil PSCI sna 24 mhí roimh an 31/12/2024 | 98% |
| An % de na Bóithre Áitiúla den Tríú Grád a fuair rátáil PSCI sna 24 mhí roimh an 31/12/2024 | 91% |

### % R1 B de na bóithre arna léiriú ag rátáil reachta PSCI

| Cineál Bóthair | Rátáil 1-4 | Rátáil 5-6 | Rátáil 7-8 | Rátáil 9-10 |
|---|---|---|---|---|
| Príomhbhóthar Áitiúil | 2.5% | 20.5% | 54% | 20% |
| Bóthar Áitiúil den Dara Grád | 8% | 24.5% | 49.5% | 16% |
| Bóthar Áitiúil den Tríú Grád | 29% | 23% | 30% | 9% |

### Oibreacha Bóithre Réigiúnacha R2

| | |
|---|---|
| An líon ciliméadar (km) de Bhóithre Réigiúnacha a neartaíodh sa bhliain 2024 | 12.16 km |
| An méid a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha a neartú sa bhliain 2024 | €4,554,622 |
| An líon ciliméadar (km) de Bhóithre Réigiúnacha a athshéalaíodh sa bhliain 2024 | 17.90 km |
| An méid a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha a athshéalú sa bhliain 2024 | €664,566 |

### Oibreacha Bóithre Áitiúla R2

| | |
|---|---|
| An líon ciliméadar (km) de Bhóithre Áitiúla a neartaíodh sa bhliain 2024 | 91.72 km |
| An méid a caitheadh ar Bhóithre Áitiúla a neartú sa bhliain 2024 | €11,352,407 |
| An líon ciliméadar (km) de Bhóithre Áitiúla a athshéalaíodh sa bhliain 2024 | 123.28 km |
| An méid a caitheadh ar Bhóithre Áitiúla a athshéalú sa bhliain 2024 | €2,727,339 |

## Sláinte agus Sábháilteacht

Ceann amháin de na príomhchuspóirí sláinte agus sábháilteachta a bhí ag Comhairle Contae an Chláir sa bhliain 2024 ba ea leanúint le díriú ar ghnéithe den Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a dhigitiú ar mhaithe le héifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú agus páipéarachas a íoslaghdú trí leas a bhaint as na huirlisí seo a leanas;

- ProWorks/ArcGis
- MetaCompliance
- Modúil Ríomhfhoghlama Ar Líne

Baineadh an cuspóir sin amach trí fheistí láimhe breise a eisiúint le haghaidh bogearraí ProWorks a úsáid agus trí oiliúint inmheánach a sholáthar ar úsáid na mbogearraí sin ionas go mbeadh baill foirne sna Ceantair Bhardasacha in ann Pleananna Bainistíochta Tráchta rialta a roghnú, Pleananna um Chóras Sábháilte Oibre a chomhlánú agus rochtain a fháil ar líníochtaí fóntais i bhformáid leictreonach ar an láithreán, rud a fheabhsaíonn a n-éifeachtúlacht agus a n-éifeachtacht agus a íoslaghdaíonn páipéarachas ar an láithreán. Úsáideadh MetaCompliance agus Modúil Ríomhfhoghlama Ar Líne chun Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar bhaill foirne laistigh i bpríomhréimsí riosca.

Príomhchuspóir eile a leag Comhairle Contae an Chláir síos ba ea raon feidhme chreidiúnú ISO 45001 a leathnú, agus í ag díriú ar dtús ar an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil, rud a chuimsíonn Iompar agus Ceantar Bardasach Shionainne, lena n-áirítear Bóithre.

Baineadh an cuspóir sin amach nuair a bhunaigh an Stiúrthóir Seirbhísí grúpa stiúrtha ar leibhéal na foirne sinsearaí chun leathnú raon feidhme Chreidiúnú ISO 45001 a chomhordú.

Shainaithin an Grúpa Stiúrtha comhordaitheoirí ISO 45001 ar Leibhéal na Rannóige, agus chruthaigh sé foirne oibríochtúla. Cuireadh oiliúint feasachta ar ISO 45001 ar na comhordaitheoirí freisin.

Rinne comhordaitheoirí ISO 45001, le tacaíocht ó na foirne oibríochtúla, gníomh leantach i leith na mbarúlacha agus na mbearnaí comhlíonta a sainaithníodh le linn na hanailíse ar bhearnaí agus le linn an iniúchta inmheánaigh sábháilteachta.

Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh seachtrach i mí na Samhna 2024, agus d'éirigh leis an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil creidiúnú a fháil de réir Chaighdeán ISO 45001 maidir le Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde.

### An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Fhisiciúil

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Fhisiciúil sa bhliain 2024. Tá 11 chomhalta ar an gCoiste sin, atá comhdhéanta de sheisear Comhaltaí Tofa agus d'ionadaithe ó na hearnálacha seo a leanas:

- An Earnáil Talmhaíochta/Feirmeoireachta
- An Earnáil Comhshaoil/Caomhantais
- An Earnáil Forbartha/Foirgníochta
- An Earnáil Phobail/Dheonach
- Cuimsiú Sóisialta

***Is é an Comh. Pat Burke Cathaoirleach an Choiste Beartais Straitéisigh.***
***Áiríodh iad seo a leanas leis na saincheisteanna ar phléigh an Coiste Beartais Straitéisigh iad sa bhliain 2024:***

- **An Plean Gnímh don Aeráid**
- **An Clár Oibreacha Bóthair**
- **An Rannóg um Rialú Dóiteáin agus Foirgníochta**
- **An Scéim Aisíoca Éarlaise**
- **Tionscadail Ghlasbhealaigh an Chláir**
- **An Dréacht-Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn**
- **Plean Comhtháite Iompair agus Tráchta Thuaisceart an Chláir**
- **An Tionscadal Nuálaíochta do Ghardaí Tarrthála**

## An Oifig Bainistíochta Tionscadal

### Tionscadail Bóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta

*Bóthar Rochtana Aerfort na Sionainne/an N19*

Leanadh den obair ar fud na bliana ar dhearadh agus éabhlóid na bpleananna le haghaidh Scéim Feabhsúcháin Bóthair Rochtana Aerfort na Sionna/an N19. Leanann an fhoireann deartha le hobair i dtreo bailchríoch a chur ar an doiciméadacht reachtúil is gá a chur isteach mar chuid den iarratas pleanála a bhfuil sé beartaithe é a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála sa bhliain 2025.

*Tionscadal Faoisimh Laistigh an N67/an N85/Inis Díomáin (Coirnéal an Bhlácaigh)*

Tar éis don Bhord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh le haghaidh thionscadal Faoisimh Laistigh an N67/an N85/Inis Díomáin (Coirnéal an Bhlácaigh) a dheimhniú go déanach sa bhliain 2022, rinneadh agóid i gcoinne an chinnidh san Ard-Chúirt. Bhí an próiseas Athbhreithnithe Breithiúnaigh ar siúl ar feadh na mblianta 2023 agus 2024, agus beidh na chéad chéimeanna eile maidir leis an mbonneagar criticiúil sin a sholáthar bunaithe ar an toradh ar an bpróiseas sin.


*Seachbhóthar Chill Dalua, Crosaire Dhroichead na Sionainne agus Scéim Feabhsúcháin Bhóthar an R494*

Dámhadh an conradh le haghaidh Sheachbhóthar Chill Dalua, Chrosaire nua Dhroichead na Sionainne agus Thionscadal Uasghrádaithe an R494 i mí Feabhra 2022, agus cuireadh tús leis an obair thógála ar an láithreán i mí Lúnasa 2022.

Rinne John Sisk & Sons Ltd, Príomhchonraitheoir na nOibreacha, dul chun cinn suntasach, agus osclaíodh Seachbhóthar Chill Dalua do thrácht i mí na Nollag 2024. Táthar ag coinne leis go mbeidh an tionscadal



ar fad críochnaithe faoi lár na bliana 2025.



## Athghiniúint Fearainn Phoiblí Inse Tionscadal B

Is ionann an chéim seo, an dara céim de Thionscadal Athghiniúna Fearainn Phoiblí Inse, agus infheistíocht shuntasach ó Chomhairle Contae an Chláir agus ón rialtas láir chun inrochtaineacht a fheabhsú do chách agus chun infheistíocht leantach amach anseo a spreagadh. Faoin scéim €11.6m, éireoidh na sráideanna (Sráid Uí Chonaill, an tSráid Ard agus Plás an Bhainc) níos inrochtana trí chosáin chomhroinnte a chur in ionad sráid-dreacha traidisiúnta. Déanfar cearnóga agus spásanna cathartha (Cearnóg Uí Chonaill, Cearnóg na Beairice agus an Ardeaglais) a bhunathrú trí phláis leathnaithe a sholáthar ina mbeidh plandú uirbeach, crainn sráide, tobar poiblí idirghníomhach, agus soláthar do spásanna léirithe/imeachtaí ag The Height agus ag Cearnóg na Beairice. Forbrófar Cearnóg na Beairice agus Seansráid na Beairice ina 'gceathrú caiféanna', ina soláthrófar spás cathartha ardchaighdeáin ina spreagfar daoine teacht le chéile, a scíth a ligean agus leas a bhaint as miondíol áitiúil.

Áirítear leis an gconradh freisin athchóiriú fairsing ar an séarach comhcheangailte thar ceann Uisce Éireann, rud a bhfuil infheistíocht eile €2m i mbonneagar an bhaile i gceist leis. Is é Uisce Éireann atá ag íoc as na hoibreacha breise sin, agus is cúis áthais dúinn gur féidir iad a dhéanamh, toisc go réiteoidh siad fadhbanna seanbhunaithe oidhreachta leis an séarach agus go ndéanfaidh siad an acmhainn sa bhaile slán i bhfad na haimsire.

Bhain an tionscadal an chéim tógála amach tar éis dul i mbun pleanáil fhairsing agus comhairliúchán fairsing leis an lucht gnó, le cónaitheoirí, leis an bpobal agus le comhaltaí tofa le blianta fada. Tá na hoibreacha leanúnacha le críochnú go déanach sa bhliain 2025, agus tagann siad sna sála ar fheabhsuithe suntasacha fearainn phoiblí a chur i gcrích go rathúil ag Sráid Parnell agus ag lánaí agus bealaí cumhdaithe siúil an bhaile sna blianta 2020 agus 2021.

## Tionscadail Ghlasbhealaigh

Sa bhliain 2024, leanadh de bheith ag obair go tapa ar Thionscadal Glasbhealaigh Iarnród Iarthar an Chláir.

- **Cuid 1 (Cill Rois go Cill Chaoi):** Foilsíodh 'an Chonair Bealaigh Roghnaithe Éiritheach'. Rinneadh dul chun cinn ar an gcaibidlíocht le húinéirí talún aonair, agus tá an chaibidlíocht sin fós ar siúl roimh aighneacht a dhéanamh chuig an mBord Pleanála.
- **Cuid 2 (Inis go hInis Díomáin):** Rinneadh dul chun cinn ar 'an gConair Bealaigh Roghnaithe Éiritheach' sa bhliain 2024, agus táthar ag súil leis go bhfoilseofar í níos déanaí sa bhliain 2025.
- **Codanna 3 agus 4 (Inis Díomáin go Sráid na Cathrach go Maigh Sheasta):** Foilsíodh an 'Limistéar Staidéir' sa bhliain 2024. Tá obair ar siúl ar na 'Roghanna Bealaigh', atá le foilsiú go luath sa bhliain 2025.



I measc na dtograí Glasbhealaigh eile a rabhthas ag obair orthu sa bhliain 2024 bhí tionscadal an Ghlasbhealaigh ó Luimneach go dtí an Scairbh i gcomhar le hUiscebhealaí Éireann, mar aon le togra beag i limistéir Shionainne, rud a bheidh mar chuid de scéim mhór idir Inis, Sionainn agus Luimneach.

## Scéimeanna Faoisimh Tuilte

San am i láthair, tá Scéim Faoisimh Tuilte Chill Chaoi ag Céim 2, Pleanáil. Rinneadh iarratas ar cheadú don fhorbairt chuig an mBord Pleanála faoi alt 177AE den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Tá súil againn bogadh ar aghaidh go Céim III, Dearadh Mionsonraithe agus Tairiscint, sa bhliain 2026 faoi réir ceadú a fháil ón mBord Pleanála.

Tá Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Shionainne agus a Phurláin sna céimeanna deiridh de Mheasúnú Roghanna, Forbairt Scéime agus Dearadh faoi láthair. Tá an scéim le bogadh ar aghaidh go Céim 2 (Pleanáil) i ráithe 4 den bhliain 2025.

I measc na dtionscadal eile a raibh an Oifig Bainistíochta Tionscadal ag obair orthu ar fud na bliana 2025 bhí togra Bóithre agus Tithíochta an Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú sa Chláirín, Foirgneamh Seirbhísí Cuairteoirí Ché Dhúlainn, agus scéimeanna éagsúla creimeadh cósta agus mionoibreacha.

## An Oifig um Dhearadh Ginearálta

Lean an Oifig um Dhearadh Ginearálta le cuid mhór tionscadal beag agus meánmhéide a sholáthar thar ceann rannáin éagsúla sa bhliain 2024.



*Tionscadal Athghiniúna Tuaithe na Scairbhe – Céim 1*



*Siúlbhealaí Aillte an Mhothair*



*Teach Bellevue*

## An Rannán Comhshaoil

Tá freagracht ar an Rannán Comhshaoil as raon éagsúil gníomhaíochtaí. Áirítear leo sin forfheidhmiú dramhaíola, bainistíocht dramhaíola, feasacht comhshaoil, garraíodóireacht, seirbhísí eolaíochta (saotharlann, uisce, aer, torann), seirbhísí tréidliachta agus tránna Brait Ghoirm. Bhí clár oibre 2024 á bhrú chun cinn den chuid is mó ag creat rialála fairsing.

### Tránna agus taitneamhachtaí

Déanann an Rannán Comhshaoil faireachán ar 14 láthair shnámha agus tá ocht mBrat Ghorma agus cúig Ghradam Cósta Ghlais aige. Seiceáladh gach ceann díobh ó thaobh comhlíonta de agus tógadh 193 shampla uisce le linn an tséasúir. Bronnadh stádas cáilíochta “sármhaith” ar gach ceann de na láithreacha snámha a ndearnadh faireachán orthu. Cumhdaítear tránna agus gníomhaíocht ghaolmhar lenár bhFodhlíthe Trá, a athbhreithníodh agus a glacadh i mí an Mheithimh 2021. San iomlán, sholáthair 52 gharda tarrthála seirbhísí ar thránna an Chláir le linn shéasúr ríghnóthach samhraidh na bliana 2024.




### Íoschritéir Mholta le haghaidh Cigireachtaí Comhshaoil

Ar fud na réimsí téamacha Comhshaoil ar fad, rinne Comhairle Contae an Chláir 5,699 ngnáthchigireacht agus 1,725 chigireacht nár ghnáthchigireachtaí iad. Fuair agus d’imscrúdaigh an fhoireann Forfheidhmiúcháin Dramhaíola 1,031 ghearán a bhain le bruscar agus le dramhaíl. Eisíodh 100 ceann san iomlán d’fhíneálacha bruscair agus d’fhógraí íocaíochta seasta. Ina theannta sin, sheirbheáil Comhairle Contae an Chláir 214 fhógra dlí mar gheall ar sháruithe ar an reachtaíocht bruscair agus dramhaíola. Eisíodh 252 litir san iomlán faoi na fodhlíthe Bainistíochta Dramhaíola. Leanann an Chomhairle de leas a bhaint as cistiú ón Tionscnamh Frithdhumpála chun dumpáil neamhdhleathach a chomhrac. Tá imscrúdú déanta againn ar 193 ghearán a bhaineann le truailliú uisce, le truailliú aeir agus le truailliú torainn. Chun comhlíonadh comhshaoil a sheiceáil agus chun cáilíocht an uisce a chosaint, rinneadh 119 gcigireacht ag saoráidí ceadúnaithe. De bhreis air sin, rinneadh cigireacht ar 145 chóras cóireála fuíolluisce baile. Fuair an Rannán Comhshaoil 632 iarratas pleanála freisin agus thug siad tuairisc orthu sin. Tá sé mar aidhm le gach a bhfuil thuas cosaint ár dtimpeallachta áitiúla a chinntiú.

### Bainistíocht dramhaíola agus líontaí talún ceadúnaithe

Soláthraíonn an rannán bainistíochta dramhaíola cúig ionad athchúrsála, ar stáisiúin aistrithe dramhaíola freisin iad trí cinn díobh, agus soláthraímid 54 ionad ‘fág anseo’ sa chontae (lena n-áirítear ionaid shéasúracha). Leanadh d’fhaireachán a dhéanamh ar líonadh talún an Lárionaid Bainistíochta Dramhaíola, ar Líonadh Talún Dhúire agus ar Líonadh Talún Lios Duibhinn de réir cheanglais ceadúnais dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

### Líontaí Talún Stairiúla

Go dtí seo, cheadaigh an Chomhairle Deimhniú Údaraithe amháin le haghaidh líonadh talún stairiúil dúnta, agus cheadaigh sí dréacht-Deimhniú Údaraithe amháin ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá dul chun cinn déanta ar iarratais ar chistiú, agus tá oibreacha, lena n-áirítear faireachán, ar siúl ag roinnt líontaí talún stairiúla ainmnithe. Is iad na rialacháin iomchuí ná na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Gníomhaíocht Stairiúil Neamhcheadúnaithe Diúscartha agus Aisghabhála Dramhaíola a Dheimhniú), 2008.

### An Chreat-treoir Uisce agus an Plean Bainistíochta Abhantraí

Rinneadh faireachán ar 50 láithreán abhann agus ar 19 láithreán locha san iomlán i gcomhréir le clár faireacháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Leanann an Chomhairle le comhoibriú le Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil, agus tionóladh sraith cruinnithe táirgiúla le linn na bliana chun plean a fhorbairt chun an Plean Gníomhaíochta Uisce 2024 a chur ar aghaidh.

## Seirbhísí uisce/fuíolluisce

Le linn na bliana, rinneadh faireachán ar 71 soláthar uisce phríobháideacha (Grúpscéimeanna Uisce poiblí, Grúpscéimeanna Uisce príobháideacha agus soláthairtí tráchtála príobháideacha) agus baineadh amach ráta comhlíonta os cionn 97.1% ar fud na bparaiméadar éagsúil a tomhaiseadh. Rinneamar iniúchadh ar scéim soláthair uisce phríobháideach amháin sa bhliain 2024 freisin. Ina theannta sin, rinneadh faireachán ar 30 ionad bardasach de chuid Uisce Éireann atá ceadúnaithe nó deimhnithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

## Oideachas agus feasacht

Tríd an gclár 'An Clár Níos Glaise' a reáchtálann an Rannán Comhshaoil é, leanadh de thacaíocht a thabhairt do na tionscnaimh seo a leanas sa bhliain 2024: an Glantachán Náisiúnta Earraigh, Clár na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce, Cóstaí Glana, Clár na dTránna Brait Ghoirm, an Tascfhórsa um Bruscar Guma, 'Ná Fág aon Rian' de chuid MyWaste.ie, an tAcadamh Geilleagair Chiorclaigh, Seachtain Náisiúnta na hAthchúrsála Bia Dramhaíola, 2024. I measc na bhfeachtas múscailte feasachta a forbraíodh sa bhliain 2024 bhí cur chun cinn a dhéanamh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, bruscar butaí toitín, Nollaig Níos Glaise, agus Speicis Choimhthíocha Ionracha. Baineadh leas as cistiú a fuarthas tríd an Tionscnamh Frithdhumpála agus an Scéim Deontais Frithbhruscair agus Frithghraifítí a reáchtálann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad chun teachtaireachtaí éagsúla frithbhruscair a chur ar aghaidh agus a chur chun cinn. Áiríodh leo sin úsáid bailitheora dramhaíola neamhúdaraithe, freagracht úinéirí madraí, fodhlíthe dramhaíola tí, dumpáil neamhdhleathach, cosc ar dhramhaíl, agus bruscar, lena n-áirítear bruscar bun toitíní. Cuireadh imeachtaí/tionscnaimh ón Oifig Pobail Uisce agus na Feachtais Aeir Ghlain ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun cinn freisin.

## Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, rialú madraí agus capall

Gníomhaire oifigiúil de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) is ea Comhairle Contae an Chláir. Sa bhliain 2024, maraíodh 3,192 ainmhí mairteola agus 25,087 gcaora i monarchana i gContae an Chláir a ndéanann ár gcigire tréidliachta formhaoirseacht orthu. San iomlán, bailíodh 237 madra fáin, géilleadh 182 mhadra agus ghabh an Maor Madraí 39 madra. De bhreis air sin, fuair a n-úinéirí 74 mhadra ar ais, tugadh baile nua do 158 madra agus tugadh baile nua do 217 madra i gcomhairle leis an Iontaobhas Madraí agus le grúpaí tarrthála eile. Eisíodh 3,012 Cheadúnas Madraí sa bhliain 2024. Gabhadh 16 chapall fáin sa bhliain 2024. Díobh sin, fuair a n-úinéirí 13 chapall ar ais.

## An Rannán Garraíodóireachta

Lean an Rannán Garraíodóireachta d'ardchaighdeáin a choinneáil ar bun chun tarraingteacht ár gcuid bailte agus sráidbhailte a chinntiú, agus d'oibrigh sé i ndlúthchomhar le grúpaí pobail ar nithe tírdhreachaithe. Cuireadh míreanna gnímh faoi bheartas uile-Éireann um Pailneoirí chun feidhme, agus líon méadaithe speiceas atá neamhdhíobhálach do phailneoirí agus bláthanna ilbhliantúla á gcur. Lean an tÁras leis an tionscnamh "Bealtaine gan Lomadh" a chur chun feidhme, agus ba mhol don bhithéagsúlacht agus don fhiadhúlra é.



Lean an Fhoireann Garraíodóireachta le feabhas a chur ar spásanna poiblí ar fud Inse. Spás dea-fhorbartha ar leith inar úsáideadh scéim plandaithe ilbhliantóg atá neamhdhíobhálach do phailneoirí is ea timpeallán Chearnóg an Mhargaidh. Ina theannta sin, le linn thréimhse na Nollag, chabhraigh an fhoireann go mór le Ceantar Bardasach Inse soithí plandaí a raibh clúdach bronntanais orthu agus a raibh téama cuí ag baint leo a sholáthar mar chuid de na hoibreacha fearainn phoiblí.

## Foireann Frith-Thruaillithe Inbhear na Sionainne

Cuimsíonn Foireann Frith-Thruaillithe Inbhear na Sionainne Údaráis Áitiúla, Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus eagraíochtaí eile a oibríonn i gcomharsanacht an Inbhir. Gach bliain, seoltar cleachtadh a mbíonn teagmhas ionsamhlaithe truaillithe i gceist leis chun inniúlachtaí freagartha na mball den Fhoireann Frith-Thruaillithe a thástáil. Is í Comhairle Contae an Chláir a d'óstáil an cleachtadh sa bhliain 2024. D'fhreastail 99 nduine, ó 16 cinn d'Údaráis Áitiúla, d'eagraíochtaí iomchuí feadh an Inbhir agus de ghníomhaireachtaí stáit iomchuí ar an imeacht dhá lá, a bhí ar siúl idir an 17 agus an 18 Aibreán.




# Rialú Dóiteáin agus Foirgníochta

## Caipiteal/Soláthar

Cuireadh Fearas Dóiteáin nua Aicme B i gcrích, agus seachadadh ar Chontae an Chláir é i mí na Samhna 2024 ar chostas €549,041. Tá an fearas i mbun feidhme anois ag Stáisiún Dóiteáin Inse. Deonaíodh ceadú chun Fearas Dóiteáin Aicme B de chuid Scorpion a cheannach ar chostas €974,160. Tá an fearas sin á thógáil faoi láthair, agus beidh sé lonnaithe ag Stáisiún Dóiteáin Chill Rois. Seachadadh dhá veain nua, agus cuireadh iad i mbun feidhme ag Briogáidí Dóiteáin Chill Dalua agus Chill Rois i dtús Shamhradh na bliana 2024 ar chostas €168,000. Tá Tairiscint Éigeandála le haghaidh Stáisiún Dóiteáin Inse a athchóiriú ar siúl ar chostas €349,935, agus meastar go gcuirfear an obair sin i gcrích i Samhradh na bliana 2025.

Críochnaíodh Saoráid Stórála 2 Bhá nua ag Stáisiún Dóiteáin Chill Rois i mí an Mheithimh 2024, mar aon le hoibreacha uasghrádaithe ginearálta ar an Stáisiún Dóiteáin a bhí ann cheana. Áiríodh leis na hoibreacha grianphainéil fhótavoltacha agus umair bailithe báistí a shuiteáil ar chostas €450,000.

## Earcaíocht agus Coinneáil

Sa bhliain 2023, rinne an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre moltaí maidir le Téarmaí agus Coinníollacha Comhraiceoirí Dóiteáin Coinnithe agus maidir leis na leibhéil mholta foirne laistigh de stáisiúin. Lean Comhairle Contae an Chláir leis na moltaí a chur chun feidhme, lenar áiríodh an líon post mar Chomhraiceoirí Dóiteáin coinnithe sa Bhriogáid a mhéadú ó 78 nduine go 90 duine. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an líon comhraiceoirí dóiteáin a mhéadú trí fheachtais leantacha earcaíochta, trí laethanta oscailte ag na stáisiúin agus trí na meáin shóisialta.

## Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin

D'fhreastail an tSeirbhís Dóiteáin ar 1,306 ghlao amach sa bhliain 2024. B'ionann an líon sin agus méadú 28.16% ar an líon don bhliain 2023. Tháinig laghdú 19% ar an líon Glaonna Dóiteáin Simléir, ó 62 cheann sa bhliain 2023 go 52 cheann sa bhliain 2024. Bhí méadú 11% ann ar an líon Dóiteán Tí, ó 40 ceann sa bhliain 2023 go 45 cinn sa bhliain 2024.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Sa bhliain 2024, choinnigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae an Chláir creidiúnú de réir Chaighdeán ISO 45001: Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta as an dóigh ar chuir sí a Córas Bainistíochta Sábháilteachta chun feidhme ar fud na Seirbhíse, ag teacht sna sála ar iniúchadh a rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

## Cosc Dóiteáin

Fuarthas 126 iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa bhliain 2024. Ba mhéadú 26% é sin ar fhigiúr na bliana 2023, a bhí cothrom le 100 iarratas. Rinne Oifigigh Coiscthe Dóiteáin 101 chigireacht agus rinne siad measúnú ar 69 n-iarratas ar Cheadúnas. Baineann siad sin le tithe tábhairne, óstáin, ionaid phobail agus amharclanna ar fud an chontae.

Bhí an tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán ar siúl ón 30 Meán Fómhair go dtí an 6 Deireadh Fómhair. Tá feachtas leanúnach ar bun ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae an Chláir. Mar chuid den fheachtas sin, thug comhraiceoirí dóiteáin cuairt ar thithe daoine breacaosta chun 'Seiceálacha Sábháilteachta ó Dhóiteán sa Bhaile' a dhéanamh. Áiríodh leis sin aláraim dheataigh a sholáthar agus a fheistiú, nuair ba ghá. Cuireadh aláraim dheataigh do dhaoine a bhfuil allaíre orthu ar fáil sa bhliain 2024 freisin.

## Rialú Foirgníochta

Tugadh fógra i dtaobh 1,198 bhfoirgneamh san iomlán tríd an gCóras Bainistíochta um Rialú Foirgníochta sa bhliain 2024, cothrom le méadú 67% ar an líon foirgneamh ar tugadh fógra ina dtaobh sa bhliain 2023. Rinne an fhoireann Rialaithe Foirgníochta cigireacht ar 66 fhoirgneamh sa bhliain 2024. Rinne an Rannán um Rialú Foirgníochta measúnú ar 68 n-iarratas ar Dheimhniú Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2024. Ba mhéadú 21% é sin ar an líon iarratas a fuarthas sa bhliain 2023.

## Bainistíocht Móréigeandála

Sa bhliain 2024, cuireadh oiliúint ar phearsana Chomhairle Contae an Chláir i leith na ról seo a leanas: Bainistíocht Faisnéise agus Comhordú ar an Láithreán. Soláthraíodh an oiliúint ar an Leibhéal Réigiúnach i gcomhar le Comhairle Contae Thiobraid Árann, le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, le FSS Thiar agus leis an nGarda Síochána.
Ghlac Comhairle Contae an Chláir páirt i gCleachtaí Bainistíochta Éigeandála sna háiteanna seo a leanas sa bhliain 2024:

- Aerfort na Sionna
- Tollán Luimnigh.

## Déanmhais Chontúirteacha

Dhéileáil an fhoireann um Rialú Foirgníochta le 18 ngearán faoi Dhéanmhais Chontúirteacha sa bhliain 2024. Ba mhéadú suntasach é sin ar na seacht ngearán a fuarthas sa bhliain 2023.

| Táscairí Feidhmíochta maidir le Rialú Dóiteáin agus Foirgníochta | | 2024 |
|---|---|---|
| F1 | Costas in aghaidh an Duine | €63.96 |
| F2-B | An meán-aga, arna shloinneadh i nóiméid, a tógadh chun Briogáidí Dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha i dtaca le dóiteáin | 5.10 nóiméad |
| F2-D | An meán-aga, arna shloinneadh i nóiméid, a tógadh chun Briogáidí Dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile (nach mbaineann le dóiteán) | 4.95 nóiméad |
| F3-A | An % de chásanna i dtaca le dóiteán inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 36.29% |
| F3-B | An % de chásanna i dtaca le dóiteán inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 45.71% |
| F3-C | An % de chásanna i dtaca le dóiteán inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 20 nóiméad | 18.01% |
| F3-D | An % de chásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 28.84% |
| F3-E | An % de chásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 45.77% |
| F3-F | An % de chásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 20 nóiméad | 25.40% |
| P5-A | An % d'iarratais ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán a cinneadh (a deonaíodh nó a diúltaíodh) laistigh de dhá mhí tar éis iad a fháil | 53.25% |
| P5-B | An % d'iarratais ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán a cinneadh (a deonaíodh nó a diúltaíodh) laistigh de thréimhse fhadaithe a comhaontaíodh leis an iarratasóir | 41.56% |
| P1 | An % d'fhoirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil | 5.5% |



*Fearas Dóiteáin nua Aicme B á sheachadadh ar Stáisiún Dóiteáin Inse*

## Ionchais don bhliain 2025

Tá foirgnimh, flít agus trealamh i measc na dtionscadal caipitil a bhfuil sé beartaithe againn iad a chur ar aghaidh.

Ceadaíodh cistiú deontais caipitil do sheirbhísí gairmiúla chun oibreacha suntasacha athfhorbartha a dhéanamh ag Stáisiún Dóiteáin Inse, agus táthar ag súil leis go mbeidh na príomhchomhairleoirí i bhfeidhm faoin mbliain 2025.

Tá obair ar siúl ar dhá thionscadal feithicle eile sa bhliain 2025: Fearas Dóiteáin Aicme B de chuid Scorpion; agus Aonad Ceannais Teagmhas na Seirbhíse Dóiteáin a athchóiriú. Táthar ag súil leis go gcuirfear an obair sin i gcrích go luath sa bhliain 2026.

Áirítear leis na tionscadail eile atá á gcur ar aghaidh sa bhliain 2025 iarraidh ar chúnamh deontais a ullmhú le haghaidh Trealamh Tarrthála Hiodrálach Ceallra-Oibrithe.

Tá sé beartaithe creidiúnú OHSAS 45001 a choinneáil mar chuid de Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Chomhairle Contae an Chláir.

Tá sé beartaithe go leanfar d’fheachtas suntasach feasachta ar shábháilteacht ó dhóiteán, rud a mbeidh feachtas meán cumarsáide i gceist leis. Leanfar sna “Seiceálacha um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa Bhaile” de chuid na Seirbhíse Dóiteáin de dhíriú a leagan ar ghrúpaí leochaileacha sonracha sa bhliain 2025 trí bhrathadóirí deataigh a shuiteáil agus trí chomhairle a thabhairt maidir le sábháilteacht ó dhóiteán.



*Cúrsa Iompair don tSeirbhís Dóiteáin ag an Stáisiún Dóiteáin Lárnach i mí an Mhárta 2024*

## Cosaint Shibhialta

Lean Oibrithe Deonacha Chosaint Shibhialta an Chláir le tacú lena bpobail le linn imeachtaí de gach cineál le linn na bliana 2024. Ní raibh i gCamchuairt Shóisearach na hÉireann, sa Rás Sealaíochta 24 huaire don Saol, i mbabhta rothaíochta carthanachta Little Blue Heroes agus i gcluichí Craobhchomórtais Iomána Sinsear na Mumhan ach roinnt den líon mór imeachtaí ar thacaigh Oibrithe Deonacha leo.

Chabhraigh Oibrithe Deonacha ó Chosaint Shibhialta leis an nGarda Síochána i gcás 24 oibríocht cuardaigh ar leith do dhaoine ar iarraidh. B'ionann é sin agus méadú suntasach ar an líon oibríochtaí den sórt sin ina raibh siad páirteach sa bhliain 2023. Leanann Oibrithe Deonacha le Teicneolaíocht Ladrainn a úsáid mar chuid lárnach d'oibríochtaí cuardaigh, mar gheall ar an gcumas cruthaithe atá aici feabhas a chur ar éifeachtacht na freagartha agus ar shábháilteacht oibrithe deonacha agus iad ag tabhairt cúnaimh le linn na n-oibríochtaí sin. I mí Iúil 2024, d'éirigh le Cosaint Shibhialta an Chláir, le cúnamh ó Chomhairle Contae an Chláir agus ó Bhrainse Cosanta Sibhialta na Roinne Cosanta, cistiú deontais a áirithiú chun ladrann nua úrscothach a cheannach, rud atá saintógtha do Chuardach agus Tarrtháil.

Leantar ar aghaidh le hOibrithe Deonacha a oiliúint ag Ceanncheathrú Chosaint Shibhialta an Chláir, Bóthar Chuinche, Inis. Ar an meán, cuirtear oiliúint ar 50 oibrí deonach sna disciplíní éagsúla laistigh de Chosaint Shibhialta gach seachtain. Sa bhliain 2024, cuireadh tús le hoiliúint do shé Oibrí Dheonacha dhéag a chláraigh don chlár Bunoiliúna d'Earcaigh, áit a soláthraítear an caighdeán oiliúna íosta atá leagtha síos ag Brainse Cosanta Sibhialta na Roinne Cosanta. Chuir triúr Oibrithe Deonacha cúrsa Bád Innill Leibhéal 2 i gcrích, agus chuaigh siad isteach san Fhoireann Bádóireachta laistigh den Aonad. Chuir cúigear Oibrithe Deonacha oiliúint A1 agus A2 d'Oibritheoirí Ladrainn i gcrích i gcomhar le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann. A bhuí leis sin, cuirfear feabhas eile ar Oibríochtaí Ladrainn laistigh de Chosaint Shibhialta.

Le cúnamh ó fhoireann Sláinte agus Sábháilteachta Chomhairle Contae an Chláir, d'éirigh le Cosaint Shibhialta an Chláir creidiúnú ISO:45001 a bhaint amach faoin Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil go déanach sa bhliain 2024. Níl i gCosaint Shibhialta an Chláir ach an dara haonad Cosanta Sibhialta sa tír seo a bhain an creidiúnú sin amach.

Cuireadh an éide nua do Chosaint Shibhialta i bhfeidhm i ngach aonad ar fud na tíre sa bhliain 2024. Chuir Oibrithe Deonacha agus Oifigigh araon fáilte mhór roimh an éide nua-aimseartha sin. Ní hé amháin go bhfuil sí níos praiticiúla, ach tá sí níos compordaí, níos forásaí agus níos oiriúnaí freisin do na róil a chomhlíonann Cosaint Shibhialta don phobal.

D'óstáil Cosaint Shibhialta an Chláir an chéad chomórtas réigiúnach le sé bliana. Thaistil foirne ó Luimneach agus ó Ghaillimh chuig an gClár chun páirt a ghlacadh sa chomórtas (Cleachtadh Mike Whiskey). Reáchtáladh an comórtas thar thrí láithreán ar maidin, agus na disciplíní uile á gcumhdach. Seoladh comórtas Druileanna Coise agus gníomhaíochtaí neartú foirne san iarnóin. Bhí dinnéar ann ansin in Óstán an Chontae Thiar.

Cúis mhór bróin dúinn ba ea bás an Uas. John Cuddihy, ár gcara, ár gcomhghleacaí agus an Tríú hOifigeach, i mí Lúnasa 2024. Bhí John ina fhíorchara linn go léir anseo i gCosaint Shibhialta an Chláir, agus ní dhéanfaimid dearmad choíche ar é a bheith ag mionghháire agus ag gáire linn. Fuair John gradam as an tseirbhís 20 bliain a rinne sé le Cosaint Shibhialta an Chláir níos luaithe sa bhliain 2024. B'éacht iontach é sin, agus tá a fhios againn go raibh sé an-bhródúil as.

Leanann Oibrithe Deonacha le tacaíocht gan staonadh a thabhairt dá bpobail trína gcuid oibre le Cosaint Shibhialta an Chláir, arb obair í a bhíonn deacair agus dúshlánach uaireanta. Tá sé tábhachtach aird ar leith a tharraingt ar an gcroíghrúpa ball foirne sinsearach/oibrithe deonacha atá againn. Ní bheadh an obair seo ar fad indéanta ina n-éagmais. Is as cuimse atá an t-eolas agus an taithí a chomhroinneann siad le hoibrithe deonacha nua le linn na hoiliúna gach seachtain.

The picture can't be displayed.



*Grianghraf deireadh bliana d'oibrithe deonacha, agus an éide nua orthu*



*Oibrithe deonacha ag iompar John Cuddihy, an Tríú hOifigeach, chuig a áit scíthe deiridh.*



*Oibrithe deonacha le linn oíche oiliúna liachta*



*Oibrithe deonacha ag glacadh páirte sa chleachtadh réigiúnach*

# Gníomhú ar son na hAeráide

Imríonn an fhoireann um ghníomhú ar son na haeráide laistigh de Chomhairle Contae an Chláir ról ríthábhachtach maidir leis an mbeartas aeráide a chur ar aghaidh ar an leibhéal áitiúil. Áirítear leis na cuspóirí atá ag an bhfoireann Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a chur chun feidhme atá ag teacht le cuspóirí náisiúnta aeráide.


Chuaigh an tOifigeach um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide i mbun an róil i mí Feabhra 2024, agus freagracht á glacadh as an gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm. Tá na róil uile á gcistiú go hiomlán ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Cuireadh de chúram ar an bhFoireann Aeráide ar dtús an Plean Gnímh don Aeráid a fhorbairt agus a fhoilsiú go rathúil agus tacú leis an bPlean sin a chur chun feidhme sna blianta amach romhainn. Is ionann an Plean Gnímh don Aeráid agus an bealach chun cinn do Chomhairle Contae an Chláir maidir le spriocanna Aeráide na Comhairle a bhaint amach agus maidir le pobail a chumasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh a spriocanna Aeráide féin a bhaint amach.

## An Plean Gnímh don Aeráid

Bhain an Plean Gnímh don Aeráid na céimeanna forbartha deiridh amach, agus glacadh é ag cruinniú de chuid na comhairle iomláine an 12 Feabhra. Chuaigh rannán Aeráide Chomhairle Contae an Chláir trí na céimeanna éagsúla forbartha i gcomhar leis na geallsealbhóirí uile, lenar áiríodh comhaltaí tofa, Coistí Beartais Straitéisigh, feidhmeannas na comhairle, comhpháirtithe agus pobail. Leagtar amach sa Phlean conair i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh de Chomhairle Contae an Chláir a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi 50% faoin mbliain 2030, agus tacú le Gníomhú ar son na hAeráide ar fud na n-earnálacha éagsúla atá ann i gContae an Chláir.

Tháinig deireadh leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí nuair a forbraíodh tuarascáil chuimsitheach ón bPríomhfheidhmeannach inar mionsonraíodh aon athruithe ar an Dréacht-Phlean. Fuarthas 148 n-aighneacht san iomlán i leith an Dréacht-Phlean, rud a léiríonn leibhéal suntasach spéise i measc na bpobal agus na gcomhpháirtithe ar fud an chontae.

Bunaíodh an Coiste Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide tar éis Plean Gnímh an Chláir don Aeráid 2024-2029 a ghlacadh i mí Feabhra 2024. Agus é comhdhéanta d'ardbhainisteoirí ó gach Stiúrthóireacht de chuid Chomhairle Contae an Chláir, tá an Coiste freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Gnímh don Aeráid agus as ionchur straitéiseach a thabhairt ina leith. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire sa bhliain 2024.




Seoladh ceann amháin de na cruinnithe sin mar Cheardlann um Ghníomhú ar son na hAeráide, ar lena linn a chualathas ó chainteoirí ón Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Is ar leibhéal an Choiste Beartais Straitéisigh agus na comhairle iomláine a dhéantar an faireachán agus an tuairisciú ar chur chun feidhme an Phlean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Cuireann an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide Tuarascáil Bhliantúil maidir le cur chun feidhme an phlean i láthair ag cruinniú de chuid na comhairle iomláine freisin. Ba ag an gcruinniú de chuid na comhairle i mí an Mhárta 2025 a cuireadh an chéad cheann de na tuarascálacha sin i láthair.

Déantar trácht sa tuarascáil bhliantúil ar na héachtaí agus na dúshláin a bhí i gceist le cur chun feidhme an phlean le linn na bliana 2024. Mionsonraítear inti na gníomhartha a rinneadh i ngach réimse, lena n-áirítear Rialachas, an Timpeallacht Thógtha, an tIompar, Pobail agus Comhpháirtíocht, agus an Timpeallacht Nádúrtha.

## An Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide

Dúnadh an tréimhse le haghaidh aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide an 28 Feabhra 2024. Rinneadh dianmheastóireacht ansin ar na hiarratais uile a fuarthas toisc gur mhó an t-éileamh ar an gclár ná an cistiú a bhí ar fáil, agus níos mó ná €2.5 milliún á lorg. Rinneadh na tionscadail a athbhreithniú agus a scóráil de réir na gcritéar seo a leanas: ábharthacht



*Seoladh an Chláir um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide*


*Cónaitheoirí Fhaiche an Choláiste*

agus tionchar; nuálaíocht agus inscálaitheacht; luach ar airgead; indéantacht; cur chuige comhpháirtíochta; agus socruithe rialachais. Is iad seo na réimsí téamacha den chlár: Pobal agus Fuinneamh; Taisteal; Bia agus Dramhaíl; agus Siopadóireacht agus Athchúrsáil.

Fuair an Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide ceadú ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide do shé thionscadal is fiche i mí Iúil 2024. Tá trí thionscadal is fiche á gcistiú faoi Shnáithe 1: 'Pobail Ísealcharbóin a Thógáil' ar chostas €572,000. Tá an cistiú sin dírithe ar eagraíochtaí agus grúpaí pobail ag a bhfuil tionscadail agus tionscnaimh lena dtugtar aghaidh ar dhúshlán an athraithe aeráide. Tá trí thionscadal á gcistiú faoi Shnáithe 1a: 'Gníomhú Pobail ar son na hAeráide le haghaidh Oileán Comhroinnte'. Is ionann luach na dtionscadal sin agus €236,663. Tá 50% den chistiú sin leithdháilte ar an gcomhpháirtí tionscadail sa Tuaisceart. Tacaíonn na tionscadail de Shnáithe 1a le comhpháirtíochtaí trasteorann agus uile-oileáin um ghníomhú pobail ar son na haeráide idir eagraíochtaí pobail i gContae an Chláir agus i dTuaisceart Éireann.

Cuireadh tús le roinnt de na tionscadail sin i ráithe 3 den bhliain 2024. Cuireadh roinnt díobh i gcrích go substaintiúil cheana féin. Áirítear leo sin solas gréine a bheith á shuiteáil ag Coiste Bailte Slachtmhara an Dúin Bhig. Shuiteáil CLG Smith O'Brien córas mór grianphainéal fótavoltach ar a chlubtheach. In éineacht le CLG Naomh Mhic Artain i dTrí Leac, Co. Thír Eoghain, a chomhpháirtí sa tuaisceart, d'éirigh le CLG Chroisín cistiú a áirithiú tríd an tionscadal Oileáin Chomhroinnte, agus tá a dtionscadal trasteorann á chur chun feidhme acu faoi láthair. Suiteáladh fuinneoga nua tríghloinithe ag Ionad Pobail Mike McTigue. Rinne Club Rugbaí na Scairbhe a phríomhshoilsiú páirce a iarfheistiú ina shoilsiú LED mar chuid den chlár. Shuiteáil Cumann Bhothán na bhFear, Inis, córas grianphainéal fótavoltach ar a cheardlann. Reáchtáil Cumann Cónaitheoirí Fhaiche an Choláiste imeacht pobail chun limistéar coillearnaí dúchasaí a chur ina eastát. Leanfar ar aghaidh leis na tionscadail sin a chur chun feidhme i rith na bliana 2025, agus tá na tionscadail uile le críochnú faoi mhí Feabhra 2026.

# Fuinneamh

## Bainistíocht Fuinnimh


D'éirigh le Comhairle Contae an Chláir creidiúnú Bainistíochta Fuinnimh IS050001 a choinneáil i mí Feabhra 2024 tar éis Iniúchadh faireachais Fuinnimh ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Tá an t-iniúchadh faireachais ceaptha chun measúnú a dhéanamh ar an tiomantas leanúnach atá againn mar eagraíocht do bhainistíocht fuinnimh agus chun a chinntiú go gcomhlíonaimid ceanglais ISO 50001, ar caighdeán é atá creidiúnaithe ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Bhí an t-iniúchadh dírithe ar úsáideoir mór fuinnimh amháin, agus measúnaíodh ann sonraí fuinnimh i rith na bliana.

Chuir Comhairle Contae an Chláir anailís ar an mBearna go dtí an Sprioc i gcrích, rud ina mionsonraítear na réimsí ina ndéanfaimid laghduithe carbóin agus méaduithe éifeachtúlachta fuinnimh thar an gcéad 5 bliana eile.

Ag gníomhú di tríd an rannán Aeráide agus Fuinnimh, stiúir Comhairle Contae an Chláir an obair chun Aonad Fuinnimh an Iarthair Láir a fhorbairt i rith na bliana 2024 i gcomhar le SEAI, le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus le Comhairle Contae an Chláir. Is aonad bainistíochta tionscadal é sin a dhíreoidh ar iarfheistiú domhain. Gníomhóidh an Clár mar údarás ceannais i leith an aonaid sin. Is ó SEAI a thiocfaidh 50% den chistiú do thionscadail cheadaithe. Rachaidh an t-aonad i mbun oibre go luath sa bhliain 2025.

Agus í comhdhéanta de bhaill ó stiúrthóireachtaí éagsúla agus faoi stiúir ag an Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh, tháinig an fhoireann Bainistíochta Fuinnimh le chéile roinnt uaireanta sa bhliain 2024 chun patrúin tomhaltais a anailísiú agus chun straitéis a chur le chéile le haghaidh tionscadail fuinnimh a chur ar aghaidh. Áirítear iad seo a leanas leis na tionscadail shuntasacha a forbraíodh sna hearnálacha fuinnimh agus carbóin le linn na bliana 2024:

- Leanadh leis an athchóiriú ar shoilsiú poiblí sa bhliain 2024. Tá 82% de na soilse sa chontae iarfheistithe ina soilse LED anois, agus leanfar leis an obair sin tríd an Tionscadal um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Phoiblí sa bhliain 2025. Tháinig méadú suntasach ar thomhaltas fuinnimh dá bharr sin, cé gur suiteáladh thart ar 2500 solas ó socraíodh an bhonnlíne.
- Tugadh ola glasraí hidreachóireáilte isteach inár bhflíteanna feithiclí earraí troma, agus níos mó ná 500 tona d'astaíochtaí carbóin á bhfritháireamh dá bharr sin. Úsáideadh níos mó ná 200,000 lítear d'olaí glasraí hidreachóireáilte sa bhliain 2024.
- Dearadh agus Soláthar le haghaidh grianphainéil fhótavoltacha a shuiteáil i Margadh an Ime
- Próiseas soláthair le haghaidh creat aonpháirtí maidir le hIniúchtaí Fuinnimh.




## Feasacht

Ghlac an fhoireann Aeráide agus Fuinnimh páirt i roinnt mhaith fóram i rith na bliana 2024 ar mhaithe le feasacht ar ghníomhú ar son na haeráide a mhúscailt ar leibhéal na foirne agus ar leibhéal an phobail. Tríd an bhfeachtas 'Úsáid Níos Lú', féachann an fhoireann Fuinnimh le feasacht ar úsáid fuinnimh a mhúscailt ar fud na heagraíochta a mhéid a bhaineann le húsáid fuinnimh sa timpeallacht oibre agus sa bhaile araon.

Reáchtáil an rannán Aeráide lá feasachta maidir le Fuinneamh agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i mí Mheán Fómhair 2024.

Rinne an rannán Aeráide caidreamh idirghníomhach le coistí Bailte Slachtmhara, le grúpaí lucht gnó i gCill Chaoi agus le grúpaí scoir. Rinne sé ceardlann

feasachta Aeráide/Aoisbhá a fhorbairt agus a reáchtáil i mí na Bealtaine 2024 freisin, mar aon le ceardlann maidir le Gníomhú ar son na hAeráide d'Ardbhainisteoirí a bhí dírithe ar thús a chur leis an bPlean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme.

# Seirbhísí Uisce

## Seirbhísí Uisce a Sholáthar Amach Anseo

Shínigh an Príomhfheidhmeannach an Máistir-Chomhaontú Comhair agus an Comhaontú um Chomhroinnt Sonraí idir Uisce Éireann agus Comhairle Contae an Chláir an 5 Bealtaine 2023. Cuireadh an Máistir-Chomhaontú Comhair in ionad an Chomhaontaithe Seirbhíse a bhí ann cheana tráth an dáta éifeachta. Ba é an dáta éifeachta i gcás Chomhairle Contae an Chláir ná an 20 Meán Fómhair 2023. Faoin Máistir-Chomhaontú Comhair nua, ghlac Uisce Éireann an fhreagracht as baill foirne agus seirbhísí uisce a bhainistiú agus a rialú go díreach. Tá Uisce Éireann freagrach as sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú freisin.

## Aistriú Sócmhainní

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na sócmhainní uisce agus fuíolluisce atá ann i gContae an Chláir, sainaithníodh 384 láithreán lena n-aistriú, b'fhéidir, chuig Uisce Éireann go dtí seo. Tar éis suirbhéanna láithreáin a dhéanamh, cinneadh gur sócmhainní dúblacha, sócmhainní nach bhfuil i mbun feidhme nó sócmhainní nach nglacfadh Uisce Éireann leo iad 71 cheann de na sócmhainní sin. De na 313 shócmhainn atá fágtha, tá 224 cheann aistrithe go hiomlán chuig Uisce Éireann anois. Tá na 89 sócmhainn atá fós le haistriú roinnte ina gcatagóirí difriúla, agus cuireadh plean le chéile le haghaidh na sócmhainní sin a aistriú chuig Uisce Éireann.

## An Clár Uisce Tuaithe


Sa bhliain 2024, infheistíodh €190,899.00 in oibreacha uasghrádúcháin a chur ar aghaidh ar dheich ngrúpscéim uisce ar leithdháileadh cistiú orthu faoin gClár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil.

Riaradh an Deontas Fóirdheontais Bliantúil freisin ar 29 scéim, agus cistiú fóirdheontais foriomlán dar luach €1,801,522.00 á sholáthar do na scéimeanna sin.

Ina theannta sin, riaradh 59 n-iarratas ar dheontas toibreacha tollta faoin gClár Uisce Tuaithe sa bhliain 2024, agus íocadh €211,816.00 amach le sealbhóirí tí.

Sa bhliain 2024, lean Oifig an Chláir um an gClár Uisce Tuaithe le cúnamh a thabhairt do scéimeanna agus iad ag déanamh iarratas ar a nglacadh faoi chúram ag Uisce Éireann, agus tá cuid mhór de na hiarratais sin ag céimeanna éagsúla dul chun cinn faoi láthair.





*Gairdín Vandeleur, Cill Rois, Co. an Chláir*



# AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT TURASÓIREACHTA



**JOHN O'MALLEY**
**Stiúrthóir Gníomhach um Fhorbairt Turasóireachta**
13 Bealtaine 2024 go dtí an 3 Samhain 2024



**SIOBHÁN MCNULTY**
**Stiúrthóir um Fhorbairt Turasóireachta**
Ón 4 Samhain 2024

## Geopháirc Dhomhanda UNESCO Bhoirne agus Aillte an Mhothair





THE IRISH TIMES

The Gloss

Covid-19 inquiry set to hear from families and health staff

SF seeks removal of judge convicted of sex assaults

**Fionnachtain iontaise:** Bhí ag an nGeopháirc tús iontach don bhliain 2024, tráth a d'aimsigh an Dr Eamon Doyle iontaise atá 315 mhilliún bliain d'aois, agus í ar an gcéad cheann dá leithéid in Éirinn.

Cumhdaíodh an fhionnachtain sna meáin náisiúnta, agus í le feiceáil ar Virgin Media News, san Irish Independent, ar an leathanach tosaigh den Irish Times, ar RTÉ agus ar chainéil meán réigiúnacha agus áitiúla eile.

### Acadamh Geopháirce

Bhí an dara hAcadamh Geopháirce ar siúl thar dheireadh seachtaine an 25/26 Bealtaine i gColáiste Ealaíne Bhoirne. Dé Sathairn, labhair deichniúr cainteoirí faoi raon leathan píosaí taighde a foilsíodh sa réimse seo le déanaí, lenar áiríodh Geolaíocht, Seandálaíocht, anailís DNA, Turasóireacht, Ealaín, agus léarscáiliú ghrinneall na mara. Dé Domhnaigh, bhí turas treoraithe againn ar stair Chill Fhionnúrach, Chaisleán Léim an Eich, Chill Iníne Baoith, Chora Finne agus Chaisleán an Dísirt, rud a bhí faoi stiúir ag Edel Barry, ag Frank O'Grady agus ag Dick Cronin. Ghlac breis agus 50 duine páirt san Acadamh Geopháirce. D'éirigh go geal leis an imeacht, agus láithreoirí ag teacht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ó Ollscoil na Gaillimhe, ó Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, ó Choláiste Ealaíne Bhoirne agus, ar ndóigh, ón nGeopháirc. Fuaireamar aiseolas iontach, agus d'fhiafraigh cuid mhór de na rannpháirtithe dínn an gcuirfimis an t-imeacht ar siúl arís eile an bhliain seo chugainn. Tá súil againn déanamh amhlaidh, toisc go gcuirtear an réigiún i láthair mar áit taighde agus mar áit is díol spéise don turasóireacht oideachasúil lena linn.



### Cód Cleachtais Gheopháirc Dhomhanda UNESCO Bhoirne agus Aillte an Mhothair a Athchreidiúnú

Tugadh aitheantas oifigiúil do 60 gnólacht ó thuaisceart an Chláir agus ó dheisceart na Gaillimhe as a rannpháirtíocht i dtionscnamh comhshaoil a bhíonn ag bunathrú fhorbairt na turasóireachta inbhuanaithe ar fud réigiún Bhoirne. Agus é á fhorbairt le cistiú LIFE ón Aontas Eorpach agus á sheoladh ag Cód Cleachtais Gheopháirc Dhomhanda UNESCO Bhoirne agus Aillte an Mhothair sa bhliain 2016, is é Cód Cleachtais na Geopháirce don Turasóireacht Inbhuanaithe an t-aon tionscnamh inbhuanaithe amháin dá leithéid in Éirinn agus sa líonra de 169 nGeopháirc atá ann ar fud 44 thír.

Idir óstán a bhaineann leas as hidreachumhacht chun freastal ar a riachtanais leictreachais uile agus tháirgeoir bia ceardaí a ghlacann le cleachtais inbhuanaithe, is é atá i gceist leis an gCód go ndéanann baill de Líonra Éiceathurasóireachta Bhoirne laghduithe ar aschur comhshaoil, agus go dtomhaiseann siad an t-aschur sin, go gcuireann siad táirgí áitiúla agus caomhantas chun cinn, agus go nglacann siad páirt i dtionscnaimh forbartha agus tathanta pobail, in imeachtaí líonraithe agus i gceannach glas.

## Nascadh

### Birmingham

Thaistil Ard-Mhéara Birmingham chuig an gClár deireadh seachtaine amháin i mí Feabhra chun go bhféadfadh Comhairle Contae an Chláir agus Comhairle Cathrach Birmingham iniúchadh a dhéanamh ar naisc eacnamaíocha a bhunú idir an dara cathair is mó sa Ríocht Aontaithe agus limistéar Shionainne, lena n-áirítear an t-aerfort agus an crios tionsclaíoch.



D'eitil an Comhairleoir Chaman Lal agus príomhphearsana ón údarás áitiúil is mó san Eoraip chuig Aerfort na Sionna, sula ndeachaigh siad ar thuras cuimsitheach dhá lá ar Chontae an Chláir.

Le linn an turais sin, tionóladh cruinnithe le ceannairí gnó i Sionainn, lenar áiríodh ionadaithe ó Ghrúpa Aerfort na Sionna, ó Champas Soghluaisteachta na Todhchaí, ó EI Electronics agus ó Jaguar Land Rover. Ina dhiaidh sin, bhí lón gnó ann ag Comhlachas Tráchtála Shionainne, áit ar thug Darragh O'Brien TD, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an spreagaitheasc.




Thug an Comhairleoir Lal cuairt ar Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair, bhain sé taitneamh as turas mara ar Loch Deirgeirt, agus d'fhreastail sé ar Fhéasta Meánaoiseach Chaisleán Bhun Raite freisin. Thug an tArd-Mhéara cuairt ar an limistéar tar éis dó glacadh le cuireadh ón gComhairleoir Joe Cooney, Cathaoirleach ar Chomhairle Contae an Chláir, agus ón gComhairleoir Tony O'Brien, Cathaoirleach ar Choiste Chontae an Chláir um Nascadh.



Tar éis dóibh cuireadh a fháil ón gComhairleoir Ken Wood, an tArd-Mhéara ina dhiaidh sin, thug toscaireacht ón gClár cuairt ar ais ar Birmingham i mí na Samhna. Agus í faoi stiúir ag an gCathaoirleach Alan O'Callaghan, d'fhreastail an toscaireacht ó Chontae an Chláir ar Shárthaispeántas Infheistíochta Gnó idir Éire agus Birmingham. Ba iad Ken Wood, Ard-Mhéara Birmingham, agus Orla Mc Breen, Leas-Cheann Misin ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, Éire, a d'óstáil an Sárthaispeántas lae sin.



Ba ar infheistíocht a bhí an t-imeacht dírithe. Sárthaispeánadh lena linn freisin an caidreamh eacnamaíoch atá ann idir EI Electronics/AICO agus Birmingham, mar aon le láithreoireachtaí ar cén fáth ar cheart infheistíocht a dhéanamh ar fud an dá réigiún. Bhí caidreamh comhchéime gnólacht le gnólacht ann freisin, agus cuid mhór eolais á comhroinnt idir na rannpháirtithe. Tá sé beartaithe na ceangail eacnamaíocha sin a úsáid mar bhonn don nasc foirmiúil cultúrtha, sóisialta agus turasóireachta atá le forbairt idir Birmingham agus an Clár (Ceantar Bardasach Shionainne), mar gheall ar an nascacht sheanbhunaithe atá ann idir an dá réigiún a bhuí le heitiltí díreacha.



## Phoenix, Arizona:

Mar gheall ar an gcaidreamh seanbhunaithe atá ann idir Inis agus Phoenix mar chomhchathracha, thaistil toscaireacht go Phoenix, Arizona, i mí Mheán Fómhair 2024. Thionóil an toscaireacht cruinnithe fiúntacha le hOifig Turasóireachta Arizona agus leis an gcuideachta Visit Phoenix, agus chomhroinn sí eolas leo. Soláthraíodh láithreoireachtaí mionsonraithe cur chun cinn do Chraobh Arizona den American Society of Travel Advisors, agus reáchtáladh fóram tiomnaithe ceisteanna is freagraí maidir le conas cláir thaistil a éascú do chuairteanna amach anseo ar an gClár. Tionóladh cruinnithe an-spéisiúil leis an Ionad Cultúrtha Éireannach agus le Músaem na nGléasanna Ceoil in Phoenix freisin chun plé a dhéanamh ar mhalartuithe ceoil féideartha amach anseo idir an dá pháirtí. Soláthraíodh Imeacht agus Láithreoireacht de chuid Explore County Clare do spriocphobal mór freisin, go háirithe diaspóra na hÉireann agus/nó an margadh taistealaithe lán-neamhspleácha ag an Ionad Cultúrtha Éireannach in Phoenix.

# Margaíocht agus Cur Chun Cinn Visit Clare

## Margaíocht Intíre

Leis an imeacht 'Bí i do Thurasóir i gContae an Chláir, do Chontae Féin' de chuid Visit Clare sa bhliain 2024, cuireadh leis an rath a bhí ar an imeacht aon lae a reáchtáladh sa bhliain 2023. D'éirigh go geal leis an dá imeacht. Tá an t-imeacht deartha chun spreagadh a thabhairt do chónaitheoirí a gcontae féin a iniúchadh agus athchuairt a thabhairt ar láithreacha móréilimh nó limistéir nach bhfuil chomh cáiliúil céanna, agus lascainí flaithiúla á dtairiscint ag nithe is díol spéise, amhail lascaine 50% ar chead isteach. Ag teacht sna sála ar an rath a bhí ar an imeacht sa bhliain 2023, leathnaíodh é ina imeacht dhá lá sa bhliain 2024, agus é ar siúl an 20 agus 21 Aibreán. Ghlac muintir na háite páirt dhíograiseach ann, agus a gContae féin á iniúchadh acu an athuair.




Áiríodh leis an raon leathan eispéireas a bhí ar fáil ar phraghsanna lascainithe cuairt a thabhairt ar fhíormhonarcha seacláide, turas uaimhe a thógáil, céim siar in am a thógáil i gCreagán Eoghain agus i mBun Raite, seoladh go hOileáin Árann, amharc ar thaispeántais madraí caorach, agus iniúchadh a dhéanamh ar ómós luibheolaíoch do stair nádúrtha shaibhir na hÉireann in Iarthar an Chláir.

Is ar an gClár atá roinnt de na nithe is cáiliúla do chuairteoirí in Éirinn suite. Áirítear leo sin Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite, Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair, Ionad Eispéireas Cuairteoirí na hAille Buí-Bhoirne, Uaimh Dhúlainn, Creagán Eoghain, Gairdín Daingean agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur, Músaem Eitlíochta Shionainne, agus Mainistir Inse atá á reáchtáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Bhí siad sin go léir páirteach san fheachtas cur chun cinn.

I measc na nithe eile is díol spéise a bhí páirteach bhí Wilde Irish Chocolates, Teach Solais Cheann Léime, Cumann Lucht Sábhála Shíolta na hÉireann, Bád Farantóireachta Dhúlainn, Killaloe River Cruises, Caherconnell Fort and Sheepdog Demonstrations, Uaimh Dhúlainn, Feirm Oscailte Chnoc an Mhothair,

Ionad Fóillíochta an Leachta, Charm Bee Studio and Café, Siúlóid Threoraithe na Tulaí, agus Blais an tAtlantach - An tEispéireas Bradán.

## Margaíocht Idirnáisiúnta

Níos lú ná mí amháin tar éis don Chlár Corn Liam Mhic Cárthaigh a ardú i bPáirc an Chrócaigh, cuireadh an Bhratach in airde arís eile i mí Lúnasa nuair a cuireadh an Contae i lár an aonaigh ag an gceiliúradh is mó ar domhan ar cheol agus cultúr na hÉireann. Thaistil toscaireacht turasóireachta a bhí faoi stiúir ag Comhairle Contae an Chláir go Wisconsin d’Fhéile Éireannach Milwaukee (an 15 go dtí an 18 Lúnasa) chun spriocdhíriú ar dhaoine de lucht saoire na Stát Aontaithe a raibh sé beartaithe acu dul thar lear sa bhliain 2025.

Ba é díriú an fheachtais cur chun cinn sin ná ‘Fly Shannon’, agus ceithre sheirbhís sceidealaithe ann idir Aerfort na Sionna agus aerfoirt JFK, Newark, Boston Logan agus Chicago O’Hare.

## Gradam Condé Nast

Cúis áthais do Chomhairle Contae an Chláir ba ea gur aithin Condé Nast Traveler Contae an Chláir mar cheann de na háiteanna is fearr le cuairt a thabhairt orthu san Eoraip don bhliain 2025, mar gheall ar na fanachtaí éicea-chomhfhiosacha atá le fáil ann agus ar an dóigh a gceiliúrtar an cheardaíocht thraidisiúnta ann. Bhí an t-aitheantas sin ina léiriú ar an tiomantas leanúnach atá ann an Clár a dhéanamh ina cheann scríbe níos beoga agus níos inbhuanaithe, mar atá leagtha amach sa doiciméad ‘Straitéis Turasóireachta an Chláir 2030 – Ár nAistear i dtreo Todhchaí Bheoga Nua sa Turasóireacht a Threorú’. Bíonn bunús an Chláir ó thaobh inbhuanaitheachta agus traidisiúin de á neartú arís eile trí na hiarrachtaí uaillmhianacha atá ar bun aige deimhniú a bhaint amach ón gComhairle Dhomhanda um Thurasóireacht Inbhuanaithe. Braitheann an próiseas sin ar chinnteoireacht thrédhearcach fhianaisebhunaithe, atá bunaithe ar shonraí a bhailítear ó chónaitheoirí, ó ghnólachtaí agus ó chuairteoirí. Fianaise ar obair ár straitéise ba ea an t-aitheantas a thug Condé Nast Traveler dúinn. Áirítear leis sin an obair atá ar bun ag pobail, ag gnólachtaí agus ag geallsealbhóirí eile a thairgeann eispéiris den scoth do chuairteoirí agus a oibríonn an tráth céanna chun a gcuid acmhainní sóisialta, cultúrtha, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhainistiú. Téigh chuig www.visitclare.ie/sustainable agus chuig www.visitclare.ie/strategy2030 chun tuilleadh faisnéise a fháil.






## Teach Solais Cheann Léime agus Gairdín Daingean agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur

D'oscail an tAire Heather Humphries Gairdín Daingean agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur agus Ionad Eispéireas Cuairteoirí Theach Solais Cheann Léime go hoifigiúil an 13 Bealtaine. Fuair an dá thionscadal cistiú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, agus chuir a n-oscailt oifigiúil ag an Aire bailchríoch rathúil orthu.





Bhí áthas ar an bhfoireann ag Gairdín Daingean agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur clár iomlán a fhógairt d'Fhéile Vandeleur Chill Rois 2024, áit a raibh rud éigin ar fáil do chách. D'éirigh go geal leis an bhféile do dhaoine móra ceoil, do dhíograiseoirí ealaíne agus do theaghlaigh. Chuir sí borradh eacnamaíoch faoi bhaile Chill Rois freisin, mar gheall ar an tseirbhís tointeála bus a eagraíodh chun an lucht freastail a thabhairt chuig an mbaile agus chuig an ngairdín agus uathu araon.

## Ionad Eispéireas Cuairteoirí Inis Cealtra (Teach an Reachtaire, Baile Uí Bheoláin)

Leanadh ar aghaidh leis an obair ag Teach an Reachtaire sa bhliain 2024, agus an obair tógála ar an síneadh agus ar an tsíleáil chuartha airde dúbailte á críochnú. Léiriú ar an ardchaighdeán ceardaíochta a bhí i gceist is ea castacht na gné agus an toradh deiridh. Fógraíodh an tairiscint le haghaidh an t-ionad léirmhínithe cuairteoirí a fheistiú ag deireadh na bliana 2024 freisin. Chomh maith leis sin, chuir an Oifig Ealaíon i gComhairle Contae an Chláir tús le Scéim an Chéatadáin don Ealaín do Theach an Reachtaire.

Ba í an Fhoireann Deartha a chomhordaigh agus a sheol na seiceálacha deiridh ar Iarratas Pleanála Chuid 10 d'Inis Cealtra, rud a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála roimh dheireadh na bliana.



## Seimineáir Ghréasáin maidir le Cóiríocht Mhalartach

Ar aon dul le ceann amháin de na príomhchuspóirí straitéiseacha atá i Straitéis Turasóireachta an Chláir 2030, choimisiúnaigh an Rannóg Turasóireachta dhá phríomhthuarascáil, ba iad sin:

1. Iniúchadh Cóiríochta do Chontae an Chláir, rud a cuireadh i gcrích i gcomhar le Fáilte Éireann.
2. Athbhreithniú Cuimsitheach ar Shaoráidí Páirceála Veaineanna Campála agus RVanna laistigh den Chlár.

De bhun na dtuarascálacha sin, agus i gcomhpháirt le Fáilte Éireann, d'eagraigh an rannóg turasóireachta sraith seimineár Gréasáin dhá chuid agus cuairt ar shaoráid shómasach glampála in Iarthar an Chláir ar mhaithe le spéis agus infheistíocht fhéideartha a spreagadh sa chóiríocht mhalartach atá ar fáil anseo ar an gClár – is féidir amharc ar na nithe sin go fóill ag www.visitclare.ie/register.



Ba é Crown & Canopy a d'óstáil an seimineár Gréasáin, agus iad ina saineolaithe ceannródaíocha i réimse na cóiríochta malartaí lasmuigh agus na cóiríochta eis-eangaí. Le linn an imeachta sin, tugadh léargais ríthábhachtacha agus treoir phraiticiúil d'úinéirí talún agus dóibh sin a bhí ag iarraidh cóiríocht mhalartach turasóireachta a fhorbairt. Comhroinneadh faisnéis faoi na tacaí airgeadais agus oiliúna atá ar fáil trí chlár LEADER agus trí Oifig Fiontair Áitiúil Chomhairle Contae an Chláir lena linn freisin.

Bhí freagra ollmhór ann ar an tionscnamh agus ar an tacaíocht a bhí ar fáil ón Rannóg um Fhorbairt Turasóireachta.
D'óstáil an Rannóg Turasóireachta cuairt ar láithreán glampála i Leaba Shíoda do pháirtithe leasmhara féideartha freisin.

## Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite

Chuir Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite fáilte roimh 341,155 chuairteoir sa bhliain 2024, cothrom le méadú 8% ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Bhain na cuairteoirí taitneamh as na tairiscintí nua atá ar fáil, amhail an clós meánaoiseach, turais cóistí, roithleagán ró Victeoiriach, agus beochan fheabhsaithe ar fud na páirce. Beag beann ar an tionchar a bhí ag costais mhéadaithe, bhí méadú beag ann ar an líon cuairteoirí ar fhéastaí ag Caisleán Bhun Raite agus ag Caisleán Chnapóige araon.

Is féidir an fás sin ar fud na láithreán uile a chur síos d'fheachtais mhargaíochta éifeachtacha náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, rinne an fhoireann éagsúlú straitéiseach ar a cuid for-rochtana, agus í ag laghdú an spleáchais ar mhargadh na Stát Aontaithe trí dhul go gníomhach sa tóir ar dheiseanna i margaí Eorpacha agus i margaí atá ag teacht chun cinn. Ina theannta sin, leathnaíodh agus oiriúnaíodh an féilire bliantúil imeachtaí chun déimeagrafaigh agus grúpaí sainleasmhara éagsúla a mhealladh. Rinneadh amhlaidh freisin chun sainghné uathúil gach láithreáin agus na difríochtaí idir na séasúir a léiriú.



Cuireadh feabhas mór ar an tairiscint ag clós Chaisleán Bhun Raite sa bhliain 2024 trí cheárta lasmuigh agus Eoin Reardon, réalta meán sóisialta agus ceardaí deileadh adhmaid, a chur leis.

## Gradaim do Bhun Raite

Cheiliúir Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite dhá éacht sa bhliain 2024, ar lena linn a fuair sé an gradam "An Gnó Turasóireachta is Fearr" ag Gradaim Rogha an Chláir de chuid Clare FM i mí na Bealtaine agus a fuair sé an gradam "An tEispéireas Turasóireachta is Fearr" ar an gClár ag Gradaim Shármhaitheasa Gnó an Chláir de chuid Chomhlachas Tráchtála Inse i mí na Samhna. Tugann na gradaim sin aitheantas d'obair chrua agus díograis na foirne ar fad i mBun Raite.




## An Nollaig i mBun Raite



D'fhreastail breis agus 3,000 duine ar pharáid na Nollag i mBun Raite i mí na Nollag 2024, an chéad pharáid dá leithéid. Agus é á eagrú ag Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite i gcomhar le gnólachtaí áitiúla agus le Comhairle Contae an Chláir, chuir an t-imeacht borradh suntasach eacnamaíoch ar an sráidbhaile. Ba é an t-imeacht sin a sheol séasúr Nollag na páirce go hoifigiúil. Ghlac 400 duine páirt sa pharáid, agus chuir Megan O'Brien ó Shiondróm Down an Chláir bailchríoch ar an imeacht trí shoilse na Nollag a lasadh.

Bhí Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite lán le hiontas an gheimhridh ón 28 Samhain go dtí an 23 Nollaig, agus trí cinn d'eispéiris Nollag a raibh an-tóir orthu á dtairiscint: pluais Dhaidí na Nollag; Bricfeasta le Santa; agus Nollaig fhéiltiúil ag féasta an Chaisleáin. Mealladh breis agus 40,000 cuairteoir go Bun Raite mar gheall ar na himeachtaí sin, agus ceann scríbe féiltiúil i gContae an Chláir á dhéanamh de.

# Creagán Eoghain



## Ceiliúrann Creagán Eoghain Comóradh 50 Bliain a Bhunaithe

Cheiliúir Creagán Eoghain comóradh 50 bliain a bhunaithe an 30 Meán Fómhair 2024, agus baill foirne reatha agus iarbhaill foirne, daoine áitiúla mór le rá agus daoine den phobal á dtabhairt le chéile. Rud suntasach eile sa bhliain thábhachtach sin ba ea an méadú 27% a tháinig ar an líon cuairteoirí, mar thoradh díreach ar infheistíochtaí suntasacha a rinneadh ó ghlac Comhairle Contae an Chláir ceannas ar an láithreán.

Tarraingíodh an-aird dhomhanda ar Chreagán Eoghain sa bhliain 2024 freisin mar gheall ar é a bheith le feiceáil i bhfeachtas fógraíochta "Baile Oíche Shamhna" de chuid Thurasóireacht Éireann. Agus leas á bhaint as ardáin teilifíse, phictiúrlainne agus dhigiteacha, chuaigh an feachtas sin i bhfeidhm ar 12 phríomh-mhargadh turasóireachta ar fud an domhain – na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil, agus tíortha ar fud na hEorpa san áireamh. Amharcadh ar phríomhghné an fheachtais – scannán 60 soicind ina dtaispeántar stair uathúil na hÉireann – 14 mhilliún uair cheana féin.

Conair Nua Béaloidis ag Creagán Eoghain –
a suiteáladh sa bhliain 2024



## Caisleán Chnapóige


Cuireadh tús le hoibreacha tionscadail ar Chaisleán Chnapóige sa bhliain 2024, agus é mar aidhm leo eispéireas cónaithe cúig réalta agus gairdíní foirmiúla a thairiscint. Nuair a bheidh siad críochnaithe, beidh na gairdíní foirmiúla ag teacht leis na gairdíní a chruthaigh Beth Andrews sna 1970í, agus cuirfidh siad go mór leis an tairiscint fhoriomlán táirgí. Táthar ag súil go gcríochnófar na hoibreacha ar an gCaisleán go luath sa bhliain 2026. Beidh an Caisleán an-tarraingteach do mhórchaiteoirí, agus cruthófar pacáiste sómasach a bheidh deartha chun freastal ar a riachtanais uile.

## Aillte an Mhothair

### Gníomhaíocht Gnó

Thug 1.495m duine cuairt ar Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair sa bhliain 2024. Ba de chóiste a tháinig 42% de na cuairteoirí uile (1% ar an iompar poiblí) agus ba de charr a tháinig 55% díobh. I gcás 3% de na cuairteoirí, shiúil siad chuig an láithreán nó tháinig siad de rothar.


I gcomparáid leis na figiúirí don bhliain 2019, tháinig laghdú 7% ar an líon foriomlán cuairteoirí. Tháinig méadú 27% ar an meánlíon cuairteoirí a thaistil de chóiste, agus tháinig laghdú 15% ar an líon iomlán cuairteoirí a tháinig de chóiste. Bhí laghdú 32% ann ar an líon cóistí ar na bóithre freisin. Nochtar in anailís mhionsonraithe don bhliain 2024 nár iompair "cóistí turas lae" a oibríonn faoi cheadúnais ach 12% de na paisinéirí uile.




Maidir le cuspóirí digiteacha a chomhlíonadh, tháinig méadú eile ar an sciar de dhaoine a chuireann cuairt in áirithe roimh ré mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíochta agus mar gheall ar shócmhainní digiteacha a chur chun cinn. Cuireadh an ghrúpghníomhaíocht trádála ar fad in áirithe roimh ré, agus rinne 23% de na taistealaithe lán-neamhspleácha uile amhlaidh. Tugadh 464,000 cuairt ar an suíomh Gréasáin, agus íoslódáladh Aip agus Clostreoir ilteangach Aillte an Mhothair 106,000 uair.

Príomhchuspóirí maidir leis an láithreán agus an chúlchríoch máguaird a bhainistiú is ea dáileadh cuairteoirí agus bainistíocht acmhainne, agus béim á leagan ar thaistealaithe lán-neamhspleácha agus cuairteoirí cóiste a bhogadh ar shiúl ó na buaicuaireanta. A bhuí le gníomhartha éifeachtacha bainistíochta cuairteoirí, tháinig laghdú 8,200 duine ar an líon cuairteoirí a tháinig de chóiste i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2019, agus 33 phaisinéir ar an meán ar bord i gcomparáid le 26 dhuine sa bhliain 2019. Bhí méadú 2% ann ar an líon cuairteoirí cóiste a bogadh chuig tréimhsí seachbhuaice.

Is iad na príomh-mhargaí ná na Stáit Aontaithe, Ceanada, Éire, an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe agus an Chuid Eile den Domhan, agus cuairteoirí ag teacht ó níos mó ná 100 tír ar fud na cruinne.




Leantar le feabhas a chur ar an Ionad Eispéireas Cuairteoirí agus ar an tairiscint, agus foireann atá oilte go gairmiúil ann. Fianaise air sin is ea an infheistíocht a rinneadh in eispéireas Ledge 4D le déanaí, rud lena gcuirtear go mór leis an tairiscint laistigh den ionad cuairteoirí. Cuirtear feabhas eile ar an eispéireas do chuairteoirí trí fhéilire d'imeachtaí oidhreachta saibhre cultúir atá scaipthe ar fud na bliana agus trí thionscnaimh spriocdhírithe mhargaíochta atá ceaptha chun tacú le cuspóirí. Mar

thoradh air sin, baineadh ráta sástachta 4.87 as 5 amach i suirbhéanna a rinneadh ar chuairteoirí.

## Straitéis Aillte an Mhothair 2040

Foilsíodh dréacht de Straitéis Aillte an Mhothair 2040 agus máistirphlean láithreáin le tacaíocht ó Fháilte Éireann. Leis an straitéis, cuirfear bonn eolais faoi na forbairtí inbhuanaithe a dhéanfar ag Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair thar thréimhse 20 bliain bunaithe ar na ceithre cholún seo a leanas:

- Tairbhí Eacnamaíocha a Mhéadú ar fud an Réigiúin,
- Rochtain Inbhuanaithe a Sholáthar,
- An tEispéireas den Chéad Scoth a Bharrfheabhsú,
- An Tírdhreach Nádúrtha a Bhunathrú.




Bhain an dréachtstraitéis cloch mhíle amach nuair a cuireadh an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus an Mheasúnacht Chuí/Ráiteas Tionchair Natura i gcrích. Is é is Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) ann ná an próiseas trína gceanglaítear cúrsaí timpeallachta a chomhtháthú go hiomlán in ullmhú na bpleananna agus na gclár sula nglacfar iad go críochnaitheach mar iarratas pleanála chuig an mBord Pleanála. Is iad na cuspóirí atá ag MST ná soláthar a dhéanamh d'ardleibhéal cosanta don timpeallacht agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

I mí na Samhna 2023, chuaigh Comhairle Contae an Chláir i mbun comhairliúchán Reachtúil agus Neamhreachtúil leis na comhlachtaí iomchuí amhail an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Roinn Talmhaíochta, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Roinn Comhshaoil i ndáil le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a ullmhú. Cuireadh na tuairimí a fuarthas le linn na gcomhairliúchán sin san áireamh sa leagan deiridh den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta, agus foilsíodh iad sa dréacht deiridh de Straitéis Aillte an Mhothair 2040, atá ar fáil lena léamh ar shuíomh gréasáin Aillte an Mhothair.

Eisíodh an dréacht deiridh sin chun tuairimí a fháil trí Chomhairliúchán Reachtúil agus Neamhreachtúil sa bhreis. Cuireadh an comhairliúchán aireachta ar Ráiteas Tionchair Natura i gcrích Dé hAoine an 26 Iúil 2024. Is críochnaithe atá an Comhairliúchán MST leis na comhlachtaí Reachtúla agus Neamhreachtúla.

Sainaithníodh roinnt príomhthionscnamh agus príomh-aschur, agus iad ar siúl faoi láthair. Áirítear leo sin máistirphlean láithreáin a chur ar aghaidh, faireachán a dhéanamh ar agaí stoptha cuairteoirí, plean bainistíochta cuairteoirí a fhorbairt, plean bainistíochta agus caomhantais gnáthóg a fhorbairt, clár suirbhéireachta éan a chur i bhfeidhm, plean bainistíochta siúlóide cósta a fhorbairt, plean tráchta agus iompair a chur le chéile do Thuaisceart an Chláir, tuarascáil achomair ar ghníomhaíocht a fhoilsiú, réiteach iompair inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, agus tionscnaimh oideachais agus phobail a sheoladh.



## Siúlóid Chósta Aillte an Mhothair

Agus é comhdhéanta d'ionadaithe ó Chomhairle Contae an Chláir, ó Chuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir, ó Fháilte Éireann, agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, chinn grúpa formhaoirseachta go mbeadh Plean Bainistíochta do Shiúlóid Chósta Aillte an Mhothair ag teastáil chun a leagan amach conas a dhéanfaí an chonair a bhainistiú, a chosaint agus a chothabháil amach anseo.

I mí Eanáir 2024, ceapadh Tobin Consulting Engineers chun plean bainistíochta a ullmhú chun plé leis an oibriú, an chothabháil, an infheistíocht, an mhargaíocht, lena n-áirítear samhaltú airgeadais, an bhainistíocht cuairteoirí, an t-iompar agus an pháirceáil do Shiúlóid Chósta Aillte an Mhothair, le hionchur agus rannpháirtíocht ó úinéirí talún agus ó gheallsealbhóirí eile.

Chuir Tobin comhairliúcháin le geallsealbhóirí i gcrích le grúpaí pobail áitiúil, le húinéirí talún, le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus le gnólachtaí áitiúla. Rinneadh taighde deisce chun comparadóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a shainaithint, mar aon le suirbhéanna idirghabhála ar chuairteoirí. Tá dréacht-tuarascáil ina leagfar amach na príomhthograí le heisiúint faoi dheireadh mhí na Nollag 2024.

Tar éis iarratas rathúil a dhéanamh, dámhadh €500k don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail tríd an Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir chun cuid de Shiúlóid Chósta Aillte an Mhothair a uasghrádú agus a dheisiú. Is leis na moltaí a bheidh i bPlean Bainistíochta Tobin a chinnfear a mbeidh i ndán don tSiúlóid Chósta.

## An Rannóg Dhigiteach agus Leathanbhanda

Sa bhliain 2024, tháinig méadú eile ar an líon úsáideoirí de chuid líonra DigiClare sna 11 láthair atá aige ar fud an chontae. Úsáideoirí neamh-tráthrialta nó céaduaire a bhí i 60% dá úsáideoirí le linn mhíonna an tsamhraidh. Áiríodh leo sin turasóirí a bhí ag tabhairt cuairt ar an limistéar. Léiríonn sé sin a thábhachtaí atá líonra DigiClare maidir le freastal ar dhaoine a bhíonn ag iarraidh obair go cianda le linn turais fóillíochta. Léiríonn sé freisin an ról tábhachtach a imríonn na moil maidir le cabhrú le cuairteoirí a mhealladh chuig an gcontae.

Bhí éileamh mór ann ar na saoráidí moil laistigh de na pobail ina bhfuil siad lonnaithe freisin, agus roinnt clár digiteach á reáchtáil iontu le linn na bliana. Áiríodh leo sin cláir do ghrúpaí aoisbhá, ranganna Códaithe do leanaí agus do shóisir, agus cláir oiliúna Intleachta Saorga Cruthaithí do ghnólachtaí agus don earnáil margaíochta.

Bhí dea-dhul chun cinn déanta ar Bhonneagar TFC aonair a sholáthar chun tacú le Clare Tourism Development DAC a bunaíodh le déanaí. Is é atá i gceist leis sin roinnt dár láithreáin turasóireachta a chónascadh faoi bhrat Clare Tourism Development DAC. Ba é Grúpa na Sionainne a bhainistigh na láithreáin sin roimhe seo thar ceann Oidhreacht Shionainne, agus tá siad faoi úinéireacht Chomhairle Contae an Chláir anois.





*Seachbhóthar Chill Dalua – Crosaire Dhroichead na Sionainne*



# CEANTAIR BHARDASACHA

**Tá ceithre Cheantar Bhardasacha ag Comhairle Contae an Chláir: Ceantar Bardasach Inse; Ceantar Bardasach Chill Dalua; Ceantar Bardasach Shionainne; agus Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir.**

## Ceantar Bardasach Inse

### Forbhreathnú ar na hOibreacha a rinneadh

Anuas ar roinnt feidhmíochtaí suntasacha sínte i soláthar chroísheirbhísí lárnacha na Comhairle ar fud Inse agus a purlán, d'éirigh le foireann Cheantar Bardasach Inse roinnt garspriocanna an-iontach a bhaint amach sa bhliain 2024. Leanamar leis an ngréasán bóithre áitiúla agus réigiúnacha a chothabháil agus a uasghrádú ar fud an Cheantair, agus athchúrsáil, cóiriú dromchla nó forleagan déanta ar bhreis agus 35 km de bhóithre. I measc na bhforbairtí dearfacha eile laistigh den Cheantar Bardasach bhí suiteáil beart sábháilteachta ar bhóithre ag Barefield National School, tionscadail éagsúla moillithe tráchta, agus suiteáil stadanna bus ar an R458 i Maighnis Mór, Droichead an Chláir. D'fhreagair foirne d'eachtraí éagsúla aimsire a tharla sa bhliain freisin. Áiríodh leis sin grean a leathadh le linn tréimhsí fuara agus déileáil le saincheisteanna a tháinig chun cinn de dheasca eachtraí tuilte agus eachtraí gaoithe.

Sa bhliain 2024, lean Ceantar Bardasach Inse le hoibreacha ar an tionscadal *'Inis a Nascadh agus a Chomhchruthú'*, rud atá á chistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus a dhéanann soláthar d'fheabhsuithe ar chosáin agus ar shiúláin, do cholbhaí íslithe agus do láithreacha suí ar bhealaí siúil timpeall an bhaile agus tríd an mbaile. Áiríodh leis na hoibreacha sa bhliain 2024 trasrianta ardaithe nua coisithe agus feabhsuithe acomhail i mbreis agus 10 n-áit sa bhaile. Leis na hoibreacha críochnaithe, cuirfear feabhas ar shábháilteacht agus compord na gcoisithe ar fud Inse. Gné lárnach den straitéis chun an chéad bhaile 10 nóiméad in Éirinn a dhéanamh d'Inis is ea an tionscadal 'Inis a Nascadh agus a Chomhchruthú'. Ar fud na bliana, thug Ceantar Bardasach Inse tacaíocht agus cúnamh dár gcomhghleacaithe i rannóga eile, lena n-áirítear Active Ennis, an Rannóg Tithíochta, an Rannóg Pleanála agus an Rannóg Comhshaoil.

### Stadanna Bus Mhaighnis Mór

Chríochnaigh Ceantar Bardasach Inse tógáil dhá stad bus tuaithe nua mar bhreis ar Bhealach 343 de chuid TFI ar an R458 i Maighnis Mór, Droichead an Chláir. Tionscnaíodh an iarraidh ar an dá stad bus

nua sin le fógra foriarratais tar éis uiríll a fháil ó chónaitheoirí na dúiche. Ag obair di i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, thug Comhairle Contae an Chláir soláthar na stadanna bus sin chuig céim oibríochtúil, a fhágann go mbeidh nascacht ag cónaitheoirí Mhaighnis Mór chuig seirbhísí in Inis agus sna bailte agus sna sráidbhailte máguaird agus go mbeidh na seirbhísí sin inrochtana ag na cónaitheoirí sin.





## Bearta Moillithe Tráchta

Sa bhliain 2024, shuiteáil Ceantar Bardasach Inse bearta éagsúla moillithe tráchta ar fud an cheantair. Áirítear leo sin bearta ar an R458, i Sceachánach, i nDroichead an Chláir, ar an R469/Bóthar Chuinche, ar an L4180/Lee's Road agus i nGallros. Ba é a bhí i gceist leis na bearta moillithe tráchta sin ná stiallacha tormáin agus marcanna feabhsaithe 'MALL' a shuiteáil sna háiteanna sin. Críochnaíodh scéim moillithe tráchta agus cosán sa bhreis i Sráidbhaile Dhúire ag deireadh na bliana 2024. Ba é a bhí i gceist leis na hoibreacha ná draenáil nua a shuiteáil agus cosán nua a thógáil idir Céide Nuachabhála agus an bealach isteach do choisithe atá ag an eaglais ar bhóthar na scoile. De bharr na n-oibreacha, tá rochtain níos fearr ag pátrúin ar thailte na heaglaise agus tá laghdú tagtha ar luas an tráchta atá ag dul tríd an sráidbhaile.











## Tionscadail Sábháilteachta Ísealchostais

Rinne foireann Cheantar Bardasach Inse an t-acomhal idir Cnoc an tSamhraidh agus timpeallán an Mhargaidh a dhearadh agus a thógáil faoi Scéim Sábháilteachta Ísealchostais. Leis an laghdú ar leithead an charrbhealaigh, treisítear an tsráid aontreo go Cnoc an tSamhraidh, agus tírdhreachú bog tugtha isteach. Dá bharr sin, is ann do phointe trasnaithe atá níos sábháilte agus níos inrochtana. Is rídhearfach atá an t-aiseolas a fuarthas ó chríochnú na n-oibreacha i leith.





Cuireadh Scéim Sábháilteachta Ísealchostais eile chun feidhme i mBruach an Mhuilinn, Ros Laobháin. Áiríodh leis an obair sin feabhsuithe ar acomhail, sínti cosán agus tabhairt isteach rampaí moillithe agus trasrianta coisithe ardaithe.



## Bearta Sábháilteachta ar Bhóithre - Barefield National School

Shuiteáil foireann Cheantar Bardasach Inse bearta feabhsaithe sábháilteachta ar bhóithre i gcomharsanacht Barefield National School sa bhliain 2024. Is é aidhm na n-oibreacha ná an infheictheacht os comhair na scoile a mhéadú agus sábháilteacht a mhéadú do leanaí scoile, do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus dóibh siúd i bhfeithiclí araon.

Seo a leanas achoimre ar na hoibreacha a rinneadh:

- Comharthaí grianchumhachtaithe nua réamhrabhaidh scoile VMS a shuiteáil.
- Limistéir pháirceála ainmnithe a shuiteáil le haghaidh tuirlingt bus agus le haghaidh páirceáil do chuairteoirí.
- Dhá chomhartha rabhaidh thriantánacha nua 'Scoil Romhat' a chur leis an gcarrbhealach.
- Na marcanna líne uile i gcomharsanacht na scoile agus lárlíne an bhóthair trí shráidbhaile Ghort Lomán a athnuachan.
- Mullaird a shuiteáil timpeall na gcosán agus an acomhail bóithre in aice leis an scoil.






## Príomhoibreacha Straitéiseacha Eile

Chomh maith leis an méid réamhluaite, lean foireann Cheantar Bardasach Inse le hobair ar fud na bliana 2024 ar bhonn tras-stiúrthóireachta lenár gcomhghleacaithe agus leis na Ranna Rialtais cuí chun dul chun cinn a dhéanamh ar oibreacha Ríocht Phoiblí Inse, ar thionscadal Bóithre Rochtana LIHAF agus ar Thionscadail Taistil Ghníomhaigh Bhóthar na Tulaí agus Bhóthar an Chláir. Lean sí freisin le hobair i ndlúthchomhar lenár gcomhghleacaithe sa Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe maidir leis na pleananna uaillmhianacha atá leagtha amach i *Straitéis Eacnamaíoch agus Spáis Inis 2040* a fhorbairt.

## Paráid Lá Fhéile Pádraig

D'éirigh go geal le Paráid Lá Fhéile Pádraig 2024 in Inis an athuair, agus muintir na háite agus cuairteoirí araon ar an dá thaobh de na sráideanna ón luathmhaidin chun na pointí radhairc is fearr a fháil.









Bhí atmaisféar iontach ann ag Áras Contae an Chláir, agus breis agus 1,400 rannpháirtí páirteach sa Pharáid. Bhí na mílte daoine ar na sráideanna ó Bhóthar Nua go Sráid Bindon. Ba é *'Cuimhneamh ar an Am atá Thart – Glacadh leis an Todhchaí'* téama na féile, agus chomhlíon Maura O'Connell ról an Ard-Mharascail go cumasach.

## Comóradh Teacht Abhaile an Chraobhchomórtais Uile-Éireann

Bhí ríméad ar Cheantar Bardasach Inse an comóradh teacht abhaile a eagrú agus a óstáil d'fhoireann Iománaíochta an Chláir a bhuaigh Craobhchomórtas Sinsear na hÉireann san Iománaíocht 2024 i mí Iúil. Bhí níos mó ná 35,000 duine i láthair ag Páirc Tim Smythe, Inis, Dé Luain an 22 Iúil. Fuair na himreoirí fáilte iontach ó mhuintir an Chláir. Chruthaigh an t-atmaisféar iontach eispéireas a gcuimhneoidh muintir an Chláir air go ceann i bhfad.

Chuir Ceantar Bardasach Inse craoladh beo ar an gcluiche ar siúl i bPáirc Tim Smythe an 21 Iúil chomh maith. Bhain an slua de thart ar 4,000 duine taitneamh as siamsaíocht roimh an gcluiche ag an imeacht sin a bhí oiriúnach do theaghlaigh.

Rannchuidigh foireann Cheantar Bardasach Inse go mór le heagrú an dá imeacht. Áiríodh leis sin Páirc Tim Smythe a ullmhú, socrú an stáitse a chomhordú, bacainní rialaithe slua a shuiteáil, agus pleananna bainistíochta tráchta a chur chun feidhme. Bhí na foirne freagrach freisin as an láthair a ghlanadh tar éis dheireadh an dá imeacht.






## An Nollaig

Rinne foireann Cheantar Bardasach Inse an clár gníomhaíochtaí *'An Nollaig in Inis'* a sceidealú agus a éascú. Áiríodh leis sin siamsaíocht sráide, imeachtaí ag Glór agus traein Dhaidí na Nollag, rud a chinntigh spraoi agus sult do na ceithre dheireadh seachtaine roimh an Nollaig. Bhí baint ag an bhfoireann freisin le soilse Nollag a chur suas, agus roinnt tairiscintí soilse Nollag nua ar taispeáint don bhliain 2024. Ba é an príomhchuspóir ná rannchuidiú le beocht an bhaile agus an líon custaiméirí a mhéadú, rud a rachadh chun tairbhe don earnáil miondíola agus don earnáil fáilteachais. Ar an dara dul síos, bhí sé mar aidhm ag na himeachtaí cultúrtha áitiúla sin braistint phobail a chothú, agus daoine á nascadh lena chéile agus leis an mbaile, agus ar an gcaoi sin an t-aga stoptha a mhéadú. Bhain an fhoireann leas as na meáin shóisialta freisin chun an baile a chur chun cinn agus chun a chur in iúl go bhfuil Inis oscailte don ghnó.







## Gradaim an Mhéara

I mí an Mhárta, d'óstáil an Comh. Pat Daly, Méara Cheantar Bardasach Inse, fáiltiú méara i Seomra na Comhairle, Áras Contae an Chláir, chun onóir a bhronnadh as éachtaí spóirt agus ar oibrithe deonacha a neartaíonn bród agus spiorad an phobail. Bronnadh onóir ar na daoine aonair agus na grúpaí seo a leanas:

- **GRÚPAÍ BAILTE SLACHTMHARA CHEANTAR BARDASACH INSE** as tiomantas comhchoiteann a n-oibrithe deonacha dá bpobal áitiúil a fheabhsú agus d'inbhuanaitheacht a chur chun cinn.
- Tugadh aitheantas do **CHLUB PEILE BHAILE INSE FAOI 12** as a n-aistear iontach agus as a ndúthracht iontach, ar dá mbarr a bhuaigh siad an Craobhchomórtas Náisiúnta faoi 12, 2023.
- Bronnadh onóir ar **MARIE ROCHE** as a tiomantas ar feadh an tsaoil don lúthchleasaíocht sa phobal, agus í ag tabhairt spreagadh agus inspreagadh do dhaoine óga ar fud an chontae.
- Fuair **CÓR BHAILTÍNÍ MHICHÍL** gradam an mhéara mar aitheantas dá spiorad pobail agus dá ómós áite. D'oscail an Cór an searmanas trí

léiriú álainn a thabhairt ar 'Clare my heart my home' agus thaibhigh sé arís ag an deireadh. Bhí atmaisféar deas ann sa Seomra, agus breis agus 100 duine i láthair don ócáid.



*Gradam an Mhéara don Ghrúpa Cóir*




*Duais an Mhéara do Bhailte Slachtmhara Ghort Lomán*




*Duais an Mhéara do Bhailte Slachtmhara Chluaine-Chnoc Uarchoille*




*Duais an Mhéara do Bhailte Slachtmhara Dhroichead an Chláir*




*Duais an Mhéara do Bhailte Slachtmhara Inse*




*Gradam an Mhéara do Chill na Móna*




*Gradam an Mhéara do Marie Roche*




*Gradam an Mhéara do Chór Bhailtíní Mhichíl*




*Gradam an Mhéara do Chlub Peile Bhaile Inse*



## Cuairt Thoscaireacht URBACT ar Inis

Is é Ceantar Bardasach Inse an tIonadaí d'Éirinn i dtionscadal trasnáisiúnta darb ainm 'Econnecting' faoi Chlár URBACT an Aontais Eorpaigh. Is iad na hocht dtír eile atá páirteach ná an Iodáil, an Spáinn, an Phortaingéil, an Ghréig, an tSlóivéin, an Ungáir, an Eastóin agus Montainéagró. Is é cuspóir thionscadal URBACT go bunúsach ná foghlaim agus eispéiris a chomhroinnt le Bailte Móra agus Cathracha eile a bhfuil deiseanna agus dúshláin acu atá cosúil leo sin atá ag Inis. Go háirithe, dírítear sa Tionscadal Econnecting ar réitigh soghluaisteachta inbhuanaithe uirbeacha agus tuaithe laistigh den chríoch 30 nóiméad. Is é an misean ná straitéisí uilechuimsitheacha, digiteacha agus éiceolaíocha a mholadh, agus rannpháirtíocht an phobail i mbailte atá athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide a chomhdhearadh á cothú. Déanann an líonra cur chun cinn ar chathracha inrochtana agus fáilteacha, ar dhea-rialachas do chríocha comharsanacha, ar shoghluaisteacht dhaonnaithe agus inbhuanaithe, ar phobail ghlasa, agus ar fhorbairt atá cothrom ó thaobh inscne de.

## Plean Áitiúil Iompair Inse

Tá Plean Áitiúil Iompair Inse á fhorbairt trí úsáid a bhaint as modheolaíocht na Measúnachta Iompair Limistéarbhunaithe de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair. Sainaithníodh na saincheisteanna iompair agus na cuspóirí iompair, rinneadh measúnú ar na roghanna, agus rinneadh dréachtaí de Phlean Áitiúil Iompair Inse a thiomsú agus a athbhreithniú faoi dheireadh na bliana 2024. Tá tuarascáil scópála na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta agus an tuarascáil scagtha le haghaidh Measúnacht Chuí á ndréachtú lena gcur faoi bhráid na gcomhlachtaí forordaithe i dtús na bliana 2025. Tá sé beartaithe dul ar aghaidh chuig comhairliúchán poiblí sa chéad ráithe nó sa dara ráithe den bhliain 2025.

## Seirbhís Bus Baile Inse

Tá Ceantar Bardasach Inse agus Rannóg Iompair Chomhairle Contae an Chláir ag obair le Foireann Bus Baile an Údaráis Náisiúnta Iompair chun go mbeifear in ann Seirbhís Bus Baile Inse a sholáthar. Mar thoradh ar bhrústocaireacht shuntasach ó Chomhairleoirí de Cheantar Bardasach Inse, ó Chomhairleoirí de Chomhairle Contae an Chláir agus ó Chomhaltaí den Oireachtas, cuireadh Seirbhís Bus Baile Inse ar áireamh i mbuiséad an Údaráis Náisiúnta Iompair don bhliain 2024. Cuireadh tús sa bhliain 2024 le hobair ar dhul chun cinn a dhéanamh ar dhearaí sealadacha na stadanna bus. Ar dtús, soláthróidh Seirbhís Bus Baile Inse dhá bhealach, eadhon bealach ó thuaidh-ó dheas agus bealach soir-siar, agus iad ag oibriú gach 30 nóiméad sa dá threo. Meastar go mbeidh Seirbhís Bus Baile Inse i mbun oibre faoi dheireadh na bliana 2025 nó i dtús na bliana 2026.



# Ceantar Bardasach Chill Dalua

Tionóladh cruinnithe de chuid an Cheantair Bhardasaigh ar bhonn démhíosúil le linn na bliana 2024. Dhírigh comhaltaí Cheantar Bardasach Chill Dalua ar roinnt tosaíochtaí straitéiseacha don Cheantar Bardasach agus do mhórlimistéar Oirthear an Chláir agus ar fheabhas a chur ar an dóigh a soláthraítear bonneagar áitiúil, seirbhísí áitiúla, saoráidí áitiúla agus taitneamhachtaí áitiúla i mbailte, sráidbhailte agus limistéir thuaithe an cheantair.

## Fáiltiú Cathartha don Chomhairleoir Lilian Seenoi-Barr, Méara Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin

An 2 Lúnasa, d'óstáil Ceantar Bardasach Chill Dalua fáiltiú cathartha don Chomhairleoir Lilian Seenoi-Barr, Méara Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin. Tá an Comh. Seenoi-Barr ina gníomhaí polaitiúil agus pobail Céiniach-Éireannach atá aitheanta as a tiomantas don cheartas sóisialta, don chomhionannas agus do chearta an duine. Toghadh í mar Mhéara Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin i mí an Mheithimh. Rugadh Lilian sa Chéinia, agus múnlaíodh a hóige leis na dúshláin agus na héagothromaíochtaí a chonaic sí ina pobal Másach, rud a spreag paisean don tathant a threoródh a saothar saoil. Agus í go mall sna fichidí, chuaigh Lilian ar imirce go Doire, áit ar tháinig sí go gasta chun bheith ina pearsa ag a raibh tionchar sa pholaitíocht áitiúil agus sa ghníomhaíochas pobail.
Chun aitheantas a thabhairt do thoghchán an Chomhairleora Lilian Seenoi-Barr mar Mhéara Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin, dá cuid oibre ar fheasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna amhail neamhionannas ciníocha, an geilleagar oíche, sláinte na mban agus an tithíocht, agus don leanúint leis an gcomhar socheacnamaíoch agus polaitiúil Thuaidh-Theas atá soiléir inár gCeantar Bardasach trí láithreacht Oifig Réigiúnach Uiscebhealaí Éireann ar an Scairbh agus trí thionscnaimh thurasóireachta ar Loch Deirgeirt, ar an tSionainn, ar Loch Éirne agus ar chóras loingseoireachta Chanáil Uladh, mheas Comhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Chill Dalua gur chuí Fáiltiú Cathartha a bhronnadh ar an gComhairleoir Lilian Seenoi-Barr.

D'fhreastail slua mór ar an bhfáiltiú cathartha in oifigí an Cheantair Bhardasaigh agus ba é an chéad uair riamh a d'óstáil Ceantar Bardasach i gContae an Chláir bronnadh den sórt sin é.

Fáiltiú Cathartha don Chomhairleoir Lilian Seenoi-Barr, Méara Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin





## Leithdháiltí Bardasacha Ginearálta

Ghlac na Comhaltaí Tofa na Leithdháiltí Bardasacha Ginearálta ag an gcruinniú de chuid an Cheantair Bhardasaigh i mí Iúil, agus leithdháileadh foriomlán €245,000 á ghlacadh don bhliain 2024. Chuir an ciste sin ar chumas na gComhairleoirí obair i gcomhar leis an bhFeidhmeannacht chun a chinntiú go dtabharfaí tús áite do na tionscadail sin ar fud an Cheantair Bhardasaigh nach raibh sruthanna cistiúcháin ar fáil dóibh.
Seo a leanas samplaí de na hoibreacha agus na pobail a cistíodh ó Leithdháileadh Bardasach Ginearálta na gComhaltaí Tofa sa bhliain 2024:

- Feabhsuithe ar chosáin, ar thrasrianta coisithe agus ar bhóithre ar fud an Cheantair Bhardasaigh
- Bhí grúpaí pobail agus tionscnaimh phobail amhail Turasóireacht Oirthear an Chláir, Raidió Chuan na Scairbhe, Ionad Mhichíl Uí Chíosóg, Teach Cúirte na Tulaí, Derg Active Alliance, Bailte Slachtmhara agus Comhairlí Pobail i measc na nithe eile a fuair cistiú.



*Comhairleoirí de Choiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair sa phictiúr le baill agus oifigigh áitiúla de West on Track.*




## Straitéis agus Plean Oibre Chomhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Chill Dalua:

Leagtar amach i *Straitéis agus Plean Oibre Chomhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Chill Dalua* fís chomhchoiteann idir Comhaltaí Tofa agus baill foirne Cheantar Bardasach Chill Dalua agus sainítear inti na cuspóirí straitéiseacha agus na tosaíochtaí d'Oirthear an Chláir agus na tionscadail agus na sásraí tacaíochta is gá chun na cuspóirí sin a chur chun feidhme agus a bhaint amach.

Ceann de chuspóirí seanbhunaithe Chomhairle Contae an Chláir agus cuspóir tosaíochta atá leagtha amach i Straitéis agus Plean Oibre Chomhaltaí Tofa Ceantar Bardasach Chill Dalua is ea ***Iarnród Chroisín a athoscailt***.

Rinneadh staidéir shuntasacha chúlra, measúnú suntasach cúlra agus caidreamh suntasach leis an bpobal le bliain anuas, go háirithe caidreamh idir Comhaltaí Tofa agus Pleanálaí Sinsearach an Cheantair Bhardasaigh agus Iarnród Éireann.

Fuair an togra foriomlán formhuiniú ó Choiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair freisin tar éis cruinniú a cuireadh ar siúl i gCroisín i mí Aibreáin anuraidh. Tá an coiste sin comhdhéanta d'ionadaithe tofa ó sheacht gComhairle, eadhon, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae na Gaillimhe, Comhairle Contae Shligigh, Comhairle Contae Liatroma, Comhairle Contae Ros Comáin, Comhairle Contae Dhún na nGall, agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe, agus de na Comhaltaí Tofa ó Chomhairle Contae an Chláir, eadhon an Comh. P. Hayes, an Comh. A. O'Callaghan, an Comh. J. Crowe agus an Comh. G. Keating.

Tionóladh cruinniú leantach i mí Mheán Fómhair idir Cathaoirleach agus Comhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Chill Dalua, Brian McCarthy, Pleanálaí Sinsearach, Jim Meade, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Iarnród Éireann, agus Sinead Clair, Bainisteoir Seachadta Iarnród Éireann. Le linn plé dearfach, cuiditheach agus oscailte, d'aithin Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Iarnród Éireann an dul chun cinn suntasach agus na tionscnaimh shuntasacha atá déanta ag an gCeantar Bardasach agus ag an Údarás Áitiúil chun an argóint agus an togra ar son athoscailt an Stáisiúin Iarnróid a chur chun cinn ó tionóladh an chéad chruinniú sa bhliain 2023 i leith. Luaigh na Comhaltaí agus an Pleanálaí Sinsearach gur ceannaíodh bunachar talún in aice láimhe chun aon oibreacha bonneagair a theastaíonn ó Iarnród Éireann a éascú, go bhfuil comhoibriú ar bun le roinnt geallsealbhóirí tábhachtacha agus gur seoladh Tuarascáil Shocheacnamaíoch ar ullmhaigh Repucon í ar na buntáistí a bhaineann le Stáisiún Iarnróid Chroisín a athoscailt.

## Plean Soghluaisteachta Chroisín

Ar fud na bliana 2024, bhí comhairliúchán agus caidreamh suntasach ar bun le pobal Chroisín chun Plean Soghluaisteachta a dhréachtú don sráidbhaile, lenar áiríodh comórtas ealaíne scoileanna, turas siúil sráidbhaile agus suirbhéanna ar líne. Ina theannta sin, tionóladh dhá chruinniú phoiblí le foireann Cheantar Bardasach Chill Dalua agus Helena McElmeel Architects, agus breis agus 350 aighneacht faighte i leith an phlean a bhí ag teacht chun cinn.

Sa Phlean Soghluaisteachta, déanfar pleanáil ar conas is féidir linn na cosáin, na sráideanna, agus an soilsiú poiblí i gCroisín a fheabhsú agus cinnteofar go ndéanfaimid soláthar do bhonneagar nua, e.g., trasrianta coisithe, raonta rothar, scáthláin bus agus cosáin, chun a chinntiú go mbeidh Croisín ina shráidbhaile taitneamhach inbhuanaithe do gach duine, beag beann ar a n-aois agus ar a gcumas, chun siúl, rothaíocht a dhéanamh agus taisteal go sábháilte óna dteach chuig an scoil, chuig an siopa agus chuig saoráidí eile pobail agus áineasa.

Samhlaítear go háirithe gurb é an toradh a bheidh ar an bplean soghluaisteachta ná go dtreorófar forbairt agus infheistíocht atá comhtháite, pleantreoraithe agus cost-éifeachtúil ag Ceantar Bardasach Chill Dalua sa bhonneagar poiblí sa lonnaíocht, e.g., cosáin agus moilliú tráchta, agus go dtreorófar iarratais ar chistiú amach anseo.

## An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, an Scairbh

I mí na Bealtaine, fuair Ceantar Bardasach Chill Dalua fógra gur dhámh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €8,765,000 do Chomhairle Contae an Chláir le haghaidh ár dtionscadail ar an Scairbh faoi Chatagóir 1 den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe. Cuirfidh Comhairle Contae an Chláir cistiú meaitseála ar fáil chun luach iomlán an tionscadail a thabhairt go €10,956,000. Is fógra suntasach cistiúcháin é sin don Scairbh agus d'Oirthear an Chláir.

Tá an tionscadal suite i gCearnóg an Mhargaidh agus tá sé comhdhéanta de thrí ghné, a bhfuil gach ceann díobh comhtháite.

1. Athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgneamh dhá stór atá ann cheana, ar foirgneamh é atá folamh agus tréigthe, agus ar áitreabh cúil i lár baile na Scairbhe agus iad a thiontú ina Mol Pobail agus Fiontraíochta.
2. Láithreán úrnua ar chúl an fhoirgnimh a fhorbairt lena úsáid mar charrchlós atá bainteach leis an Mol Pobail agus Fiontraíochta agus le haghaidh páirceáil carranna mar chuid de na mórfheabhsuithe ar lár baile na Scairbhe.
3. Ríocht phoiblí Chearnóg an Mhargaidh (lár an bhaile) ar an Scairbh a fheabhsú

Maidir leis an obair agus an leibhéal faisnéise a cuireadh isteach agus an t-iarratas ar an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe á chur isteach agus maidir leis an bhfógra iarmhartach á lua gur dámhadh cistiú suntasach (ab ionann agus an méid iomlán a lorgaíodh san iarratas), léirítear iontu an tiomantas agus an tús áite a thugann an fhoireann, agus í ag obair i gcomhar lenár gComhaltaí Tofa i gCeantar Bardasach Chill Dalua, don Scairbh agus do phobail Oirthear an Chláir. Léirítear san iarratas go háirithe an tiomantas a léirigh an pobal agus na geallsealbhóirí uile don tionscadal seo thar na blianta.

Tar éis dícheall cuí leis an Roinn agus tar éis an soláthar riachtanach a chríochnú, meastar go bhféadfaí tús a chur le hoibreacha ar an Mol Pobail agus Fiontraíochta agus ar an gcarrchlós gaolmhar chomh luath le mí na Nollag. A luaithe a bheidh na hoibreacha sin críochnaithe, agus ar aon dul leis an iarraidh ó ghrúpaí pobail, tosófar na hoibreacha ar Chearnóg an Mhargaidh ina dhiaidh sin sa bhliain 2025.




Killaloe Municipal District obtains €8.765 million in RRDF funding for
Redevelopment of Scarriff Market Square, New Community & Enterprise Hub and Carpark

## Scéimeanna Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail

*Tionscadal Cheann Conaire agus Nascacht Conaire Thuaim Gréine*

Fuair Ceantar Bardasach Chill Dalua ceadú cistiúcháin €192,000 faoin Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir chun tionscadal áineasa agus taitneamhachta amuigh faoin spéir a dhéanamh lena soláthrófar rochtain dhíreach de shiúl na gcos ó lonnaíochtaí na Scairbhe/Thuaim Gréine go dtí an chuid 12 km atá ann cheana de ghlasbhealach agus conair siúil Chill Dalua/Loch Deirgeirt/Thuath Ó gConaíle.

Samhlaítear gurb í foireann allamuigh Cheantar Bardasach Chill Dalua a thabharfaidh faoin tionscadal. Roimh thosach feidhme, beidh sé riachtanach aird a thabhairt ar láthair agus uainiú an Ghlasbhealaigh idir Luimneach, an Scairbh agus Loch Deirgeirt, rud atá á ullmhú faoi láthair ag Uiscebhealaí Éireann agus ag TII.

De bhreis ar phleanáil a dhéanamh chun an bealach a shíneadh, thug Ceantar Bardasach Chill Dalua faoi oibreacha suntasacha cothabhála ar an mbealach atá ann cheana i mí na Bealtaine/mí an Mheithimh, go háirithe bearradh fálta sceach agus deisiú cosán.




*Oibreacha Feabhsúcháin Bhaile Uí Chogaráin*

Leanadh le hoibreacha feabhsúcháin i mBaile Uí Chogaráin/Rinn na mBan trí chosáin atá oiriúnach do chathaoir rothaí, ardaitheoirí míchumais, limistéir scíthe agus limistéar súgartha amuigh de théama foraoise a shuiteáil. A bhuí le láthair Bhaile Uí Chogaráin, a nascann Oirthear an Chláir, Cill Dalua agus Cathair Luimnigh, agus leis an díriú méadaitheach ar Ghormbhealach Loch Deirgeirt agus ar ghníomhaíochtaí amuigh a mbíonn an tóir orthu ag méadú i gcónaí, bíonn ag méadú ar an líon cuairteoirí ar limistéar Bhaile Uí Chogaráin, rud a mhéadaíonn an brú ar sheirbhísí atá ann cheana agus ar éilimh ar leith ar thaitneamhachtaí, ar shaoráidí agus ar an eispéireas cuairteoirí.

*Ionad Conaire Rothaíochta Sléibhe – Cistiú Indéantachta ón Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir*

Dámhadh Cistiú Indéantachta do Cheantar Bardasach Chill Dalua faoin Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le hionad conaire rothaíochta sléibhe i Sliabh Bearnach. Leis an gcistiú, cabhraítear le cuspóir i bPlean Oibre Straitéiseach Chomhaltaí Tofa Chill Dalua a bhaint amach, eadhon, deiseanna áineasa i gceantar Bhaile Uí Chogaráin/Rinn na mBan a uasmhéadú le haghaidh rothaíocht sléibhe. I mí an Mhárta, cuireadh tús le caidreamh tosaigh le geallsealbhóirí ó roinnt gníomhaireachtaí chun raon feidhme an staidéir a shainiú.

## Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte

*Teach Cúirte Chill Dalua*

Tá Comhairle Contae an Chláir tar éis Teach Cúirte Chill Dalua, atá tréigthe agus folamh le roinnt blianta anuas, a fháil agus tá sí ag fiosrú na ndóigheanna is fearr ar féidir an foirgneamh agus na tailte a athúsáid agus a athshamhlú. Is Déanmhas Cosanta é an foirgneamh agus gabhann lena shuíomh laistigh de lár bhaile oidhreachta Chill Dalua deis iontach chun an foirgneamh a athbheochan agus a athshamhlú, agus custaiméirí agus gníomhaíocht á mealladh chuig an limistéar seo de lár an bhaile ag an am céanna.

Shainaithin Comhairle Contae an Chláir an foirgneamh mar Láithreán Deise i Straitéis Feabhsúcháin Baile agus Soghluaisteachta Chill Dalua-Bhéal an Átha. Agus mionsonraí á dtabhairt faoin acmhainneacht atá ann Teach na Cúirte agus na tailte a athúsáid, cuireadh in iúl sa Straitéis go mbeadh gá le staidéar indéantachta ar athúsáid an fhoirgnimh. Is gá Teach na Cúirte a thabhairt ar ais in úsáid atá inmharthana agus atá inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha de.

I mí Iúil, agus tar éis cistiú deontais a fháil ón Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, ceapadh Drake Hourigan Architects chun Staidéar Indéantachta a dhéanamh ar athúsáid bheartaithe Theach na Cúirte. I gcomhthráth le Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, d'eagraigh Ceantar Bardasach Chill Dalua imeacht comhairliúcháin phoiblí agus cuairt ar Theach na Cúirte thar dhá lá chun cuireadh a thabhairt don phobal teacht chuig Teach na Cúirte tréigthe agus chun tuairimí a fháil ar an dóigh is fearr ar cheart é a athúsáid.

*Tobar Muire, Cill Dalua*

Fuarthas cistiú €225,000 le haghaidh oibreacha feabhsúcháin Pháirc Thobar Mhuire. Leis an tionscadal, cabhrófar le lánacmhainneacht an spáis ghlais seo atá suite go lárnach a bhaint amach, agus is é an toradh a bheidh air ná Páirc Pobail a bheidh athbheoite, níos tarraingtí agus inrochtana chun freastal ar an bpobal áitiúil agus ar chuairteoirí ar an mbaile araon.



*Sliocht as an doiciméad 2016 ó Chomhairle Contae an Chláir dar teideal 'Masterplan of Tobermurragh and Bane Field'*

Áirítear leis na príomhghnéithe den tionscadal:

- feabhsuithe ríochta poiblí laistigh den pháirc, lena n-áirítear suíocháin agus dromchla pábháilte nua a sholáthar ag an Tobar Naofa agus ag limistéir féachana;
- comharthaí nua agus boird léirmhínithe nua a bhaineann le stair agus éiceolaíocht an limistéir a shuiteáil;
- siúlbhealaí uasghrádaithe, lena n-áirítear clárchosán adhmaid ardaithe a shuiteáil trí limistéar talún riascaí na páirce;
- balla cloiche nua feadh a teorann cois bóthair; agus
- speicis ionracha a bhaint agus fásra a bhainistiú.

Is le Comhairle Contae an Chláir an pháirc agus rinneadh cleachtadh máistirphleanála mionsonraithe uirthi sa doiciméad 2016 dar teideal '*Masterplan of Tobermurragh and Bane Field*". Luaitear an tionscadal i bPlean Feabhsúcháin Baile agus Soghluaisteachta Chill Dalua-Bhéal an Átha 2022 freisin, rud ina leagtar amach straitéis chun na bailte a athbheochan agus a athnascadh trí spásanna poiblí a athshamhlú agus trí phríomh-shainchomharthaí a nascadh le bealaí coisithe agus rothaithe atá breithnithe.

Tá toiliú pleanála iomlán ag an tionscadal agus is gné ríthábhachtach é d'fheabhsú Chill Dalua, agus spás glas poiblí ardchaighdeáin atá suite go lárnach agus atá ar ardchaighdeán á sholáthar don bhaile.

**Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh 2024**

Clár Feabhsúcháin Athchóirithe 2024 - uasghrádaíodh 27 km de bhóthar ar chostas iomlán €3,584,949.

Clár Cothabhála Athchóirithe 2024 - uasghrádaíodh 39.28 km de bhóthar ar chostas iomlán €828,119.

*Deontas Oibreacha Draenála*

Cuireadh oibreacha i gcrích ar chostas iomlán €183,141, lenar áiríodh píbobair agus díoga draenála a uasghrádú ar fud an Cheantair Bhardasaigh.

*Cosáin*

Rinneadh roinnt uasghráduithe ar an mbonneagar cosáin ar fud an Cheantair Bhardasaigh, lenar áiríodh oibreacha ar chosáin sna háiteanna seo: na Croisbhealaí, Cill Dalua; Céide Fhlannáin, Cill Dalua; Sráid an Teampaill, an Tulach; Bóthar Bhaile Uí Mhaoilín, an Tulach; agus Sráidbhaile Chuinche.

Cuireadh an obair sin i gcrích trí úsáid a bhaint as Deontas IPB agus as ranníocaíochtaí páirteacha ó Leithdháileadh Bardasach Ginearálta na gComhairleoirí.

*An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil*

Rinneadh oibreacha uasghrádúcháin ar dhá bhóthar phríobháideacha sa Cheantar Bardasach sa bhliain 2024, ar chostas iomlán €79,000.

*An Scéim Rannpháirtíochta Pobail*

Rinneadh oibreacha uasghrádúcháin ar dhá bhóthar phoiblí sa Cheantar Bardasach sa bhliain 2024, ar chostas iomlán €180,000.

*Oibreacha Athshlánúcháin Droichead*

Rinneadh oibreacha uasghrádúcháin, deisiúcháin agus éigeandála ar sheacht ndroichead sa Cheantar Bardasach sa bhliain 2024, ar chostas iomlán €168,304.

*Deontas le haghaidh Oibreacha um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus um Athléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide*

Cuireadh oibreacha feabhsúcháin bóithre agus draenála i gcrích ag roinnt láithreacha ar fud an Cheantair Bhardasaigh sa bhliain 2024, ar chostas iomlán €306,927.

*Deontais le haghaidh Feabhsuithe Sonracha agus Sábháilteachta*

Críochnaíodh feabhsuithe ar an R352/L4066 i Sráidbhaile Lúbán Díge agus ar Scéim Moillithe Tráchta Chrois Araild agus Thuath Ó gConaíle ar an R471/L3046, agus iad ar chostas iomlán €239,917 sa bhliain 2024.

*Deontas Feabhsúcháin Lánroghnach*

Cuireadh feabhsuithe i gcrích ar fud an Cheantair Bhardasaigh sa bhliain 2024, ar chostas iomlán €170,024. Áiríodh leo sin cothabháil choisctheach droichead agus cosán, oibreacha sábháilteachta tráchta, bearradh fáil, athsholáthar comharthaí, uasghráduithe ar mharcanna bóthair, agus deisiúcháin neamhphleanáilte mhacadaim.

*Soláthar Seirbhíse*

Áiríodh leis na seirbhísí a sholáthair na Maoirseoirí agus an fhoireann Allamuigh bóithre de gach cineál a chothabháil. Caitheadh €200,791 ar bhóithre réigiúnacha agus caitheadh €504,344 ar chothabháil bóithre áitiúla. Áiríodh leis na seirbhísí sin freisin

freastal ar ghlaonna amach cothabhála éigeandála le linn adhaimsire agus an gheimhridh, cúnamh a thabhairt don Gharda Síochána agus do na seirbhísí éigeandála, trácht a bhainistiú, agus freagra a thabhairt ar ghearáin ón bpobal i gcoitinne.



*Oibreacha Feabhsúcháin Athchóirithe Bóithre*



*Oibreacha don Athrú Aeráide ar an Aill*



*Oibreacha Cothabhála i Sráidbhaile Chuinche*



*Cosáin ar an Tulach*



*Cosáin Scoil Náisiúnta na Scairbhe*

# Ceantar Bardasach Shionainne

## Réamhrá:

Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil Dé Máirt an 25 Meitheamh 2024. Labhair Donna McGettigan, an Cathaoirleach a bhí ag imeacht as oifig, faoin gcur chuige comhpháirtíochta idir Comhaltaí an Cheantair Bhardasaigh, Pobail, gnólachtaí, Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí ar éirigh leis éachtaí suntasacha a bhaint amach sa Cheantar Bardasach seo. Áiríodh leis na héachtaí sin na tionscadail Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir i mBaile Uí Chathasaigh agus i gCora Chaitlín, agus Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte i gCluain Lára, i mBun Raite agus i nDrom Gaibhle. Dúirt sí gurbh iontach an rud é a fheiceáil gur críochnaíodh na hoibreacha faoisimh tuilte i nGort an Tobair agus go ndearnadh dul chun cinn ar Scéim Faoisimh Tuilte Shionainne toisc gur tionscadail bhonneagair ríthábhachtacha iad sin sa Cheantar Bardasach. Luaigh Donna McGettigan gur chuid lárnach dá ról mar Chathaoirleach é an Ceantar Bardasach a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh, agus áiríodh leis sin tionscadal Shiúlóid Lúibe Shionainne a bheith ar an ngearrliosta le haghaidh na nGradam um Shármhaitheas sa Rialtas Áitiúil. Feabhsuithe bonneagair lenar áiríodh oibreacha bóthair agus cosáin ar fud an Cheantair Bhardasaigh agus scéimeanna sábháilteachta ísealchostais ag Crosbhóthar an Bharraigh agus i Ros mBeannchair. Rinneadh feabhsuithe suntasacha ar sheirbhísí taitneamhachta amhail bealach Shlí na Sláinte agus trealamh aclaíochta amuigh faoin spéir i mbaile Shionainne, agus tionóladh imeacht comhairliúcháin phoiblí ar dhearadh coincheapa le haghaidh One Shannon Hub. Dúirt an Comhairleoir Donna McGettigan gurbh onóir ar leith di Searmanas Gradam Aitheantais Speisialta an Chathaoirligh a óstáil, ar lena linn a tugadh aitheantas cuí do dhaoine aonair inár bpobail.

Lorgaíodh ainmniúcháin agus toghadh an Comhairleoir Pat O'Gorman mar Chathaoirleach Cheantar Bardasach Shionainne go ceann an chéad 12 mhí eile. Ba é an Comh. David Griffin a mhol é agus thacaigh an Comh. Tony Mulcahy leis an moladh. Labhair Pat O'Gorman, an Cathaoirleach, faoin onóir mhór a bhí ann dó agus faoina thiomantas do fhreastal ar mhuintir Cheantar Bardasach Shionainne. Ar dtús, ghabh Pat O'Gorman, an Cathaoirleach, buíochas le gach duine as vótáil ar a shon, agus dúirt sé gurbh iad a phríomhthosaíochtaí ná dul chun cinn a dhéanamh ar an Tionscadal One Shannon Hub, ar uasghrádú an N19 agus ar Scéim Faoisimh Tuilte Shionainne. I measc na dtosaíochtaí eile bhí cistiú a fháil le haghaidh ár mbailte agus ár sráidbhailte chun feabhas a chur ar thaitneamhachtaí do na pobail sin, chun taitneamhachtaí poiblí a sholáthar amhail an Glasbhealach ó Shionainn go Bun Raite agus ar aghaidh go Droichead Abhann Ó gCearnaigh, feabhsuithe leantacha ar ár mbóithre agus ar ár mbonneagar, tacaíocht a thabhairt dár ngrúpaí pobail trínár Scéim Deontas Pobail, cur chun cinn na hoibre atá bainte amach sa Cheantar Bardasach, tógáil ar rath Aerfort na Sionna trí dhlúthchaidreamh le Grúpa na Sionainne, agus



uasghrádú an N19 i dtreo an aerfoirt. Ba thosaíocht don Chomhairleoir O'Gorman freisin é leathnú agus uasghrádú leantach shaoráidí Chaisleán agus Daonpháirc Bhun Raite. Dúirt sé go bhfuil sé ag súil le cur leis an gcaidreamh oibre dearfach le Feidhmeannacht an Cheantair Bhardasaigh.

Toghadh Donna McGettigan mar Leas-Chathaoirleach. Ba é an Comh. Michael Begley a d'ainmnigh í agus thacaigh an Comh. John Crowe leis an ainmniú sin. Tugadh ómós do PJ Ryan, do Pat McMahon agus do Gerry Flynn. Thug gach duine aitheantas agus meas dóibh as a seirbhís luachmhar onórach don Cheantar Bardasach.

Ar na Comhaltaí Tofa eile de Cheantar Bardasach Shionainne tá an Comhairleoir Tony Mulcahy, an Comhairleoir Michael Begley, an Comhairleoir John Crowe, an Comhairleoir Rachel Hartigan agus an Comhairleoir David Griffin. D'imir na Comhaltaí Tofa ról ríthábhachtach maidir le hionadaíocht a dhéanamh dá bpobail agus tathant a dhéanamh ar a son agus maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí Cheantar Bardasach Shionainne trí thionscadail agus tionscnaimh éagsúla a chur i gcrích sa bhliain 2024. Áirítear na tionscadail agus na himeachtaí seo a leanas le roinnt de bhuaicphointí na bliana 2024.

## Imeacht Lá Idirnáisiúnta na Rothar

Chun Lá Domhanda na Rothar a cheiliúradh, eagraíodh imeacht rothaíochta lóin. Bhí an babhta gearr spraíúil rothaíochta ar siúl ó Limistéar Neamhchustaim na Sionainne go Lár Baile Shionainne.

Chuaigh fostaithe ó chuideachtaí i Sionainn ar a rothair chun Lá Domhanda na Rothar a cheiliúradh, agus iad ag comóradh na chéad uaire riamh a ghlac Sionainn páirt sa cheiliúradh domhanda bliantúil seo ar an gcóir iompair shimplí dhá roth. D'eagraigh Ceantar Bardasach Shionainne, Comhlachas Tráchtála Shionainne agus Fine Grain Properties an t-imeacht am lóin uathúil seo le tacaíocht ó Lár Baile Shionainne, ó FSS, ó CoMotion, agus ó The Bike Doc, Baile Uí Chathasaigh. Ceann de na príomhaidhmeanna ba ea sineirgí agus naisc níos fearr a chruthú idir an crios tionsclaíochta agus Baile Shionainne é féin. A bhuí le flaithiúlacht CoMotion, oibritheoirí na scéime rothar comhroinnte i Sionainn, bhain formhór na rothaithe leas as an tairiscint chun rothair leictreacha CoMotion a úsáid saor in aisce, rud a d'fhág go raibh dathanna éagsúla ag maisiú na rothar agus iad ag dul ó Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, feadh an uasbhealaigh coisithe ar an N19, isteach ar Bhóthar Dhrom Gaibhle agus isteach i Lár Baile Shionainne.

Ghlac baill foirne Cheantar Bardasach Shionainne poist mar mhaoir feadh an bhealaigh chun sábháilteacht na rothaithe a chinntiú. Stop na rothaithe i Lár an Bhaile le haghaidh lón éadrom, le haghaidh seiceálacha sláinte saor in aisce ar sholáthair baill foirne FSS iad, le haghaidh comhairle faoi dheisiú rothair ó The Bike Doc atá lonnaithe i mBaile Uí Chathasaigh, agus le haghaidh cóin uachtair reoite saor in aisce ó Fine Grain Property. Chuir an Comhairleoir Donna McGettigan fáilte roimh na rothaithe go Sionainn agus dúirt sí gur dheis iontach é Lá Domhanda na Rothar chun rothaíocht a chur chun cinn mar mhodh iompair atá iontaofa, inbhuanaithe, inacmhainne agus inrochtana do chách. Tá an Chomhairle ag obair chun freagairt do riachtanais agus ionchais an phobail trí bhonneagar rothaíochta sábháilte a sholáthar trína Clár Taistil Ghníomhaigh agus trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an mbonneagar atá ann cheana. Tá tionscadail ghlasbhealaigh á gcur chun cinn ar fud an Chontae, agus dul chun cinn á dhéanamh ar cheann amháin ó Shionainn go Bun Raite faoi láthair.



## Féile Mela a cuireadh ar siúl i bPáirc Baile Shionainne

Cuireadh lá iontach saor in aisce do theaghlaigh ar siúl i bPáirc Baile Shionainne. Chinntigh Ceantar Bardasach Shionainne go raibh cuma iontach ar an bPáirc le haghaidh na Féile, ar fhreastail na céadta daoine uirthi. Chuaigh Fidget Feet agus Comhairle Contae an Chláir i gcomhpháirt le Cumas Ceantar Shionainne agus le Bailte Slachtmhara Shionainne chun clár iontach ceoil, damhsa, siamsaíochta do leanaí agus mar sin de a thabhairt chuig Páirc an Bhaile. Bhí taibhléirithe uile Clare Mela go hiontach agus ba rud iontach é amharc ar na damhsóirí óga ó Shionainn agus iad ag déanamh a ndamhsa ar bhealach chomh gairmiúil agus chomh muiníneach sin. Is imeacht ealaíon saor in aisce ina gceiliúrtar éagsúlacht chultúrtha agus a bhfuil duaiseanna buaite aige é Clare Mela.

## An Comórtas Ómós Áite

Ba i gCora Chaitlín agus i mBun Raite a rinneadh an mholtóireacht le haghaidh an chomórtais náisiúnta Ómós Áite. Rinne an dá phobal iarracht mhór na hoibreacha a rinneadh sna limistéir sin agus an spiorad láidir pobail atá ann a thaispeáint. Ba léir do na moltóirí an obair luachmhar a rinneadh chun na pobail sin a dhéanamh chomh rathúil agus atá siad. Bhí láithreoireachtaí agus cuairt ar na sráidbhailte mar chuid den phróiseas moltóireachta. Bhí na breithiúna thar a bheith tógtha leis an obair a bhí ar bun ag na pobail agus leis na naisc láidre le foireann an Cheantair Bhardasaigh, rud a bhí soiléir ar an lá. Dia go deo leis an dá phobal as na hiontrálacha den scoth.



## Na Gradaim Aitheantais Speisialta

Bhí sé de phribhléid ag Ceantar Bardasach Shionainne Searmanas Gradam Aitheantais Speisialta a óstáil. Leis an ócáid, tugadh onóir do roinnt rannchuidithe ollmhóra le pobail a rinne daoine a thaispeáin ceannaireacht, tiomantas, diongbháilteacht agus dícheall ar an leibhéal áitiúil, agus ceiliúradh na rannchuidithe sin. Bhronn Donna McGettigan, an Cathaoirleach, Scrolla Aitheantais foirmiúil ar an 12 fhaighteoir mar aon le plaic chuimhneacháin.

Ba iad seo na faighteoirí:

- Joe Buckley, Damian O'Rourke - arna n-ainmniú ag Donna McGettigan, an Cathaoirleach,
- Jimmy Begley, Margaret Grace - arna n-ainmniú ag an gComhairleoir John Crowe,
- Lauren McElligott, Tom Golden - arna n-ainmniú ag an gComhairleoir PJ Ryan,
- Siobhán O'Driscoll, Gráinne Hayes - arna n-ainmniú ag an gComhairleoir Pat McMahon,
- Noel Madden, Enda Griffin - arna n-ainmniú ag an gComhairleoir Michael Begley,
- Mary Deegan/Comhairle Pobail na Creatalaí, Susan Madigan - arna n-ainmniú ag an gComhairleoir Pat O'Gorman.



## Lá Champas Soghluaisteachta na Todhchaí

D'fhreastail ionadaithe ó Cheantar Bardasach Shionainne ar Lá Soghluaisteachta MaaS4IRL ag Campas Soghluaisteachta na Todhchaí, Éire (FMCI), ar lena linn a bhí an deis acu cloisteáil faoi thionscadail cheannródaíocha, páirt a ghlacadh i dturais threoraithe agus líonrú le freastalaithe eile. Is é is MaaS4IRL ann ná tionscadal taighde a sheoltar i gcomhar le Insight, Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Anailísíocht Sonraí in Ollscoil na Gaillimhe. Taispeánadh sna taispeántais

príomhuirlisí agus príomhthionscadail le haghaidh tacair sonraí a bhailiú. Tacaíodh leis an imeacht nuálach seo le ranníocaíocht airgeadais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus ón Roinn Iompair faoi Chlár Cistiúcháin Taighde, Forbartha agus Taispeána SEAI. I measc na gcainteoirí ag an imeacht bhí Russell Vickers ó Champas Soghluaisteachta na Todhchaí, Éire (FMCI), an Dr Rafiqual Haque ó Ollscoil na Gaillimhe, an Dr Gearoid Hynes ó Cityswift agus go leor eile.



Soláthraíonn FMCI bonneagar taighde agus forbartha chomh maith le seirbhísí don earnáil soghluaisteachta agus tá aige freisin feithiclí tástála, bonneagar cathrach cliste a chlúdaíonn 12 km de bhóithre, agus limistéar tiomnaithe tástála luasanna ísle agus mol eitiltí taighde agus forbartha drón.

## Oifigeach Forbartha Tuaithe agus Pobail

Thug an tOifigeach Forbartha Tuaithe agus Pobail faisnéis do Chomhaltaí Cheantar Bardasach Shionainne faoina ról roimh chruinniú an Cheantair Bhardasaigh i mí Mheán Fómhair, agus bhí an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach ón Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail i láthair freisin.

Oibríonn an tOifigeach Forbartha Tuaithe agus Pobail go dícheallach le grúpaí pobail áitiúla de gach méid, agus é ag cur le hacmhainn na gceannairí deonacha pobail agus na n-eagraíochtaí deonacha pobail chun cistiú a shainaithint agus a fhoinsiú le haghaidh tionscadal, rud a chabhróidh sa deireadh le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí a limistéar. Ba cheart do Thionscadail In-sainaitheanta díriú ar leith a bheith acu ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus ar Straitéis Forbartha Tuaithe an Chláir. Tá an obair bunaithe ar rannpháirtíocht atá bunaithe ar phrionsabail agus cleachtais forbartha pobail.



## Obair go comhoibríoch leis an nGarda Síochána

Sa bhliain 2024, bhí cumarsáid agus comhoibriú tráthrialta ar bun idir an Garda Síochána agus an Ceantar Bardasach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ábhair imní an phobail. Cuirtear tionscnaimh amhail faire comharsanachta agus cláir feasachta scoile chun cinn tríd an gcur chuige comhpháirteach sin. Tríd sin, is féidir réitigh ilghnéitheacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna amhail iompraíocht fhrithshóisialta agus coireacht.

Chuir Pat O'Gorman, an Cathaoirleach, fáilte roimh an Sáirsint Seamus Mulligan agus an Sáirsint Denis Lavin chuig cruinniú Cheantar Bardasach Shionainne i mí Mheán Fómhair. Clúdaíodh raon leathan topaicí sa láithreoireacht a tugadh do na Comhaltaí. Áiríodh leo sin samhail oibriúcháin reatha an Gharda Síochána, rannáin mhóra, staitisticí coireachta, an clár idirchaidrimh óige, réimsí rannpháirtíochta pobail agus díriú na nGardaí áitiúla amach anseo. Chuir an Sáirsint Mulligan in iúl go mbeadh siad ag díriú ar fhaire comharsanachta, ar fhaire gnó, ar chruinnithe faisnéise don phobal agus ar chuairteanna scoile sna míonna a bhí le teacht. Luaigh sé freisin go dtabharfaí tús áite do phatróil spriocdhírithe, lena n-áireofaí infheictheacht níos airde sa phobal, agus do dhíriú méadaithe ar shaincheisteanna tráchta ar bhóithre, lena n-áireofaí tiomáint faoi thionchar drugaí a bhrath. Cuireadh in iúl do na Comhaltaí an tábhacht a bhaineann le teagmhais choireachta a thuairisciú. Tugadh aitheantas ag an gcruinniú don chaidreamh oibre láidir atá ar bun idir na Comhaltaí agus an Garda Síochána.



## Líonraí láidre a thógáil le geallsealbhóirí tábhachtacha ag an Oíche Chultúir

Ceiliúradh an Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair 2024, agus d'oibrigh Ceantar Bardasach Shionainne i ndlúthchomhar le Comhpháirtíocht Pobail Shionainne chun an ócáid sin a éascú.

Ar fud an lae agus na hoíche, bhí sraith imeachtaí ar siúl don teaghlach ar fad. Áiríodh leo sin scéalaíocht béaloidis ó Balor Otherworld i Leabharlann Shionainne, damhsa ag an gcrosbhóthar le muintir Kirby, ciorcal drumadóireachta faoi stiúir Brian Fleming, agus taibhléiriú cóir i bPlás Dhrom Gaibhle. Bhí ríméad ar Shionainn gur tháinig Blackie O'Connell agus Eoghan Neff go Drom Gaibhle chun a seinm uathúil chumasach ceoil a thaispeáint. B'eispéireas éisteachta dochreidte a bhí ina dtaibhléiriú.

Taispeánadh gearrscannán ealaíne an-suimiúil an-tarraingteach dar teideal 'Sionna Go Breá': A Journey into Shannon's Beginnings', inar clúdaíodh laethanta tosaigh Bhaile Nua Shionainne agus inar tugadh léargas ar dhaoine de chónaitheoirí bunaidh an bhaile. Sa scannán corraitheach sin, tugadh spleáchas ar stair uathúil an bhaile agus ar na heispéiris a mhúnlaigh a phobal. Chuir snáthbhuamáil dath agus sceitimíní leis an ócáid freisin. Ba ar chaighdeán dochreidte ar fad a bhí an tsnáthbhuamáil ar charr Volkswagen Beetle a bhí ar taispeáint ar an oíche.



## Ceardlann ar an bPlean Corparáideach

D'fhreastail Pat O'Gorman, an Cathaoirleach, agus Donna McGettigan, an Leas-Chathaoirleach, ar ghrúp-cheardlann inar pléadh ullmhú an Phlean Chorparáidigh nua do Chomhairle Contae an Chláir. Ba é an Dr Sean Ó Riordáin a d'éascaigh an cheardlann. B'imeacht an-idirghníomhach an-phraiticiúil é sin inar bailíodh tuairimí na gComhaltaí agus tuairimí na mball foirne sinsearach maidir le tosaíochtaí corparáideacha na Comhairle amach anseo. Feidhmeoidh sé mar chreat straitéiseach na Comhairle le haghaidh gníomhartha le linn shaolré na Comhairle tofa agus beidh ról lárnach aige san fhís do Chontae an Chláir a bhaint amach.

## Tionscnamh Sunflower de chuid Aerfort na Sionna

I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil Aerfort na Sionna ócáid chun a fhógairt go raibh sé tar éis dul isteach sa tionscnamh domhanda Hidden Disabilities Sunflower. Fágann sé sin go bhfuil paisinéirí a bhfuil míchumas folaithe orthu in ann leas a bhaint as láinnéar chun a chur in iúl gur mhór acu tairiscint tacaíochta ó fhoireann an aerfoirt. D'fhreastail an Comh. Pat O'Gorman, an Cathaoirleach, an Comh. Donna McGettigan, an Leas-Chathaoirleach, agus A. Griffin, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach ó Cheantar Bardasach Shionainne, ar an ócáid sin. Bhí Alan O'Callaghan, Méara an Chláir,



*Cuairt Comhairleoirí ar Stáisiún Cumhachta Ard na Croise*

agus an Comh. Mary Howard i láthair freisin thar ceann Chomhairle Contae an Chláir.

## An Choill Bheag

Is é is An Choill Bheag (AnCB) ann ná tionscadal atá á reáchtáil faoi láthair ag an Aonad Oideachais Comhshaoil de chuid An Taisce agus ag LEAF Ireland. Is gnáthóga dúchasacha, beaga, dlútha agus bithéagsúla coillearnaí iad sin a chuirtear ar thailte scoile agus pobail, agus spás á sholáthar do dhaoine agus don fhiadhúlra. Is é atá i gceist leis ná pobail agus daltaí a threorú trí gach céim den phróiseas: ón bpleanáil, tríd an gcur agus ar aghaidh go dtí an chothabháil. Tá An Choill Bheag (AnCB) bunaithe ar chur crann atá praiticiúil agus inbhuanaithe. Tá na gnáthóga sin ina n-acmhainn oideachais agus áineasa do scoileanna agus do phobail, rud a chuireann ar chumas daoine páirt a ghlacadh in Eolaíocht Saoránach, i Scileanna Coillearnaí, sa Dúlra agus i bhFolláine. Trí choillte beaga a chur, cabhraítear leis an athrú aeráide a mhaolú, méadaítear bithéagsúlacht, tugtar spás inar féidir le plandaí pailneoirí fás, agus soláthraítear spás foghlama amuigh faoin spéir agus i bhfad níos mó.

Tá Oifig Cheantar Bardasach Shionainne ag obair i gcomhar le An Taisce chun an tionscadal seo a chur i gcrích le 18 mí anuas. Ar dtús, chomhaontaigh ceithre scoil i mBaile Shionainne le páirt a ghlacadh ann: St John’s National School, St Senan’s National School, St Conaire’s National School agus St Aidan’s National School. Cuireadh seisiún cuir ar siúl an 14 Samhain.

Chabhraigh Pat O’Gorman, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Shionainne, agus Donna McGettigan, an Leas-Chathaoirleach, le foireann agus leanaí St Aidan’s National School crainn a chur ar an lá.



## Cuairt Comhairleoirí ar Stáisiún Cumhachta Ard na Croise

D’fhreastail na Comhaltaí tofa, mar aon le baill foirne ó Cheantar Bardasach Shionainne, ar chruinniú faisnéise le baill foirne innealtóireachta BSL faoi oibríochtaí Stáisiún Cumhachta Ard na Croise. Pléadh ról Chora an Phairtín agus an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go nglacann na Gníomhaireachtaí iomchuí uile cur chuige comhordaithe i leith bainistíocht riosca tuilte.
Cuireadh turas treoraithe ar an tsaoráid freisin, rud a bhí an-fhaisnéiseach. Ba é Stáisiún Hidrileictreachais Ard na Croise an chéad stáisiún giniúna leictreachais riamh ar oibrigh BSL é agus bhí ról lárnach aige i bhforbairt na hÉireann san 20ú haois agus ina diaidh.

## Deontais Phobail

Dámhadh leithdháileadh iomlán cistiúcháin €24,000 do ghrúpaí agus eagraíochtaí éagsúla sa bhliain 2024, lenar áiríodh grúpaí spóirt, cultúir, staire agus pobail faoi Scéim Deontais Pobail Cheantar Bardasach Shionainne. Is é cuspóir na scéime deontais spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí pobail áitiúla agus grúpaí pobail áitiúla chun bheith gníomhach i réimsí cultúir, ealaíne agus forbartha pobail an cheantair.

## Lasadh Oifigiúil Shoilse na Nollag

Spreagadh teaghlaigh chun taitneamh a bhaint as spiorad na Nollag tráth a lasadh soilse na Nollag i bPáirc Baile Shionainne Dé Luain an 2 Nollaig. Cuireadh tús leis na himeachtaí ceiliúrtha ag 5:30pm le ceol ó Chris Walshe, dioscmharcach, le hamhránaíocht carúl ag Cór Soiscéalach Shionainne agus le cuairt speisialta ó Dhaidí na Nollag agus óna bhean chéile.

Bhí áthas an domhain ar na leanaí bualadh le Daidí na Nollag agus lena bhean chéile, a thaistil ón Mol Thuaidh chun cuairt a thabhairt ar Shionainn. Cuireadh an searmanas chun na soilse a lasadh ar siúl ina dhiaidh sin ag 6pm, agus bhí an onóir ar Pat O'Gorman, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Shionainne, an baile a shoilsiú. Bhain comhaltaí tofa, oifigigh údaráis áitiúil agus an pobal an-taitneamh as an oíche.



## Achoimre ar Oibreacha Eile

| | |
|---|---|
| **Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh** | Cuireadh Clár Feabhsúcháin Athchóirithe agus Clár Cothabhála Athchóirithe i gcrích sa bhliain 2024. |
| **Bearradh fáil** | Rinneadh obair gearrtha fáil ar fud an Cheantair Bhardasaigh sa bhliain 2024. |
| **Cothabháil Crann** | Rinneadh cothabháil crann ar fud an Cheantair Bhardasaigh faoi chonradh crainn. |
| **Mionscuabadóir Bóithre** | Tá an mionscuabadóir bóithre ina shócmhainn iontach don Cheantar Bardasach go dtí seo agus baineadh úsáid as ar fud an cheantair. |
| **Marcanna Bóthair** | Rinneadh uasghrádú agus cothabháil ar fud an cheantair |
| **Cosáin** | Rinneadh uasghrádú agus cothabháil ar fud an cheantair |
| **Ceantar Bardasach Shionainne** | Suiteáladh comharthaí nua luasteorann ar fud an cheantair. |
| **Tionscadail Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte** | Bun Raite, Cluain Lára agus Drom Gaibhle, Sionainn. |
| **Scéimeanna Sábháilteachta Ísealchostais** | Droichead Abhann Ó gCearnaigh agus Sionainn |
| **Obair draenála** | Cluain Lára, Westbury, Míleac agus Sionainn |
| **Bearta Moillithe Tráchta** | Ar fud an cheantair |
| **Eastát Tionscail na Sionainne** | Scairdeadh an líonra draenála. |
| **Coinníodh an Brat Glas sa bhliain 2024** | Choinnigh Páirc Baile Shionainne Gradam measúil an Bhrait Ghlais sa bhliain 2024 - rud a rinneadh a bhuí le comhoibriú le roinnt Comhlachtaí atá ag obair chun na caighdeáin is airde a chinntiú. |

# Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir

## Toghlimistéar Áitiúil Chill Rois

*Is mar a leanas atá an fhís uileghabhálach do Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir:*

**Athghiniúint agus inbhuanaitheacht ár gcuid bailte agus sráidbhailte a chinntiú d'fhonn an áit is fearr chun cónaí ann, chun obair ann agus chun cuairt a thabhairt air, san ord tosaíochta sin, a dhéanamh d'Iarthar an Chláir.**

Tionóladh cruinnithe de chuid an Cheantair Bhardasaigh ar bhonn démhíosúil le linn na bliana 2024. Rinne na comhaltaí de Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir plé ar an soláthar seirbhísí laistigh den limistéar agus d'fhéach siad le forbairt straitéiseach saoráidí agus taitneamhachtaí a chur ar aghaidh sna bailte agus sna sráidbhailte sa cheantar.

Tionóladh na toghcháin áitiúla sa bhliain 2024. Toghadh na Comhairleoirí seo a leanas chuig Toghlimistéar Áitiúil Chill Rois: Dinny Gould, Rita McInerney, Ian Lynch, Gabriel Keating agus Michael Shannon. Tionóladh cruinniú ginearálta bliantúil Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir an 1 Iúil 2024. Toghadh an Comhairleoir Rita McInerney mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Bill Slattery mar Leas-Chathaoirleach.



Ghlac na comhaltaí an plean buiséadach agus chomhaontaigh siad Leithdháileadh Bardasach Ginearálta €441,000 don bhliain 2025 ag an gcruinniú buiséid dá gcuid an 11 Samhain 2024.

Le linn na bliana, d'fheidhmigh na comhaltaí a gcuid cumhachtaí trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh don bhliain 2024 a bhreithniú agus a ghlacadh
- Bóithre in eastáit a ghlacadh faoi chúram de réir alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993
- Réadmhaoine a bhí faoi úinéireacht na Comhairle a dhiúscairt ag láithreacha éagsúla laistigh den Cheantar Bardasach faoi alt 183
- Bearta moillithe tráchta a dhéanamh ag roinnt láithreacha faoi alt 38.

### Plean Oibre Straitéiseach:

I gcomhar leis an bhFeidhmeannacht, lean na Comhaltaí Tofa leis an Straitéis agus an Plean Oibre do Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir a sholáthar sa bhliain 2024, rud a forbraíodh sa bhliain 2020. Leagtar amach sa phlean gníomhartha agus cúraimí téamabhunaithe don tréimhse 2019-2025.

### Soláthar Seirbhíse

Áiríodh leis na seirbhísí a sholáthair na maoirseoirí agus an fhoireann allamuigh bóithre de gach cineál a chothabháil, freastal ar ghlaonna amach éigeandála, cúnamh a thabhairt don Gharda Síochána agus don tSeirbhís Dóiteáin, trácht a bhainistiú, freagra a thabhairt ar ghearáin ón bpobal, agus déileáil le saincheisteanna comhshaoil.
Áiríodh iad seo a leanas leis na seirbhísí ar lean Oifigí Chill Rois le hiad a sholáthar:

- Airgead a bhailiú agus a fháil, e.g., cíosanna tithíochta, rátaí tráchtála, mótarcháin, etc.
- Freagra a thabhairt ar cheisteanna ó chustaiméirí agus déileáil le gearáin ó chustaiméirí
- Glacadh le cineálacha éagsúla iarratas agus iad a phróiseáil – iarratais tithíochta, iarratais ar cheadúnais scafaill, iarratais ar cheadúnais oscailte bóithre, etc.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le hIonadaithe Tofa
- Obair riaracháin a chur i gcrích ar mhaithe le Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh a chomhlíonadh.

### Taitneamhachtaí

I samhradh na bliana 2024, thug líon mór cuairteoirí cuairt ar na tránna brait ghoirm agus ar na taitneamhachtaí in Iarthar an Chláir. Chuir an líon mór cuairteoirí sin brú mór ar chriú an Cheantair Bhardasaigh na saoráidí a ullmhú agus a chothabháil de réir an ardchaighdeáin a bhfuiltear ag súil leis.

## Bás brónach an Chomhairleora scortha PJ Kelly



Cuireadh cruinniú mhí Mheán Fómhair de chuid Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir ar athló mar chomhartha ómóis do PJ Kelly nach maireann (suaimhneas síoraí dá anam), a rinne seirbhís mar chomhalta de Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir ar feadh i bhfad.

Rinne na comhaltaí comhbhrón le Maura, bean chéile PJ, le Alma agus Aoife, a iníonacha, agus le Barry John, a mhac. Agus ómós á thabhairt do PJ, cuimhníodh air as an tseirbhís fhada a rinne sé do Chomhairle Contae an Chláir, as a phaisean do chúrsaí tuaithe agus pobail agus as a shaineolas i réimse an dlí pleanála.

## Áiríodh iad seo a leanas leis na hoibreacha a rinneadh i dToghlimistéar Áitiúil Chill Rois sa bhliain 2024:

- Cosáin, lenar áiríodh rochtain fheabhsaithe do dhaoine faoi mhíchumas, ar an gCrois, i gCill Chaoi, i gCill Rois, i Lios Uí Chathasaigh, i gCill Mhichíl, i gCill an Dísirt, agus i gCill Mháille.
- Tránna - ár gcuid bailte agus sráidbhailte cois farraige a chothabháil de réir ardchaighdeáin le linn shéasúr an tsamhraidh. Áiríodh leis sin oibrithe séasúracha trá a fhostú.
- Glanadh Sráideanna - Criú i gCill Rois agus criú i gCill Chaoi atá tiomnaithe do ghlanadh sráideanna. Freastalaíonn an dá chriú ar shráidbhailte satailíte freisin.
- Tionscadail um Oiriúnú don Athrú Aeráide, lena n-áirítear in Fodera, i gCoillte agus ar an gCuibhreann




- Siúlóid Aille Chill Chaoi
- Stoirm Bert agus Stoirm Darragh go déanach sa bhliain 2024




- Cuireadh roinnt Scéimeanna Sábháilteachta Ísealchostais i gcrích i bhFíoch Rua agus ar an gCuibhreann sa bhliain 2024
- Cuireadh oibreacha deisiúcháin damáiste stoirme éigeandála i gcrích ag an mballa mara ar an gCnoc sa bhliain 2024



- Cuireadh roinnt tionscadail deisiúcháin droichid i gcrích sa bhliain 2024, lenar áiríodh i mBaile Uí Chlochasaigh

- Rinneadh oibreacha ríochta poiblí mórscála sa bhliain 2024, lenar áiríodh in Place Du Plouzane, in Eastát Mhuire, i Sráid an tSéipéil agus ar fhorleagan an N67 ar an Dún Beag.

### Staidéar Indéantachta ar Mars Cinema







Chuir sainchomhairleoirí Tourism Development International Ltd an Staidéar Indéantachta i gcrích sa bhliain 2024 chun tacú le hiarratas a dhéanfar sa todhchaí ar dheontas chun a chinntiú go rachaidh an fhorbairt ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile de shaoráid shuaitheanta a thógáil do bhaile Chill Rois.

### Limistéar Ilúsáide Cluichí Active Kilrush



Cuireadh oibreacha i gcrích sa bhliain 2024 chun saoráidí cispheile, leadóige, eitpheile agus cluichí spóirt eile a sholáthar don phobal. Is tionscadal comhpháirteach é seo atá á sholáthar go comhoibríoch ag Toghlimistéar Chill Rois, ag Active Kilrush agus ag Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir.

### Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh 2024

*Clár Feabhsúcháin Athchóirithe 2024* - uasghrádaíodh 22 km de bhóthar ar chostas iomlán €3,291,000

*Clár Cothabhála Athchóirithe 2024* - uasghrádaíodh 39 km de bhóthar ar chostas iomlán €913,946

Cistiú Feabhsúcháin Athchóirithe Breise 2024 ab ionann agus €401,089 san iomlán

#### *Deontas Draenála*

Cuireadh oibreacha i gcrích ar chostas iomlán €214,000, lenar áiríodh píbobair agus díoga draenála a uasghrádú ar fud Thoghlimistéar Áitiúil Chill Rois.

#### *Bearradh Féir*

Ceapadh conraitheoirí chun limistéir ghlasa phoiblí a chothabháil i gCill Rois agus i gCill Chaoi.

#### *An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil/an Scéim Rannpháirtíochta Pobail*

Rinneadh roinnt scéimeanna uasghrádúcháin le cistiú ón Scéim Feabhsúcháin Áitiúil agus ón Scéim Rannpháirtíochta Pobail araon sa bhliain 2024.

## Toghlimistéar Áitiúil Inis Díomáin

### Plean Tráchta agus Iompair Thuaisceart an Chláir

Mar aitheantas do na dúshláin mhéadaitheacha a bhaineann le trácht séasúrach cuairteoirí agus le riachtanais áitiúla iompair, thug Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir faoi Phlean Comhtháite Iompair agus Tráchta Thuaisceart an Chláir a chruthú. Leis an tionscnamh uaillmhianach seo, atá faoi stiúir na Stiúrthóireachta um Fhorbairt Fhisiciúil, tugtar saineolas na Stiúrthóireachta um Fhorbairt Turasóireachta agus rannpháirtíocht thiomanta Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir le chéile.Trí aghaidh a thabhairt ar ábhair imní ríthábhachtacha a bhaineann le hacmhainn agus le bonneagar, tá sé mar aidhm leis an bplean eispéireas iompair fónta inbhuanaithe a chruthú do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.



Is é atá i mbunú an Ghrúpa Stiúrtha ná garsprioc shuntasach sa tionscadal, á chinntiú go nglacfar cur chuige comhordaithe agus cuimsitheach. Tar éis plé machnamhach, chomhaontaigh Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir agus Grúpa Pobail Thuaisceart an Chláir na dréacht-Téarmaí Tagartha d'aon ghuth. Tá an comhoibriú sin ina léiriú ar neart rannpháirtíocht an phobail, mar is léir ón gcruinniú táirgiúil a tionóladh in Óstán Falls, Inis Díomáin, sa bhliain 2024. Táthar ag leanúint leis an bplean a fhorbairt, agus Comhairle Contae an Chláir ag déanamh caidreamh díreach le cónaitheoirí áitiúla agus le geallsealbhóirí áitiúla chun a chinntiú go gcloistear tuairimí gach duine. De bhreis air sin, tá an Chomhairle ag sainaithint réitigh láithreacha chun plódú tráchta a mhaolú ag príomh-theophointí, rud a léiríonn a tiomantas d'idirghabháil réamhghníomhach.

*Gníomhartha Leanúnacha agus Éachtaí*

Tá Toghlimistéar Áitiúil Thuaisceart an Chláir diongbháilte ina chuid iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin iompair agus tráchta, agus dul chun cinn fiúntach bainte amach aige trí thionscnaimh nuálacha:

*Triail Deisil do Bhusanna, do Charbháin agus do Veaineanna Campála*

Seoladh an triail seo an 1 Lúnasa, agus tá difear as cuimse déanta aici don sruth tráchta le linn buaicthréimhsí. Trí bhealaí a bharrfheabhsú agus trí scrogaill tráchta a laghdú, cinntítear léi eispéireas taistil níos fónta do gach úsáideoir bóthair. Tá moladh faighte ag an tionscnamh seo ó thurasóirí agus ó chónaitheoirí araon as a éifeachtacht agus as a fhadbhreathnaitheacht.




*Comharthaíocht Fheabhsaithe*

Táthar ag leanúint le treochomharthaíocht atá suite go straitéiseach a úsáid chun úsáideoirí bóithre a threorú go soiléir agus go héifeachtúil, agus iad ag cabhrú le muintir na háite agus le cuairteoirí a mbealach a dhéanamh tríd an limistéar go sábháilte, agus mearbhall ar bhóithre gnóthacha á laghdú ag an am céanna.




*Ambasadóirí Tráchta a Cheapadh*

Tugadh Ambasadóirí Tráchta isteach go luath i mí Iúil agus d'imir siad ról ríluachmhar maidir le cabhair a thabhairt do thurasóirí trí mholtaí bealaí agus eolas áitiúil a thabhairt dóibh. Ní hé amháin gur feabhsaíodh eispéiris na gcuairteoirí de bharr a n-oibre, a chríochnaigh i mí Mheán Fómhair, ach bailíodh sonraí ríthábhachtacha faoi phatrúin tráchta dá barr freisin. Tá na sonraí sin á n-anailísiú chun straitéisí amach anseo a mhúnlú, rud a chinnteoidh cinnteoireacht a bheidh eolach agus a mbeidh tionchar aici.

## Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh

Mar chuid de Chlár Oibreacha Bóithre 2024, thug an Ceantar tús áite d'uasghráduithe riachtanacha ar bhonneagar bóthair, agus iad ag dul chun tairbhe do phobail trí shábháilteacht fheabhsaithe agus trí inrochtaineacht fheabhsaithe a sholáthar. Áiríodh

na nithe seo a leanas leo sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Cinntíodh dálaí tiomána níos réidhe agus marthanacht bóithre níos fearr le hoibreacha forleagain ar an Rinnín, Baile na Cathrach.



- Leis na hoibreacha forleagain ar an N67 i Lios Dúin Bhearna, cuireadh feabhas ar an nascacht do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.



### *Athbhreithniú ar Luasteorainneacha*

Is féidir tiomantas Chomhairle Contae an Chláir do bhóithre níos sábháilte a chinntiú do chách a fheiceáil sa chomharthaíocht nuashonraithe luasteorann a suiteáladh ar bhóithre áitiúla agus uirbeacha, lena n-áirítear comharthaíocht eastáit i gCora Finne. Leis na bearta sin, rannchuidítear le sábháilteacht ar bhóithre, go háirithe i limistéir chónaithe, rud a chothaíonn braistint slándála agus folláine sa phobal.




### *Freagairt do Thuilte*

I ndiaidh Stoirm Bert, ghníomhaigh criúnna allamuigh go pras chun dul i ngleic le fadhbanna tuilte le linn dheireadh seachtaine an 24 Samhain agus an 25 Samhain. A bhuí lena n-obair dhochloíte, maolaíodh an damáiste sna limistéir a bhí buailte, amhail Baile Uí Bheacháin, rud a thaispeáin tiomantas an Cheantair do phobail a chosaint agus d'aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí go práinneach agus go cúramach.





### *Taitneamhachtaí Trá*

A bhuí le hobair dhícheallach na n-oibrithe trá ag tránna Brait Ghoirm Thuaisceart an Chláir agus ag Cé Dhúlainn, cinntíodh go bhfuil spásanna glana cósta do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.




*Tá Raymond Toomey agus Brian McNulty, ag obair dóibh le tacaíocht ón gceaintín foirne nua ar an Leacht, ina n-eiseamláir den tiomantas atá ann saoráidí trá den scoth a chothabháil lena gcuirtear turasóireacht, áineas agus bród pobail chun cinn.*

**Cithfholcadáin ag Trá an Leachta:** Le cithfholcadáin nuashuiteáilte, lena n-áirítear cithfholcadán coise, feabhsaítear an t-eispéireas do chuairteoirí ar an trá trí áisiúlacht agus compord a chur lena gcuairteanna.



*Bainistíocht Bruscair*

- **Glantachán Sráide:** Le tionscnaimh glantacháin sráide go moch ar maidin ar an Leacht, rannchuidítear le timpeallacht atá níos glaine agus níos fáiltí do chónaitheoirí agus do chuairteoirí.





- **Araidí Mórthoillte:** Le haraidí mórthoillte nua i nDúlainn agus feadh Phromanáid an Leachta, cinntítear bainistíocht éifeachtach dramhaíola, rud a thacaíonn le hiarrachtaí an phobail áilleacht nádúrtha an limistéir a chothabháil.

## Tionscnaimh Inis Díomáin

- **Oibreacha Feabhsúcháin Ríochta Poiblí:** Ceadaíodh an tionscadal seo ag Cruinniú Speisialta de chuid Chomhairle Contae an Chláir an 26 Iúil agus soláthrófar leis uasghráduithe suntasacha ar an gCearnóg agus ar Shráid na Parlaiminte in Inis Díomáin. Áirítear leis na feabhsuithe sin cosáin fheabhsaithe, boird agus trasrianta ardaithe a thacaíonn le coisithe, leagan amach leasaithe le haghaidh páirceáil ar an tsráid, pábháil nua, soilsiú nua agus troscán sráide nua. Is é an toradh a bheidh ar na hathruithe sin ná go méadófar mealltacht aeistéitiúil an bhaile, agus inrochtaineacht agus uilechuimsitheacht do chách á gcur chun cinn ag an am céanna.
- **Forbairt Charrchlós Lána na Mainistreach:** Is críochnaithe atá an próiseas tairisceana le haghaidh foirgnimh ag Lána na Mainistreach a scartáil chun 45 spás páirceála a bhfuil géarghá leo a chruthú. Cuireadh tús leis an obair i mí Mheán Fómhair 2024 agus tá sí ar siúl fós. Is é an toradh a bheidh ar an tionscnamh seo ná go maolófar brúnna páirceála agus go dtacófar le gnólachtaí áitiúla trí rochtain ar an mbaile a fheabhsú.
- **Athchóiriú Leithreas Poiblí:** Tá athchóiriú na leithreas poiblí in aice le Leabharlann Inis Díomáin curtha i gcrích, agus athosclaíodh iad go luath sa bhliain 2024. Leis na huasghráduithe sin, soláthraítear saoráidí nua-aimseartha agus inrochtana, rud a théann chun tairbhe do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.



- **Bearta Caomhantais Ialtóg:** I gcomhréir le hiarrachtaí caomhnaithe comhshaoil, suiteáladh boscaí ialtóg chun aistriú sábháilte ialtóg a éascú, rud a ligeann don obair scartála ag Lána McInerney dul ar aghaidh, agus an fiadhúlra áitiúil á chosaint ag an am céanna.



# RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS FAOIN gCUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

Tugtar an t-ioncam agus an caiteachas ar fad a bhaineann le hioncam le chéile sa Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais. Léirítear ann an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain.

| Caiteachas de réir Rannáin | Ollchaiteachas | Ioncam | Glan-chaiteachas | Glan-chaiteachas |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 | 2024 | 2024 | 2023 |
| | € | € | € | € |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 34,115,918 | 34,702,911 | (586,993) | (624,502) |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 45,933,590 | 31,402,554 | 14,531,037 | 12,159,233 |
| Seirbhísí Uisce | 12,329,060 | 11,701,689 | 627,371 | 233,966 |
| Bainistíocht Forbartha | 49,555,385 | 47,829,445 | 1,725,941 | (1,497,779) |
| Seirbhísí Comhshaoil | 17,730,805 | 4,192,987 | 13,537,818 | 13,103,216 |
| Áineas agus Taitneamhacht | 12,926,593 | 1,623,574 | 11,303,018 | 10,249,547 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 771,741 | 371,821 | 399,921 | 310,555 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 9,067,656 | 15,514,435 | (6,446,779) | (4,936,108) |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **182,430,749** | **147,339,415** | | |
| | | | | |
| Glanchostas na Rannán a chisteofar ó Rátaí agus ón gCáin Mhaoine Áitiúil | | | 35,091,333 | 28,998,127 |
| Rátaí | | | 45,555,852 | 44,497,281 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 11,640,129 | 7,861,963 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú** | | | 22,104,648 | 23,361,116 |
| | | | | |
| **Aistrithe ón/(chuig an) gCúlchiste** | | | (21,965,538) | (23,123,816) |
| | | | | |
| **Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | | | 139,110 | 237,300 |
| | | | | |
| **An Cúlchiste Ginearálta ag an 1 Eanáir** | | | 3,349,552 | 3,112,252 |
| | | | | |
| **An Cúlchiste Ginearálta ag an 31 Nollaig** | | | 3,488,663 | 3,349,553 |

## RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024

| | Nótaí | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **1** | **€** | **€** |
| Oibríochtúil | | 647,344,577 | 605,318,447 |
| Bonneagar | | 2,263,886,131 | 2,263,886,131 |
| Pobal | | 1,105,138 | 1,105,138 |
| Neamhoibríochtúil | | 46,698,108 | 46,868,108 |
| | | **2,959,033,954** | **2,917,177,824** |
| | | | |
| **Obair idir Lámha agus Réamhchaiteachais** | **2** | **109,070,565** | **91,980,616** |
| | | | |
| **Féichiúnaithe Fadtéarmacha** | **3** | **70,395,309** | **49,218,724** |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | **4** | 115,804 | 742,230 |
| Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí | **5** | 41,981,517 | 32,889,290 |
| Infheistíochtaí Bainc | | 55,308,186 | 66,830,373 |
| Airgead Tirim sa Bhanc | | 11,879,885 | 11,336,270 |
| Airgead Tirim faoi Bhealach | | 28,079 | 28,600 |
| | | **109,313,471** | **111,826,764** |
| | | | |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Rótharraingt Bhainc | | - | - |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | **6** | 54,188,428 | 60,030,457 |
| Léasanna Airgeadais | | - | - |
| | | **54,188,428** | **60,030,457** |
| | | | |
| **Glansócmhainní Reatha/(Glandliteanais Reatha)** | | **55,125,043** | **51,796,307** |
| | | | |
| **Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)** | | | |
| Iasachtaí is Iníoctha | **7** | 94,583,669 | 89,993,886 |
| Léasanna Airgeadais | | - | - |
| Taiscí Inaisíoctha | **8** | 8,634,968 | 6,948,536 |
| Eile | | 35,038,763 | 22,002,208 |
| | | **138,257,399** | **118,944,630** |
| | | | |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | | **3,055,367,472** | **2,991,228,842** |
| | | | |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| Caipitliú | **9** | 2,959,033,954 | 2,917,177,824 |
| Obair idir Lámha – Ioncam | **2** | 103,381,091 | 90,736,596 |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim | | 3,488,663 | 3,349,553 |
| Cúlchistí Sonracha Eile | | - | - |
| Iarmhéideanna Eile | **10** | (10,536,236) | (20,035,131) |
| **Cúlchistí Iomlána** | | **3,055,367,472** | **2,991,228,842** |

## SEIMINEÁIR/COMHDHÁLACHA/SEISIÚIN OILIÚNA AR FHREASTAIL COMHAIRLEOIRÍ CHOMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR ORTHU SA BHLIAIN 2024

| |
|---|
| **Comhdháil dar teideal "An tAcht Airgeadais", rud a tionóladh i gCairlinn, Co. Lú, idir an 12 agus an 14 Eanáir 2024. (comhalta amháin i láthair)** |
| **Seimineár Oiliúna Earraigh LAMA dar teideal "Tógáil ar son an Ratha", rud a tionóladh i mBaile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall, idir an 19 agus an 20 Eanáir 2024. (15 chomhalta i láthair)** |
| **Modúl 1 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Seisiún Faisnéise do Chomhaltaí Tofa", rud a tionóladh i nDún Dealgan an 25 Eanáir 2024. (comhalta amháin i láthair)** |
| **Comhdháil Bhliantúil Oiliúna AILG 2024, rud a tionóladh ar an Inbhear Mór, Co. Chill Mhantáin, idir an 14 agus an 15 Feabhra 2024. (15 chomhalta i láthair)** |
| **Comhdháil dar teideal "Scéim an Chéad Tí", rud a tionóladh i gCairlinn, Co. Lú, idir an 23 agus an 25 Feabhra. (beirt chomhaltaí i láthair)** |
| **Comhdháil dar teideal "Treoir Phraiticiúil maidir le Cánachas Pearsanta", rud a tionóladh i gCloich na Coillte, Co. Chorcaí, idir an 1 agus an 3 Márta 2024. (deichniúr comhaltaí i láthair)** |
| **Comhdháil Bhealach Ghleann na Suca dar teideal "An Méadú ar an Uaigneas ar Oileán Iathghlas Éireann", rud a tionóladh i Ros Comáin idir an 13 agus an 14 Márta 2024. (triúr comhaltaí i láthair)** |
| **Modúl 2 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Ullmhúchán do Thoghcháin Áitiúla 2024", rud a tionóladh i gCill Chainnigh an 21 Márta 2024. (11 chomhalta i láthair)** |
| **Modúl 2 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Ullmhúchán do Thoghcháin Áitiúla 2024", rud a tionóladh i mBaile Átha Luain an 23 Márta 2024. (comhalta amháin i láthair)** |
| **Oiliúint Ionduchtúcháin AILG do Chomhaltaí Tofa, rud a tionóladh ar an Muileann gCearr an 11 Iúil 2024. (seisear comhaltaí i láthair)** |
| **Oiliúint Ionduchtúcháin AILG do Chomhaltaí Tofa, rud a tionóladh i gCorcaigh an 13 Iúil 2024. (naonúr comhaltaí i láthair)** |
| **Seimineár Oiliúna Fómhair AILG, rud a tionóladh i Muineachán idir an 11 agus an 12 Meán Fómhair 2024. (17 gcomhalta i láthair)** |
| **Modúl 4 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Forbhreathnú ar an gCóras Pleanála", rud a tionóladh i dTiobraid Árann an 26 Meán Fómhair 2024. (naonúr comhaltaí i láthair)** |
| **Modúl 4 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Forbhreathnú ar an gCóras Pleanála", rud a tionóladh i dTulach Mhór an 28 Meán Fómhair 2024. (triúr comhaltaí i láthair)** |
| **Comhdháil dar teideal "Treoir Phraiticiúil maidir le Buiséad 2024", rud a tionóladh i gCairlinn, Co. Lú, idir an 13 agus an 15 Deireadh Fómhair 2023. (seachtar comhaltaí i láthair)** |
| **Comhdháil dar teideal "Treoir Phraiticiúil maidir le Buiséad 2025", rud a tionóladh i gCairlinn, Co. Lú, idir an 11 agus an 13 Deireadh Fómhair 2024. (comhalta amháin i láthair)** |
| **Seimineár Fómhair LAMA dar teideal "Rannphháirtíocht an Phobail agus Áit na hÉireann san Eoraip As Seo Amach", rud a tionóladh ar an Uaimh, Co. na Mí, idir an 17 agus an 18 Deireadh Fómhair 2024. (15 chomhalta i láthair)** |
| **Modúl 5 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "An Próiseas Airgeadais agus Buiséid Údaráis Áitiúil", rud a tionóladh i Sligeach an 24 Deireadh Fómhair 2024. (comhalta amháin i láthair)** |

| |
|---|
| **Modúl 5 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "An Próiseas Airgeadais agus Buiséid Údaráis Áitiúil", rud a tionóladh i Luimneach an 2 Samhain 2024. (beirt chomhaltaí i láthair)** |
| **Modúl 6 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Treoir do Chomhairleoirí maidir le Deontais Uasghrádaithe Tí", rud a tionóladh i bPort Láirge an 14 Samhain 2024. (naonúr comhaltaí i láthair)** |
| **Comhdháil dar teideal "Rialachas Corparáideach", rud a tionóladh i gCloich na Coillte, Co. Chorcaí, idir an 22 agus an 24 Samhain 2024. (beirt chomhaltaí i láthair)** |

## Faisnéis teagmhála/uimhreacha teileafóin

- **Comhairle Contae an Chláir**
  **Áras Contae an Chláir, Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir**
  Teileafón: (065) 6821616,
  ríomhphost: customerservices@clarecoco.ie,
  suíomh Gréasáin: www.clarecoco.ie

  Uaireanta gnó: 9:00am go 5:00pm, Luan go hAoine

  *Nóta:*
  **Cuntair Phoiblí sa Rannán Pleanála agus san Oifig Airgid Thirim:** 9:00am go 4:00pm
  **An Rannóg Tithíochta:** 9:00am go 1:00pm
  **Uimhir theagmhála éigeandála:** (087) 2599568 (lasmuigh d'uaireanta oifige amháin)

- **Mótarcháin**
  **Áras Contae an Chláir, Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir**
  Teileafón: (065) 6844661,
  9:00am go 3:30pm, Luan go hAoine
  ríomhphost: motortax@clarecoco.ie An Cuntar Poiblí, 1:15pm go 3:00pm, Luan go hAoine

- **Músaem Contae an Chláir**
  Teil.: (065) 6823382,
  ríomhphost: ClareMuseum@clarecoco.ie

- **Saoráidí Spóirt agus Fóillíochta Active Ennis**
  Teil.: (065) 6821604,

- **Ionad Ceoil Glór**
  Teil.: (065) 6845370

## Saoráid diailithe isteach dhírigh

Chun ár nglaoiteoirí uile a éascú, tá saoráid diailithe isteach dhírigh ag gach rannán. Is féidir teagmháil a dhéanamh le rannáin aonair trí na huimhreacha seo a leanas a dhiailiú:

- Cartlanna, (065) 684 6402
- An Oifig Ealaíon, (065) 6899084
- Leathanbhanda agus Cúrsaí Digiteacha, (065) 6899055
- An Lár-Oifig Airgid Thirim, (065) 6846208
- An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, (065) 6846209
- An Rannóg Comhshaoil, (065) 6846331
- Líne shaorghlao frithbhruscair na Rannóige Comhshaoil, 1800 606706

- An Rannóg Airgeadais, (ceisteanna ginearálta), (065) 6846329
- An Rannóg Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála, (065) 6846302
- Saoráil Faisnéise, (065) 6846405
- Grúpscéimeanna, (065) 6866119
- An Rannóg Tithíochta, (065) 6846334
- An Rannóg Acmhainní Daonna, (065) 6846415
- An Rannóg TF, (065) 6846339
- Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir, (065) 6846229
- An tÉascaitheoir Comhpháirtíochtaí, (065) 6846268
- An Rannóg Pleanála, (065) 6846232
- Bainistíocht Taifead, (065) 6846387
- Clár na dToghthóirí, (065) 6846363
- An Rannóg Ioncaim, (065) 6846530
- An Rannóg Iompair, (065) 6846333
- Dearadh Bóithre, (065) 6846479
- An Rannóg Forbartha Tuaithe agus Pobail, (065) 6846222
- An Rannóg Turasóireachta, (065) 6846283
- An Rannóg Seirbhísí Tréidliachta, (065) 6846560
- Sábháilteacht Uisce, (065) 6846270
- Seirbhísí Uisce Tuaithe, (065) 6866119

## Oifigí Ceantair Bhardasaigh

- Inis, (065) 6866133
- Cill Dalua, (061) 640815
- Sionainn, (061) 362319
- Iarthar an Chláir, (065) 7072283/ (065) 9054310

## Brainsí leabharlainne

- Cora Finne, (065) 6837219
- Leabharlann Phoiblí de Valera, (065) 6846353
- Ceanncheathrú Leabharlann Inse, (065) 6846350, suíomh Gréasáin: www.clarelibrary.ie
- Inis Díomáin, (065) 7071245
- Leabharlann Chuimhneacháin Mhic Shuibhne, Cill Chaoi, (065) 9056034
- Cill Mhichíl, (065) 9050528
- Cill Dalua, (061) 376062, Facs, (065) 376062
- Cill Rois, (065) 9051504
- Lios Dúin Bhearna, (065) 7074029
- An tIonad Staidéir Áitiúil, Inis, (065) 6846271
- Sráid na Cathrach, (065) 7084822
- Cora Chaitlín, (061) 368411
- An Scairbh, (061) 922893
- Sionainn, (061) 364266
- Droichead Abhann Ó gCearnaigh, (061) 369678
- An Tulach, (065) 6835919

## Uimhreacha úsáideacha eile

- An Lárionad Bainistíochta Dramhaíola, an Baile Dubh Beag, Eidhneach, (065) 6836960
- Ionad Athchúrsála agus Stáisiún Aistrithe na Scairbhe, (061) 921735
- Ionad Athchúrsála Shionainne, (061) 364483
- Ionad Athchúrsála agus Stáisiún Aistrithe Lios Duibhinn, (065) 9060175
- Ionad Athchúrsála Inse, (065) 6893705

# RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

## Réamhrá

Is mise, Carmel Kirby, Príomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Contae an Chláir, atá freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil arna ullmhú ag an Stiúrthóir Airgeadais de réir an chóid cleachtais cuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil na ráitis airgeadais ó Chomhairle Contae an Chláir don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad de réir cheanglais chuntasaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an ráiteas airgeadais bliantúil faoi réir iniúchadh seachtrach ag iniúchóir de chuid na Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil, arb é an cuspóir atá aige nó aici teacht ar thuairim neamhspleách ar na cuntais agus a lua cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear i láthair *go cothrom* sa ráiteas airgeadais bliantúil *staid airgeadais* an údaráis áitiúil agus a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse atá i gceist, agus cé acu atá nó nach bhfuil idirbhearta an chomhlachta iniúchta i gcomhréir leis an údarú reachtúil nó le haon údarú eile ar faoina bhun a airbheartaítear go ndearnadh iad.

Sa ráiteas airgeadais bliantúil, tugtar tuairisc ar ghnáthghníomhaíocht laethúil Chomhairle Contae an Chláir i bhfoirm an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach, atá achoimrithe de réir Rannáin. Leagtar amach sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Contae an Chláir amhail an 31 Nollaig 2024.

Léirítear sa *Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach* caiteachas agus ioncam ar ghnáthreáchtáil laethúil Chomhairle Contae an Chláir.

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí ioncaim do Chomhairle Contae an Chláir:

| | Bliain Reatha | Bliain Roimhe |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Earraí agus Seirbhísí Deontais agus | 56,986 | 58,205 |
| Fóirdheontais Stáit | 90,353 | 64,498 |
| Ranníocaíochtaí Eile (de réir mar is cuí) | 0 | 0 |
| Rátaí | 45,556 | 44,497 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 11,640 | 7,862 |

Tháinig méadú €25.9m ar ioncam ó Dheontais agus Fóirdheontais Stáit, cothrom le méadú 40% ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Is féidir é sin a chur síos go príomha do na deontais dar luach €11.2m a riaradh don tionscnamh um Chostas Méadaithe an Ghnó agus don tionscnamh 'Power Up' a sheol an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun tacú leis an earnáil fiontar beag agus meánmhéide. Is féidir é a chur síos freisin do na deontais dar luach €3.7m a fuarthas agus a íocadh amach i leith Réadmhaoine Folmha a chur in úsáid arís, do na Deontais Bóithre dar luach €2.5m a fuarthas agus do na tacaí dar luach €4.8m a fuarthas le haghaidh oibríochtaí na comhairle a bhaineann le Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, leis an Athluacháil Rátaí agus le Costais Comhraiceoirí Dóiteáin mar chuid de na pléití leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Chomh maith leis sin, bhí an bhliain 2024 ar an gcéad bhliain riamh ina bhfuair an chomhairle seo a hioncam ar fad ón gCáin Mhaoine Áitiúil go díreach isteach sa chuntas ioncaim, agus ioncam breise €3.8m á fháil.

Is mar a leanas a bhí an ghníomhaíocht ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2024:

| | Bliain Reatha | Bliain Roimhe |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ioncam | 204,535 | 175,062 |
| Caiteachas | 182,431 | 151,701 |
| Aistrithe chuig Caipiteal | 21,966 | 23,124 |
| Mír Eisceachtúil | - | - |
| Barrachas/(Easnamh) do | 139 | 237 |
| Choigeartú na Bliana Roimhe | - | - |
| Cúlchiste Ioncaim Tosaigh | 3,350 | 3,112 |
| Cúlchiste Ioncaim Deiridh | 3,489 | 3,350 |

Tugtar forbhreathnú sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar staid airgeadais Chomhairle Contae an Chláir amhail an 31 Nollaig 2024. Tá áthas orm toradh dearfach a thuairisciú don Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais) don bhliain 2024, mar atá achoimrithe thuas. Léirítear ann staid chothromaithe, tríd is tríd, don bhliain. Déantar comparáid sa tábla idir na torthaí airgeadais don bhliain 2024 agus na torthaí airgeadais don bhliain 2023. Meaitseáladh an méadú in ioncam atá leagtha amach thuas le méadú comhfhreagrach i gcaiteachas i ndáil leis na scéimeanna deontas atá luaite a riar. Tá forbhreathnú níos mine ar an mbliain tugtha sa tuarascáil chuig comhaltaí atá sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain 2024, rud atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle.

Léirítear sa *Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain, agus figiúirí comparáideacha tugtha de réir mar is cuí.

Áirítear leis an ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/a ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla araon
- Obair idir lámha agus réamhscéimeanna – bóithre agus tithíocht, den chuid is mó
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha – iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha – lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, agus Airgead Tirim sa Bhanc
- Dliteanais reatha agus fhadtéarmacha – iasachtaí morgáiste agus iasachtaí eile
- Cúlchistí/Iarmhéideanna Éagsúla

B’ionann Glansócmhainní Chomhairle Contae an Chláir ag deireadh na bliana 2024 agus €3.1bn, agus iad comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

| | Bliain Reatha | Bliain Roimhe |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Sócmhainní Seasta | 2,959,034 | 2,917,178 |
| Obair idir Lámha | 109,071 | 91,981 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 70,395 | 49,219 |
| Sócmhainní Reatha | 109,313 | 111,827 |
| Dliteanais Reatha | 54,188 | 60,030 |
| Glansócmhainní Reatha/(Glandliteanais Reatha) | 55,125 | 51,796 |
| Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin) | 138,257 | 118,945 |
| Glansócmhainní/(Glandliteanais) | 3,055,367 | 2,991,229 |

Is féidir an méadú i Sócmhainní Seasta agus in Obair idir Lámha sa bhliain 2024 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain roimhe a chur síos do chríochnú na Leabharlainne Nua in Inis agus do thógáil leanúnach Chrosaire Dhroichead na Sionainne i gCill Dalua, mar aon le méadú sa stoc Tithíochta Údaráis Áitiúil le linn na bliana.

Tugadh Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí isteach mar chuid den Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain 2011. Cé gur leanadh an treoir atá i gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 maidir leis an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, is mór idir an gnó a sheolann údaráis áitiúla agus é sin a sheolann an chuid is mó d’eagraíochtaí san earnáil phríobháideach. Dá bhrí sin, comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a chinntiú gur fiúntach agus úsáideach laistigh den earnáil rialtais áitiúil atá na sonraí a thaispeántar.

**Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais**

Mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Contae an Chláir, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Comhairle Contae an Chláir. Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil do Chomhairle Contae an Chláir. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil, agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

**Timpeallacht rialaithe airgeadais**

Mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Contae an Chláir, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.

- Tá Coiste Iniúchóireachta ann, a dhéanann athbhreithniú tráthrialta ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais mar chuid dá chlár oibre.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

**Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta**

Mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Contae an Chláir, deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- gur taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó
  go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i mbun feidhme.

## Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn Comhairle Contae an Chláir go leagtar béim chuí leanúnach ar an dea-chleachtas ó thaobh tairisceana agus ceannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha soláthair uile.

## Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Comhairle Contae an Chláir, ar feidhm í a oibríonn de réir cairt scríofa. Cuirtear oiliúint chuí ar phearsanra na feidhme iniúchóireachta inmheánaí. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Comhairle Contae an Chláir neamhchosanta orthu a cuid oibre, agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís sin. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúchóireachta éifeachtach ag Comhairle Contae an Chláir, rud a dhéanann athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht a chuid gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfuil Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla atá ag coiste iniúchóireachta, mar atá leagtha amach in ailt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014:

I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta i ndáil le tuairisciú airgeadais agus buiséadachta laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é;

II. forbairt an chleachtais is fearr a chothú i dtaca le comhlíonadh a fheidhme iniúchóireachta inmheánaí ag an údarás áitiúil;

III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, aon tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra i ndáil leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhartha a bheidh déanta laistigh den údarás sin ag a phríomhfheidhmeannach eatramhach mar fhreagra ar ráiteas nó tuarascáil den sórt sin agus tuarascáil ar a mbeidh faighte amach aige a thabhairt don údarás sin;

IV. measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus luach ar airgead agus iad a chur chun cinn i leith chomhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil, agus

V. athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an t-údarás áitiúil chun priacail a bhainistiú.

Aithním go n-imríonn an coiste iniúchóireachta ról ríthábhachtach maidir leis an gcreat rialachais atá i bhfeidhm ag údaráis áitiúla, go háirithe i gcomhthéacs chuntasacht mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách aige i gcomhairle a chur ar an gComhairle maidir le tuairisciú airgeadais, próisis, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus nithe iniúchóireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Aithním an ról atá ag an gCoiste Iniúchóireachta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leantach ar an timpeallacht rialaithe agus na nósanna imeachta rialachais atá ar bun i gComhairle Contae an Chláir.

**Creat riosca agus rialaithe**

Chuir Comhairle Contae an Chláir córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí agus ina ngrádaítear iad bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta. Tá clár rioscaí i bhfeidhm do gach rannán seirbhíse freisin, agus déantar na cláir sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta chomh maith.

Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú, agus leagtar freagrachtaí ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach, deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Cuirfear an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais ar áireamh sa dréacht-Tuarascáil Bhliantúil a leagfar faoi bhráid na gcomhaltaí den Chomhairle faoin 30 Aibreán 2025. Ina dhiaidh sin, cuirfear é ar áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil a ullmhóidh agus a ghlacfaidh an Chomhairle faoin 30 Meitheamh 2025.

**Sínithe ag:** **Dátaithe:**

14/4/2025.

**Príomhfheidhmeannach Eatramhach**

# Ráiteas Rialachais

[*lena úsáid ar bhonn idirthréimhseach amháin go dtí go gcuirfear an Cód chun feidhme ina iomláine*]

**Cuspóir**

Is é cuspóir an ráitis rialachais seo faisnéis iomchuí a sholáthar maidir leis na struchtúir rialachais agus na socruithe rialachais atá ar bun laistigh den údarás áitiúil, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an gcomhairle, le coistí, leis an lucht ardbhainistíochta agus le réimsí gaolmhara. Léirítear ann an tiomantas atá againn do rialachas éifeachtach, aithnítear ann príomhcheanglais reachtacha agus dea-rialachais, agus dearbhaítear ann go gcomhlíonann an Chomhairle oibleagáidí an Chóid Rialachais Rialtais Áitiúil.

**Dea-Rialachas**

Go bunúsach, is é atá i gceist le dea-rialachas san earnáil rialtais áitiúil agus san earnáil phoiblí i gcoitinne ná tosaíochtaí a chomhlíonadh, cuspóirí a bhaint amach, iompar le hionracas agus gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, agus an méid sin ar fad a dhéanamh ar bhealaí atá ag teacht le hoibleagáidí dlíthiúla, le hoibleagáidí rialála agus le hoibleagáidí beartais rialtais. Baineann rialachas leis an gcreat rialacha, caidreamh, córas agus próiseas trína ndéantar an t-údarás áitiúil a threorú, a rialú agus a thabhairt chun cuntais agus trína ndéantar údarás a fheidhmiú agus a chothabháil laistigh d'eagraíocht. Cuimsíonn sé údarás, cuntasacht, maoirseacht agus ceannaireacht, treoir agus rialú.

**Prionsabail Dea-Rialachais**

**CROÍ-PHRIONSABAL 1** – Is é atá i gceist le dea-rialachas ná díriú ar chuspóir an údaráis, ar thorthaí a sholáthraíonn tairbhí inbhuanaithe don gheilleagar, don phobal agus don tsochaí i gcoitinne, agus ar fhís a chur chun feidhme don údarás áitiúil.

**CROÍ-PHRIONSABAL 2** – Is é atá i gceist le dea-rialachas ná luachanna seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí sheasamh le hardchaighdeáin iompair agus iompraíochta.

**CROÍ-PHRIONSABAL 3** – Is é atá i gceist le dea-rialachas ná comhaltaí agus oifigigh a bheith ag obair le chéile chun comhchuspóir a bhaint amach laistigh de chreat d'fheidhmeanna agus róil atá sainithe go soiléir.

**CROÍ-PHRIONSABAL 4** – Is é atá i gceist le dea-rialachas ná acmhainn na heagraíochta agus cumas agus inniúlachtaí ceannaireachta na gcomhaltaí agus na n-oifigeach a fhorbairt ionas gur féidir leo feidhmiú go héifeachtach agus cuspóir na heagraíochta a chomhlíonadh.

**CROÍ-PHRIONSABAL 5** – Is é atá i gceist le dea-rialachas ná cinntí eolacha trédhearcacha a dhéanamh agus rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú.

**CROÍ-PHRIONSABAL 6** – Is é atá i gceist le dea-rialachas ná caidreamh cuimsitheach oscailte a dhéanamh le muintir na háite, le saoránaigh agus le geallsealbhóirí eile ar mhaithe le cuntasacht phoiblí láidir a chinntiú.

**CROÍ-PHRIONSABAL 7** – Is é atá i gceist le dea-rialachas ná rannchuidiú go gníomhach leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn agus a bhaint amach trí na tosaíochtaí agus na gníomhartha atá sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus na forálacha den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin a chomhlíonadh.

**Ár dTiomantas do Dhea-Rialachas**


Mar Chathaoirleach agus mar Phríomhfheidhmeannach ar an gcomhairle, agus thar ceann na gcomhaltaí tofa, an lucht bainistíochta agus na foirne, deimhnímid an méid seo a leanas;

1. Aithnímid gur le prionsabail rialachais a threoraítear an dóigh a n-oibrímid mar chomhlacht rialaithe agus mar fheidhmeannacht.
2. Rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar an dóigh a gcomhlíonann an Chomhairle seo an Cód Rialachais Rialtais Áitiúil.
3. Cuirtear an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais ar áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil.
4. Aithnítear comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla agus rialála agus cloítear leo.
5. Is ann do shoiléire maidir le róil agus freagrachtaí, bunaithe ar na feidhmeanna forchoimeádta agus feidhmiúcháin agus ar théarmaí tagartha coistí.
6. Tá Cóid Iompair agus dearbhuithe eitice i bhfeidhm do chomhaltaí agus d'fhostaithe.
7. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh nochtaí cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus le haghaidh a dheimhniú gur foilsíodh an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht.
8. Déanann an Chomhairle agus na Coistí athbhreithniú tréimhsiúil ar a bhfeidhmíocht féin.
9. Chuireamar tús le hathbhreithniú ar shocruithe cuí formhaoirseachta rialachais i leith fochuideachtaí, cuideachtaí comhlachaithe agus cuideachtaí gaolmhara.
10. Mar chuid dár dtiomantas d'fhormhaoirseacht agus cuntasacht éifeachtach, leanaimid lenár gcreat dearbhaithe foriomlán a fheabhsú trí leas a bhaint as foinsí seachtracha agus inmheánacha dearbhaithe ar mhaithe le dea-fheidhmíocht a chinntiú mar chuid dár gcultúr rialachais.



Dáta: **29 Bealtaine 2025**

Cathaoirleach



Dáta: **29 Bealtaine 2025**

Príomhfheidhmeannach

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR

CLARE COUNTY COUNCIL